**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0246/2023**

25.7.2023

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim éigeandála don Mhargadh Aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle
(COM(2022)0459 – C9-0315/2022 – 2022/0278(COD))

An Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

Rapóirtéir: Andreas Schwab

Rapóirtéir don tuairim ón gcoiste comhlachaithe de bhun Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta
Maydell Eva, an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ....................................................................................144

IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR..................................................................................148

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THIONSCLAÍOCHT, UM THAIGHDE AGUS UM FHUINNEAMH...........................................................................................150

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHOSTAÍOCHT AGUS UM GHNÓTHAÍ SÓISIALTA ....200

LITIR ÓN gCOISTE UM BUISÉID ...........................................................................257

AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ..................................................260

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH......261

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim éigeandála don Mhargadh Aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle**
**(COM(2022)0459 – C9-0315/2022 – 2022/0278(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0459),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagail 114, 21 agus 46 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0315/2022),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Parlaimint na Sualainne, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 14 Nollaig 2022[1],

– ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún an 8 Feabhra 2023[2],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0246/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

---

[1] IO C 100, 16.3.2023, lch. 95.
[2] IO C 157, 3.5.2023, lch. 82.

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Togra le haghaidh | Togra le haghaidh |
| RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE |
| lena mbunaítear ***ionstraim*** éigeandála le haghaidh an Mhargaidh ***Aonair agus lena n-aisghairtear*** Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle | lena mbunaítear ***creat beart maidir le héigeandálaí agus athléimneacht an mhargaidh inmheánaigh (***an Gníomh um éigeandáil ***agus athléimneacht*** an mhargaidh ***inmheánaigh)*** agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle |
| (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) | (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Léiríodh le géarchéimeanna roimhe seo, go háirithe laethanta tosaigh phaindéim COVID-19, go bhféadfaí cur isteach go mór ar an margadh inmheánach ***(dá ngairtear an Margadh Aonair agus a shlabhraí soláthair freisin***) ***mar gheall ar ghéarchéimeanna den sórt sin***, agus go bhfuil uirlisí cuí bainistithe géarchéime agus sásraí comhordaithe in easnamh, nach gclúdaítear iontu gach gné den Mhargadh ***Aonair*** nó nach n-éascaítear leo freagairt thráthúil ar ***thionchair*** den sórt sin. | (1) Léirigh géarchéimeanna roimhe seo, go háirithe laethanta tosaigh phaindéim COVID-19, gur féidir difear mór a dhéanamh don mhargadh inmheánach agus dá shlabhraí soláthair, agus go bhfuil uirlisí bainistithe géarchéime agus sásraí comhordúcháin iomchuí in easnamh, nach gcumhdaítear leo gach gné den mhargadh ***inmheánach*** nó nach gceadaíonn siad freagairt thráthúil ***agus éifeachtach*** ar ***ghéarchéimeanna*** den sórt sin. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Ní raibh an tAontas ullmhaithe go leor chun monarú, soláthar agus dáileadh éifeachtúil earraí neamhliachta atá ábhartha i gcás géarchéime a áirithiú, amhail trealamh cosanta pearsanta, go háirithe i dtús phaindéim COVID-19 agus maidir leis na bearta ad hoc arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun feidhmiú an Mhargaidh ***Aonair*** a athbhunú agus chun a áirithiú go mbeadh fáil ar earraí neamhliachta atá ábhartha i gcás géarchéime le linn phaindéim COVID-19, ba bhearta frithghníomhacha iad a bhí dosheachanta ag an am. Léiríodh leis an bpaindéim freisin nach raibh forléargas leordhóthanach ar acmhainní monaraíochta ar fud an Aontais chomh maith le leochaileachtaí a bhaineann leis na slabhraí soláthair domhanda. | (2) Ní raibh an tAontas ullmhaithe go leor chun monarú, soláthar agus dáileadh éifeachtúil earraí neamhliachta atá ábhartha i gcás géarchéime a áirithiú, amhail trealamh cosanta pearsanta, go háirithe i dtús phaindéim COVID-19 agus maidir leis na bearta *ad hoc* arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun feidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh*** a athbhunú agus chun a áirithiú go mbeadh fáil ar earraí neamhliachta atá ábhartha i gcás géarchéime le linn phaindéim COVID-19, ba bhearta frithghníomhacha iad a bhí dosheachanta ag an am. Léiríodh leis an bpaindéim freisin nach raibh forléargas leordhóthanach ar acmhainní monaraíochta ar fud an Aontais chomh maith le leochaileachtaí a bhaineann leis na slabhraí soláthair domhanda. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) Le linn phaindéim COVID-19, bhí tionchar ar leith ar earnálacha ríthábhachtacha ag bearta neamhchomhordaithe lena gcuirtear srian ar shaorghluaiseacht daoine, go háirithe ar na hearnálacha sin a bhíonn ag brath ar oibrithe taistil, lena n-áirítear oibrithe teorann agus trasteorann, a raibh ról ríthábhachtach acu i ngeilleagar an Aontais a choinneáil ag dul ar aghaidh le linn an ama sin.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Cuireadh moill roinnt seachtainí ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin mar gheall ar easpa bearta pleanála teagmhais ar fud an Aontais agus mar gheall ***ar a shoiléire*** faoin cén ***pháirt den riarachán*** náisiúnta lena ndéanfaí teagmháil chun réitigh thapa a fháil ar an tionchar ar an Margadh ***Aonair de bharr na*** géarchéime. Ina theannta sin, bhí sé soiléir go ndéanfaí tionchair na géarchéime ar an margadh ***aonair*** níos measa fós leis na gníomhaíochtaí sriantacha neamh-chomhordaithe arna ndéanamh ag na Ballstáit. Tháinig sé chun solais go bhfuil gá le socruithe idir na Ballstáit agus údaráis an Aontais a mhéid a bhaineann le pleanáil theagmhasach, comhordú ar an leibhéal teicniúil agus comhar agus malartú faisnéise. | (3) Cuireadh moill roinnt seachtainí ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin mar gheall ar easpa bearta pleanála teagmhais ar fud an Aontais agus easpa ***soiléireachta*** maidir le cén ***t-údarás*** náisiúnta ar cheart teagmháil a dhéanamh leis chun teacht ar réitigh thapa ar an tionchar ar an margadh inmheánach arb í an ghéarchéim ***is cúis leis***. Ina theannta sin***,*** d’éirigh sé soiléir go ndéanfaí tionchair na géarchéime ar an margadh ***inmheánach*** níos measa fós leis na gníomhaíochtaí sriantacha neamh-chomhordaithe arna ndéanamh ag na Ballstáit. Tháinig sé chun solais go bhfuil gá le socruithe idir na Ballstáit agus údaráis an Aontais a mhéid a bhaineann le pleanáil theagmhasach, comhordú ar an leibhéal teicniúil agus comhar agus malartú faisnéise. ***Ina theannta sin, ba léir gur ghéaraigh an easpa comhordaithe éifeachtaigh idir na Ballstáit ar ghanntanais earraí agus gur chruthaigh sí níos mó bacainní ar shaorghluaiseacht seirbhísí agus daoine.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) ***Thug eagraíochtaí ionadaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha le fios nach raibh go leor faisnéise ag oibreoirí eacnamaíocha faoi bhearta freagartha*** ar ghéarchéimeanna na mBallstát ***le linn na paindéime, mar gheall go páirteach nach raibh a fhios acu cá bhfaighidís an fhaisnéis sin, mar gheall go páirteach ar shrianta teanga agus ar an ualach*** | (4) ***Mar sin féin, in ainneoin na heaspa comhordaithe a bhí ann ar dtús, bhí ról lárnach ag rialacha an mhargaidh inmheánaigh maidir le tionchar diúltach a mhaolú agus maidir le téarnamh tapa gheilleagar an Aontais a áirithiú, eadhon trí chosc a chur ar shrianta náisiúnta gan údar agus díréireacha a bhí sna freagairtí aontaobhacha ó agus trí dhreasacht*** |

***riaracháin a bhain le fiosruithe a bheith á ndéanamh arís agus arís eile sna Ballstáit go léir, go háirithe i dtimpeallacht rialála a bhí ag síorathrú*. *Chuir sé sin bac orthu cinntí gnó eolacha a dhéanamh maidir lena mhéid a fhéadfadh siad brath ar a gcearta saorghluaiseachta nó leanúint le hoibríochtaí gnó trasteorann le linn na géarchéime. Is gá feabhas a chur ar infhaighteacht faisnéise maidir le bearta freagartha ar ghéarchéimeanna ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais***

***láidir a sholáthar chun teacht ar réitigh choiteanna, agus ar an gcaoi sin, an dlúthpháirtíocht a chur chun cinn***.

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Leis na teagmhais sin a tharla le déanaí, leagadh béim freisin ar an ngá go mbeadh an tAontas ullmhaithe ar bhealach níos fearr do ghéarchéimeanna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo , go háirithe agus iarmhairtí leanúnacha an athraithe aeráide agus tubaistí nádúrtha a eascraíonn as sin á meas againn, mar aon leis an gcóras domhanda eacnamaíoch agus geopholaitiúil. Ós rud é nach fios cén cineál géarchéimeanna ***a d'fhéadfadh teacht chun cinn san am atá romhainn*** agus go bhféadfadh ***tionchair*** thromchúiseacha ***a bheith*** acu ar an Margadh ***Aonai***r agus ar a shlabhraí soláthair amach anseo, is gá foráil a dhéanamh maidir le hionstraim a mbeadh feidhm aici ***maidir le tionchair*** réimse leathan géarchéimeanna ***ar an Margadh Aonair***. | (5) Leis na teagmhais sin a tharla le déanaí, leagadh béim freisin ar an ngá go mbeadh an tAontas ullmhaithe ar bhealach níos fearr do ghéarchéimeanna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, ***go háirithe i bhfianaise*** iarmhairtí leanúnacha an athraithe aeráide agus tubaistí nádúrtha a eascraíonn astu, mar aon leis an gcóras domhanda eacnamaíoch agus geopholaitiúil. Ós rud é nach eol cén cineál géarchéimeanna a d'fhéadfadh tarlú ***san am atá romhainn*** agus a bhféadfadh ***tionchar*** tromchúiseach ***a bheith acu*** ar an margadh ***inmheánach*** agus ar a shlabhraí soláthair, is gá foráil a dhéanamh maidir le hionstraim a mbeadh feidhm aici ***i gcás ina dtarlódh*** réimse leathan géarchéimeanna ***a mbeadh tionchar acu ar an margadh inmheánach agus a mbeadh éifeacht trasteorann acu***. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) ***D'fhéadfadh a dhá oiread de*** thionchar a bheith ag géarchéim sa Mhargadh ***Aonair***. ***Ar thaobh amháin,*** d'fhéadfadh bacainní ar shaorghluaiseacht laistigh den Mhargadh ***Aonair*** a bheith mar thoradh ar ***ghéarchéim***, rud a chuirfeadh isteach ar ghnáthfheidhmiú an mhargaidh sin. ***Ar an taobh eile,*** d'fhéadfadh géarchéim ***cur le*** ganntanas earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime sa Mhargadh ***Aonair***. Ba cheart aghaidh a thabhairt leis ***an*** Rialachán ar ***an dá chineál tionchair*** ar an Margadh ***Aonair***. | (6) D'fhéadfadh bacainní ar shaorghluaiseacht laistigh den mhargadh ***inmheánach*** a bheith mar thoradh ar thionchar géarchéime ar an margadh ***inmheánach***, rud a chuirfeadh isteach ar ghnáthfheidhmiú an mhargaidh sin. D'fhéadfadh géarchéim ***géarú ar*** ghanntanas earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime sa mhargadh ***inmheánach***. Ba cheart don Rialachán ***seo*** aghaidh a thabhairt ar ***an tionchar díobhálach*** ar ***shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí nó daoine sa*** mhargadh ***inmheánach***. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Ós rud é gur deacair aon ghné shonrach de ghéarchéimeanna amach anseo a thuar a mbeadh tionchar acu ar an Margadh ***Aonair*** agus ar a shlabhraí soláthair, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo i leith creat ginearálta chun na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag aon ghéarchéim ar an Margadh ***Aonair*** agus ar a shlabhraí soláthair a réamh-mheas, ullmhú dóibh, iad a mhaolú agus iad a íoslaghdú**.** . | (7) Ós rud é gur deacair aon ghné shonrach de ghéarchéimeanna amach anseo a thuar a mbeadh tionchar acu ar an margadh ***inmheánach*** agus ar a shlabhraí soláthair, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo i leith creat ginearálta chun na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag aon ghéarchéim ar an margadh ***inmheánach*** agus ar a shlabhraí soláthair a réamh-mheas, ullmhú dóibh, iad a mhaolú agus iad a íoslaghdú ***agus i leith a n-athléimneacht a neartú***. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Ba cheart ***creat na*** mbeart a leagtar | (8) Ba cheart creat na mbeart a leagtar |

amach ***faoin*** Rialachán seo a dháileadh ar bhealach comhleanúnach, trédhearcach, éifeachtúil, comhréireach agus tráthúil, agus aird chuí á tabhairt ar an ngá atá le feidhmeanna ríthábhachtacha na sochaí a choimeád, lena n-áirítear an tslándáil phoiblí, an tsábháilteacht, an t-ord poiblí nó an tsláinte phoiblí a urramú**,** ar an bhfreagracht ar na Ballstáit an tslándáil náisiúnta a chosaint agus ar an gcumhacht atá acu feidhmeanna riachtanacha stáit eile a chosaint, lena n-áirítear iomláine chríochach an Stáit a áirithiú agus an dlí agus an t-ord a chaomhnú.

amach ***sa*** Rialachán sin a chur i bhfeidhm ar bhealach comhleanúnach, trédhearcach, éifeachtúil, comhréireach agus tráthúil, agus aird chuí á tabhairt ar an ngá atá le feidhmeanna ríthábhachtacha na sochaí a choimeád, lena n-áirítear an tslándáil phoiblí, an tsábháilteacht, an t-ord poiblí nó an tsláinte phoiblí a urramú**,** agus urraim á tabhairt don fhreagracht atá ar na Ballstáit an tslándáil náisiúnta a chosaint mar aon leis an gcumhacht atá acu feidhmeanna bunriachtanacha eile stáit a chosaint, lena n-áirítear iomláine chríochach an stáit a áirithiú agus an t-ord poiblí a choimeád. ***Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar d'ábhair a bhaineann le slándáil agus cosaint náisiúnta.***

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Chun na críche sin, déanfar foráil sa Rialachán seo maidir le***:*** | (9) Chun na críche sin, déanfar foráil sa Rialachán do na nithe seo a leanas a áirithiú: ***na hacmhainní is gá chun feidhmiú leanúnach an mhargaidh inmheánaigh, saorchúrsaíocht earraí, seirbhísí agus daoine, lena n-áirítear oibrithe, agus earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a bheith ar fáil do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus d'údaráis phoiblí le linn géarchéime.*** |
| ***— na modhanna is gá chun feidhmiú leanúnach an Mhargaidh Aonair, na ngnólachtaí a fheidhmíonn ar an Margadh Aonair agus a slabhraí soláthair straitéiseacha a áirithiú, lena n-áirítear saorchúrsaíocht earraí, seirbhísí agus daoine le linn géarchéime agus infhaighteacht earraí agus seirbhísí i gcás géarchéime do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus d'údaráis phoiblí le linn géarchéime;*** | |

***— fóram le haghaidh comhordú, comhar leordhóthanach agus malartú faisnéise; agus***

***— na modhanna maidir le hinrochtaineacht thráthúil agus infhaighteacht na faisnéise atá riachtanach le haghaidh freagairt spriocdhírithe agus iompar leordhóthanach margaidh ag gnólachtaí agus saoránaigh le linn géarchéime.***

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(10) Nuair is féidir, ba cheart go n-éascófar leis an Rialachán seo réamh-mheastachán teagmhas agus géarchéimeanna, ag forbairt ar anailís leanúnach a bhaineann le réimsí tábhachtacha straitéiseacha gheilleagar an Mhargaidh Aonair agus le hobair fhadbhreathnaitheach leanúnach an Aontais.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Níor cheart go ndéanfar dúbláil leis an Rialachán seo ar an gcreat atá ann cheana maidir le táirgí íocshláinte, feistí leighis nó frithbhearta leighis eile faoi Chreat Slándála Sláinte an Aontais, lena n-áirítear Rialachán (AE) …/… maidir le bagairtí trasteorann tromchúiseacha ar shláinte [Rialachán SCBTH (COM/2020/727)], Rialachán (AE )…/… ón gComhairle maidir le creat beart chun soláthar frithbheart leighis atá ábhartha i | (11) Níor cheart go ndéanfaí dúbláil leis an Rialachán seo ar an gcreat atá ann cheana maidir le táirgí íocshláinte, feistí leighis nó frithbhearta leighis eile faoi Chreat Slándála Sláinte an Aontais, lena n‑áirítear Rialachán (AE) ***2022/123*** agus Rialachán (AE) ***2022/2371.*** Dá bhrí sin, déanfar táirgí íocshláinte, feistí leighis nó frithbhearta leighis eile ***a thagann faoina sainchúram*** a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo, ach amháin i ndáil leis na |

gcás géarchéime a áirithiú [Rialachán Réime maidir le hÉigeandálaí (COM/2021/577)], Rialachán (AE )…/… maidir le sainordú leathnaithe ECDC [Rialachán ECDC (COM/2020/726)] agus Rialachán (AE) 2022/123 maidir le sainordú leathnaithe EMA [Rialachán EMA].Dá bhrí sin, sula ndéanfar táirgí íocshláinte, feistí leighis nó frithbhearta leighis eile, ***nuair a bheidh siad curtha ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 6 (1) den Chreat Éigeandála*** déanfar iad a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo, ach amháin i ndáil leis na forálacha a bhaineann le saorghluaiseacht le linn na héigeandála sa Mhargadh ***aonair***, agus go háirithe na cinn a bhaineann le saorghluaiseacht agus an sásra fógrúcháin a athbhunú agus a éascú.

forálacha a bhaineann le saorghluaiseacht le linn éigeandáil sa mhargadh ***inmheánach***, agus go háirithe na cinn sin atá ceaptha chun saorghluaiseacht agus an sásra fógrúcháin a athbhunú agus a éascú.

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Ba cheart go gcomhlánófaí leis an Rialachán seo an ***sásra*** maidir le Freagairt Chomhtháite do Ghéarchéim Pholaitiúil arna oibriú ag an gComhairle faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1993 ón gComhairle a mhéid a bhaineann lena hobair ar thionchair géarchéimeanna trasearnála sa Mhargadh ***Aonair*** a bhfuil cinnteoireacht pholaitiúil ag teastáil ina leith. | (12) Ba cheart go gcomhlánófaí leis an Rialachán seo na ***socruithe*** maidir le Freagairt Chomhtháite do Ghéarchéim Pholaitiúil arna oibriú ag an gComhairle faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1993 ón gComhairle a mhéid a bhaineann lena hobair ar thionchair géarchéimeanna trasearnála sa mhargadh ***inmheánach*** a bhfuil cinnteoireacht pholaitiúil ag teastáil ina leith. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(16) Chun cineál eisceachtúil oibriú*** | ***(16) Ba cheart an Rialachán seo a*** |

***bunúsach Mhargadh Aonair éigeandáil Margaidh Aonair agus ar na hiarmhairtí forleathana a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis a chur san áireamh, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt go heisceachtúil don Chomhairle chun modh éigeandála an Mhargaidh Aonair a ghníomhachtú de bhun Airteagal 281(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.***

***bheith gan dochar do dhlí an tsaothair nó do dhálaí oibre, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht ag an obair, agus do chearta cómhargála agus do neamhspleáchas*** na ***gcomhpháirtithe sóisialta.***

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) ***Le hAirteagal 21 CFAE leagtar síos an ceart atá ag saoránaigh den Aontas gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí agus sna bearta a glacadh chun éifeacht a thabhairt dóibh. Tá na coinníollacha agus na teorainneacha mionsonraithe leagtha síos i dTreoir 2004/38/CE. Leagtar amach sa Treoir sin na prionsabail ghinearálta is infheidhme maidir leis na teorainneacha sin agus na forais a fhéadfar a úsáid chun údar a thabhairt do bhearta den sórt sin. Is iad na forais sin beartas poiblí, slándáil phoiblí nó sláinte phoiblí. Sa chomhthéacs sin, is féidir údar a thabhairt le srianta ar shaoirse gluaiseachta má bhíonn siad comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach. Níl sé beartaithe leis*** an Rialachán seo ***foráil a dhéanamh i leith forais bhreise chun*** an ***ceart chun saorghluaiseachta daoine a theorannú thar na forais dá bhforáiltear i gCaibidil VI de Threoir 2004/38/CE***. | (17) ***I gcás ina bhfuil próiseáil sonraí pearsanta i gceist leis na gníomhaíochtaí atá le déanamh de bhun an*** Rialacháin seo***, ba cheart go gcomhlíonfadh próiseáil den sórt sin reachtaíocht ábhartha an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta, eadhon Rialachán (AE) 2016/679*** ó ***Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1b].*** |

***[1a] Rialachán (AE) 2016/769 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den chineál sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).***

***[1b] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).***

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) ***A mhéid a bhaineann leis na bearta chun saorghluaiseacht*** daoine ***a athbhunú agus a éascú agus maidir le haon bheart eile a bhaineann le s***aorghluaiseacht daoine ***dá bhforáiltear faoin Rialachán seo, tá siad bunaithe ar Airteagal 21 CFAE agus comhlánaítear leo siad Treoir 2004/38/CE gan dul i gcion ar chur i bhfeidhm na Treorach sin tráth a mbeadh éigeandálaí sa Mhargadh Aonair. Níor cheart go mbeadh sé de thoradh ar bhearta sin go dtabharfaí údarú nó údar le srianta ar shaorghluaiseacht a thagann salach ar na Conarthaí nó forálacha eile de dhlí an Aontais***. | (18) ***Leagtar síos leis an Rialachán seo cearta agus oibleagáidí d'oibreoirí eacnamaíocha, go háirithe do*** dhaoine ***nádúrtha nó dlítheanacha, lena n-áirítear aon chomhlachas sealadach de ghnóthais, a thairgeann táirgí nó seirbhísí a bhfuil ríthábhacht ag baint leo ar an margadh. Ina theannta sin, sainítear ann réimsí ríthábhachtacha atá sistéamach agus ríthábhachtach d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, go háirithe réimsí a bhaineann le*** saorghluaiseacht ***trasteorann earraí, seirbhísí nó*** daoine, ***mar shampla i réimsí an bhia, an iompair, na cothabhála, na sláinte, nó na dteicneolaíochtaí faisnéise***. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) ***Le hAirteagal 45 CFAE leagtar síos an ceart chun saorghluaiseachta oibrithe, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí agus sna bearta arna nglacadh chun éifeacht a thabhairt dóibh. Tá forálacha sa Rialachán seo lena gcomhlánaítear na bearta atá ann cheana chun saorghluaiseacht daoine a threisiú, chun trédhearcacht a mhéadú agus chun cúnamh riaracháin a sholáthar le linn éigeandálaí sa Mhargadh Aonair. Áirítear ar bhearta den sórt sin na pointí teagmhála aonair a chur ar bun agus a chur ar fáil d'oibrithe agus dá n-ionadaithe sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais le linn mhodhanna faireachais agus éigeandála an Mhargaidh Aonair faoin rialachán seo.*** | (19) ***Chun feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, ba cheart Bord um Chásanna Éigeandála agus Athléimneacht an Mhargaidh Inmheánaigh ('an Bord') a chur ar bun leis an Rialachán seo chun comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir leis na bearta iomchuí chun tionchar géarchéime a thuar, a chosc nó chun freagairt dó. Ba cheart go mbeadh Parlaimint na hEorpa in ann saineolaí a cheapadh mar chomhalta den Bhord. Ba cheart don Choimisiún cuireadh a thabhairt d'ionadaithe comhlachtaí eile atá ábhartha i gcás géarchéime ar leibhéal an Aontais mar bhreathnóirí chuig cruinnithe ábhartha an Bhoird, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, ionadaithe ó Choiste na Réigiún agus ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go bhfaighidh Parlaimint na hEorpa na doiciméid uile ag an am céanna le hionadaithe na mBallstát. Ba cheart rochtain chórasach a bheith ag Parlaimint na hEorpa freisin ar chruinnithe an Bhoird a dtugtar cuireadh do shaineolaithe na mBallstát chucu. Ba cheart rannpháirtíocht ionadaithe Stáit CSTE mar bhreathnóirí a áirithiú i gcomhréir leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, chomh maith leis na comhaontuithe déthaobhacha idir an tAontas agus Cónaidhm na hEilvéise. Ba cheart don Bhord, go háirithe, cúnamh agus comhairle a thabhairt don Choimisiún maidir le bearta a bhfuil tionchar acu ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine, lena n-áirítear oibrithe, agus béim ar leith á leagan ar oibrithe taistil, lena n-áirítear oibrithe teorann agus trasteorann.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) ***Má ghlacann na Ballstáit bearta a bhaineann le saorghluaiseacht earraí nó daoine, earraí nó saoirse chun seirbhísí a sholáthar mar ullmhúchán d'éigeandálaí an Mhargaidh Aonair agus lena linn, ba cheart dóibh na bearta sin a theorannú don mhéid is gá agus iad a bhaint a luaithe is féidir de réir an cháis. Le bearta den sórt sin*** ba cheart ***prionsabail na comhréireachta agus an neamh-idirdhealaithe a urramú agus staid ar leith na réigiún teorann a chur san áireamh.*** | (20) ***Tá sé ríthábhachtach trédhearcacht agus cuntasacht níos fearr a ráthú, go háirithe le linn géarchéimeanna, i gcomhréir leis na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe. Tá ról lárnach ag Parlaimint na hEorpa maidir le cuntasacht dhaonlathach a áirithiú. Dá bhrí sin,*** ba cheart ***rialacha a leagan síos leis an Rialachán seo chun an t-idirphlé éigeandála agus athléimneachta idir an Coimisiún, Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a fheabhsú***. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) ***Ba cheart go spreagfadh gníomhachtú mhodh*** éigeandála ***an Mhargaidh Aonair*** oibleagáid ar ***na*** Ballstáit ***fógra a thabhairt maidir le srianta saorghluaiseachta atá ábhartha i gcás géarchéime***. | (21) ***Chun comhordú éifeachtach agus malartú faisnéise éifeachtach a áirithiú i gcásanna*** éigeandála***, leagtar síos leis an Rialachán seo*** oibleagáid ar na Ballstáit ***lároifigí idirchaidrimh a ainmniú, a bheidh freagrach as teagmháil le lároifig idirchaidrimh arna hainmniú ag an gCoimisiún agus le lároifigí idirchaidrimh na mBallstát eile***. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) ***Agus scrúdú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar chomhoiriúnacht aon dréachtbheart ar tugadh fógra ina leith nó aon bheart a glacadh le prionsabal na comhréireachta, ba cheart dó aird chuí a thabhairt ar an ngéarchéim atá ag teacht chun cinn agus ar an bhfaisnéis atá ar fáil do na Ballstáit a bhíonn teoranta go minic agus iad ag iarraidh na rioscaí atá ag teacht chun cinn i gcomhthéacs na géarchéime a laghdú. I gcás ina mbeidh údar leis agus inar gá é sna himthosca, féadfaidh an Coimisiún breathnú, bunaithe ar aon fhaisnéis atá ar fáil, lena n-áirítear faisnéis speisialaithe nó eolaíoch, ar fhiúntas argóintí na mBallstát, ar argóintí iad a bhraitheann ar phrionsabal an réamhchúraim, mar chúis le srianta ar shaorghluaiseacht daoine a ghlacadh. Tá sé de chúram ar an gCoimisiún a áirithiú go gcomhlíonfar leis na bearta sin dlí an Aontais agus nach gcruthaítear leo bacainní gan údar ar fheidhmiú an*** Mhargaidh ***Aonair. Ba cheart don Choimisiún freagairt d'fhógraí na mBallstát chomh tapa agus is féidir, ag cur san áireamh imthosca na géarchéime ar leith, agus ar a dhéanaí laistigh de na teorainneacha ama a leagtar amach leis*** an Rialachán seo. | (22) ***Tá athléimneacht ríthábhachtach chun a áirithiú go mbainfidh an*** margadh ***inmheánach ceann dá spriocanna deiridh amach, is é sin tacú le geilleagar an Aontais.*** Leis an Rialachán seo***, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le teagmhais agus géarchéimeanna a thuar, ag tógáil ar anailís leanúnach maidir le réimsí ríthábhachtacha de gheilleagar an mhargaidh inmheánaigh agus le hobair fhadbhreathnaitheach leanúnach an Aontais***. ***Chun ullmhacht na ngníomhaithe uile i gcomhair géarchéimeanna a áirithiú, is gá rialacha a leagan amach maidir le tástálacha struis a bheidh le déanamh gach dhá bhliain ar a laghad, agus maidir le hoiliúint agus prótacail ghéarchéime a mbeidh baint, ní hamháin ag na húdaráis náisiúnta ábhartha, ach ag geallsealbhóirí amhail gnólachtaí, comhpháirtithe sóisialta agus saineolaithe freisin. Tá sé ríthábhachtach freisin rialacha a leagan síos maidir le cúlchistí straitéiseacha earraí a bhfuil ríthábhacht ag baint leo, chun malartú cuí faisnéise a áirithiú agus tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit chun cabhrú leo a n-iarrachtaí a chomhordú agus a chuíchóiriú.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Lena ***áirithiú nach n-úsáidfear na bearta*** sonracha ***éigeandála de chuid an Mhargaidh Aonair dá bhforáiltear sa Rialachán seo ach amháin i gcás ina bhfuil sé sin fíor-riachtanach chun freagairt d'éigeandáil áirithe sa Mhargadh Aonair, ba cheart go*** | (23) Chun ***earnálacha criticiúla a aithint, ba cheart modheolaíocht a bhunú agus critéir*** shonracha ***á gcur san áireamh, eadhon sreafaí trádála, éileamh agus soláthar, comhchruinniú an tsoláthair, táirgeacht agus acmhainneacht táirgeachta an Aontais agus domhanda ag*** |

***gceanglófaí gníomhachtú aonair le bearta den sórt sin trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme ón gCoimisiún, ina léireofar na cúiseanna leis an ngníomhachtú sin*** agus na ***hearraí nó na seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime***.

***céimeanna éagsúla den slabhra luacha*** agus na ***hidirthuilleamaíochtaí idir oibreoirí eacnamaíocha***.

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) ***Ina theannta sin,*** d'fhonn ***comhréireacht na ngníomhartha cur chun feidhme agus urraim chuí do ról na n-oibreoirí eacnamaíocha i mbainistiú géarchéime a áirithiú, níor cheart don Choimisiún dul i muinín*** mhodh ***éigeandála an*** Mhargaidh ***Aonair*** a ghníomhachtú ***ach amháin i gcás nach bhfuil oibreoirí eacnamaíocha ábalta réiteach a sholáthar ar bhonn deonach laistigh de thréimhse réasúnta***. ***Ba cheart an fáth leis sin a chur in iúl i ngach gníomh den sórt sin, agus maidir le gach gné ar leith géarchéime.*** | (24) ***Tá sé tábhachtach slabhraí soláthair earraí***, ***seirbhísí a bhfuil ríthábhacht ag baint leo le linn an mhodha faireachais, a shainaithint agus faireachán a dhéanamh orthu, chomh maith le saorghluaiseacht catagóirí oibrithe a bhfuil ríthábhacht ag baint leo, sula mbeidh éigeandáil sa mhargadh inmheánach.*** Chun ***go gcuirfear san áireamh*** gníomhachtú an ***mhodha faireachais agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann d'fheidhmiú cuí an*** mhargaidh ***inmheánaigh a spreagfaidh sé, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun an modh sin a ghníomhachtú de bhun Airteagal 291(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ba cheart an modh faireachais a ghníomhachtú ar feadh uastréimhse sé mhí agus an fhéidearthacht a bheith ann síneadh a chur leis an tréimhse chéanna, agus aird chuí á tabhairt ar an tuairim ón mBord. Ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar a thorthaí maidir leis an bhfaireachán, a rinneadh le linn an*** mhodha ***faireachais, ar shlabhraí soláthair earraí, ar sheirbhísí a bhfuil ríthábhacht ag baint leo, ar shaorghluaiseacht catagóirí oibrithe a bhfuil ríthábhacht leo agus ar fhardal na*** n-oibreoirí eacnamaíocha ***is ábhartha***. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) ***Níor cheart*** don Choimisiún ***iarratais ar fhaisnéis chuig oibreoirí eacnamaíocha a úsáid ach amháin i gcás nach féidir an fhaisnéis is gá chun freagairt go leordhóthanach d'éigeandáil*** sa Mhargadh ***Aonair a fháil, amhail an fhaisnéis is gá le haghaidh soláthair ag an gCoimisiún thar ceann na mBallstát nó chun acmhainneacht táirgeacht monaróirí earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a mheas, ar earraí iad ar cuireadh isteach ar a slabhraí soláthair, a fháil ó fhoinsí atá ar fáil go poiblí nó de bharr faisnéise a cuireadh ar fáil go deonach***. | (25) ***Ba cheart don Choimisiún measúnú cúramach a dhéanamh ar a thromchúisí atá suaitheadh*** ar ***fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus ar thionchar géarchéime ar bhonn fianaise nithiúil iontaofa, agus aird chuí á tabhairt ar na critéir a leagtar síos sa Rialachán seo***. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Le gníomhachtú mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair, nuair is gá,*** ba cheart go ***spreagfaí cur i bhfeidhm nósanna imeachta áirithe freagartha i gcomhair géarchéimeanna lena dtugtar isteach coigeartuithe ar na rialacha lena rialaítear dearadh, monarú, measúnú comhréireachta agus cur ar an margadh earraí atá faoi réir rialacha comhchuibhithe an Aontais. Leis na nósanna imeachta sin um fhreagairt ar ghéarchéimeanna, ba cheart go mbeifí ábalta táirgí, arna n-ainmniú mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a chur ar an margadh go tapa i gcomhthéacs*** éigeandála. ***Ba cheart do na comhlachtaí*** | (26) ***Chun cineál eisceachtúil agus iarmhairtí forleathana féideartha*** ghníomhachtú mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh a chur san áireamh, rud a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine, agus chun grinnscrúdú poiblí iomchuí a áirithiú,*** níor cheart ***modh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh a ghníomhachtú ach amháin le gníomh reachtach i bhfoirm cinneadh maidir le togra arna dhéanamh ag an gCoimisiún agus arna ghlacadh go pras agus go comhpháirteach ag Parlaimint na hEorpa*** agus ***ag an gComhairle. Chun aghaidh a*** |

***um measúnú comhréireachta tús áite a thabhairt don mheasúnú comhréireachta ar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime roimh aon iarratas leanúnach eile ar tháirgí eile. Ar an láimh eile, i gcásanna ina bhfuil moill mhíchuí ar na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta, ba cheart go mbeadh na húdaráis inniúla náisiúnta ábalta údaruithe a eisiúint chun táirgí, nach cuireadh faoin na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta is infheidhme a chur ar a margadh faoi seach, ar n gcoinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais sábháilteachta is infheidhme. Ní bheidh na húdaruithe sin bailí ach amháin ar chríoch an Bhallstáit eisiúna agus beidh siad teoranta d'fhad*** éigeandáil an Mhargaidh ***Aonair. Ina theannta sin, chun an méadú ar sholáthar táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a éascú, ba cheart solúbthachtaí áirithe a thabhairt isteach i ndáil leis an sásra um thoimhde comhréireachta.*** I ***gcomhthéacs éigeandáil sa Mhargadh Aonair, ba cheart do mhonaróirí earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a bheith ábalta brath freisin ar chaighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena gcuirtear leibhéal coibhéiseach cosanta ar fáil do na caighdeáin chomhchuibhithe Eorpacha***. ***I gcásanna nach ann do na caighdeáin sin nó i gcás go meastar go bhfuil sé thar a bheith deacair iad a chomhlíonadh mar gheall ar an gcur isteach ar an Margadh Aonair, ba cheart don Choimisiún a bheith ábalta sonraíochtaí comhchoiteanna teicniúla a eisiúint a bhaineann le cur i bhfeidhm deonach nó le cur i bhfeidhm éigeantach chun réitigh theicniúla atá réidh le húsáid a sholáthar do na monaróirí.***

***thabhairt ar an ngá atá le cinnteoireacht thapa le linn géarchéime, d'fhéadfaí cinntí a ghlacadh chun modh*** éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh a ghníomhachtú trí úsáid a bhaint as nósanna imeachta práinne, ós rud é gur úsáideadh na nósanna imeachta sin cheana féin*** san ***am a chuaigh thart***.

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) ***Chun na coigeartuithe atá ábhartha i gcás géarchéime ar rialacha comhchuibhithe ábhartha earnála an Aontais a thabhairt isteach, is gá coigeartuithe spriocdhírithe ar na 19 gcreat earnála seo a leanas: Treoir 2000/14/CE, Treoir 2006/42/AE, Treoir 2010/35/AE, Treoir 2013/29/AE, Treoir 2014/28/AE, Treoir 2014/29/AE, Treoir 2014/30/AE, Treoir 2014/31/AE, Treoir 2014/32/AE, Treoir 2014/33/AE, Treoir 2014/34/AE, Treoir 2014/35/AE, Treoir 2014/53/AE, Treoir 2014/68/AE, Rialachán (AE) 2016/424, Rialachán (AE) 2016/425, Rialachán (AE) 2016/426, Rialachán (AE) 2019/1009 agus Rialachán (AE) 305/2011.*** Ba cheart gníomhachtú na nósanna imeachta éigeandála a bheith coinníollach ar éigeandáil an Mhargaidh ***Aonair*** a ghníomhachtú agus ba cheart go mbeadh sé teoranta do na táirgí atá ainmnithe mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime. | (27) Ba cheart gníomhachtú na nósanna imeachta éigeandála a bheith coinníollach ar ***mhodh*** éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** a ghníomhachtú agus ba cheart go mbeadh sé teoranta do na táirgí atá ainmnithe mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime. ***Dá bhrí sin, ba cheart go spreagfadh gníomhachtú mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh, i gcás inar gá, nósanna imeachta freagartha géarchéime áirithe freisin lena rialaítear dearadh, monarú, measúnú comhréireachta agus cur ar an margadh earraí atá faoi réir rialacha comhchuibhithe an Aontais nó a thagann faoi na rialacha creata sábháilteachta ginearálta, agus iad teoranta do na táirgí a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) ***I gcásanna ina bhfuil rioscaí substaintiúla ann d'fheidhmiú an Mhargaidh Aonair nó i gcásanna ina bhfuil ganntanas mór earraí nó ina bhfuil éileamh thar a bheith ard*** ar earraí ***a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo, d'fhéadfadh sé go mbeadh*** bearta ***ar leibhéal an Aontais a bhfuil sé mar aidhm leo a áirithiú go mbeadh fáil ar tháirgí atá ábhartha i gcás géarchéime, amhail orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo, fíor-riachtanach chun go bhfeidhmeoidh an*** Margadh ***Aonair ar an*** | (28) ***Ba cheart srianta ar shaorghluaiseacht*** earraí***, seirbhísí agus daoine arna bhforchur ag na Ballstáit a thoirmeasc, mura rud é go bhfuil siad neamh-idirdhealaitheach, go bhfuil údar leo agus go bhfuil siad comhréireach. Níor cheart go bhféadfaí na saoirsí bunúsacha a leagtar síos sa Chonradh a chur ar fionraí in aimsir géarchéime agus níor cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as an staid éigeandála mar leithscéal chun srianta a ghlacadh a théann níos faide ná rialacha an Chonartha. Ba cheart go gcomhlíonfadh aon fhreagairt*** |

| | |
|---|---|
| ***ngnáthbhealach arís***. | ***ar éigeandáil sa mhargadh inmheánach na rialacha sin go docht, chomh maith leis na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo. Má ghlacann na Ballstáit*** bearta ***a dhéanann difear do shaorghluaiseacht earraí nó daoine, nó an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar mar ullmhúchán d'éigeandálaí sa*** mhargadh ***inmheánach agus lena linn, ba cheart dóibh na bearta sin a theorannú don mhéid is gá agus iad a bhaint a luaithe a dhíghníomhachtófar an modh éigeandála nó níos luaithe, nuair nach mbeidh gá leo a thuilleadh***. ***Le bearta den sórt sin ba cheart prionsabail na comhréireachta agus an neamh-idirdhealaithe a urramú agus staid ar leith na réigiún teorann a chur san áireamh.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) ***Chun cumhacht ceannaigh agus seasamh caibidlíochta*** an ***Choimisiúin a threisiú le linn mhodh faireachais an Mhargaidh Aonair agus mhodh éigeandála an Mhargaidh Aonair, ba cheart do na*** Ballstáit ***bheith ábalta a iarraidh ar an gCoimisiún soláthar a dhéanamh*** thar a ***gceann***. | (29) ***Thug eagraíochtaí ionadaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha le fios nach raibh go leor faisnéise ag oibreoirí eacnamaíocha faoi bhearta freagartha ar ghéarchéimeanna*** na ***mBallstát le linn na paindéime, mar gheall go páirteach nach raibh a fhios acu cá bhfaighidís an fhaisnéis sin, mar gheall go páirteach ar shrianta teanga agus ar an ualach riaracháin a bhain le fiosruithe a bheith á ndéanamh arís agus arís eile sna Ballstáit go léir, go háirithe i dtimpeallacht rialála a bhí ag síorathrú. Chuir sé sin bac orthu cinntí gnó eolacha a dhéanamh maidir lena mhéid a fhéadfadh siad brath*** ar a ***gcearta saorghluaiseachta nó leanúint le hoibríochtaí gnó trasteorann le linn na géarchéime***. ***Is gá feabhas a chur ar infhaighteacht faisnéise maidir le bearta freagartha ar ghéarchéimeanna ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an*** |

| | |
|---|---|
| | ***Aontais.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) ***I gcás ina bhfuil ganntanas mór táirgí nó seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime ar an margadh aonair le linn éigeandála sa Mhargadh Aonair, agus gur léir nach dtáirgeann na hoibreoirí eacnamaíocha a oibríonn ar an margadh aonair aon earra den sórt sin, ach go mbeadh siad, i bprionsabal, ábalta athearraíocht a bhaint as a línte táirgeachta nó nach mbeadh sé d'acmhainn leordhóthanach acu na hearraí nó na seirbhísí is gá a sholáthar, ba cheart go mbeadh an Coimisiún ábalta a mholadh do*** na Ballstáit ***mar rogha dheiridh*** bearta ***a dhéanamh chun cur le hacmhainneacht táirgeachta nó athrú cuspóra acmhainneacht táirgeachta na monaróirí nó cur le hacmhainneacht táirgeachta nó athrú cuspóra acmhainneacht na soláthraithe seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime*** a sholáthar ***a éascú nó a iarraidh. Agus é sin á dhéanamh aige, chuirfeadh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas maidir le déine*** an ***ghanntanais agus an cineál earraí nó seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a theastaíonn agus chuirfeadh sé tacaíocht agus comhairle ar fáil maidir leis an tsolúbthacht in acquis an Aontais chun na gcríoch sin***. | (30) ***Le hAirteagal 21 CFAE leagtar síos an ceart atá ag saoránaigh den Aontas gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch*** na mBallstát***, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí agus sna bearta a glacadh chun éifeacht a thabhairt dóibh. Tá na coinníollacha agus na teorainneacha mionsonraithe leagtha síos i dTreoir 2004/38/CE. Leagtar amach sa Treoir sin na prionsabail ghinearálta is infheidhme maidir leis na teorainneacha sin agus na forais a fhéadfar a úsáid chun údar a thabhairt do bhearta den sórt sin. Is iad na forais sin beartas poiblí, slándáil phoiblí nó sláinte phoiblí. Sa chomhthéacs sin, is féidir údar a thabhairt le srianta ar an tsaoirse gluaiseachta má bhíonn siad comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach. Níl sé beartaithe leis an Rialachán seo*** foráil a dhéanamh ***i leith forais bhreise chun*** an ***ceart chun saorghluaiseachta daoine a theorannú thar na forais dá bhforáiltear i gCaibidil VI de Threoir 2004/38/CE***. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(31) Leis na bearta ***lena n-áirithítear solúbthacht rialála, bheadh an Coimisiún ábalta a mholadh do na Ballstáit dlús a chur leis na nósanna imeachta chun ceadanna a dheonú a bheadh riachtanach chun feabhas a chur ar an gcumas earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a tháirgeadh nó chun seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a sholáthar***.

*Leasú*

(31) Na bearta ***chun saorghluaiseacht daoine a éascú agus aon bhearta eile a dhéanann difear do shaorghluaiseacht daoine dá bhforáiltear faoin Rialachán seo, tá siad bunaithe ar Airteagal 21 CFAE agus comhlánaítear leo Treoir 2004/38/CE, gan difear a dhéanamh dá chur i bhfeidhm i gcás éigeandálaí sa mhargadh inmheánach. Níor cheart go mbeadh sé de thoradh ar bhearta de sórt sin go dtabharfaí údarú nó údar le srianta ar shaorghluaiseacht a thagann salach ar na Conarthaí nó forálacha eile de dhlí an Aontais***.

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(32) ***Ina theannta sin, lena áirithiú go mbeidh earraí atá ábhartha i gcás géarchéime ar fáil*** le linn éigeandála sa Mhargaidh Aonair***, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar na hoibreoirí eacnamaíocha a oibríonn i slabhraí soláthair i gcás géarchéime tús áite a thabhairt d'orduithe na n-ionchur is gá chun earraí deiridh i gcás géarchéime a tháirgeadh, nó d'orduithe na n-earraí deiridh sin féin. I gcás go ndiúltódh oibreoir eacnamaíoch glacadh le horduithe den sórt sin agus tús áite a thabhairt dóibh, i ndiaidh fianaise oibiachtúil a bheith ann go bhfuil infhaighteacht earraí atá ábhartha i gcás géarchéime fíor-riachtanach, féadfaidh*** an Coimisiún ***a chinneadh a iarraidh ar na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann glacadh le horduithe áirithe agus tús áite a thabhairt dóibh, agus beidh tosaíocht ag a gcomhlíonadh leo sin ar aon oibleagáid eile faoin dlí***

*Leasú*

(32) ***Le hAirteagal 45 CFAE leagtar síos an ceart chun saorghluaiseachta oibrithe, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí agus sna bearta arna nglacadh chun éifeacht a thabhairt dóibh. Tá forálacha sa Rialachán seo lena gcomhlánaítear na bearta atá ann cheana chun saorghluaiseacht daoine a éascú, trédhearcacht a mhéadú agus cúnamh riaracháin a sholáthar*** le linn ***éigeandálaí sa mhargadh inmheánach. Áirítear ar bhearta den sórt sin na pointí teagmhála*** aonair ***a chur ar bun agus a chur ar fáil d'oibrithe agus dá n-ionadaithe sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais le linn mhodhanna faireachais agus*** éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh faoin Rialachán seo. Moltar do na Ballstáit agus*** don Choimisiún ***ionstraimí atá ann cheana a úsáid chun na pointí teagmhála sin a chur ar bun agus a oibriú. Ba cheart go mbeadh na pointí***

***príobháideach nó poiblí. I gcás nach nglacfar leis an iarratas,*** ba cheart ***don oibreoir lena mbaineann na cúiseanna dlisteanacha leis an iarratas a dhiúltú a mhíniú. Féadfaidh an Coimisiún an míniú réasúnaithe sin, nó codanna de, a phoibliú, agus aird chuí á tabhairt ar rúndacht ghnó***.

***teagmhála sin gníomhach lasmuigh den mhodh éigeandála agus*** ba cheart ***go gcuideoidís le cumarsáid idir na Ballstáit agus leis an mBord***.

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) ***Ina theannta sin,*** lena áirithiú go ***mbeidh earraí atá ábhartha i gcás géarchéime ar fáil le linn éigeandála sa Mhargadh Aonair, féadfaidh*** an Coimisiún ***a mholadh go ndáilfidh na Ballstáit cúltacaí straitéiseacha, ag féachaint go cuí do phrionsabail na dlúthpháirtíochta, an riachtanais agus na comhréireachta***. | (33) ***Chun coinníollacha aonfhoirmeacha*** a áirithiú ***maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt*** don Choimisiún ***a mhéid a bhaineann leis an bhféidearthacht bearta tacaíochta a ghlacadh chun saorghluaiseacht daoine a éascú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***. |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) ***I gcás ina bhfuil próiseáil sonraí pearsanta i gceist leis na gníomhaíochtaí atá le déanamh de bhun an Rialacháin seo,*** ba cheart ***go gcomhlíonfadh próiseáil den sórt sin reachtaíocht ábhartha an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta, eadhon Rialachán (AE) 2018/1725*** ó ***Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[41]***gus Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus*** | (34) ***Le gníomhachtú mhodhanna faireachais agus éigeandála an mhargaidh inmheánaigh,*** ba cheart ***go spreagfaí oibleagáid ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún*** faoi ***bhearta a ghlacadh maidir le srianta atá ábhartha i gcás géarchéime ar shaorghluaiseacht earraí, ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar agus ar shaorghluaiseacht daoine, lena n-áirítear oibrithe, lena*** |

ón *gComhairle*[42]

*ngabhann ráiteas lena dtugtar údar cuí le bearta den sórt sin a thabhairt isteach. Ba cheart go gcuirfí san áireamh sa ráiteas maidir le comhréireacht* na *mbeart sin tionchar na mbeart, a raon feidhme agus an fad a mheastar a mhairfidh siad*.

***[41] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).***

***[42] Rialachán (AE) 2016/769 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den chineál sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).***

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) ***Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt*** don Choimisiún ***a mhéid a bhaineann leis an bhféidearthacht bearta tacaíochta a ghlacadh chun saorghluaiseacht daoine a éascú, chun liosta a bhunú de spriocanna aonair (cainníochtaí agus spriocdhátaí) le haghaidh na gcúltacaí straitéiseacha sin*** | (35) ***Agus scrúdú á dhéanamh aige ar chomhoiriúnacht aon dréachtbheart ar tugadh fógra ina leith nó aon bheart a glacadh le prionsabal na comhréireachta, ba cheart*** don Choimisiún ***aird chuí a thabhairt ar an ngéarchéim atá ag teacht chun cinn agus ar an bhfaisnéis atá ar fáil do*** na Ballstáit ***a bhíonn teoranta go minic agus iad ag iarraidh na rioscaí atá ag teacht chun cinn i gcomhthéacs*** na ***géarchéime a laghdú. I gcás ina mbeidh*** |

***ar cheart do*** na Ballstáit ***iad a choinneáil, ionas go mbainfear na cuspóirí*** leis an ***tionscnamh amach. Thairis sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt*** don Choimisiún ***a mhéid a bhaineann leis an modh faireachais agus*** bearta ***faireachais a ghníomhachtú chun faireachán cúramach a dhéanamh ar na slabhraí soláthair straitéiseacha agus chun forbairt cúltacaí straitéiseacha d'earraí agus do sheirbhísí lena mbaineann tábhacht straitéiseach a chomhordú***. ***Thairis sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt*** don Choimisiún ***a mhéid a bhaineann le bearta sonracha práinnfhreagartha a ghníomhachtú tráth a bheadh éigeandáil sa Mhargadh Aonair, chun freagairt thapa chomhordaithe a éascú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***.

***bonn cirt leis agus inar gá sin sna himthosca, féadfaidh*** an Coimisiún ***fiúntas argóintí na mBallstát a mheas, bunaithe ar aon fhaisnéis atá ar fáil, lena n-áirítear faisnéis speisialaithe nó eolaíoch. Tá sé de chúram ar an gCoimisiún a áirithiú go gcomhlíonfar leis na*** bearta ***sin dlí an Aontais agus nach gcruthaítear leo bacainní gan údar ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh***. ***Ba cheart don*** Choimisiún ***freagairt d'fhógraí na mBallstát chomh tapa agus is féidir, ag cur san áireamh imthosca na géarchéime ar leith, agus*** ar a ***dhéanaí laistigh de na teorainneacha ama a leagtar amach sa Rialachán seo***.

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) ***Leis an Rialachán seo urramaítear cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear go háirithe le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'). Go sonrach, urramaítear leis ceart chun príobháideachta na n-oibreoirí eacnamaíocha a chumhdaítear in Airteagal 7 den Chairt, an ceart chun cosaint sonraí a leagtar amach in Airteagal 8 den Chairt, an tsaoirse chun gnó a dhéanamh agus an tsaoirse conartha, a chosnaítear le hAirteagal 16 den Chairt, an ceart chun maoine, a chosnaítear le hAirteagal 17 den Chairt, an ceart chun cómhargála agus caingne a chosnaítear le hAirteagal 26 den Chairt*** | (36) ***Má chinneann an Coimisiún nach bhfuil na*** bearta ***ar tugadh fógra fúthu*** i gcomhréir le ***dlí an Aontais, féadfaidh sé cinneadh a eisiúint lena gceanglófar ar an mBallstát lena mbaineann an dréachtbheart ar tugadh fógra faoi a mhodhnú nó staonadh óna ghlacadh. Tá glacadh cinntí gan dochar do shainchumais*** an ***Choimisiúin mar chaomhnóir na gConarthaí, agus é de fhreagracht air a áirithiú go n-urramófar saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine. Chun cur chun feidhme éifeachtach*** an Rialacháin seo ***a ráthú,*** ba cheart ***don Choimisiún freagairt éifeachtach a thabhairt ar sháruithe ar*** |

***agus an ceart chun leighis bhreithiúnaigh éifeachtaigh agus trialach cora dá bhforáiltear in Airteagal 47 den Chairt. Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach go leormhaith agus, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas*** bearta ***a ghlacadh***, i gcomhréir le ***prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann*** an Rialachán ***seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú. Níor*** cheart ***go rachfaí i gcion leis an Rialachán ar neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta mar a aithnítear in CFAE***.

***dhlí an Aontais trí imeachtaí um shárú***.

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) ***Tá an*** tAontas ***tiomanta go hiomlán i gcónaí don dlúthpháirtíocht idirnáisiúnta agus tacaíonn sé go láidir leis an bprionsabal go ndéanfar aon*** bheart ***a mheastar is gá arna ghlacadh faoin Rialachán seo, lena n-áirítear na bearta sin is gá chun ganntanais chriticiúla a chosc nó chun faoiseamh a thabhairt ina leith, a chur chun feidhme ar*** bhealach ***atá spriocdhírithe, trédhearcach, comhréireach, sealadach agus comhsheasmhach le hoibleagáidí na hEagraíochta Domhanda Trádála***. | (37) ***Chun a áirithiú go dtabharfar cúnamh do shaoránaigh, do thomhaltóirí, d'oibreoirí eacnamaíocha agus d'oibrithe agus dá n-ionadaithe i gcás éigeandála, tá sé tábhachtach pointí teagmhála aonair náisiúnta agus pointe teagmhála aonair ar leibhéal an*** Aontais ***a bhunú. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur féidir le haon duine dá ndéanann*** bearta ***náisiúnta freagartha ar ghéarchéimeanna difear faisnéis ábhartha a fháil ó na húdaráis inniúla, ar faisnéis í a sholáthrófar i dteanga shoiléir agus intuigthe, agus ar*** bhealach ***atá inrochtana go héasca do dhaoine faoi mhíchumas***. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) ***Cuimseofar i gcreat an Aontais gnéithe idir-réigiúnacha chun*** bearta ***comhtháite ilearnála trasteorann um fhaireachas agus freagairt*** éigeandála ***an*** Mhargaidh ***Aonair a bhunú, go*** háirithe ***agus na hacmhainní, an acmhainneacht agus na leochaileachtaí ar fud na réigiún comharsanachta, go háirithe na réigiúin teorann á gcur san áireamh***. | (38) ***Lena áirithiú nach n-úsáidfear na*** bearta ***sonracha*** éigeandála ***de chuid an mhargaidh inmheánaigh dá bhforáiltear sa Rialachán seo ach amháin i gcás ina bhfuil sé sin fíor-riachtanach chun freagairt d'éigeandáil*** áirithe ***sa mhargadh inmheánach, ba cheart go gceanglófaí gníomhachtú aonair le bearta den sórt sin trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme ón gCoimisiún, ina léireofar na cúiseanna leis an ngníomhachtú sin agus na hearraí nó na seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime***. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) ***Rachaidh*** an Coimisiún***, i gcás inarb iomchuí, i gcomhairle nó i gcomhar, thar ceann*** an ***Aontais, le tríú tíortha ábhartha, agus aird*** ar leith ***á tabhairt ar thíortha i mbéal forbartha, chun réitigh chomhoibritheacha a lorg chun aghaidh a thabhairt ar shuaití sa slabhra soláthair, i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta***. ***Beidh comhordú i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha i gceist leis sin, i gcás inarb iomchuí.*** | (39) ***Ina theannta sin, d'fhonn comhréireacht na ngníomhartha cur chun feidhme agus urraim chuí do ról na n-oibreoirí eacnamaíocha i mbainistiú géarchéime a áirithiú, níor cheart*** don Choimisiún ***dul i muinín bearta mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh a ghníomhachtú ach amháin i gcás nach bhfuil oibreoirí eacnamaíocha ábalta réiteach a sholáthar ar bhonn deonach laistigh de thréimhse réasúnta. Ba cheart na cúiseanna leis an ngníomhachtú sin a léiriú i ngach gníomh, agus ba cheart gach gné*** ar leith ***de ghéarchéim a chur san áireamh***. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) ***Chun creat prótacal géarchéime a chur ar bun,*** ba cheart ***an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig*** an gCoimisiún ***chun an creat rialála a leagtar amach sa Rialachán seo a fhorlíonadh trí na módúlachtaí maidir le comhar idir*** na Ballstáit ***agus údaráis an Aontais le linn mhodhanna faireachais agus éigeandála an Mhargaidh Aonair, malartú slán*** faisnéise ***agus malartú riosca agus cumarsáid i ndáil le géarchéimeanna a shonrú tuilleadh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin***, ***lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir*** leis na ***prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go háirithe, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa*** agus an ***Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe*** sna Ballstáit***, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe***. | (40) ***Níor*** cheart ***don Choimisiún iarrataí ar fhaisnéis chuig oibreoirí eacnamaíocha a úsáid mar rogha dheireanach ach amháin i gcás nach féidir an fhaisnéis atá riachtanach chun freagairt go leordhóthanach d'éigeandáil an mhargaidh inmheánaigh a fháil ó fhoinsí atá ar fáil go poiblí, amhail an fhaisnéis is gá le haghaidh soláthair ag*** an gCoimisiún ***thar ceann na mBallstát nó meastachán a dhéanamh ar acmhainneachtaí táirgeachta monaróirí earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus ar cuireadh isteach ar a slabhraí soláthair, nó mar thoradh*** ar fhaisnéis ***arna soláthar go deonach ar aon bhealach eile, i gcomhar*** leis an ***mBord*** agus leis na Ballstáit. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (41) ***B'annamh a úsáideadh Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle lena bhforáiltear i leith sásra maidir le plé déthaobhach faoi bhacainní*** ar fheidhmiú | (41) ***I gcás ina bhfuil rioscaí substaintiúla ann*** d'fheidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh nó i gcásanna ina bhfuil ganntanas mór earraí nó ina*** |

an Mhargaidh ***Aonair agus tá sé as dáta. Léiríodh ina mheastóireacht nach féidir leis na réitigh dá bhforáiltear leis an Rialachán sin freastal*** ar na ***réaltachtaí a bhaineann le géarchéimeanna casta, nach bhfuil teoranta do theagmhais a tharlaíonn ag teorainneacha dhá Bhallstát chomharsanachta***. ***Ba cheart é a aisghairm dá bhrí sin.***

***bhfuil éileamh thar a bheith ard ar earraí a bhfuil ríthábhacht ag baint leo, d'fhéadfadh sé go mbeadh bearta ar leibhéal an Aontais a bhfuil sé mar aidhm leo a áirithiú go mbeadh fáil ar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime, amhail orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo, fíor-riachtanach chun go bhfeidhmeoidh an margadh inmheánach ar an ngnáthbhealach arís***.

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(41a) I gcás ina bhfuil ganntanas mór earraí nó seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime ar an margadh inmheánach le linn éigeandála sa mhargadh inmheánach, agus gur léir nach dtáirgeann na hoibreoirí eacnamaíocha a oibríonn ar an margadh inmheánach earraí den sórt sin, ach go mbeadh siad, i bprionsabal, ábalta athearraíocht a bhaint as a línte táirgeachta nó go mbeadh sé d'acmhainn leordhóthanach acu na hearraí nó na seirbhísí is gá a sholáthar, ba cheart go mbeadh an Coimisiún ábalta a mholadh do na Ballstáit mar rogha dheiridh bearta a dhéanamh chun cur le hacmhainneacht táirgeachta nó athrú cuspóra acmhainneacht táirgeachta na monaróirí nó cur le hacmhainneacht táirgeachta nó athrú cuspóra acmhainneacht soláthraithe seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a sholáthar a éascú nó a iarraidh. Agus é sin á dhéanamh aige, ba cheart don Choimisiún na Ballstáit a chur ar an eolas maidir le déine an ghanntanais agus maidir le cineál na n-earraí nó na seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a theastaíonn agus ba cheart dó tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil maidir leis an tsolúbthacht in acquis an Aontais*** |

| | |
|---|---|
| | ***chun na gcríoch sin.*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(41b) Leis na bearta lena n-áirithítear solúbthacht rialála, bheadh an Coimisiún ábalta a mholadh do na Ballstáit dlús a chur leis na nósanna imeachta chun ceadanna a dheonú atá riachtanach chun feabhas a chur ar an acmhainneacht earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a tháirgeadh nó chun seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a sholáthar.*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(41c) Ina theannta sin, chun a áirithiú go mbeidh earraí atá ábhartha i gcás géarchéime ar fáil le linn éigeandáil an mhargaidh inmheánaigh, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar na hoibreoirí eacnamaíocha a oibríonn slabhraí soláthair atá ábhartha i gcás géarchéime tosaíocht a thabhairt d'orduithe le haghaidh earraí atá ábhartha i gcás géarchéime nó d'orduithe le haghaidh ionchuir atá riachtanach chun earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a tháirgeadh. I gcás ina ndiúltódh oibreoir eacnamaíoch glacadh leis an iarraidh tosaíocht a thabhairt d'orduithe den sórt sin, in ainneoin fianaise oibiachtúil a bheith ann go bhfuil infhaighteacht earraí atá ábhartha i gcás géarchéime fíor-riachtanach, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar na hoibreoirí eacnamaíocha*** |

***lena mbaineann glacadh le horduithe áirithe, agus tús áite a thabhairt dóibh, agus beidh tosaíocht ag a gcomhlíonadh ansin ar aon oibleagáid eile faoin dlí príobháideach nó poiblí. I gcás nach nglacfar leis an iarraidh, ba cheart don oibreoir lena mbaineann cúiseanna dlisteanacha a thabhairt maidir leis an iarraidh a dhiúltú.***

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(41d) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir cur chun feidhme an Rialacháin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le bearta práinnfhreagartha sonracha a ghníomhachtú, eadhon orduithe tosaíochta, le linn éigeandáil an mhargaidh inmheánaigh, chun gur féidir mearfhreagairt chomhordaithe a thabhairt. Ba cheart an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a chur ar phraghas cothrom agus réasúnta, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, cúiteamh iomchuí as na costais bhreise uile arna dtabhú ag an oibreoir eacnamaíoch, lena n-áirítear costais a eascraíonn, mar shampla, as conarthaí lasmuigh den Aontas nó as línte táirgeachta atá ag athrú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(41e) Thairis sin, i gcás ina ndéanann ganntanais mhóra earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime difear do Bhallstát, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún a chur ar an eolas faoi sin agus na cainníochtaí is gá a chur in iúl. Ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis a tharchur chuig na húdaráis inniúla uile agus comhordú fhreagairtí na mBallstát a chuíchóiriú. Lena áirithiú go mbeidh earraí atá ábhartha i gcás géarchéime ar fáil le linn éigeandála sa mhargadh inmheánach, féadfaidh an Coimisiún a mholadh go ndáilfidh na Ballstáit cúltacaí straitéiseacha, ag féachaint go cuí do phrionsabail na dlúthpháirtíochta, an riachtanais agus na comhréireachta.*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41 f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | ***Leasú*** |
|---|---|
| | ***(41f) Chun cumhacht ceannaigh agus seasamh caibidlíochta an Choimisiúin a ghiaráil le linn mhodhanna faireachais agus éigeandála an mhargaidh inmheánaigh, ba cheart do na Ballstáit a bheith ábalta a iarraidh ar an gCoimisiún soláthar a dhéanamh thar a gceann. Tá sé ríthábhachtach freisin a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit a gcuid gníomhaíochtaí a chomhordú le tacaíocht ón gCoimisiún agus ón mBord sula seolfar nósanna imeachta chun earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a sholáthar. Is croíphrionsabal de sholáthar poiblí éifeachtach í an trédhearcacht: feabhsaíonn sí an iomaíocht, méadaíonn sí an éifeachtúlacht agus cruthaíonn sí cothrom iomaíochta. Ba cheart*** |

| | |
|---|---|
| | ***Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi nósanna imeachta a bhaineann le soláthairtí comhpháirteacha faoin Rialachán seo agus, arna iarraidh sin, ba cheart rochtain a thabhairt di ar chonarthaí arna dtabhairt i gcrích mar thoradh ar na nósanna imeachta sin, faoi réir cosaint leordhóthanach faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de, lena n-áirítear rúin ghnó.*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41 g (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(41g) Is gá rialacha a leagan síos maidir le huirlisí digiteacha chun ullmhacht a áirithiú agus freagairt á tabhairt ar bhealach tráthúil agus éifeachtúil ar éigeandálaí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, chomh maith le feidhmiú leanúnach an mhargaidh inmheánaigh, saorchúrsaíocht earraí, seirbhísí agus daoine in aimsir géarchéime a ráthú agus fáil a ráthú do ghnólachtaí agus d'údaráis phoiblí ar earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime. Agus uirlisí den sórt sin á mbunú, ba cheart don Choimisiún féachaint le hidir-inoibritheacht a áirithiú le huirlisí digiteacha atá ann cheana, amhail Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) chun dúbláil ceanglas agus aon ualach breise riaracháin a sheachaint. Ba cheart rialacha a leagan amach freisin sa Rialachán seo maidir le comhordú, comhar agus malartú leordhóthanach faisnéise, agus uirlisí digiteacha a bhunú leis chun feidhmiú lánaí gasta le haghaidh earraí agus seirbhísí criticiúla a ráthú, agus é mar aidhm leis dlús a chur le nósanna imeachta údaraithe, clárúcháin nó dearbhaithe. Thairis sin, chun rannpháirtíocht na ngníomhaithe eacnamaíocha uile a fheabhsú, go*** |

| | |
|---|---|
| | ***háirithe gnólachtaí agus an tsochaí shibhialta, ba cheart don Choimisiún ardán geallsealbhóirí a chur ar bun chun freagairt dheonach ar éigeandálaí sa mhargadh inmheánach a éascú agus a spreagadh.*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41 h (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(41h) Leis an Rialachán seo urramaítear cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear go háirithe le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'). Go háirithe, urramaítear leis ceart chun príobháideachta na n-oibreoirí eacnamaíocha a chumhdaítear in Airteagal 7 den Chairt, an ceart chun cosaint sonraí a leagtar amach in Airteagal 8 den Chairt, an tsaoirse chun gnó a dhéanamh agus an tsaoirse chonarthach, a chosnaítear le hAirteagal 16 den Chairt, an ceart chun maoine, a chosnaítear le hAirteagal 17 den Chairt, an ceart chun cómhargála agus chun caingne, arna gcosaint le hAirteagal 28 den Chairt agus an ceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach agus triail chóir a fháil dá bhforáiltear in Airteagal 47 den Chairt.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41 i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(41i) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach go leormhaith agus, de*** |

***bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.***

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41 j (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(41j) Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar éifeacht an Rialacháin seo agus tuarascáil a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, lena n-áirítear measúnú ar obair an Bhoird, tástálacha struis, prótacail oiliúna agus ghéarchéime, na critéir do ghníomhachtú an mhodha éigeandála chomh maith le húsáid uirlisí digiteacha. Thairis sin, ba cheart tuarascálacha a thíolacadh tar éis dhíghníomhachtú na modhanna éigeandála. Ba cheart go mbeadh meastóireacht sna tuarascálacha sin ar fheidhmiú an chórais práinnfhreagartha agus ar thionchar na mbeart éigeandála ar na cearta bunúsacha, eadhon ar an tsaoirse fiontraíochta, ar an tsaoirse chun fostaíocht a lorg agus chun obair a dhéanamh, agus ar an gceart chun cómhargála agus chun caingne, lena n-áirítear an ceart dul ar stailc. Níor cheart an Rialachán seo a léirmhíniú mar rialachán a théann i bhfeidhm ar an gceart cómhargála agus ar an gceart gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), lena n-áirítear ceart na n-oibrithe agus na bhfostaithe*** |

|  |  |
|---|---|
|  | ***gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh chun a leasanna a chosaint, lena n-áirítear dul ar stailc. Thairis sin, níor cheart go rachfaí i gcion leis an Rialachán ar neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta mar a aithnítear in CFAE.*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41 k (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
|  | ***(41k) Ba cheart aon ghníomhaíochtaí faoin Rialachán seo a bheith comhsheasmhach le hoibleagáidí an Aontais faoin dlí idirnáisiúnta ábhartha. Tá an tAontas tiomanta go hiomlán i gcónaí don dlúthpháirtíocht idirnáisiúnta agus tacaíonn sé go láidir leis an bprionsabal go ndéanfar aon bheart a mheastar is gá arna ghlacadh faoin Rialachán seo, lena n-áirítear na bearta sin is gá chun ganntanais chriticiúla a chosc nó chun faoiseamh a thabhairt ina leith, a chur chun feidhme ar bhealach atá spriocdhírithe, trédhearcach, comhréireach, sealadach agus comhsheasmhach le hoibleagáidí na hEagraíochta Domhanda Trádála.*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41 l (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
|  | ***(41l) Ba cheart go gcuimseofaí i gcreat an Aontais gnéithe idir-réigiúnacha chun bearta comhleanúnacha ilearnála faireachais trasteorann agus práinnfhreagartha an mhargaidh inmheánaigh a bhunú, go háirithe agus*** |

| | |
|---|---|
| | ***na hacmhainní, an acmhainneacht agus na leochaileachtaí ar fud na réigiún comharsanachta, go sonrach na réigiúin teorann, á gcur san áireamh.*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41 m (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(41m) Chun creat prótacal géarchéime a chur ar bun, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na módúlachtaí maidir le comhar idir na Ballstáit agus údaráis an Aontais le linn mhodhanna faireachais agus éigeandála an mhargaidh inmheánaigh, chomh maith le módúlachtaí an mhalartaithe shláin faisnéise agus an riosca agus na cumarsáide i ndáil le géarchéimeanna a shonrú tuilleadh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go háirithe, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41 n (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(41n) Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle do shásra maidir le plé déthaobhach agus fógraí faoi bhacainní ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Chun dúbláil ceanglas maidir le fógra a thabhairt le linn géarchéimeanna a sheachaint, ba cheart, dá bhrí sin, an Rialachán sin a leasú dá réir. Níor cheart go ndéanfadh Rialachán Uimh. 2679/98 difear ar bith d'fheidhmiú na gceart bunúsach mar a athnaítear ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear an ceart nó an tsaoirse chun dul ar stailc nó gníomh eile a dhéanamh a chumhdaítear leis na córais shonracha caidrimh thionsclaíoch atá sna Ballstáit, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ba cheart go mbeadh sé gan dochar freisin don cheart chun comhaontuithe comhchoiteanna a chaibidliú, a thabhairt i gcrích ná a fhorfheidhmiú nó chun gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Bunaítear*** leis an Rialachán seo creat ***beart chun tionchair*** géarchéimeanna ***ar an Margadh Aonair*** a réamh-mheas, ***ullmhú dóibh agus freagairt dóibh***, ***chun*** saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine ***a chosaint agus chun infhaighteacht earraí agus seirbhísí lena mbaineann tábhacht straitéiseach agus earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás*** | 1. ***Is é is aidhm don*** Rialachán seo ***rannchuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh trí*** chreat ***rialacha comhchuibhithe a leagan amach chun a athléimneacht a neartú, chun géarchéimeanna*** a réamh-mheas ***agus a sheachaint go héifeachtach***, ***chun freagairt éifeachtach ar*** ghéarchéimeanna ***a áirithiú agus chun*** saorghluaiseacht |

| | |
|---|---|
| ***géarchéime sa Mhargadh Aonair a áirithiú.*** | earraí, seirbhísí agus daoine ***a éascú***. |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Áirítear leis na bearta dá dtagraítear i mír 1:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) grúpa comhairleach chun comhairle a thabhairt don Choimisiún maidir leis na bearta iomchuí chun tionchar géarchéime ar an Margadh Aonair a réamh-mheas, a chosc nó freagairt dóibh;*** | |
| ***(b) bearta chun an fhaisnéis ábhartha a fháil, a roinnt agus a mhalartú;*** | |
| ***(c) bearta teagmhasacha atá dírithe ar réamh-mheas agus ar phleanáil;*** | |
| ***(d) bearta chun aghaidh a thabhairt ar thionchair teagmhas suntasach de chuid an Mhargaidh Aonair nach raibh éigeandáil sa Mhargadh Aonair mar thoradh uirthi go fóill (faireachas sa Mhargadh Aonair), lena n-áirítear sraith beart faireachais agus*** | |
| ***(e) bearta chun aghaidh a thabhairt ar éigeandálaí an Mhargaidh Aonair, lena n-áirítear sraith de bhearta práinnfhreagartha.*** | |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Déanfaidh na Ballstáit faisnéis ar gach ábhar a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a mhalartú go rialta*** | ***scriosta*** |

***eatarthu féin agus leis an gCoimisiún.***

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Féadfaidh an Coimisiún aon eolas speisialaithe agus/nó eolaíoch ábhartha a fháil, ar eolas é atá riachtanach chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***An*** raon feidhme | Raon feidhme |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tá feidhm ag na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo maidir le tionchair shuntasacha géarchéime ar fheidhmiú an Mhargaidh ***Aonair agus a shlabhraí soláthair***. | 1. Tá feidhm ag na bearta a leagtar amach sa Rialachán sin maidir le tionchair shuntasacha géarchéime ar fheidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh, gan dochar do chearta bunúsacha, lena n-áirítear an tsaoirse fiontraíochta, mar a leagtar síos i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh***. |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) táirgí íocshláinte dá sainítear in Airteagal ***2, mír*** 2 de Threoir 2001/83/CE; | (a) táirgí íocshláinte mar a shainmhínítear in Airteagal ***1, pointe*** 2 de Threoir 2001/83/CE ***ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***; |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) frithbhearta leighis eile arna sainiú i bpointe ***(8)*** d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) ***…/… maidir le Bagairtí Tromchúiseacha Trasteorann ar Shláinte [Rialachán SCBTH]***[44] ***agus a chuimsítear sa liosta a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 6 (1)*** den ***togra le haghaidh] Rialachán (AE )…/… ón*** gComhairle ***maidir le creat beart chun soláthar frithbheart leighis atá ábhartha i gcás géarchéime a áirithiú***[45]; | (c) frithbhearta leighis eile mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe ***(10)***, de Rialachán (AE) ***2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón*** gComhairle[45]; |
| ___________________ | ___________________ |
| [44] ***[tagairt don Acht glactha le cur isteach a luaithe a bheidh sí ar fáil]*** | |
| [45] ***[tagairt don Acht glactha le cur isteach a luaithe a bheidh sí ar fáil]*** | [45] ***Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí trasteorann tromchúiseacha ar an tsláinte agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE (IO L 314, 6.12.2022, lch. 26.).*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) seirbhísí airgeadais amhail | (f) seirbhísí airgeadais amhail |

| | |
|---|---|
| baincéireacht, creidmheas, árachas agus atharachas, pinsin cheirde nó phearsanta, urrúis, cistí infheistíochta, comhairle íocaíochta agus infheistíochta, lena n-áirítear na seirbhísí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir ***2013/36***, chomh maith le gníomhaíochtaí socraíochta agus imréitigh agus seirbhísí comhairleacha, idirghabhála agus cúnta airgeadais eile. | baincéireacht, creidmheas, árachas agus atharachas, pinsin cheirde nó phearsanta, urrúis, cistí infheistíochta, comhairle íocaíochta agus infheistíochta, lena n-áirítear na seirbhísí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir ***2013/36/AE***, chomh maith le gníomhaíochtaí socraíochta agus imréitigh agus seirbhísí comhairleacha, idirghabhála agus cúnta airgeadais eile. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. De mhaolú ar mhír 2, beidh feidhm ag pointí (a), (b) agus (c), Airteagail 16 go 20 agus ***Airteagal 41 den Rialachán seo*** maidir leis na táirgí dá dtagraítear sna pointí sin. | 3. De mhaolú ar mhír 2, beidh feidhm ag pointí (a), (b) agus (c), Airteagail 16 go 20 agus ***Airteagail 41 go 41c*** maidir leis na táirgí dá dtagraítear sna pointí sin. |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Tá an Rialachán seo gan dochar do na socruithe Comhtháite maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1993 ón gComhairle.*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Tá an Rialachán seo gan dochar do rialacha iomaíochta an Aontais ***(Airteagail 101 go 109 CFAE agus rialacháin cur chun feidhme)***, lena n-áirítear rialacha in aghaidh trustaí, rialacha cumaisc agus rialacha maidir le Státchabhair. | 5. Tá an Rialachán seo gan dochar do rialacha iomaíochta an Aontais, lena n-áirítear rialacha in aghaidh trustaí, rialacha cumaisc agus rialacha maidir le Státchabhair. |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 6 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Tá Rialachán seo gan dochar ***don Choimisiún:*** | 6. Tá an Rialachán seo gan dochar ***do dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta, go háirithe Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 agus Treoir 2002/58/CE.*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 6 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) dul isteach, i gcomhairliúcháin nó i gcomhar, thar ceann an Aontais, le tríú tíortha ábhartha, agus aird ar leith á tabhairt ar thíortha i mbéal forbartha, chun réitigh chomhoibritheacha a lorg chun suaití sa slabhra soláthair a sheachaint, i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta. D'fhéadfadh comhordú i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha a bheith i gceist leis sin, i gcás inarb iomchuí; nó*** | ***scriosta*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 6 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) measúnú a dhéanamh an iomchuí é srianta a fhorchur ar onnmhairiú earraí i gcomhréir le cearta agus oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais faoi Rialachán (AE) 2015/479 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48].*** | ***scriosta*** |

***[48] IO L 83, 27.3.2015, lch. 34.***

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Leis an Rialachán seo, ní dhéanfar aon difear d'fheidhmiú na gceart bunúsach mar a aithníonn na Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear an ceart dul ar stailc nó chun caingean eile a ghlacadh a chumhdaítear leis na córais shonracha caidrimh thionsclaíoch atá sna Ballstáit, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta. Níor cheart go ndéanfaí difear leis ach an oiread don cheart chun comhaontuithe comhchoiteanna a chaibidliú, a thabhairt i gcrích agus a fhorfheidhmiú nó chun gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta.*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 7**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| ***7. Beidh aon ghníomhaíocht faoin Rialachán seo comhsheasmhach le hoibleagáidí an Aontais faoin dlí idirnáisiúnta*** | ***scriosta*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 8**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| ***8. Tá an Rialachán seo gan dochar do fhreagracht na mBallstát as an tslándáil náisiúnta a chosaint nó dá gcumhacht feidhmeanna bunúsacha stáit a chosaint, lena n-áirítear iomláine chríochach an Stáit a áirithiú agus an t-ord poiblí a chaomhnú.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (1) ciallaíonn 'géarchéim' teagmhas eisceachtúil ***gan choinne, tobann***, nádúrtha nó de dhéantús an duine de chineál agus de scála neamhghnách a tharlaíonn laistigh nó lasmuigh den Aontas; | (1) ciallaíonn 'géarchéim' teagmhas eisceachtúil nádúrtha nó de dhéantús an duine de chineál agus de scála neamhghnách a tharlaíonn laistigh nó lasmuigh den Aontas***, agus a mbíonn tionchar díobhálach aige ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí nó daoine sa mhargadh inmheánach***; |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) ciallaíonn 'modh faireachais an Mhargaidh ***Aonair***' creat chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol go gcuirfí isteach go mór ar sholáthar earraí agus seirbhísí lena mbaineann tábhacht ***straitéiseach*** agus a bhféadfadh éigeandáil sa Mhargadh ***Aonair*** laistigh den chéad 6 mhí eile a bheith mar thoradh air; | (2) 'ciallaíonn 'modh faireachais an Mhargaidh ***inmheánaigh***' creat chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol go ***dtarlódh géarchéim a*** gcuirfí isteach go mór ***dá bharr*** ar sholáthar earraí agus seirbhísí ***ríthábhachtacha*** agus a bhféadfadh éigeandáil sa Mhargadh ***inmheánach*** laistigh den chéad 6 mhí eile a bheith mar thoradh air; |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) ciallaíonn 'éigeandáil sa Mhargadh ***Aonair***' tionchar forleathan géarchéime ar an Margadh ***Aonair*** a chuireann isteach go mór ar shaorghluaiseacht ***an Mhargaidh Aonair*** nó ar fheidhmiú na slabhraí soláthair atá fíor-riachtanach chun gníomhaíochtaí ríthábhachtacha sochaíocha nó eacnamaíocha sa Mhargadh ***Aonair*** a choinneáil ar bun; | (3) ciallaíonn '***modh*** éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***' ***creat chun aghaidh a thabhairt ar*** thionchar ***suntasach*** forleathan géarchéime ar an margadh ***inmheánach*** a chuireann isteach go mór ar shaorghluaiseacht ***earraí, seirbhísí nó daoine,*** nó ar fheidhmiú na slabhraí soláthair atá fíor-riachtanach chun gníomhaíochtaí ríthábhachtacha sochaíocha nó eacnamaíocha sa Mhargadh ***inmheánach*** a choinneáil ar bun; |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) ciallaíonn 'limistéir a bhfuil tábhacht ***straitéiseach*** leo' ***na*** limistéir ***sin*** a bhfuil tábhacht chriticiúil ag baint ***leo*** don Aontas agus dá Bhallstáit, ***is é sin le rá go bhfuil siad*** ríthábhachtach ó thaobh na slándála poiblí, na sábháilteachta poiblí, an oird phoiblí ***nó*** na sláinte poiblí de, agus a | (4) ciallaíonn 'réimsí ***ríthábhachtacha***' réimsí ***atá ríthábhachtach*** don Aontas agus dá Bhallstáit, ***agus lena mbaineann*** ríthábhacht agus tábhacht chórasach ó thaobh na slándála poiblí, na sábháilteachta poiblí, an oird phoiblí, na sláinte poiblí ***nó an chomhshaoil*** de, agus a mbeadh |

| | |
|---|---|
| mbeadh tionchar suntasach ag a gcur isteach, a gcliseadh, a gcaillteanas nó a scriosadh ar fheidhmiú an Mhargaidh ***Aonair***; | tionchar suntasach ag a gcur isteach, a gcliseadh, a gcaillteanas nó a scriosadh ar fheidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh go háirithe saorghluaiseacht earraí, seirbhísí nó daoine***; |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) ciallaíonn 'earraí ***agus*** seirbhísí ***lena mbaineann*** tábhacht ***straitéiseach***' earraí ***agus*** seirbhísí atá fíor-riachtanach chun feidhmiú an Mhargaidh ***Aonair*** a áirithiú i réimsí a bhfuil tábhacht ***straitéiseach*** leo agus nach féidir iad a ionadú ná a éagsúlú; | (5) ciallaíonn 'earraí***,*** seirbhísí ***agus oibrithe ríthábhachtacha***' earraí***,*** seirbhísí agus ***catagóirí oibrithe*** atá fíor-riachtanach chun feidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh*** a áirithiú i réimsí ***ríthábhachtacha*** agus nach féidir iad a ionadú ná***, i gcás inarb ábhartha,*** a éagsúlú; |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) ciallaíonn 'earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime' earraí agus seirbhísí atá fíor-riachtanach chun freagairt don ghéarchéim nó chun aghaidh a thabhairt ar thionchair na géarchéime ar an Margadh ***Aonair*** le linn éigeandála sa Mhargadh ***Aonair***; | (6) ciallaíonn 'earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime' earraí agus seirbhísí atá fíor-riachtanach chun freagairt don ghéarchéim nó chun aghaidh a thabhairt ar thionchair na géarchéime ar an margadh ***inmheánach*** le linn éigeandáil sa mhargadh ***inmheánach***; |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) ciallaíonn 'cúltacaí straitéiseacha' stoc earraí a bhfuil tábhacht ***straitéiseach*** | (7) ciallaíonn 'cúltacaí straitéiseacha' stoc earraí ***ríthábhachtacha atá faoi rialú*** |

ag baint leis agus a bhféadfadh sé go mbeadh gá le cúltaca a fhorbairt ina leith chun ullmhú d'éigeandáil sa Mhargadh ***Aonair, faoi rialú Ballstáit***.

***Ballstáit*** agus a bhféadfadh sé go mbeadh gá le cúltaca a fhorbairt ina leith chun ullmhú d'éigeandáil sa mhargadh ***inmheánach***.

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Grúpa comhairleach*** | ***An Bord um Chásanna Éigeandála agus Athléimneacht an Mhargaidh Inmheánaigh*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Bunaítear ***grúpa comhairleach***. | 1. Bunaítear ***an Bord um Chásanna Éigeandála agus Athléimneacht an Mhargaidh Inmheánaigh (an Bord)***. |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh an ***grúpa comhairleach*** comhdhéanta d'ionadaí amháin ó gach Ballstát. Ainmneoidh gach Ballstát ionadaí agus ionadaí malartach. | 2. Beidh ***an Bord*** comhdhéanta d'ionadaí amháin ó gach Ballstát ***agus saineolaí amháin arna gceapadh ag Parlaimint na hEorpa***. Ainmneoidh gach Ballstát ionadaí agus ionadaí malartach. |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh an Coimisiún cathaoirleacht ar an ***ngrúpa comhairleach agus áiritheoidh sé*** a rúnaíocht. Féadfaidh an Coimisiún ***a iarraidh ar ionadaí*** ar ***Pharlaimint na hEorpa, ar ionadaithe ar Stáit CSTE ar páirtithe conarthacha sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch***[49] ***iad, ar ionadaithe ar oibreoirí eacnamaíocha iad, ar eagraíochtaí páirtithe leasmhara iad, ar pháirtithe sóisialta agus ar shaineolaithe iad, freastal ar chruinnithe an ghrúpa chomhairligh mar bhreathnóirí***. ***Tabharfaidh sé cuireadh d'ionadaithe comhlachtaí eile atá ábhartha i gcás géarchéime ar leibhéal an Aontais mar bhreathnóirí chuig cruinnithe ábhartha an ghrúpa chomhairligh.*** | 3. Déanfaidh an Coimisiún cathaoirleacht ar an ***mBord agus cuirfidh sé*** a rúnaíocht ***ar fáil***. ***I gcás inarb iomchuí,*** féadfaidh an Coimisiún ***foghrúpaí buana nó sealadacha*** den ***Bhord a bhunú chun ceisteanna sonracha a scrúdú***. |

___________________

***[49] IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.***

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Iarrfaidh an Coimisiún ar ionadaithe comhlachtaí eile atá ábhartha i gcás géarchéime ar leibhéal an Aontais mar bhreathnóirí teacht chuig cruinnithe ábhartha an Bhoird, chomh maith le hionadaithe ó thríú tíortha nó ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, i gcomhréir le comhaontuithe déthaobhacha nó idirnáisiúnta. I gcás inarb ábhartha, iarrfaidh an Coimisiún ar eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na páirtithe leasmhara freisin, go háirithe ionadaithe oibreoirí eacnamaíocha, eagraíochtaí páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe sóisialta, freastal ar chruinnithe an*** |

***Bhoird mar bhreathnóirí. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar shaineolaithe a bhfuil inniúlacht shonrach acu in ábhar atá ábhartha i gcás géarchéime a bheith rannpháirteach in obair an Bhoird ar bhonn ad hoc.***

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Féadfaidh an Bord tuairimí, moltaí nó tuarascálacha a ghlacadh, a chuirfear ar fáil go poiblí, gan dochar do shonraí pearsanta ná do rúin trádála. Tabharfaidh an Coimisiún lánaird ar thuairimí, ar mholtaí nó ar thuarascálacha an Bhoird ar bhealach trédhearcach.*** |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Chun críche pleanála teagmhais faoi Airteagal 6 go hAirteagal 8, tabharfaidh an ***grúpa comhairleach*** cúnamh agus comhairle don Choimisiún a mhéid a bhaineann leis na cúraimí seo a leanas: | 4. ***Chun athléimneacht an mhargaidh inmheánaigh a neartú,*** chun críche pleanála teagmhais faoi Airteagail 6 go hAirteagal 8, tabharfaidh an ***Bord*** cúnamh agus comhairle don Choimisiún a mhéid a bhaineann leis na cúraimí seo a leanas: |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) socruithe a mholadh maidir le comhar riaracháin idir an Coimisiún agus na Ballstáit tráth mhodhanna faireachais agus éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** a bheadh sna prótacail ghéarchéime; | (a) socruithe a mholadh maidir le comhar riaracháin idir an Coimisiún agus na Ballstáit tráth mhodhanna faireachais agus éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** a bheadh sna prótacail ghéarchéime ***dá dtagraítear in Airteagal 6***; |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***measúnú a dhéanamh*** ar theagmhais ***shuntasacha*** ar chuir na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas ina leith**.** | (b) ***measúnú a dhéanamh*** ar theagmhais ar chuir na Ballstáit ***nó páirtithe leasmhara ábhartha eile*** an Coimisiún ar an eolas ina leith ***i gcomhréir le hAirteagal 8 agus ar a dtionchar ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine, lena n-áirítear oibrithe;*** |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 –mír 4 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) a mholadh do na Ballstáit cúltaca earraí criticiúla a thógáil chun ullmhú d'éigeandáil sa mhargadh inmheánach, agus dóchúlacht agus tionchar na nganntanas á gcur san áireamh;*** |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4 – pointe b b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bb) fadbhreathnaitheacht a bhailiú ar an bhféidearthacht go dtarlódh géarchéim, anailís ar shonraí a dhéanamh agus faisnéis mhargaidh a chur ar fáil;*** |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4 – pointe b c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bc) dul i gcomhairle le hionadaithe oibreoirí eacnamaíocha, lena n-áirítear FBManna, agus le heagraíochtaí ionadaíocha, chomh maith le comhpháirtithe sóisialta, i gcás inarb ábhartha, chun faisnéis mhargaidh a bhailiú;*** |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4 – pointe b d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bd) anailís a dhéanamh ar shonraí comhiomlánaithe arna bhfáil ag comhlachtaí eile atá ábhartha i gcás géarchéime ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal idirnáisiúnta;*** |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 b – mír 4 – pointe b e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(be) stór beart géarchéime náisiúnta*** |

***agus Aontais a choinneáil, ar bearta iad a úsáideadh i ngéarchéimeanna roimhe seo agus a raibh tionchar acu ar an margadh inmheánach agus ar a shlabhraí soláthair;***

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4 – pointe b f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bf) bearta a dhéanamh chun athléimneacht an mhargaidh inmheánaigh a neartú i gcomhréir leis an Rialachán seo, amhail oiliúint agus ionsamhlúcháin a eagrú, agus oibreoirí eacnamaíocha agus slabhraí soláthair ábhartha a shainaithint mar chuid de thástálacha struis.*** |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Chun críche chur i bhfeidhm mhodh faireachais an Mhargaidh ***Aonair*** dá dtagraítear in Airteagal 9, cuideoidh an ***grúpa comhairleach*** leis an gCoimisiún na cúraimí seo a leanas a dhéanamh: | 5. Chun críche mhodh faireachais an mhargaidh ***inmheánaigh*** dá dtagraítear in Airteagal 9, tabharfaidh an ***Bord*** cúnamh don Choimisiún maidir leis na cúraimí seo a leanas: |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) a dheimhniú an bhfuil an bhagairt dá dtagraítear in Airteagal 3(2) ***ann***, agus raon feidhme na bagartha sin; | (a) a dheimhniú an bhfuil ***na critéir ann do ghníomhachtú nó díghníomhachtú an mhodha faireachais*** |

| | |
|---|---|
| | ***agus go háirithe*** an bhagairt dá dtagraítear in Airteagal 3(2), agus raon feidhme na bagartha sin; |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) fadbhreathnaitheacht, anailís sonraí agus faisnéis mhargaidh a bhailiú;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(c) dul i gcomhairle le hionadaithe na n-oibreoirí eacnamaíocha, lena n-áirítear FBManna, agus le lucht tionscail chun faisnéis faoin margadh a bhailiú;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(d) anailís a dhéanamh ar shonraí comhiomlánaithe arna bhfáil ag comhlachtaí eile atá ábhartha i gcás géarchéime ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) malartuithe agus comhroinnt faisnéise a éascú, lena n-áirítear le comhlachtaí ábhartha eile agus le comhlachtaí eile atá ábhartha i gcás géarchéime ar leibhéal an Aontais, chomh maith ***le tríú*** tíortha eile, de réir mar is iomchuí, agus aird ar leith á tabhairt ar thíortha atá i mbéal forbartha agus ar eagraíochtaí idirnáisiúnta; | (e) malartuithe agus comhroinnt faisnéise a éascú, lena n-áirítear le comhlachtaí ábhartha eile agus le comhlachtaí eile atá ábhartha i gcás géarchéime ar leibhéal an Aontais, chomh maith ***le tríú*** tíortha eile, de réir mar is iomchuí, agus aird ar leith á tabhairt ar thíortha atá i mbéal forbartha agus ar eagraíochtaí idirnáisiúnta; |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(f) stór a choinneáil de bhearta géarchéime náisiúnta agus de bhearta an Aontais a úsáideadh i ngéarchéimeanna roimhe seo a raibh tionchar acu ar an Margadh Aonair agus ar a shlabhraí soláthair*** | ***scriosta*** |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 6 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Chun críche chur i bhfeidhm mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** dá dtagraítear in Airteagal 14, cuideoidh an ***grúpa comhairleach*** leis an gCoimisiún na cúraimí seo a leanas a dhéanamh: | 6. Chun críoch mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** dá dtagraítear in Airteagal 14, tabharfaidh an ***Bord*** cúnamh don Choimisiún maidir leis na cúraimí seo a leanas: |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 6 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) a dheimhniú ar comhlíonadh na critéir maidir leis an modh éigeandála a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú; | (b) a dheimhniú an bhfuil na critéir maidir leis an modh éigeandála a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú comhlíonta***, bunaithe ar fhianaise leordhóthanach iontaofa***; |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 6 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) comhairle a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme na mbeart a roghnaítear chun freagairt d’éigeandáil an Mhargaidh ***Aonair*** ar leibhéal an Aontais; | (c) comhairle a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme na mbeart a roghnaítear chun freagairt d’éigeandáil ***an*** mhargaidh ***inmheánaigh*** ar leibhéal an Aontais; |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 6 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) malartuithe agus comhroinnt faisnéise a éascú, lena n-áirítear le comhlachtaí eile atá ábhartha i gcás géarchéime ar leibhéal an Aontais, chomh maith le tríú tíortha eile, de réir mar is iomchuí, agus aird ar leith á tabhairt ar thíortha atá i mbéal forbartha agus ar eagraíochtaí idirnáisiúnta. | (e) malartuithe agus comhroinnt faisnéise a éascú, lena n-áirítear le comhlachtaí eile atá ábhartha i gcás géarchéime ar leibhéal an Aontais, chomh maith le tríú tíortha eile, de réir mar is iomchuí, agus aird ar leith á tabhairt ar ***bhaill de CSTE, ar thíortha is iarrthóirí agus*** ar thíortha i mbéal forbartha, agus ar eagraíochtaí idirnáisiúnta. |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Áiritheoidh an Coimisiún rannpháirtíocht gach comhlachta ar leibhéal an Aontais i gcás a ngéarchéime faoi seach. Comhoibreoidh agus comhordóidh an ***grúpa comhairleach*** go dlúth, i gcás inarb iomchuí, le comhlachtaí ábhartha eile i gcás géarchéime ar leibhéal an Aontais. Áiritheoidh an Coimisiún comhordú leis na bearta a chuirfear chun feidhme trí shásraí eile de chuid an Aontais, amhail an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (UCPM) ***nó*** Creat Slándála Sláinte an Aontais Eorpaigh***.*** Áiritheoidh an ***grúpa comhairleach*** go ndéanfar faisnéis a mhalartú leis an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha faoi UCPM. | 7. Áiritheoidh an Coimisiún rannpháirtíocht ***Pharlaimint na hEorpa agus*** rannpháirtíocht gach comhlachta ar leibhéal an Aontais atá ábhartha don ghéarchéim faoi seach. Áiritheoidh an ***Coimisiún, go háirithe, go mbeidh rochtain chomhionann ar an bhfaisnéis uile, ionas go bhfaighidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna.*** Comhoibreoidh agus comhordóidh an ***Bord*** go dlúth, i gcás inarb iomchuí, le comhlachtaí eile atá ábhartha i gcás géarchéime ar leibhéal an Aontais. Áiritheoidh an Coimisiún comhordú leis na bearta a chuirfear chun feidhme trí shásraí eile de chuid an Aontais, amhail an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (UCPM)***,*** Creat Slándála Sláinte an Aontais Eorpaigh***, nó an sásra faoin nGníomh Eorpach um Shliseanna.*** Áiritheoidh an ***Bord*** go ndéanfar faisnéis a mhalartú leis an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha faoi UCPM. |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Tiocfaidh an ***grúpa comhairleach*** le chéile trí huaire sa bhliain ar a laghad. Ag a chéad chruinniú, ***ar thogra ón gCoimisiún agus le comhaontú ón gCoimisiún,*** glacfaidh an ***grúpa comhairleach*** a rialacha nós imeachta. | 8. Tiocfaidh an ***Bord*** le chéile trí huaire sa bhliain ar a laghad. Ag a chéad chruinniú, glacfaidh an ***Bord*** a rialacha nós imeachta. |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8a. Déanfaidh an Bord, i gcomhar leis an gCoimisiún, a thuarascáil ar ghníomhaíochtaí a ghlacadh gach bliain agus í a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.*** |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***9. Féadfaidh an grúpa comhairleach tuairimí, moltaí nó tuarascálacha a ghlacadh i gcomhthéacs a chúraimí a leagtar amach i mír 4 go mír 6.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 4a*** <br> ***Idirphlé maidir le Cásanna Éigeandála agus Athléimneacht*** <br> ***1. Chun idirphlé idir institiúidí an Aontais a fheabhsú, go háirithe idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, agus chun tuilleadh trédhearcachta agus cuntasachta a áirithiú, féadfaidh Parlaimint na hEorpa a iarraidh ar an saineolaí atá ceaptha aici agus ar an gCoimisiún na hábhair seo a leanas a phlé:*** <br> ***(a) tuairimí, moltaí agus tuarascálacha arna nglacadh ag an mBord;*** <br> ***(b) toradh na dtástálacha struis;*** |

| | |
|---|---|
| | ***(c) gníomhachtú an mhodha faireachais, fadú agus díghníomhachtú an mhodha sin, agus aon bheart arna ghlacadh de bhun Chuid III;*** |
| | ***(d) gníomhachtú an mhodha éigeandála, fadú agus díghníomhachtú an mhodha sin, agus aon bheart arna ghlacadh de bhun Chuid IV;*** |
| | ***(e) aon bheart lena gcuirtear srian ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus oibrithe;*** |
| | ***2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa a iarraidh ar ionadaithe na mBallstát páirt a ghlacadh san idirphlé dá dtagraítear i mír 1.*** |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ainmneoidh na Ballstáit oifigí idirchaidrimh lárnacha a bheidh freagrach as teagmhálacha, as comhordú agus as malartú faisnéise le hoifigí idirchaidrimh lárnacha Ballstát eile agus le hoifigí idirchaidrimh lárnacha ar leibhéal an Aontais faoin Rialachán seo. Déanfaidh na hoifigí idirchaidrimh sin na hionchuir ó údaráis inniúla náisiúnta ábhartha a chomhordú agus a thiomsú. | 1. Ainmneoidh na Ballstáit oifigí idirchaidrimh lárnacha a bheidh freagrach as teagmhálaithe, as comhordú agus as malartú faisnéise le hoifigí idirchaidrimh lárnacha na mBallstát eile agus leis ***an*** oifig idirchaidrimh lárnach ar leibhéal an Aontais faoin Rialachán seo. Déanfaidh na hoifigí idirchaidrimh sin na hionchuir ó údaráis inniúla náisiúnta ábhartha a chomhordú agus a thiomsú***, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil***. ***Déanfaidh na hoifigí idirchaidrimh sin an fhaisnéis uile atá ábhartha i gcás géarchéime a tharchur chuig na pointí teagmhála náisiúnta aonair dá dtagraítear in Airteagal 21, i bhfíor-am nuair is féidir.*** |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ainmneoidh an Coimisiún oifig idirchaidrimh lárnach ar leibhéal an Aontais le haghaidh teagmhálacha le hoifigí idirchaidrimh lárnacha na mBallstát le linn mhodhanna faireachais agus éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** faoin Rialachán seo. Áiritheoidh an phríomhoifig idirchaidrimh ar leibhéal an Aontais go ndéanfar comhordú agus malartú faisnéise le hoifigí lárnacha idirchaidrimh na mBallstát chun modhanna faireachais agus éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** agus a bhainistiú. | 2. Ainmneoidh an Coimisiún oifig idirchaidrimh lárnach ar leibhéal an Aontais le haghaidh teagmháil le hoifigí idirchaidrimh lárnacha na mBallstát le linn mhodhanna faireachais agus éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** faoin Rialachán seo***, agus i gcás inarb infheidhme, le comhlachtaí eile ar leibhéal an Aontais atá ábhartha don ghéarchéim faoi seach***. Áiritheoidh an oifig idirchaidrimh lárnach ar leibhéal an Aontais go ndéanfar comhordú agus malartú faisnéise le hoifigí lárnacha idirchaidrimh na mBallstát chun modhanna faireachais agus éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** a bhainistiú***, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le faisnéis atá ábhartha i gcás géarchéime, a bheidh le cur ar fáil go poiblí de bhun Airteagal 41***. |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Agus tuairim an ***ghrúpa chomhairligh*** agus ionchur comhlachtaí ábhartha ar leibhéal an Aontais á cur san áireamh ag an gCoimisiún, ***tugtar de chumhacht dó***, i ndiaidh dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit, gníomh tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le creat lena leagtar amach prótacail ghéarchéime maidir le comhar i gcás géarchéime, le malartú faisnéise agus le cumarsáid i gcás géarchéimeanna i dtaca le modhanna faireachais agus éigeandála an Mhargaidh ***Aonair***, go háirithe an méid seo a leanas: | 1. Agus tuairim an ***Bhoird*** agus ionchur comhlachtaí ábhartha ar leibhéal an Aontais á gcur san áireamh ***go cuí*** ag an gCoimisiún, i ndiaidh dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit, ***tugtar de chumhacht dó*** gníomh tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le creat ***ginearálta*** lena leagtar amach prótacail ghéarchéime maidir le ***hullmhacht i gcomhair*** géarchéime, le comhar, le malartú faisnéise agus le cumarsáid i gcás géarchéimeanna i dtaca le modhanna faireachais agus éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***, ***agus*** go háirithe ***maidir leis an méid seo a leanas***: |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) comhar idir údaráis inniúla ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais maidir le modhanna faireachais agus éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** agus ***modhanna éigeandála ar fud earnálacha an Mhargaidh Aonair a bhainistiú***; | (a) comhar idir údaráis inniúla ***náisiúnta, lena n-áirítear iad siúd ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach, agus údaráis inniúla*** ar leibhéal an Aontais maidir le bainistiú mhodhanna faireachais agus éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***; |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) cur chuige comhordaithe maidir le cumarsáid ***riosca agus*** géarchéime freisin i leith phobail agus ról comhordaithe don Choimisiún; | (c) cur chuige comhordaithe maidir le cumarsáid ghéarchéime freisin tríd an bpobal ***agus páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear oibreoirí eacnamaíocha,*** agus ról comhordaithe don Choimisiún. |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(d) bainistíocht an chreata.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) fardal údarás inniúil náisiúnta ***ábhartha***, na hoifigí idirchaidrimh lárnacha arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 5 agus pointí teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 21, a sonraí teagmhála, a róil agus a bhfreagrachtaí sannta le linn mhodhanna faireachais agus éigeandála ***an*** Rialacháin seo ***faoin*** dlí náisiúnta; | (a) fardal údarás inniúil náisiúnta, na n-oifigí idirchaidrimh lárnacha arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 5 agus ***na*** bpointí teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 21, a sonraí teagmhála, a róil agus a bhfreagrachtaí sannta le linn mhodhanna faireachais agus éigeandála ***faoin*** Rialacháin seo ***i gcomhréir leis an*** dlí náisiúnta; |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) comhairliúchán le hionadaithe na n-oibreoirí eacnamaíocha agus na ***gcomhpháirtithe sóisialta***, lena n-áirítear FBManna, maidir lena dtionscnaimh agus lena ngníomhaíochtaí chun ***suaití féideartha sa slabhra soláthair*** a mhaolú agus freagairt dó ***agus chun ganntanais fhéideartha earraí agus seirbhísí sa*** Mhargadh ***Aonair a shárú;*** | (b) comhairliúchán le hionadaithe na n-oibreoirí eacnamaíocha, lena n-áirítear FBManna, maidir lena dtionscnaimh agus lena ngníomhaíochtaí chun ***éigeandálaí*** féideartha sa mhargadh ***inmheánach*** a mhaolú agus freagairt dóibh; |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 –mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) comhairliúchán leis na comhpháirtithe sóisialta maidir leis na himpleachtaí ar shaorghluaiseacht oibrithe sna réimsí ríthábhachtacha;*** |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) comhar teicniúil ar an leibhéal teicniúil sna modhanna faireachais agus éigeandála ar fud earnálacha an Mhargaidh ***Aonair***; | (c) comhar teicniúil ar an leibhéal teicniúil sna modhanna faireachais agus éigeandála ar fud earnálacha an mhargaidh ***inmheánaigh***; |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) cumarsáid riosca agus éigeandála, agus ról comhordaithe don Choimisiún, agus na struchtúir atá ann cheana á gcur san áireamh ***go leordhóthanach***; | (d) cumarsáid riosca agus éigeandála, agus ról comhordaithe don Choimisiún, agus na struchtúir atá ann cheana á gcur san áireamh; |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Féadfaidh an Coimisiún, agus tuairim an Bhoird á cur san áireamh aige, tarraingt suas prótacal géarchéime deonach ag oibreoirí eacnamaíocha a thionscnamh, a spreagadh agus a éascú chun aghaidh a thabhairt ar éigeandálaí sa mhargadh inmheánach, agus iad teoranta go docht d'imthosca urghnácha. Féadfaidh an Coimisiún, i gcás inar gá agus inarb iomchuí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta nó eagraíochtaí ábhartha eile a rannpháirtiú i ndréachtú na bprótacal géarchéime deonach. Leagfar amach na nithe seo a leanas sna prótacail ghéarchéime dheonacha:*** |
| | ***(a) paraiméadair shonracha an chuir isteach a bhféachtar leis an bprótacal*** |

| | |
|---|---|
| | ***géarchéime deonach aghaidh a thabhairt air agus na cuspóirí a shaothraítear leis;*** |
| | ***(b) ról gach rannpháirtí, na bearta ullmhúcháin atá le cur i bhfeidhm acu agus a ról nuair a bheidh an prótacal géarchéime curtha i ngníomh;*** |
| | ***(c) an nós imeachta lena gcinntear cathain agus conas a oibreoidh an prótacal géarchéime;*** |
| | ***(d) gníomhaíochtaí chun éigeandálaí ionchasacha sa mhargadh inmheánach a mhaolú agus chun freagairt dóibh, atá teoranta go docht don mhéid is gá chun aghaidh a thabhairt orthu;*** |
| | ***(e) cosaintí chun aghaidh a thabhairt ar aon éifeacht dhiúltach ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus oibrithe.*** |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Chun oibriú an chreata dá dtagraítear i mír 1 a áirithiú, féadfaidh an Coimisiún tástálacha struis, ionsamhlúcháin agus athbhreithnithe le linn gnímh agus i ndiaidh gnímh a dhéanamh leis na Ballstáit, agus féadfaidh sé a mholadh do na comhlachtaí ábhartha ar leibhéal an Aontais agus do na Ballstáit an creat a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Eagróidh an Coimisiún ***an oiliúint*** maidir le comhordú géarchéime, comhar agus malartú faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 6 do bhaill foirne na n-oifigí idirchaidrimh lárnacha ainmnithe. Eagróidh sé ionsamhlúcháin ina mbeidh foireann na n-oifigí idirchaidrimh lárnacha ***ó na Ballstáit go léir páirteach bunaithe ar chásanna féideartha*** éigeandálaí sa Mhargadh ***Aonair***. | ***1.*** Eagróidh ***agus forbróidh*** an Coimisiún ***oiliúint go rialta*** maidir le ***hullmhú i gcomhair*** géarchéime, comhordú, comhar***, cumarsáid*** agus malartú faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 6 do bhaill foirne na n-oifigí idirchaidrimh lárnacha ainmnithe ***agus d'oibreoirí eacnamaíocha***. Eagróidh sé ionsamhlúcháin ina mbeidh foireann na n-oifigí idirchaidrimh lárnacha ***chomh maith le gníomhaithe ábhartha eile, lena n-áirítear oibreoirí eacnamaíocha, nó comhlachtaí a bhfuil baint acu le*** héigeandálaí sa mhargadh ***inmheánach a chosc, ullmhacht dóibh agus freagairt dóibh***. |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Go háirithe, déanfaidh an Coimisiún clár oiliúna a fhorbairt agus a bhainistiú a eascraíonn as na ceachtanna a foghlaimíodh ó ghéarchéimeanna roimhe sin, lena n-áirítear gnéithe den timthriall bainistithe éigeandála ina iomláine, chun freagairt thapa a thabhairt ar ghéarchéimeanna. Áireofar an méid seo a leanas sa chlár sin:*** <br><br> ***(a) faireachán, anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ábhartha uile chun saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine a éascú;*** <br><br> ***(b) cur chun feidhme dea-chleachtas a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus, i gcás inarb iomchuí, cur chun cinn dea-chleachtas arna bhforbairt ag tríú tíortha*** |

***agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta;***

***(c) treoir a fhorbairt maidir le scaipeadh eolais agus cur chun feidhme cúraimí éagsúla ar an leibhéal náisiúnta agus, i gcás inarb ábhartha, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil;***

***(d) tabhairt isteach agus úsáid teicneolaíochtaí agus uirlisí digiteacha ábhartha nua a spreagadh chun freagairt d'éigeandálaí sa mhargadh inmheánach.***

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Ar iarraidh ó Bhallstát atá ag déileáil le cur isteach, féadfaidh an Coimisiún foireann saineolaithe a imlonnú ar an láthair chun comhairle a sholáthar maidir le bearta ullmhachta agus freagartha, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais agus leasanna an Bhallstáit sin.*** |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 7a*** |
| | ***Tástálacha struis*** |
| | ***1. Chun saorghluaiseacht agus infhaighteacht earraí agus seirbhísí ríthábhachtacha a áirithiú agus chun réamh-mheastachán a dhéanamh ar chur isteach ar an margadh inmheánach, agus chun ullmhú do chur isteach ar an margadh inmheánach, déanfaidh an Coimisiún, agus tuairim an Bhoird á cur*** |

***san áireamh aige, tástálacha struis a dhéanamh agus a chomhordú, lena n-áirítear ionsamhlúcháin agus athbhreithnithe piaraí, go háirithe d'earnálacha ríthábhachtacha arna sainaithint ag an gCoimisiún.***

***Go háirithe, iarrfaidh an Coimisiún ar bhaill foirne ó oifigí idirchaidrimh lárnacha na mBallstát uile páirt a ghlacadh in ionsamhlúcháin agus déanfaidh sé:***

***(a) cásanna agus paraiméadair a fhorbairt lena léirítear na rioscaí sonracha a bhaineann le héigeandálaí sa mhargadh inmheánach agus arb é is aidhm dóibh leochaileachtaí i réimsí ríthábhachtacha a shainaithint, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar an tionchar ionchasach ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine;***

***(b) oibreoirí eacnamaíocha agus eagraíochtaí ionadaíocha ábhartha a shainaithint, chomh maith le gníomhaithe nó comhlachtaí ábhartha eile a bhfuil baint acu le cosc éigeandálaí, ullmhacht dóibh agus freagairt dóibh agus déanfaidh sé cuireadh a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh ar bhonn deonach;***

***(c) athbhreithnithe piaraí a éascú agus forbairt straitéisí maidir le hullmhacht éigeandála a spreagadh;***

***(d) bearta maolaithe riosca a shainaithint, i gcomhar leis na gníomhaithe uile lena mbaineann, tar éis na tástálacha struis a chur i gcrích.***

***2. Déanfaidh an Coimisiún tástálacha struis go rialta agus uair amháin gach 2 bhliain ar a laghad, lena gcumhdófar tástálacha struis cuimsitheacha ar fud an Aontais nó limistéir gheografacha shonracha nó réigiúin teorann shonracha.***

***3. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na dtástálacha struis in iúl don Bhord agus foilseoidh sé tuarascáil ina leith.***

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 7b*** |
| | ***Mapáil na n-earnálacha ríthábhachtacha*** |
| | ***1. Agus aird chuí á tabhairt ar thuairim an Bhoird agus ar ionchur na gcomhlachtaí ábhartha ar leibhéal an Aontais, agus tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí mhodheolaíocht a leagan síos le haghaidh cleachtadh mapála chun earnálacha ríthábhachtacha a chinneadh.*** |
| | ***2. Chun críche na modheolaíochta dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an Coimisiún an méid seo a leanas san áireamh:*** |
| | ***(a) sreabha trádála;*** |
| | ***(b) éileamh agus soláthar;*** |
| | ***(c) comhchruinniú soláthair;*** |
| | ***(d) táirgeadh agus acmhainneachtaí táirgeachta an Aontais agus an domhain ag céimeanna éagsúla den slabhra luacha.*** |
| | ***(e) idirspleáchais i measc oibreoirí eacnamaíocha, le hoibreoirí atá ag feidhmiú laistigh den mhargadh inmheánach agus lasmuigh de araon.*** |
| | ***3. Déanfaidh an Coimisiún, agus leas á bhaint aige as an modheolaíocht dá dtagraítear i mír 1, agus tuairim an Bhoird á cur san áireamh aige, a chleachtadh mapála go rialta chun earnálacha ríthábhachtacha a shainaithint. Beidh na cleachtaí mapála sin bunaithe go heisiach ar shonraí atá ar fáil go poiblí nó ar bhonn tráchtála agus*** |

***ar fhaisnéis ábhartha neamhrúnda ó ghnóthais.***

***4. Foilseoidh an Coimisiún torthaí an chleachtaidh mapála sin.***

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tabharfaidh oifig idirchaidrimh lárnach Ballstáit fógra don Choimisiún agus do oifigí idirchaidrimh lárnacha Ballstát eile ***gan moill mhíchuí*** faoi aon ***teagmhais a chuireann isteach go suntasach ar fheidhmiú an*** Mhargaidh ***Aonair agus a shlabhraí soláthair (teagmhais shuntasacha) nó a d'fhéadfadh cur isteach go suntasach ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair agus a shlabhraí soláthair (teagmhais shuntasacha).*** | 1. Tabharfaidh an oifig idirchaidrimh lárnach de Bhallstát fógra don Choimisiún agus d'oifigí idirchaidrimh lárnacha na mBallstát eile ***láithreach*** faoi aon ***teagmhas ar dócha go n-eascródh éigeandáil sa*** mhargadh ***inmheánach as***. |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déileálfaidh na hoifigí idirchaidrimh lárnacha agus aon údarás inniúil náisiúnta ábhartha, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta a chomhlíonann dlí an Aontais, leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ar bhealach lena n-urramófar a rúndacht, lena gcosnófar slándáil agus ord poiblí an Aontais ***Eorpaigh*** nó a Bhallstát, agus lena gcosnaítear leasanna slándála agus tráchtála na n-oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann. | 2. ***Déanfaidh*** na hoifigí idirchaidrimh lárnacha agus aon údarás inniúil náisiúnta ábhartha, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta a chomhlíonann dlí an Aontais, ***gach beart is gá chun déileáil*** leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ar bhealach lena n-urramófar a rúndacht, lena gcosnófar slándáil agus ord poiblí an Aontais nó a Bhallstát, agus lena gcosnaítear leasanna slándála agus tráchtála na n-oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann. |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Chun a chinneadh an bhfuil an ***cur isteach nó an cur isteach féideartha ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair agus a shlabhraí soláthair earraí agus seirbhísí suntasach agus*** ar cheart é a bheith ina ábhar i bhfoláirimh, cuirfidh oifig lárnach idirchaidrimh Ballstáit an méid seo a leanas san áireamh: | 3. Chun a chinneadh ar cheart ***na teagmhais dá dtagraítear i mír 1 a bheith ina*** n-ábhar i bhfoláirimh, cuirfidh oifig lárnach idirchaidrimh Ballstáit an méid seo a leanas san áireamh: |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) líon na n-oibreoirí eacnamaíocha a mbaineann ***an cur isteach nó an cur isteach féideartha leo***; | (a) líon na n-oibreoirí eacnamaíocha a ndéantar difear dóibh ***ar fud an Aontais***; |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) fad nó fad réamh-mheasta ***cur isteach nó cur isteach fhéideartha***; | (b) fad nó fad réamh-mheasta ***na dteagmhas***; |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) an limistéar geografach; an cion | (c) an limistéar geografach; an cion |

den Mhargadh ***Aonair*** a raibh tionchar ag ***an gcur isteach nó an gcur isteach féideartha orthu;*** an tionchar ar ***limistéir gheografacha shonracha*** go háirithe limistéir leochaileacha nó neamhchosanta ***i leith suaití sa slabhra soláthair, lena n-áirítear na*** réigiúin is forimeallaí ***san Aontas***;

den mhargadh ***inmheánach*** a ndearnadh difear dó ***agus na héifeachtaí trasteorann lena mbaineann***; an tionchar ar ***limistéir gheografacha atá an-leochaileach nó neamhchosanta amhail na*** réigiúin is forimeallaí;

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) éifeacht an ***chur isteach nó an chur isteach fhéideartha*** ar ionchuir neamh-in-éagsúlaithe agus neamh-ionadacha. | (d) éifeacht na ***dteagmhas sin*** ar ionchuir neamh-inéagsúlaithe agus neamh-ionadacha. |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 8a*** |
| | ***Cúltacaí straitéiseacha*** |
| | ***1. Déanfaidh na Ballstáit a ndícheall chun cúltacaí straitéiseacha d'earraí ríthábhachtacha a fhorbairt. Tabharfaidh an Coimisiún tacaíocht do na Ballstáit chun cuidiú leo a gcuid iarrachtaí a chomhordú agus a chuíchóiriú. Go háirithe, áiritheoidh an Coimisiún comhordú agus malartú faisnéise, agus cuirfidh sé dlúthpháirtíocht chun cinn idir na húdaráis inniúla náisiúnta i ndáil le ganntanais earraí nó seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime, nó i ndáil le cúltacaí straitéiseacha a thógáil le haghaidh earraí ríthábhachtacha. Déanfar acmhainneachtaí atá mar chuid*** |

***de chúltaca rescEU i gcomhréir le hAirteagal 12 de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE a eisiamh ó chur i bhfeidhm an Airteagail seo.***

***2. Go háirithe, féadfar an méid seo a leanas a chumhdach le malartú faisnéise agus dea-chleachtas dá dtagraítear i mír 1:***

***(a) dóchúlacht agus tionchar féideartha na nganntanas dá dtagraítear i mír 1;***

***(b) leibhéal stoic reatha na n-oibreoirí eacnamaíocha agus na gcúltacaí straitéiseacha ar fud an Aontais, agus aon fhaisnéis maidir le gníomhaíochtaí leanúnacha na n-oibreoirí eacnamaíocha chun a stoic a mhéadú;***

***(c) na costais a bhaineann leis na cúltacaí straitéiseacha sin a thógáil agus a chothabháil;***

***(d) na roghanna maidir le soláthar malartach agus an fhéidearthacht maidir le soláthar malartach;***

***(e) tuilleadh faisnéise a d'fhéadfadh infhaighteacht na n-earraí agus na seirbhísí sin a áirithiú.***

***Déanfar an fhaisnéis agus na dea-chleachtais sin a mhalartú trí bhealach slán cumarsáide.***

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Caibidil III – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faireachas ar an Margadh ***Aonair*** | ***Modh*** faireachais an mhargaidh ***inmheánaigh*** |

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina measann an Coimisiún, agus an tuairim a thug an ***grúpa comhairleach*** á cur san áireamh aige, ***go bhfuil an bhagairt dá dtagraítear*** in Airteagal 3(2) ***ann***, déanfaidh sé an modh faireachais a ghníomhachtú ar feadh uastréimhse sé mhí trí ghníomh cur chun feidhme. Beidh an méid seo a leanas san áireamh i ngníomh cur chun feidhme den sórt sin: | 1. I gcás ina measann an Coimisiún, agus an tuairim a thug an ***Bord chomh maith leis na critéir arna leagan amach in Airteagal 3(8)*** á cur san áireamh ***go cuí*** aige, ***go bhfuil na coinníollacha arna leagan síos*** in Airteagal 3(2) ***comhlíonta***, déanfaidh sé an modh faireachais a ghníomhachtú ar feadh uastréimhse 6 mhí trí ghníomh cur chun feidhme. ***I gcás ina n-imeoidh breithniú an Choimisiúin ó thuairim an Bhoird, soláthróidh an Coimisiún bonn cirt cuí.*** Beidh an méid seo a leanas san áireamh sa ghníomh cur chun feidhme sin: |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) measúnú ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag an ngéarchéim; | (a) measúnú ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag an ngéarchéim ***lena bhfuiltear ag súil, lena n-áirítear cás sonrach na réigiún teorann agus na réigiún is forimeallaí***; |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) liosta de na hearraí ***agus*** na seirbhísí lena mbaineann tábhacht ***straitéiseach***, agus | (b) liosta de na hearraí***,*** na seirbhísí ***agus de na catagóirí d’oibrithe ríthábhachtacha*** lena mbaineann, agus |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) na bearta faireachais atá le déanamh. | (c) na bearta faireachais atá le déanamh***, lena n-áirítear bonn cirt maidir le riachtanas agus comhréireacht na mbeart sin***. |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh an Coimisiún, má mheasann sé go bhfuil na cúiseanna leis an modh faireachais a ghníomhachtú de bhun Airteagal 9(1) fós bailí, agus an tuairim a thug an ***grúpa comhairleach*** á cur san áireamh aige, an modh faireachais a shíneadh ar feadh uastréimhse sé mhí trí ghníomh cur chun feidhme. | 1. Féadfaidh an Coimisiún, má mheasann sé go bhfuil na cúiseanna leis an modh faireachais a ghníomhachtú de bhun Airteagal 9(1) fós bailí, agus an tuairim a thug an ***Bord*** á cur san áireamh ***go cuí*** aige, síneadh a chur leis an modh faireachais ar feadh uastréimhse 6 mhí trí ghníomh cur chun feidhme. ***I gcás ina bhfuil fianaise láidir iontaofa ag an mBord gur cheart an modh faireachais a dhíghníomhachtú, féadfaidh sé tuairim a ghlacadh chun na críche sin, agus an tuairim sin a chur in iúl don Choimisiún.*** |

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, agus an tuairim a thug an ***grúpa comhairleach*** á cur san áireamh aige, ***nach bhfuil*** an ***bhagairt dá dtagraítear*** in Airteagal 3(2) ***ann*** a thuilleadh, i ndáil le cuid de na bearta faireachais nó leis na bearta faireachais go léir nó i ndáil le cuid | 2. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, agus an tuairim a thug an ***Bord*** á cur san áireamh ***go cuí*** aige, ***nach bhfuil na coinníollacha a leagtar síos*** in Airteagal 3(2) ***á gcomhlíonadh*** a thuilleadh, i ndáil le cuid de na bearta faireachais nó leis na bearta faireachais go |

de na hearraí ***agus*** na seirbhísí, nó i ndáil leis na hearraí ***agus*** na seirbhísí go léir, déanfaidh sé an modh faireachais a dhíghníomhachtú go hiomlán nó go páirteach trí ghníomh cur chun feidhme.

léir nó i ndáil le cuid de na hearraí***,*** na seirbhísí, ***agus na catagóirí d'oibrithe*** nó i ndáil leis na hearraí***,*** na seirbhísí ***agus na catagóirí d'oibrithe*** go léir, déanfaidh sé an modh faireachais a dhíghníomhachtú go hiomlán nó go páirteach trí ghníomh cur chun feidhme.

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Nuair a bheidh an modh faireachais gníomhachtaithe i gcomhréir le hAirteagal 9, déanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta faireachán ar shlabhraí soláthair earraí agus seirbhísí lena mbaineann tábhacht ***straitéiseach*** agus a sainaithníodh sa ghníomh cur chun feidhme lena ngníomhaítear an modh faireachais. | 1. Nuair a bheidh an modh faireachais gníomhachtaithe i gcomhréir le hAirteagal 9, déanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta faireachán ar shlabhraí soláthair earraí agus seirbhísí ***ríthábhachtacha agus ar shaorghluaiseacht na gcatagóirí d'oibrithe ríthábhachtacha*** agus atá sainaitheanta sa ghníomh cur chun feidhme lena ngníomhaítear an modh faireachais. |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh an Coimisiún foráil maidir le modhanna caighdeánaithe agus slána i leith faisnéis a bhailiú agus a phróiseáil chun críche mhír 1, agus úsáid á baint as modhanna leictreonacha. Gan dochar don reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear faisnéis bhailithe, lena n-áirítear rúin ghnó, a choinneáil faoi rún, áiritheofar rúndacht maidir leis an ***bhfaisnéis*** atá íogair ó thaobh na tráchtála de ***agus*** faisnéis a bhaineann le slándáil agus ord poiblí an Aontais nó a Bhallstát. | 2. Déanfaidh an Coimisiún foráil maidir le modhanna caighdeánaithe agus slána i leith faisnéis a bhailiú agus a phróiseáil chun críche mhír 1, agus úsáid á baint as modhanna leictreonacha. Gan dochar don reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear faisnéis bhailithe, lena n‑áirítear rúin ghnó, a choinneáil faoi rún, áiritheofar rúndacht maidir leis an ***bhfaisnéis*** atá íogair ó thaobh na tráchtála de ***agus*** faisnéis a bhaineann le slándáil agus ord poiblí an Aontais nó a Bhallstát. |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh na Ballstáit fardal a bhunú agus a choimeád de na hoibreoirí eacnamaíocha is ábhartha atá bunaithe ar a gcríoch náisiúnta faoi seach agus a oibríonn ar feadh slabhraí soláthair earraí agus seirbhísí lena mbaineann tábhacht ***straitéiseach*** a sainaithníodh sa ghníomh cur chun feidhme lena ngníomhaítear an modh faireachais. | 3. Déanfaidh na Ballstáit fardal a bhunú***, a dhéanamh cothrom le dáta*** agus a choimeád***, i gcás inar féidir,*** de na hoibreoirí eacnamaíocha is ábhartha atá bunaithe ar a gcríoch náisiúnta faoi seach agus a oibríonn ar feadh slabhraí soláthair earraí agus seirbhísí ***chomh maith le catagóirí d'oibrithe ríthábhachtacha*** atá sainaitheanta sa ghníomh cur chun feidhme lena ngníomhaítear an modh faireachais. ***Beidh inneachar an fhardail faoi rún i gcónaí.*** |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ar bhonn an fhardail arna bhunú de bhun ***Airteagal 6***, díreoidh na húdaráis náisiúnta inniúla iarratais ar sholáthar deonach faisnéise chuig na hoibreoirí is ábhartha feadh na slabhraí soláthair earraí agus seirbhísí a shainaithnítear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 9 ***agus chuig páirtithe ábhartha eile*** atá bunaithe ina gcríoch náisiúnta faoi seach. Sonrófar go háirithe sna hiarratais sin cén fhaisnéis faoi thosca a bhfuil tionchar acu ar infhaighteacht na n-earraí agus na seirbhísí lena mbaineann tábhacht ***straitéiseach*** a iarrtar. Gach oibreoir ***eacnamaíoch/páirtí leasmhara*** a chuirfidh faisnéis ar fáil go deonach, cuirfidh siad ar fáil í ar bhonn aonair i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le hiomaíocht lena rialófar an malartú faisnéise. Tarchuirfidh na húdaráis inniúla náisiúnta na torthaí ábhartha chuig an gCoimisiún | 4. Ar bhonn an fhardail arna bhunú de bhun ***mhír 3***, díreoidh na húdaráis náisiúnta inniúla***, i gcás inar gá,*** iarratais ar sholáthar deonach faisnéise chuig na hoibreoirí is ábhartha feadh na slabhraí soláthair earraí agus seirbhísí ***ríthábhachtacha*** a shainaithnítear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 9 atá bunaithe ina gcríoch náisiúnta faoi seach. Sonrófar go háirithe sna hiarratais sin cén fhaisnéis faoi thosca a bhfuil tionchar acu ar infhaighteacht na n-earraí agus na seirbhísí ***ríthábhachtacha*** sainaitheanta a iarrtar. Gach ***oibreoir*** eacnamaíoch a chuirfidh faisnéis ar fáil go deonach, cuirfidh siad ar fáil í ar bhonn aonair i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le hiomaíocht lena rialaítear an malartú faisnéise. Tarchuirfidh na húdaráis inniúla náisiúnta na torthaí ábhartha chuig an gCoimisiún |

| | |
|---|---|
| agus chuig an ***ngrúpa comhairleach*** gan moill mhíchuí tríd an oifig idirchaidrimh lárnach faoi seach. | agus chuig an ***mBord*** gan moill mhíchuí tríd an oifig idirchaidrimh lárnach faoi seach. |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Tabharfaidh na húdaráis náisiúnta inniúla aird chuí ar an ualach riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha, agus go háirithe ar FBManna, a d'fhéadfadh a bheith i gceist le hiarratais ar fhaisnéis agus áiritheoidh siad go gcoinneofar chomh híseal agus is féidir ***é***. | 5. Tabharfaidh na húdaráis náisiúnta inniúla aird chuí ar an ualach riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha, agus go háirithe ar FBManna, a d'fhéadfadh a bheith i gceist le hiarratais ar fhaisnéis***,*** agus áiritheoidh siad go gcoinneofar ***an t-ualach riaracháin sin*** chomh híseal agus is féidir ***agus go n-urramófar rúndacht na faisnéise***. |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an ***ngrúpa comhairleach*** torthaí agus ionchais na héabhlóide a phlé, bunaithe ar an bhfaireachán ar shlabhraí soláthair earraí agus seirbhísí lena mbaineann tábhacht ***straitéiseach***. | 6. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an ***mBord*** torthaí agus ionchais na héabhlóide a phlé, bunaithe ar an bhfaireachán ar shlabhraí soláthair earraí agus seirbhísí ***ríthábhachtacha***. |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Ar bhonn na faisnéise a bhailítear trí na gníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhréir le mír 1, ***féadfaidh*** an | 7. Ar bhonn na faisnéise a bhailítear trí na gníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhréir le mír 1, ***cuirfidh*** an Coimisiún |

| | |
|---|---|
| Coimisiún tuarascáil maidir leis na torthaí comhiomlánaithe ***a sholáthar***. | tuarascáil maidir leis na torthaí comhiomlánaithe ***faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle***. |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. Féadfaidh an Coimisiún a cheangal, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ar na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar faoi na hearraí a bhfuil fíorthábhacht leo a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 9(1):*** |
| | ***(a) leibhéil na gcúltacaí straitéiseacha ina gcríoch;*** |
| | ***(b) aon cheannachán breise a d'fhéadfaí a dhéanamh.*** |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 7 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7b. Sula nglacfaidh an Coimisiún an gníomh cur chun feidhme, déanfaidh sé an méid seo a leanas:*** |
| | ***(a) a léiriú nach bhfuil aon rochtain eile aige ar an bhfaisnéis sin agus údar cuí a thabhairt leis an ngá atá léi; agus*** |
| | ***(b) tuairim an Bhoird a iarraidh.*** |
| | ***I gcás ina n-imeoidh breithniú an Choimisiúin ó thuairim an Bhoird, cuirfidh an Coimisiún bonn cirt cuí ar fáil freisin.*** |

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 7 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | *7c.* ***Sonrófar sa ghníomh cur chun feidhme na hearraí a bhfuil faisnéis le tabhairt ina leith.*** |

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 7 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | *7d.* ***Ní fhéadfaidh an iarraidh ar fhaisnéis a bheith níos faide ná 6 mhí agus ní féidir í a athnuachan.*** |

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***[...]*** | ***scriosta*** |

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Cuid IV – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Éigeandáil Margaidh Aonair | Éigeandáil an ***m***hargaidh ***inmheánaigh*** |

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Agus measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar a thromchúisí atá cur isteach lena fháil amach an gcáilíonn tionchar géarchéime ar an Margadh ***Aonair*** mar éigeandáil sa Mhargadh ***Aonair***, déanfaidh sé an méid seo a leanas, bunaithe ar fhianaise láidir iontaofa, agus na táscairí seo a leanas ***á gcur*** san áireamh ar a laghad: | 1. Agus measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar a thromchúisí atá cur isteach lena fháil amach an gcáilíonn tionchar géarchéime ar an margadh ***inmheánach*** mar éigeandáil sa mhargadh ***inmheánach***, ***cuirfidh*** sé na táscairí seo a leanas ar a laghad, bunaithe ar fhianaise láidir iontaofa, san áireamh: |

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) bhí an ghéarchéim ina ***cúis*** le gníomhachtú ***aon*** sásra ábhartha freagartha géarchéime ón gComhairle, an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta nó na sásraí arna mbunú laistigh de Chreat Slándála Sláinte an Aontais, lena n- áirítear ***[an togra le haghaidh]*** Rialachán (AE)***... /… maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte agus [an togra le haghaidh] Rialachán (AE) …/… ón gComhairle maidir le creat beart chun soláthar frithbheart leighis atá ábhartha i gcás géarchéime a áirithiú***; | (a) ***spreag*** an ghéarchéim gníomhachtú sásra ábhartha freagartha géarchéime de chuid na Comhairle, ***lena n-áirítear an Fhreagairt Chomhtháite Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna, an*** Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta nó ***ceann ar bith de*** na sásraí arna mbunú laistigh de Chreat Slándála Sláinte an Aontais, lena n-áirítear ***an creat éigeandála faoi*** Rialachán (AE) ***2022/2372***; |

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) meastachán ar líon na n-oibríochtaí eacnamaíocha nó na n-úsáideoirí a bhraitheann ar earnáil shuaite ar earnálacha an Mhargaidh ***Aonair*** ar cuireadh isteach orthu chun na hearraí nó na seirbhísí lena | (b) meastachán ar líon ***nó sciar den mhargadh agus éileamh an mhargaidh*** maidir le hoibríochtaí eacnamaíocha nó úsáideoirí a bhraitheann ar an earnáil ar cuireadh isteach uirthi nó ar earnálacha an |

| | |
|---|---|
| mbaineann a sholáthar; | mhargaidh ***inmheánaigh*** chun na hearraí nó na seirbhísí lena mbaineann a sholáthar; |

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tábhacht na n-earraí ***nó*** na seirbhísí lena mbaineann d'earnálacha eile; | (c) ***ríthábhacht*** na n-earraí***,*** seirbhísí ***nó oibrithe*** lena mbaineann d'earnálacha eile; |

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) an ganntanas measta earraí agus seirbhísí sa mhargadh inmheánach;*** |

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) na ***tionchair*** i gcomhthéacs méide agus faid ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus sochaíocha, ar an gcomhshaol agus ar an tsábháilteacht phoiblí; | (d) ***tionchar iarbhír nó féideartha na géarchéime*** i gcomhthéacs méide agus faid ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus sochaíocha ***ríthábhachtacha***, ar an gcomhshaol agus ar an tsábháilteacht phoiblí; |

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) ní raibh na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann ábalta réiteach a sholáthar, laistigh de thréimhse réasúnta ama, ar ghnéithe áirithe na géarchéime ar bhonn deonach. | (e) ***ós rud é*** nach raibh na hoibreoirí eacnamaíocha a ndearna ***an cur isteach*** difear dóibh in ann réiteach a chur ar fáil laistigh de thréimhse réasúnta ama ar ghnéithe áirithe na géarchéime ar bhonn deonach***;*** |

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) an limistéar geografach atá buailte agus a d'fhéadfaí a bheith buailte, lena n-áirítear aon tionchar trasteorann ar fheidhmiú slabhraí soláthair atá fíor-riachtanach chun gníomhaíochtaí sochaíocha nó eacnamaíocha ríthábhachtacha sa Mhargadh ***Aonair*** a choimeád; | (g) an limistéar geografach***, lena n-áirítear réigiúin teorann agus na réigiúin is forimeallaí***, a bhfuil tionchar ***ag an gcur isteach*** orthu agus a bhféadfadh sé difear a dhéanamh dóibh, lena n-áirítear aon tionchar trasteorann ar fheidhmiú slabhraí soláthair atá fíor-riachtanach chun gníomhaíochtaí sochaíocha nó eacnamaíocha sa mhargadh ***inmheánach*** a chothabháil; |

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) easpa earraí, ionchuir nó seirbhísí ionaid. | (i) easpa ***nó ganntanais*** earraí, ionchuir nó seirbhísí ionaid ***atá ábhartha i gcás géarchéime;*** |

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) srianta taistil nó rialuithe teorann a thabhairt isteach.*** |

**Leasú 167**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfar modh Éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** a ghníomhachtú i gcás nach ndearnadh modh faireachais an Mhargaidh ***Aonair*** a ghníomhachtú roimhe sin i ndáil leis na hearraí nó seirbhísí céanna. I gcás ina ndearnadh an modh faireachais a ghníomhachtú roimhe seo, féadfar an modh éigeandála a chur ina ionad go páirteach nó go hiomlán. | 1. Féadfar modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** a ghníomhachtú i gcás nach ndearnadh modh faireachais an mhargaidh ***inmheánaigh*** a ghníomhachtú roimhe sin i ndáil leis na hearraí nó seirbhísí céanna. I gcás ina ndearnadh an modh faireachais a ghníomhachtú roimhe seo, féadfar an modh éigeandála a chur ina ionad go páirteach nó go hiomlán. |

**Leasú 168**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina measfaidh an Coimisiún, agus an tuairim ***a thug an grúpa comhairleach*** á cur san áireamh aige, go bhfuil éigeandáil sa Mhargadh ***Aonair***, ***molfaidh sé don Chomhairle*** modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** a ghníomhachtú. | 2. I gcás ina measfaidh an Coimisiún, agus tuairim ***an Bhoird*** á cur san áireamh ***go cuí***, ***go bhfuil*** éigeandáil margaidh ***inmheánaigh*** ann, ***glacfaidh sé togra reachtach*** chun modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** a ghníomhachtú. |

**Leasú 169**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Féadfaidh an Chomhairle*** modh éigeandála an Mhargaidh Aonair ***a ghníomhachtú*** trí bhíthin ***gníomh cur chun feidhme ón gComhairle***. ***Sonrófar*** fad tréimhse an ghníomhachtaithe sa ghníomh ***cur chun feidhme*** agus sé mhí ar a mhéad a bheidh i gceist leis. | 3. ***Féadfar*** modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh a ghníomhachtú*** trí bhíthin ***gníomh reachtach arna ghlacadh ar bhonn an togra reachtaigh dá dtagraítear i mír 2***. ***Sonrófar*** fad tréimhse an ghníomhachtaithe sa ghníomh ***reachtach sin*** agus ***déanfar é a shrianadh*** go tréimhse 6 mhí ar a mhéad. |

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní chuirtear cosc le gníomhachtú mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** maidir le hearraí agus seirbhísí áirithe ar ghníomhachtú ná ar chur i bhfeidhm leanúnach an mhodha faireachais agus dáileadh na mbeart a leagtar síos in ***Airteagal 11 agus in Airteagal 12*** maidir leis na hearraí agus na seirbhísí céanna. | 4. Ní chuirtear cosc le gníomhachtú mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** maidir le hearraí agus seirbhísí áirithe ar ghníomhachtú ná ar chur i bhfeidhm leanúnach an mhodha faireachais agus dáileadh na mbeart a leagtar síos in ***Airteagal 8a*** maidir leis na hearraí agus na seirbhísí céanna. |

**Leasú 171**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***A luaithe a ghníomhachtófar*** modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair***, ***glacfaidh*** an Coimisiún***, gan mhoill,*** liosta earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime trí ghníomh cur chun feidhme. Féadfar an liosta a leasú trí ghníomhartha cur chun feidhme. | 5. ***Nuair a bheidh gníomhachtú*** mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh á mholadh*** ag an gCoimisiún, ***cuirfidh sé i láthair*** liosta earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime. ***A luaithe a dhéanfar modh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh a ghníomhachtú trí bhíthin an ghnímh reachtaigh dá dtagraítear i mír 3, glacfaidh an Coimisiún liosta den sórt sin gan mhoill*** trí bhíthin gníomh cur chun |

feidhme. Féadfar an liosta ***sin*** a leasú trí ghníomhartha cur chun feidhme.

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Déanfar an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5 a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(2). Ar mhórchúiseanna práinne cuí-réasúnaithe le tionchair na géarchéime ar an Mhargadh ***Aonair***, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach bonn a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 42(3). | 6. Glacfar an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5 i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(2). Ar mhórfhorais práinne cuí-réasúnaithe a bhaineann le tionchair na géarchéime ar an margadh ***inmheánach***, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach bonn a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 42(3). |

**Leasú 173**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina measann an Coimisiún, agus an tuairim ón ***ngrúpa comhairleach*** á cur san áireamh aige, gur gá síneadh a chur le modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair***, molfaidh sé don Chomhairle síneadh a chur le modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair***. Faoi réir athruithe práinneacha agus eisceachtúla ar imthosca, féachfaidh an Coimisiún le déanamh amhlaidh tráth nach déanaí ná 30 lá roimh dhul in éag na tréimhse a mbeidh modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** gníomhachtaithe ina leith. ***Féadfaidh an Chomhairle cur le*** modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** ar feadh tréimhse ***nach faide ná sé mhí ag an am*** trí ***ghníomh cur chun feidhme***. | 1. I gcás ina measfaidh an Coimisiún, agus aird ***chuí*** á tabhairt aige ar an tuairim ón ***mBord agus bunaithe ar na forais dá dtagraítear in Airteagal 14(2), gur gá síneadh a chur le modh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh, molfaidh sé do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle síneadh a chur le modh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh.*** Faoi réir athruithe práinneacha agus eisceachtúla ar imthosca, féachfaidh an Coimisiún le déanamh amhlaidh tráth nach déanaí ná 30 lá roimh dhul in éag na tréimhse a mbeidh modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** gníomhachtaithe ina leith. |

| | |
|---|---|
| | ***Féadfar*** síneadh a chur le modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** trí bhíthin ***gníomh reachtach ar bhonn an togra reachtaigh dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Sonrófar fad tréimhse an tsínithe sa ghníomh reachtach sin agus déanfar é a shrianadh go tréimhse 6 mhí ar a mhéad.*** |

**Leasú 174**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina bhfuil fianaise láidir iontaofa ag an ***ngrúpa comhairleach*** gur cheart éigeandáil an ***Mhargaidh Aonair*** a dhíghníomhachtú, féadfaidh sé tuairim a cheapadh chun na críche sin agus an tuairim sin a tharchur chuig an gCoimisiún. I gcás ina measfaidh an Coimisiún, agus an tuairim a thug an ***grúpa comhairleach*** á cur san áireamh aige, nach bhfuil éigeandáil sa Mhargadh ***Aonair*** a thuilleadh, molfaidh sé don Chomhairle gan mhoill modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** a dhíghníomhachtú. | 2. I gcás ina bhfuil fianaise nithiúil iontaofa ag an ***mBord*** gur cheart ***modh*** éigeandála ***an mhargaidh inmheánaigh*** a dhíghníomhachtú, féadfaidh sé tuairim a cheapadh chun na críche sin agus an tuairim sin a tharchur chuig an gCoimisiún. I gcás ina measfaidh an Coimisiún, agus an tuairim a thug an ***Bord*** á cur san áireamh aige, ***nach bhfuil*** éigeandáil sa mhargadh ***inmheánach*** a thuilleadh, molfaidh sé ***do Pharlaimint na hEorpa agus*** don Chomhairle***,*** gan mhoill***,*** modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** a dhíghníomhachtú. |

**Leasú 175**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Na bearta a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 24 go hAirteagal 33 ***agus de bhun na nósanna imeachta éigeandála a tugadh isteach i gcreataí dlíthiúla an Aontais faoi seach trí bhíthin na leasuithe ar reachtaíocht earnála táirgí a leagtar amach i Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena*** | 3. Scoirfidh na bearta arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagail 24 go 33 d'fheidhm a bheith acu ar mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** a dhíghníomhachtú. Cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid ***Pharlaimint na hEorpa agus*** na Comhairle measúnú ar éifeachtacht na mbeart arna nglacadh chun aghaidh a |

***leasaítear Rialachán (AE) 2016/424, Rialachán (AE) 2016/425, Rialachán (AE) 2016/426, Rialachán (AE) 2019/1009 agus Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 agus lena dtugtar isteach nósanna imeachta éigeandála maidir le measúnú comhréireachta, sonraíochtaí coiteanna a ghlacadh agus faireachas margaidh i gcomhthéacs éigeandáil sa Mhargadh Aonair agus Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2000/14/CE, 2006/42/CE, 2010/35/AE, 2013/29/AE, 2014/28/AE, 2014/29/AE, 2014/30 /AE, 2014/31/AE, 2014/32/AE, 2014/33/AE, 2014/34/AE, 2014/35/AE, 2014/53/AE, agus 2014/68/AE agus lena dtugtar isteach maidir le nósanna imeachta éigeandála maidir leis an maidir le measúnú comhréireachta, sonraíochtaí coiteanna a ghlacadh agus faireachas margaidh i gcomhthéacs éigeandáil sa Mhargadh Aonair***, scoirfear d'fheidhm a bheith acu nuair a dhíghníomhófar ***fad*** mhodh éigeandála ***an*** Mhargaidh ***Aonair***. Cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle measúnú ar éifeachtacht na mbeart arna nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar éigeandáil sa Mhargadh ***Aonair*** tráth nach déanaí ná trí mhí i ndiaidh dhul in éag na mbeart, ar bhonn na faisnéise a bhaileofar tríd an sásra faireacháin dá ***bhforáiltear*** in Airteagal 11.

thabhairt ar éigeandáil sa mhargadh ***inmheánach*** tráth nach déanaí ná 3 mhí i ndiaidh dhul in éag na mbeart, ar bhonn na faisnéise a bhaileofar tríd an sásra faireacháin ***a leagtar amach in*** Airteagal 11.

**Leasú 176**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Cuid IV – Teideal II – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| saorghluaiseacht le linn éigeandáil sa Mhargadh ***Aonair*** | saorghluaiseacht le linn éigeandáil an ***m***hargaidh ***inmheánaigh*** |

**Leasú 177**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Cuid IV – Teideal II – Caibidil I – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Bearta chun saorghluaiseacht a ***athbhunú agus*** a éascú | Bearta chun saorghluaiseacht a éascú |

**Leasú 178**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ceanglais ghinearálta maidir le bearta lena gcuirtear srian*** ar shaorghluaiseacht ***chun aghaidh a thabhairt*** ar éigeandáil sa Mhargadh ***Aonair*** | ***Srianta toirmiscthe ar an*** tsaorghluaiseacht ***le linn*** éigeandála sa mhargadh ***inmheánach*** |

**Leasú 179**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Agus bearta náisiúnta á nglacadh agus á gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit*** mar fhreagairt ar éigeandáil sa Mhargadh ***Aonair agus ar an ngéarchéim is bun leo,*** áiritheoidh siad ***go gcomhlíonfaidh a ngníomhaíochtaí na Conarthaí agus dlí an Aontais ina n-iomláine agus, go háirithe,*** na ***ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo***. | 1. ***Toirmiscfear srianta ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine arna bhforchur ag na Ballstáit*** mar fhreagairt ar éigeandáil sa mhargadh ***inmheánach, ach amháin má tá bonn cirt leo ar mhaithe le cuspóirí dlisteanacha leas an phobail, amhail an beartas poiblí, an tslándáil phoiblí nó an tsláinte phoiblí,*** agus go bhfuil siad ***i gcomhréir le prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus prionsabal na comhréireachta.*** |

**Leasú 180**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh teorainn ama le haon srian agus cuirfear deireadh leis a luaithe ***de réir an cháis. Ina theannta sin, ba cheart staid na réigiún teorann a chur san áireamh le haon*** srian. | 2. Beidh teorainn ama le haon srian ***den sórt sin*** agus cuirfear deireadh ***láithreach*** leis a luaithe a ***dhéanfar modh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh a dhíghníomhachtú nó níos luaithe***, ***nó i gcás nach mbeidh údar leis a thuilleadh nó nach mbeidh sé comhréireach a thuilleadh.*** |

**Leasú 181**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Ba cheart cás na réigiún teorann agus na réigiún is forimeallaí a chur san áireamh in aon srian, go háirithe i gcás oibrithe trasteorann.*** |

**Leasú 182**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Ní chruthófar le haon cheanglas arna fhorchur ar shaoránaigh agus ar ***ghnólachtaí*** ualach riaracháin míchuí ná neamhriachtanach. | 3. Ní chruthófar le haon cheanglas arna fhorchur ar shaoránaigh agus ar ***oibreoirí eacnamaíocha*** ualach riaracháin míchuí nó neamhriachtanach. ***Glacfaidh na Ballstáit gach beart atá ar fáil chun aon ualach riaracháin a theorannú agus a laghdú.*** |

**Leasú 183**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Ní ghlacfaidh na Ballstáit aon cheann díobh seo a leanas:*** |
| | ***(a) srianta ar onnmhairiú earraí laistigh den Aontas nó soláthar nó fáil seirbhísí, nó bearta ag a bhfuil comhéifeacht;*** |
| | ***(b) idirdhealú idir Ballstáit nó idir saoránaigh, lena n-áirítear ina ról mar sholáthraithe seirbhíse nó oibrithe, bunaithe go díreach nó go hindíreach ar náisiúntacht nó, i gcás cuideachtaí, suíomh na hoifige cláraithe, an riaracháin lárnaigh nó na príomháite gnó; nó*** |
| | ***(c) srianta ar shaorghluaiseacht daoine nó srianta taistil ar dhaoine a bhfuil baint acu le táirgeadh, cothabháil nó iompar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 14(5) agus a gcodanna nó a srianta ar dhaoine a bhfuil baint acu le soláthar seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime agus a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 14(5), nó bearta eile a bhfuil éifeacht choibhéiseach acu, ar bearta iad:*** |
| | ***(i) atá ina gcúis le ganntanais lucht saothair riachtanach ar an margadh inmheánach agus, dá bhrí sin, a chuireann isteach ar shlabhraí soláthair earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime nó ganntanais earraí agus seirbhísí den sórt sin sa mhargadh inmheánach a chruthú nó a mhéadú; nó*** |
| | ***atá idirdhealaitheach go díreach nó go hindíreach bunaithe ar náisiúntacht nó áit chónaithe an duine.*** |

**Leasú 184**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***[...]*** | ***scriosta*** |

**Leasú 185**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair***, féadfaidh an Coimisiún foráil a dhéanamh i leith bearta tacaíochta chun saorghluaiseacht daoine ***dá dtagraítear in Airteagal 17(6) agus in Airteagal 17 (7) a threisiú*** trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 422(2). Ar mhórchúiseanna práinne cuí-réasúnaithe le tionchair na géarchéime ar an Mhargadh aonair, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach bonn a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 42(3).*** | 1. Le linn mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***, féadfaidh an Coimisiún foráil a dhéanamh maidir le bearta tacaíochta chun saorghluaiseacht daoine ***a éascú*** trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. |

**Leasú 186**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair***, i gcás go ndeimhníonn an Coimisiún go bhfuil teimpléid curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit chun a fhianú gur soláthraí seirbhíse é an t-oibreoir aonair nó an t-oibreoir eacnamaíoch a sholáthraíonn | 2. Le linn mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***, i gcás go ndeimhníonn an Coimisiún go bhfuil teimpléid curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit chun a fhianú gur soláthraí seirbhíse é an t-oibreoir aonair nó an t-oibreoir |

seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime, ionadaí nó oibrí gnó a bhfuil baint aige nó aici le hearraí atá ábhartha i gcás géarchéime a tháirgeadh nó le seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a sholáthar nó gur oibrí cosanta sibhialta é nó í agus go measann sé go bhfuil úsáid teimpléid éagsúla ina bac ar shaorghluaiseacht tráth na héigeandála sa Mhargadh ***Aonair***, féadfaidh an Coimisiún teimpléid a eisiúint, má mheasann sé gur gá sin chun tacú le saorghluaiseacht na gcatagóirí sin daoine agus a dtrealaimh le linn na héigeandála reatha sa Mhargadh ***Aonair***, chun a fhianú go gcomhlíonann siad na critéir ábhartha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal ***17(6)*** i ngach Ballstát ***trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme***.

eacnamaíoch a sholáthraíonn seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime, ionadaí nó oibrí gnó a bhfuil baint aige nó aici le hearraí atá ábhartha i gcás géarchéime a tháirgeadh nó le seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a sholáthar**,** nó gur oibrí cosanta sibhialta é nó í agus go measann sé nó sí go bhfuil úsáid teimpléid éagsúla ag gach ***Ballstát*** ina bac ar shaorghluaiseacht tráth na héigeandála sa mhargadh ***inmheánach***, féadfaidh an Coimisiún teimpléid a eisiúint, ***trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme***, má mheasann sé gur gá sin chun tacú le saorghluaiseacht na gcatagóirí sin daoine agus a dtrealaimh le linn na héigeandála reatha sa mhargadh ***inmheánach***, chun a fhianú go gcomhlíonann siad na critéir ábhartha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal ***16*** i ngach Ballstát**.**

**Leasú 187**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(2). Ar mhórchúiseanna práinne cuí-réasúnaithe le tionchair na géarchéime ar an Mhargadh ***Aonair***, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach bonn a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 42(3). | 3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(2). Ar mhórfhorais práinne cuí-réasúnaithe a bhaineann le tionchair na géarchéime ar an margadh ***inmheánach***, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach bonn a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 42(3). |

**Leasú 188**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Fógra a thabhairt | Fógraí ***agus faisnéis*** |

**Leasú 189**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Le linn éigeandáil sa Mhargadh ***Aonair***, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon dréachtbheart ***atá ábhartha i gcás géarchéime***, lena gcuirtear srian le saorghluaiseacht earraí agus leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar mar aon le ***srianta*** ar shaorghluaiseacht daoine ***atá ábhartha i gcás géarchéime***, lena n-áirítear oibrithe mar aon leis na cúiseanna atá leis na bearta sin. | Le linn ***mhodh éigeandála nó faireachais an mhargaidh inmheánaigh***, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún ***faoi*** aon dréachtbheart ***a bhaineann leis an ngéarchéim agus*** lena sriantar saorghluaiseacht earraí agus an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar chomh maith le ***bearta atá glactha lena sriantar*** saorghluaiseacht daoine, lena n-áirítear oibrithe mar aon leis na cúiseanna atá leis na bearta sin. |

**Leasú 190**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Soláthróidh na Ballstáit ráiteas don Choimisiún maidir leis ***na cúiseanna a fhágann*** go bhfuil údar le hachtú ***birt*** dá leithéid agus go bhfuil sé agus comhréireach, i gcás ***nár soiléiríodh na cúiseanna sin sa bheart dá dtugtar fógra cheana féin***. Cuirfidh na Ballstáit téacs iomlán na bhforálacha reachtacha nó rialála náisiúnta in iúl don Choimisiún, ar forálacha iad ina bhfuil an beart nó a mionathraíodh leis ***an*** mbeart. | 2. Cuirfidh na Ballstáit ráiteas ar fáil don Choimisiún ina ***léireofar go bhfuil achtú beart*** den sórt sin ***neamh-idirdhealaitheach, go bhfuil bonn cirt leis agus go bhfuil sé comhréireach agus,*** i gcás inar ***féidir, go bhfuil fianaise nithiúil ag gabháil leis***. Cuirfidh na Ballstáit téacs iomlán na bhforálacha reachtacha nó rialála náisiúnta in iúl don Choimisiún, ar forálacha iad ina bhfuil an beart, nó atá modhnaithe le beart ***den sórt sin***. |

**Leasú 191**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Cuirfidh an Coimisiún na bearta dá dtugtar fógra in iúl do na Ballstáit eile gan mhoill agus roinnfidh iad leis an ***ngrúpa comhairleach*** an tráth céanna. | 4. Cuirfidh an Coimisiún na bearta dá dtugtar fógra in iúl do na Ballstáit eile gan mhoill agus roinnfidh iad leis an m***Bord*** an tráth céanna. |

**Leasú 192**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Má roghnaíonn an ***grúpa comhairleach*** tuairim a thabhairt maidir le beart ar tugadh fógra ina leith, déanfaidh sé amhlaidh laistigh de cheithre lá oibre ón dáta ***a bhfaighidh an Coimisiún*** an fógra ***maidir leis an mbeart sin***. | 5. Má roghnaíonn an ***Bord*** tuairim a thabhairt maidir le beart ar tugadh fógra ina leith, déanfaidh sé amhlaidh laistigh de 4 lá oibre ón dáta a bhfaighidh an Coimisiún an fógra maidir leis an mbeart sin. |

**Leasú 193**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear saoránaigh agus gnólachtaí ar an eolas faoi na bearta ar tugadh fógra ina leith, mura n-iarrfaidh na Ballstáit go na bearta a choinneáil faoi rún, nó mura measfaidh an Coimisiún go rachadh nochtadh na mbeart i bhfeidhm ar shlándáil agus ar ***ord*** poiblí an Aontais ***Eorpaigh*** nó a Bhallstát, agus ar na cinntí agus na barúlacha ó na Ballstáit arna nglacadh i gcomhréir leis an Airteagal seo. | 6. Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear saoránaigh agus gnólachtaí ar an eolas faoi na bearta ar tugadh fógra ina leith, mura n-iarrfaidh na Ballstáit na bearta a choinneáil faoi rún ***i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo***, nó mura measfaidh an Coimisiún go rachadh nochtadh na mbeart sin i bhfeidhm ar shlándáil agus ar ***ord*** poiblí an Aontais Eorpaigh nó a Bhallstát, agus ar na cinntí agus na barúlacha ó na Ballstáit arna nglacadh i gcomhréir leis an Airteagal seo. |

**Leasú 194**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Laistigh de 10 lá ó dháta an fhógra a fháil, scrúdóidh an Coimisiún an bhfuil aon dréacht nó aon bheart a glacadh ag luí le dlí an Aontais, lena n-áirítear ***Airteagal*** 16 ***agus Airteagal 17*** den Rialachán seo, chomh maith le prionsabail na comhréireachta agus an neamh-idirdhealaithe, agus féadfaidh sé barúlacha a thabhairt maidir leis an mbeart ar tugadh fógra ina leith nuair a bheidh forais shoiléire agus thromchúiseacha láithreacha ann chun a chreidiúint nach gcomhlíonann sé dlí an Aontais. Cuirfidh an Ballstát a thugann fógra barúlacha den sórt sin san áireamh. In imthosca eisceachtúla, go háirithe chun comhairle eolaíoch, fianaise nó saineolas teicniúil a fháil i gcomhthéacs staid atá ag teacht chun cinn, féadfaidh an Coimisiún an tréimhse 10 lá a shíneadh. Leagfaidh an Coimisiún amach na cúiseanna lena dtugtar údar le haon síneadh den sórt sin, socróidh sé spriocdháta nua ***agus*** cuirfidh sé na Ballstáit ar an eolas faoin spriocdháta nua agus na cúiseanna leis an síneadh gan mhoill. | 8. Laistigh de 10 lá ó dháta an fhógra a fháil, scrúdóidh an Coimisiún an bhfuil aon dréacht nó aon bheart atá glactha ag luí le dlí an Aontais, lena n-áirítear ***Airteagal*** 16 den Rialachán seo, chomh maith le prionsabail na comhréireachta agus an neamh-idirdhealaithe, agus féadfaidh sé barúlacha a thabhairt maidir leis an mbeart ar tugadh fógra ina leith nuair a bheidh forais shoiléire agus thromchúiseacha láithreacha ann chun a chreidiúint nach gcomhlíonann sé dlí an Aontais. Cuirfidh an Ballstát a thugann fógra barúlacha den sórt sin san áireamh. In imthosca eisceachtúla, go háirithe chun comhairle eolaíoch, fianaise nó saineolas teicniúil a fháil i gcomhthéacs staid atá ag teacht chun cinn, féadfaidh an Coimisiún síneadh a chur leis an tréimhse 10 lá. Leagfaidh an Coimisiún amach na cúiseanna lena dtugtar údar maith le haon síneadh den sórt sin, ***agus*** leagfaidh sé síos spriocdháta nua ***nach faide ná 30 lá.*** Cuirfidh ***sé*** na Ballstáit ar an eolas faoin spriocdháta nua agus faoi na cúiseanna atá leis an síneadh gan mhoill. |

**Leasú 195**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Féadfaidh na Ballstáit barúlacha a thabhairt freisin don Bhallstát a thug fógra faoi bheart***;*** cuirfidh an Ballstát sin barúlacha den sórt sin san áireamh. | 9. Féadfaidh na Ballstáit barúlacha a thabhairt freisin don Bhallstát a thug fógra faoi bheart ***agus*** cuirfidh an Ballstát sin na barúlacha sin san áireamh. |

**Leasú 196**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. Cuirfidh an Ballstát a thugann fógra na bearta a bhfuil sé beartaithe aige a ghlacadh ***chun*** na barúlacha a tugadh i gcomhréir le mír 8 ***a chomhlíonadh*** laistigh de 10 lá i ndiaidh dó iad a fháil. | 10. Déanfaidh an Ballstát a thugann fógra na bearta a bhfuil sé beartaithe aige a ghlacadh ***agus údar maidir le conas a dhéanann sé*** na barúlacha a tugadh ***a chomhlíonadh*** i gcomhréir le mír 8 a chur in iúl don Choimisiún laistigh de 10 lá i ndiaidh dó iad a fháil. |

**Leasú 197**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 11. Má chinneann an Coimisiún nach bhfuil na bearta arna gcur in iúl ag an mBallstát a thugann fógra i gcomhréir le dlí an Aontais fós, féadfaidh sé, laistigh de ***30*** lá ón dáta a gcuirtear an méid sin in iúl dó, cinneadh a eisiúint lena gceanglaítear ar an mBallstát sin gan an dréachtbheart dá dtugtar fógra a ghlacadh. Déanfaidh an Ballstát a thugann fógra téacs glactha dréachtbhirt ar tugadh fógra ina leith a chur in iúl don Choimisiún gan mhoill. | 11. Má chinneann an Coimisiún nach bhfuil na bearta arna gcur in iúl ag an mBallstát a thugann fógra i gcomhréir le dlí an Aontais fós, féadfaidh ***sé***, laistigh de ***15*** lá ón dáta a gcuirtear an méid sin in iúl dó, cinneadh a eisiúint lena gceanglaítear ar an mBallstát sin an dréachtbheart dá dtugtar fógra ***a mhodhnú nó*** gan é a ghlacadh. Déanfaidh an Ballstát a thugann fógra téacs glactha an dréachtbhirt ar tugadh fógra ina leith a chur in iúl don Choimisiún gan mhoill. |

**Leasú 198**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 12. Má chinneann an Coimisiún nach bhfuil beart atá glactha cheana agus ar tugadh fógra ina leith i gcomhréir le dlí an Aontais, féadfaidh sé, laistigh de ***30*** lá ón bhfógra sin, cinneadh a eisiúint lena | 12. Má chinneann an Coimisiún nach bhfuil beart atá glactha cheana agus ar tugadh fógra ina leith i gcomhréir le dlí an Aontais, féadfaidh sé, laistigh de ***15*** lá ón bhfógra sin, cinneadh a eisiúint lena |

gceanglaítear ar an mBallstát é a dhíothú. Cuirfidh an Ballstát a thugann fógra téacs birt athbhreithnithe in iúl i gcás go mionathraigh sé an beart glactha ar tugadh fógra ina leith gan mhoill.

gceanglaítear ar an mBallstát é a dhíothú. Cuirfidh an Ballstát a thugann fógra téacs birt athbhreithnithe in iúl i gcás go modhnaíonn sé an beart glactha ar tugadh fógra ina leith gan mhoill.

**Leasú 199**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 13. Féadfaidh an Coimisiún an tréimhse ***30*** lá dá dtagraítear i mír 11 agus i mír 12 a shíneadh ar bhonn eisceachtúil chun athrú ar imthosca a chur san áireamh, go háirithe chun comhairle eolaíoch, fianaise nó saineolas teicniúil a fháil i gcomhthéacs staid atá ag athrú. Leagfaidh an Coimisiún amach na cúiseanna lena dtugtar údar le haon síneadh den sórt sin agus socróidh sé spriocdháta nua agus cuirfidh sé na Ballstáit ar an eolas faoin spriocdháta nua agus na cúiseanna leis an síneadh gan mhoill. | 13. Féadfaidh an Coimisiún síneadh a chur leis an tréimhse ***15*** lá dá dtagraítear i mír 11 agus i mír 12 ar bhonn eisceachtúil chun athrú ar imthosca a chur san áireamh, go háirithe chun comhairle eolaíoch, fianaise nó saineolas teicniúil a fháil i gcomhthéacs staid atá ag athrú. Leagfaidh an Coimisiún amach na cúiseanna lena dtugtar údar le haon síneadh den sórt sin agus socróidh sé spriocdháta nua agus cuirfidh sé na Ballstáit ar an eolas faoin spriocdháta nua agus na cúiseanna atá leis an síneadh gan mhoill. |

**Leasú 200**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 14. Beidh na cinntí ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 11 agus i mír 12 bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil agus féadfar iad a eisiúint nuair atá forais shoiléire agus thromchúiseacha láithreacha ann lena chreidiúint nach gcomhlíonann na bearta dá dtugtar fógra dlí an Aontais, lena n-áirítear Airteagal 16 ***nó*** Airteagal 17 den Rialachán seo, prionsabal na comhréireachta nó prionsabal an neamh-idirdhealaithe. Beidh glacadh na gcinntí sin gan dochar don fhéidearthacht don | 14. Beidh na cinntí ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 11 agus i mír 12 bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil agus féadfar iad a eisiúint nuair atá forais shoiléire agus thromchúiseacha láithreacha ann lena chreidiúint nach gcomhlíonann na bearta dá dtugtar fógra dlí an Aontais, lena n-áirítear Airteagal 16 den Rialachán seo, prionsabal na comhréireachta ná prionsabal an neamh-idirdhealaithe. Beidh glacadh na gcinntí sin gan dochar don fhéidearthacht don Choimisiún bearta a ghlacadh tráth |

Choimisiún bearta a ghlacadh tráth níos déanaí, lena n-áirítear nós imeachta um shárú a sheoladh ar bhonn Airteagal 258 CFAE. | níos déanaí, lena n-áirítear nós imeachta um shárú a sheoladh ar bhonn Airteagal 258 CFAE.

**Leasú 201**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 15. Ní bheidh faisnéis a ***sholáthraítear*** faoin Airteagal seo ***faoi rún ach amháin*** i gcás go n-iarrfaidh ***an Ballstát a bhfuil fógra á thabhairt aige*** an méid sin ***go sainráite***. ***Bainfidh aon iarratas den sórt sin*** le dréachtbhearta ***agus*** tabharfar údar leis. | 15. Déanfar faisnéis ***arna soláthar ag na Ballstáit*** faoin Airteagal seo ***a phoibliú***. ***Féadfaidh na Ballstáit*** a iarraidh ***go gcoinneofar faisnéis a bhaineann*** le dréachtbhearta ***faoi rún.*** Beidh bonn cirt leis ***an iarraidh sin.*** |

**Leasú 202**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 16. Foilseoidh an Coimisiún ***téacs na mbeart arna nglacadh ag na Ballstáit i gcomhthéacs éigeandáil sa Mhargadh Aonair lena gcuirtear srian le saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine, lena n-áirítear oibrithe, a cuireadh in iúl trí bhíthin na bhfógraí dá dtagraítear*** san Airteagal seo ***agus trí fhoinsí eile***. ***Foilseofar téacs na mbeart laistigh de lá oibre amháin i ndiaidh é a fháil trí bhíthin ardán leictreonach arna bhainistiú ag an gCoimisiún***. | 16. Foilseoidh an Coimisiún ***aon fhaisnéis a sholáthraítear faoin*** Airteagal seo, ***seachas faisnéis a mheastar a bheith rúnda i gcomhréir le mír 15***. |

**Leasú 203**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 16 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***16a. Foilseoidh an Coimisiún na bearta arna nglacadh ag na Ballstáit i gcomhthéacs éigeandáil an mhargaidh inmheánaigh lena gcuirtear srian ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine, lena n-áirítear oibrithe, atá curtha in iúl. Foilseofar na bearta sin laistigh d'aon lá oibre amháin tar éis iad a fháil trí ardán leictreonach arna bhainistiú ag an gCoimisiún.*** |

**Leasú 204**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 16 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***16b. Déanfaidh na Ballstáit saoránaigh, tomhaltóirí, gnólachtaí, oibrithe agus a n-ionadaithe agus aon gheallsealbhóirí dá ndéantar difear a chur ar an eolas, ar bhealach soiléir agus gan débhrí, faoi bhearta a dhéanann difear do shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine, lena n-áirítear oibrithe agus soláthraithe seirbhíse, sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm, go háirithe trína bpointe náisiúnta teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 21. Áiritheoidh na Ballstáit idirphlé leanúnach leis na geallsealbhóirí ábhartha uile, lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta agus idirnáisiúnta.*** |

**Leasú 205**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) cúnamh maidir le faisnéis a iarraidh | (a) cúnamh maidir le faisnéis a iarraidh |

| | |
|---|---|
| agus a fháil faoi shrianta náisiúnta ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí, daoine agus oibrithe a bhaineann le héigeandáil ghníomhachtaithe sa Mhargadh ***Aonair***; | agus a fháil faoi shrianta náisiúnta ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí, daoine agus oibrithe a bhaineann le ***modh*** éigeandála gníomhachtaithe sa mhargadh ***inmheánach*;** |

**Leasú 206**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cúnamh maidir le feidhmíocht aon nós imeachta agus foirmiúlachtaí géarchéime ar an leibhéal náisiúnta a cuireadh i bhfeidhm mar gheall ar éigeandáil ghníomhachtaithe sa Mhargadh ***Aonair***. | (b) cúnamh maidir le feidhmíocht aon nós imeachta agus foirmiúlachtaí géarchéime ar an leibhéal náisiúnta a cuireadh i bhfeidhm mar gheall ar ***mhodh*** éigeandála gníomhachtaithe sa mhargadh ***inmheánach***; |

**Leasú 207**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 –mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) cúnamh maidir le faisnéis a scaipeadh ar shaoránaigh, tomhaltóirí, oibreoirí eacnamaíocha agus oibrithe agus a n-ionadaithe.*** |

**Leasú 208**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le saoránaigh, tomhaltóirí, oibreoirí eacnamaíocha agus oibrithe agus a n-ionadaithe, arna iarraidh sin dóibh agus trí na pointí teagmhála aonair faoi seach, faisnéis a fháil ó na húdaráis inniúla maidir | 2. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le saoránaigh, tomhaltóirí, oibreoirí eacnamaíocha agus oibrithe agus a n-ionadaithe, arna iarraidh sin dóibh agus trí na pointí teagmhála aonair faoi seach, faisnéis a fháil ó na húdaráis inniúla maidir |

leis an dóigh a ndéantar na bearta náisiúnta um fhreagairt ar ghéarchéimeanna faoi seach a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcoitinne. I gcás inarb iomchuí, beidh treoir céim ar chéim san fhaisnéis sin. Soláthrófar an fhaisnéis i dteanga shoiléir, shothuigthe agus intuigthe. Beidh sé inrochtana go héasca ó chian agus trí mheán leictreonach agus coimeádfar cothrom le dáta é.

leis an dóigh a ndéantar na bearta náisiúnta um fhreagairt ar ghéarchéimeanna faoi seach a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcoitinne. I gcás inarb iomchuí, beidh treoir céim ar chéim san fhaisnéis sin. Soláthrófar an fhaisnéis i dteanga shoiléir, shothuigthe agus intuigthe. Beidh sé inrochtana go héasca ó chian agus trí mheán leictreonach agus coimeádfar cothrom le dáta é. ***Déanfaidh na Ballstáit a ndícheall an fhaisnéis sin a chur ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, agus aird ar leith á tabhairt ar staid agus ar riachtanais na réigiún teorann.***

**Leasú 209**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh an pointe teagmhála aonair ar leibhéal an Aontais an ***cúnamh*** seo a leanas ar fáil do shaoránaigh, do thomhaltóirí, d’oibreoirí eacnamaíocha, d’oibrithe agus dá n-ionadaithe: | 2. Cuirfidh an pointe teagmhála aonair ar leibhéal an Aontais an méid seo a leanas ar fáil do shaoránaigh, do thomhaltóirí, do na h***údaráis áitiúla agus réigiúnacha***, d’oibreoirí eacnamaíocha, d’oibrithe agus dá gcuid ionadaithe: |

**Leasú 210**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) cúnamh maidir le faisnéis a iarraidh agus a fháil a mhéid a bhaineann le bearta freagartha géarchéime ar leibhéal an Aontais atá ábhartha d’éigeandáil ghníomhachtaithe sa Mhargadh ***Aonair*** nó a théann i gcion ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí, daoine ***agus*** oibrithe; | (a) cúnamh maidir le faisnéis a iarraidh agus a fháil a mhéid a bhaineann le bearta freagartha géarchéime ar leibhéal an Aontais atá ábhartha do ***mhodh*** éigeandála gníomhachtaithe sa mhargadh ***inmheánach*** nó a théann i gcion ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí ***agus*** daoine, ***lena n-áirítear*** oibrithe; |

**Leasú 211**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cúnamh maidir le feidhmíocht aon nós imeachta agus foirmiúlachtaí géarchéime a cuireadh i bhfeidhm ar leibhéal an Aontais mar gheall ar éigeandáil ghníomhachtaithe sa Mhargadh ***Aonair***; | (b) cúnamh maidir le feidhmíocht aon nós imeachta agus foirmiúlachtaí géarchéime atá curtha i bhfeidhm ar leibhéal an Aontais mar gheall ar ***mhodh*** éigeandála gníomhachtaithe sa mhargadh ***inmheánach***; |

**Leasú 212**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) liosta ***a chur le chéile*** leis na bearta náisiúnta géarchéime agus leis na pointí teagmhála náisiúnta ar fad. | (c) ***cúnamh maidir le*** liosta ***a bhunú*** leis na bearta náisiúnta géarchéime agus leis na pointí teagmhála náisiúnta ar fad. |

**Leasú 213**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Leithdháilfear acmhainní daonna agus airgeadais leordhóthanacha ar phointe teagmhála aonair ar leibhéal an Aontais.*** |

**Leasú 214**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Teideal III – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Bearta práinnfhreagartha don Mhargadh | Bearta práinnfhreagartha don ***mhargadh*** |

| | |
|---|---|
| *Aonair* | *inmheánach* |

**Leasú 215**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 1. ***Ní fhéadfaidh*** an Coimisiún bearta ceangailteacha atá sa Chaibidil seo a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme ***i gcomhréir le hAirteagal 24(2), leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 26 agus le hAirteagal 27 (2)*** ach nuair a rinneadh Éigeandáil sa Mhargadh Aonair a ghníomhachtú ***trí gníomh cur chun feidhme ón gComhairle*** i gcomhréir le hAirteagal 14. | 1. Ní fhéadfaidh an Coimisiún bearta ceangailteacha a áirítear sa Chaibidil seo a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme ***ach amháin nuair a bheidh modh*** éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** gníomhachtaithe i gcomhréir le hAirteagal 14. |

**Leasú 216**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 2**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 2. I ngníomh cur chun feidhme lena dtabharfar isteach beart a áirítear sa Chaibidil seo liosta déanfar liosta soiléir sonrach de na hearraí agus na seirbhísí i gcéas géarchéime. Ní bheidh feidhm ag an mbeart sin ach amháin ar feadh fad an mhodha éigeandála. | 2. Le gníomh cur chun feidhme lena dtugtar isteach beart a áirítear sa Chaibidil seo, liostófar go soiléir agus go sonrach na hearraí agus na seirbhísí atá ábhartha don ghéarchéim agus ***a shainaithnítear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14(5)*** a bhfuil feidhm ag beart den sórt sin maidir leo. Ní bheidh feidhm ag an mbeart sin ach amháin ar feadh fhad an mhodha éigeandála. |

**Leasú 217**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(2). Ar mhórfhorais práinne cuí-réasúnaithe a bhaineann le tionchair na géarchéime ar an margadh inmheánach, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach bonn a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 42(3).*** |

**Leasú 218**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina bhfuil ***géarghanntanas*** atá ábhartha i gcás géarchéime nó ina bhfuil bagairt láithreach ganntanais, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar ***eagraíochtaí ionadaíocha nó*** ar oibreoirí eacnamaíocha i slabhraí soláthair atá ábhartha i gcás géarchéime faisnéis shonrach a tharchur chuig an gCoimisiún ***ar bhonn deonach, laistigh de theorainn ama shocraithe, maidir le hacmhainneacht táirgeachta agus maidir le stoic earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a d'fhéadfadh a bheith ann agus maidir le comhpháirteanna díobh sin i saoráidí táirgthe an Aontais agus i saoráidí tríú tír ina n-oibríonn sé soláthar, ina bhfuil soláthar ar conradh aige nó ina gceannaíonn sé soláthar, chomh maith le faisnéis faoi aon suaitheadh ábhartha sa slabhra soláthair laistigh de spriocdháta ar leith***. | 1. I gcás ina bhfuil ***ganntanas*** tromchúiseach a bhaineann le géarchéim nó bagairt láithreach de, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar oibreoirí eacnamaíocha i slabhraí soláthair atá ábhartha i gcás géarchéime faisnéis shonrach atá ábhartha d'éigeandáil ***an mhargaidh inmheánaigh***a tharchur, ***ar bhonn deonach agus laistigh de theorainn ama réasúnta, i gcomhréir le mír 3***. |

**Leasú 219**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Mura dtarchuireann na seolaithe an fhaisnéis a iarradh i gcomhréir le mír 1 laistigh den teorainn ama agus mura dtugann siad bonn cirt bailí gan déanamh amhlaidh, féadfaidh an Coimisiún, trí ***ghníomh cur chun feidhme, a cheangal*** go dtarchuirfidh siad an fhaisnéis, ina léireofar sa ***ghníomh cur chun feidhme*** an fáth a bhfuil sé comhréireach agus riachtanach déanamh amhlaidh, agus na hearraí agus na seirbhísí lena mbaineann an t-iarratas ar fhaisnéis agus ar an bhfaisnéis a iarrtar a shonrú, agus teimpléad a chur ar fáil, i gcás inar gá, leis na ceisteanna a d’fhéadfaí a dhíriú chuig na hoibreoirí eacnamaíocha. | 2. Mura dtarchuirfidh na seolaithe an fhaisnéis a iarrtar i gcomhréir le mír 1 laistigh den teorainn ama agus mura dtugann siad údar bailí gan sin a dhéanamh, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin ***moladh, a iarraidh*** go dtarchuirfidh siad an fhaisnéis ***arna hiarraidh***, agus léiriú á thabhairt ar an bhfáth a bhfuil sé comhréireach agus riachtanach é sin a dhéanamh, lena sonrófar na hearraí agus na seirbhísí agus na seolaithe atá ábhartha i gcás géarchéime lena mbaineann an iarraidh ar fhaisnéis, agus an fhaisnéis atá á lorg, lena gcuirtear teimpléad ar fáil, i gcás inar gá, ina mbeidh na ceisteanna a d’fhéadfaí a chur ar na hoibreoirí eacnamaíocha. |

**Leasú 220**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh ***an méid seo a leanas*** a bheith i gceist leis na hiarratais ar fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1: | 3. Féadfaidh na hiarratais ar fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a bheith bainteach leis an méid seo a leanas: |

**Leasú 221**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) faisnéis spriocdhírithe a thabhairt don Choimisiún ***maidir le*** hacmhainní táirgeacht agus maidir le stoic a d’fhéadfadh a bheith ann do na hearraí atá | (a) faisnéis spriocdhírithe a thabhairt don Choimisiún ***maidir leis*** na hacmhainneachtaí táirgthe agus na stoic a d’fhéadfadh a bheith ann de na hearraí atá |

| | |
|---|---|
| ábhartha i gcás géarchéime agus comhpháirteanna díobh i saoráidí táirgthe atá lonnaithe san Aontas agus i saoráidí táirgthe atá lonnaithe i dtríú tír a oibríonn an eagraíocht nó an t-oibreoir dá dtagraítear i mír 1 soláthar, ina bhfuil soláthar ar conradh acu ***nó ina gceannaíonn siad soláthar, agus lánurraim á tabhairt do rúin trádála agus gnó agus ceangal á chur orthu sceideal d'aschur táirgeachta ionchasach do na 3 mhí ina dhiaidh sin a tharchur chuig an gCoimisiún, i gcás saoráid táirgthe atá lonnaithe san Aontas chomh maith le haon suaitheadh ábhartha sa slabhra soláthair;*** | ábhartha i gcás géarchéime agus comhpháirteanna díobh i saoráidí táirgthe atá lonnaithe san Aontas agus i saoráidí táirgthe atá lonnaithe i dtríú tír a oibríonn a ndéanann an eagraíocht nó an t-oibreoir dá dtagraítear i mír 1 a oibriú ***nó*** conradh ina leith; |

**Leasú 222**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) faisnéis ***eile is gá chun measúnú a dhéanamh ar chineál nó ar mhéid aon chur isteach nó aon ghanntanas ar an slabhra soláthair.*** | (b) ***sceideal d'aschur táirgeachta ionchasach na n-earraí atá ábhartha i gcás géarchéime do na 3 mhí tar éis na hiarrata*** ar fhaisnéis ***maidir le saoráidí táirgthe atá lonnaithe san Aontas nó i dtríú tír a oibríonn an t-oibreoir nó a ndéanann an t-oibreoir conradh ina leith***. |

**Leasú 223**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ***I ndiaidh ghníomhachtú na n-iarratas ar fhaisnéis éigeantach chuig*** oibreoirí eacnamaíocha ***trí ghníomh cur chun feidhme, díreoidh an Coimisiún cinneadh foirmiúil chuig gach duine de na heagraíochtaí ionadaíocha sin nó chuig gach oibreoir eacnamaíoch i*** | 4. ***Agus cuireadh á thabhairt*** d'oibreoirí eacnamaíocha faisnéis a sholáthar nó ***á iarraidh orthu*** faisnéis a sholáthar ***chun críocha an Airteagail seo,*** braithfidh an Coimisiún, i gcás inar féidir, ar na liostaí teagmhála ábhartha agus atá ar fáil de na hoibreoirí eacnamaíocha atá |

***slabhraí soláthair atá ábhartha i gcás géarchéime a sainaithníodh sa ghníomh cur chun feidhme, ina n-iarrfar an*** fhaisnéis ***a shonraítear sa ghníomh cur chun feidhme a*** sholáthar ***orthu.*** Beidh an Coimisiún ag brath, i gcás inar féidir, ar liostaí teagmhála ábhartha na n-oibreoirí eacnamaíocha atá gníomhach sna slabhraí soláthair roghnaithe earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime, arna dtiomsú ag na Ballstáit. Féadfaidh an Coimisiún an fhaisnéis riachtanacha a fháil faoi na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha ó na Ballstáit.

gníomhach sna slabhraí soláthair roghnaithe d'earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime, arna dtiomsú ag na Ballstáit. Féadfaidh an Coimisiún an fhaisnéis riachtanach a fháil faoi na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha ó na Ballstáit.

**Leasú 224**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Sna ***Cinntí*** ón gCoimisiún ina bhfuil iarratais aonair ar fhaisnéis, beidh tagairt ***don ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2 ar a bhfuil siad bunaithe agus*** do chásanna géarghanntanas a bhaineann i gcás géarchéime nó bagairt láithreach ar ghéarchéimeanna ar eascair siad astu. Beidh údar cuí le haon iarratas ar fhaisnéis agus beidh sé comhréireach i dtéarmaí mhéid, chineál agus ghráinneacht na sonraí, chomh maith le minicíocht na rochtana ar na sonraí arna n-iarraidh, agus beidh sé riachtanach do bhainistiú na héigeandála ***nó do thiomsú staidrimh oifigiúil ábhartha***. Leagfar amach in iarratas teorainn réasúnta ama nach mór an fhaisnéis a sholáthar laistigh di. Cuirfear san áireamh ann an iarracht is gá chun na sonraí a bhailiú agus a chur ar fáil ag an oibreoir eacnamaíoch ***nó ag an eagraíocht ionadaíoch.*** Beidh cosaintí sa ***chinneadh foirmiúil*** freisin maidir le cosaint sonraí i gcomhréir le hAirteagal 39 den Rialachán seo, cosaintí maidir le neamhnochtadh faisnéise íogaire gnó ***atá sa*** fhreagra i | 5. Beidh tagairt sa ***mholadh*** ón gCoimisiún, ina bhfuil iarratais aonair ar fhaisnéis, do na cásanna de ghanntanais thromchúiseacha a bhaineann le géarchéim nó de bhagairt láithreach ina leith ba chúis leo. Beidh údar cuí le haon iarraidh ar fhaisnéis agus beidh sí comhréireach i dtéarmaí mhéid, chineál agus ghráinneacht na sonraí, chomh maith le minicíocht na rochtana ar na sonraí arna n-iarraidh, agus beidh sí riachtanach chun an éigeandáil a bhainistiú. Leagfar amach in iarratas teorainn réasúnta ama ***nach faide ná 14 lá n***ach mór an fhaisnéis a sholáthar laistigh di***. Féadfaidh an t-oibreoir síneadh aonuaire a iarraidh ar an teorainn ama go dtí 2 lá sula rachaidh sé in éag i gcás inar gá síneadh den sórt sin de bharr thromchúis an cháis. Tabharfaidh an Coimisiún freagra, laistigh de lá oibre amháin, ar aon iarraidh den sórt sin ar shíneadh a chur leis an teorainn ama.*** Cuirfear san áireamh ann an iarracht is gá chun na sonraí a bhailiú agus a chur ar fáil ag an oibreoir eacnamaíoch. Beidh coimircí ***sa mholadh*** freisin maidir le |

gcomhréir le hAirteagal 25***, agus faisnéis maidir leis an bhféidearthacht go ndéanfaí conspóid ina leith os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais agus leis na fíneálacha dá bhforáiltear in Airteagal 28 as mainneachtain comhlíonadh agus an amlíne le haghaidh freagra***.

sonraí a chosaint i gcomhréir le hAirteagal 39 den Rialachán seo, coimircí le haghaidh neamhnochtadh faisnéise íogaire gnó atá ann, ***agus coimircí maidir le neamhnochtadh rún trádála agus maoine intleachtúla*** sa fhreagra i gcomhréir le hAirteagal 25.

**Leasú 225**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Féadfaidh úinéirí na hoibreoirí eacnamaíocha nó ***a n-ionadaithe agus, i gcás daoine dlítheanacha, cuideachtaí nó gnólachtaí, nó comhlachais nach bhfuil aon phearsantacht dhlítheanach acu,*** na daoine atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh dóibh de réir dlí nó de réir a mbunreachta, an fhaisnéis arna hiarraidh thar ceann an oibreora eacnamaíoch ***nó chomhlachas n-oibreoirí eacnamaíoch*** lena mbaineann a sholáthar. Cuirfidh gach oibreoir eacnamaíoch ***nó comhlachas oibreoirí eacnamaíocha*** an fhaisnéis a iarradh ar fáil ar bhonn aonair i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le hiomaíocht lena rialaítear an malartú faisnéise. Dlíodóirí atá údaraithe go cuí gníomhú, féadfaidh siad an fhaisnéis a sholáthar thar ceann a gcliant. Leanfaidh na cliaint sin le bheith freagrach go hiomlán má bhíonn an fhaisnéis a sholáthrófar neamhiomlán, mícheart nó míthreorach. | 6. Féadfaidh úinéirí na n-oibreoirí eacnamaíocha nó na daoine atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh thar a gceann de réir dlí nó de réir a mbunreachta an fhaisnéis a iarrtar a sholáthar thar ceann an oibreora eacnamaíoch lena mbaineann. Cuirfidh gach oibreoir eacnamaíoch an fhaisnéis a iarradh ar fáil ar bhonn aonair i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le hiomaíocht lena rialaítear an malartú faisnéise. Féadfaidh dlíodóirí arna n-údarú go cuí chun gníomhú an fhaisnéis a sholáthar thar ceann a gcliant. Is iad na cliaint a bheidh freagrach go hiomlán fós má tá an fhaisnéis a sholáthraítear neamhiomlán, míchruinn nó míthreorach. |

**Leasú 226**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***7. Beidh dlínse neamhtheoranta ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí lena bhforchuir an Coimisiún iarratas éigeantach ar fhaisnéis ar oibreoir eacnamaíoch.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 227**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***8. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2 a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta coiste dá dtagraítear in Airteagal 42(2). Ar mhórchúiseanna práinne cuí-réasúnaithe le tionchair na géarchéime ar an Mhargadh aonair, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach bonn a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 42(3).*** | ***scriosta*** |

**Leasú 228**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ní úsáidfear faisnéis a fhaightear mar thoradh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ach amháin chun na críche ar iarradh í. | 1. Ní úsáidfear faisnéis a fhaightear ***ó oifigí idirchaidrimh na mBallstát, ón mBord, ó oibreoirí eacnamaíocha nó ó aon fhoinse eile*** mar thoradh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ach amháin chun na críche ar iarradh í ina leith. |

**Leasú 229**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún go gcosnófar rúin trádála agus ghnó agus faisnéis íogair agus rúnda eile a gheofar agus a chruthófar agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, lena n-áirítear moltaí agus bearta a dhéanfar, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta faoi seach. | 2. Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún go gcosnófar rúin trádála agus ghnó***, maoin intleachtúil*** agus faisnéis íogair agus rúnda eile a gheofar agus a ghinfear agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, lena n-áirítear moltaí agus bearta a bheidh le déanamh i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta faoi seach. |

**Leasú 230**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Féadfaidh an Coimisiún faisnéis chomhiomlán bunaithe ar aon fhaisnéis arna bailiú de bhun Airteagal 24 a chur i láthair an ***ghrúpa chomhairligh dá dtagraítear in Airteagal 4***. | 4. Féadfaidh an Coimisiún faisnéis chomhiomlán bunaithe ar aon fhaisnéis arna bailiú de bhun Airteagal 24 a chur i láthair an ***Bhoird***. |

**Leasú 231**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Scriosfar aon fhaisnéis a gheofar trí iarrataí ar fhaisnéis a luaithe a rachaidh modh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh in éag, nó níos luaithe ná sin má chuirfear isteach na tuarascálacha ábhartha uile a bhaineann le modh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh. Seolfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit deimhniú go ndearnadh an fhaisnéis sin a scriosadh chuig na hoibreoirí*** |

| | |
|---|---|
| | ***eacnamaíocha a ndearnadh difear dóibh díreach tar éis a scriosta.*** |

**Leasú 232**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 26*** | ***scriosta*** |
| ***Leasuithe spriocdhírithe ar reachtaíocht chomhchuibhithe táirgí*** | |
| ***Nuair a ghníomhachtaítear modh éigeandála an Mhargaidh Aonair trí ghníomh cur chun feidhme ón gComhairle arna ghlacadh de bhun Airteagal 14, agus nuair a bheidh ganntanas earraí atá ábhartha i gcás géarchéime ann, féadfaidh an Coimisiún na nósanna imeachta éigeandála atá i gcreataí dlí an Aontais arna leasú le [Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/424, Rialachán (AE) 2016/425, Rialachán (AE) 2016/426, Rialachán (AE) 2019/1009 agus Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 agus lena dtugtar isteach nósanna imeachta éigeandála maidir le measúnú comhréireachta, glacadh sonraíochtaí coiteanna agus faireachas margaidh i gcomhthéacs éigeandáil sa Mhargadh Aonair agus Threoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2000/14/CE, 2006/42/CE, 2010/ 35/AE, 2013/29/AE, 2014/28/AE, 2014/29/AE, 2014/30/AE, 2014/31/AE, 2014/32/AE, 2014/33/AE, 2014/34/ AE, 2014/35/AE, 2014/53/AE, agus 2014/68/AE agus lena dtugtar isteach i dtaca le nósanna imeachta éigeandála maidir le measúnú comhréireachta, glacadh sonraíochtaí coiteanna agus faireachas margaidh i gcomhthéacs Margaidh Aonair] a mhéid a bhaineann le hearraí atá ábhartha i gcás géarchéime, lena léireofar na*** | |

***hearraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus na nósanna imeachta éigeandála atá faoi réir an ghníomhachtaithe, ag tabhairt cúiseanna le gníomhachtú den sórt sin agus a lena chomhréireacht, agus ina léireofar fad an ghníomhachtaithe sin.***

***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(2). Ar mhórchúiseanna práinne cuí-réasúnaithe le tionchair na géarchéime ar an Mhargadh aonair, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach bonn a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 42(3).***

**Leasú 233**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar oibreoir eacnamaíoch amháin nó níos mó i slabhraí soláthair atá ábhartha i gcás géarchéime agus atá bunaithe san Aontas glacadh le horduithe áirithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo i ndáil le táirgeadh nó soláthar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime (‘ ord a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis’). | 1. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh, ***ar bhonn deonach,*** ar oibreoir eacnamaíoch amháin nó níos mó i slabhraí soláthair atá ábhartha i gcás géarchéime agus atá bunaithe san Aontas glacadh le horduithe áirithe agus tosaíocht a thabhairt dóibh i ndáil le táirgeadh nó soláthar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime (‘ord a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis’). ***Sonróidh an Coimisiún an fhaisnéis ábhartha uile, lena n-áirítear cainníocht na n-earraí agus na seirbhísí atá ábhartha don ghéarchéim, an t-am seachadta agus an praghas agus cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi sin.*** |

**Leasú 234**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Mura nglacfaidh oibreoir eacnamaíoch le horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo ***agus*** mura dtabharfaidh sé tús áite dóibh, féadfaidh an Coimisiún, ***as*** a stuaim féin, nó arna iarraidh sin do ag 14 Bhallstát, measúnú a dhéanamh ar an ngá agus ar an gcomhréireacht a bhaineann le dul i muinín orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo i gcásanna den sórt sin, tabharfaidh an Coimisiún an deis don oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann agus d’aon pháirtí ar féidir a léiriú go ndeachaigh an t-ordú féideartha a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis i gcion orthu, a seasamh a shonrú laistigh de theorainn réasúnta ama arna leagan síos ag an gCoimisiún i bhfianaise imthosca an cháis. In imthosca eisceachtúla, tar éis measúnú den sórt sin a dhéanamh, féadfaidh an Coimisiún, tar éis tuairim dhearfach a fháil ón ngrúpa comhairleach, gníomh cur chun feidhme a dhíriú ar an oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann, lena gceanglófar air glacadh leis na horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a shonraítear sa ghníomh cur chun feidhme agus tosaíocht a thabhairt dóibh nó a mhíniú cén fáth nach féidir nó nach iomchuí don oibreoir sin déanamh amhlaidh. Beidh cinneadh an Choimisiúin bunaithe ar shonraí oibiachtúla lena léirítear go bhfuil tosaíocht den sórt sin fíor-riachtanach chun a áirithiú go gcoimeádfar gníomhaíochtaí eacnamaíocha sochaíocha ríthábhachtacha ar bun sa mhargadh inmheánach. | 2. Mura nglacann oibreoir eacnamaíoch le horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo ***nó*** mura dtugann sé tosaíocht dóibh, féadfaidh an Coimisiún, as a stuaim féin nó arna iarraidh sin do 14 Bhallstát, measúnú a dhéanamh ar an ngá agus ar an gcomhréireacht a bhaineann le dul i muinín orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo. I gcásanna den sórt sin, tabharfaidh an Coimisiún an deis don oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann chomh maith le haon pháirtithe ar féidir a léiriú go ndearna an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis difear dóibh, an deis a seasamh a chur in iúl laistigh de theorainn ama réasúnach arna leagan síos ag an gCoimisiún i bhfianaise imthosca an cháis. In imthosca eisceachtúla, tar éis measúnú den sórt sin a dhéanamh ***agus aird chuí á thabhairt ar thuairim an Bhoird***, féadfaidh an Coimisiún, gníomh cur chun feidhme a dhíriú ar an oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann, lena gceanglófar air glacadh leis na horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a shonraítear sa ghníomh cur chun feidhme agus tosaíocht a thabhairt dóibh nó a mhíniú ***i scríbhinn*** cén fáth nach féidir nó nach iomchuí don oibreoir sin déanamh amhlaidh. ***I gcás ina n-imeoidh breithniú an Choimisiúin ó thuairm an Bhoird, cuirfidh an Coimisiún bonn cirt cuí ar fáil.*** Beidh an cinneadh ón gCoimisiún bunaithe ar shonraí oibiachtúla ***atá fíorasach, intomhaiste agus réasúnaithe*** lena léirítear go bhfuil sé fíor-riachtanach tosaíocht den sórt sin a thabhairt chun a áirithiú go gcoimeádfar gníomhaíochtaí eacnamaíocha ríthábhachtacha sa tsochaí sa mhargadh ***inmheánach.*** |

**Leasú 235**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás go ndiúltóidh an t-oibreoir eacnamaíoch ar chuige nó chuici a ndírítear an cinneadh dá dtagraítear i mír 2 glacadh leis an gceanglas glacadh leis na horduithe a shonraítear sa chinneadh agus iad a chur in ord tosaíochta, soláthróidh sé nó sí don Choimisiún, laistigh de 10 lá ón bhfógra faoin gcinneadh sin, míniú réasúnaithe ina leagfar amach na cúiseanna nach bhfuil sé indéanta nó iomchuí, i bhfianaise chuspóirí na forála seo, an ceanglas a chomhlíonadh. Áirítear ar chúiseanna den sórt sin neamhábaltacht an oibreora an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a dhéanamh mar gheall ar acmhainneacht táirgeachta neamhleor nó mar gheall ar riosca tromchúiseach go mbeadh cruatan nó ualach eacnamaíoch ar leith ar an oibreoir dá nglacfaí leis an ordú, nó toisc breithnithe eile den tromchúis cheanna. | I gcás go ndiúltóidh an t-oibreoir eacnamaíoch, ar chuige nó chuici a ndírítear an cinneadh dá dtagraítear i mír 2, glacadh leis an gceanglas glacadh leis na horduithe a shonraítear sa chinneadh agus iad a chur in ord tosaíochta, soláthróidh sé nó sí don Choimisiún, laistigh de 10 lá ón bhfógra faoin gcinneadh sin, míniú réasúnaithe ina leagfar amach na cúiseanna a bhfuil údar cuí leo nach bhfuil sé indéanta nó iomchuí an ceanglas a chomhlíonadh. Áirítear ar chúiseanna den sórt sin neamhábaltacht an oibreora an t-ordú lena mbaineann rátáil tosaíochta a dhéanamh mar gheall ar acmhainneacht táirgeachta neamhleor nó mar gheall ar riosca tromchúiseach go mbeadh cruatan nó ualach eacnamaíoch ar leith ar an oibreoir dá nglacfaí leis an ordú, agus na praghsanna agus na cainníochtaí arna sonrú ag an gCoimisiún, go háirithe, á gcur san áireamh, nó breithnithe eile den tromchúis chéanna. ***D'fhéadfadh aidhmeanna dlisteanacha an ghnóthais lena mbaineann agus an costas, an iarracht, an phraiticiúlacht theicniúil agus na hiarmhairtí gnó fadtéarmacha is gá le haghaidh aon athrú ar an seicheamh táirgthe a bheith i gceist leis na cúiseanna sin.*** |

**Leasú 236**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfaidh an Coimisiún an míniú réasúnaithe sin, nó codanna de, a phoibliú, agus aird chuí á tabhairt ar rúndacht ghnó.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 237**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Déanfaidh an Coimisiún an cinneadh dá dtagraítear i mír 2 i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme, lena n-áirítear prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta, agus oibleagáidí an Aontais faoin dlí idirnáisiúnta. Cuirfear san áireamh sa chinneadh sin go sonrach leasanna dlisteanacha an oibreora eacnamaíoch lena mbaineann agus aon fhaisnéis atá ar fáil maidir leis an gcostas agus leis an iarracht is gá d'aon athrú ar an seicheamh táirgthe. Sonrófar ann an bunús dlí lena ghlacadh, socrófar leis na teorainneacha ama ar laistigh díobh a dhéanfar an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint léi agus, i gcás inarb infheidhme, sonrófar ann an táirge agus an chainníocht. Sonrófar ann na fíneálacha dá bhforáiltear in Airteagal 28 má mhainnítear an cinneadh a chomhlíonadh. An t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, déanfar é ar phraghas cóir réasúnta. | 6. Déanfaidh an Coimisiún an cinneadh dá dtagraítear i mír 2 i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme, lena n-áirítear prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta, agus oibleagáidí an Aontais faoin dlí idirnáisiúnta. Cuirfear san áireamh sa chinneadh sin go sonrach leasanna dlisteanacha an oibreora eacnamaíoch lena mbaineann agus aon fhaisnéis atá ar fáil maidir leis an gcostas agus leis an iarracht is gá le haghaidh aon athrú ar an seicheamh táirgthe. Sonrófar ann an bunús dlí lena ghlacadh, socrófar leis na teorainneacha ama ar laistigh díobh a dhéanfar an t-ordú lena mbaineann rátáil tosaíochta agus, i gcás inarb infheidhme, sonrófar ann an táirge, an praghas agus an chainníocht. Sonrófar ann na fíneálacha dá bhforáiltear in Airteagal 28 má mhainnítear an cinneadh a chomhlíonadh. An t-ordú lena mbaineann rátáil tosaíochta, déanfar é ar phraghas cóir réasúnta, lena n-áireofar, i gcás inarb ábhartha, cúiteamh iomchuí as na costais bhreise uile arna dtabhú ag an oibreoir eacnamaíoch. |

**Leasú 238**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Fíneálacha ar oibreoirí mar gheall ar mhainneachtain cloí leis an oibleagáid iarratais ar fhaisnéis éigeantach a fhreagairt nó orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a chomhlíonadh | Fíneálacha ar oibreoirí mar gheall ar mhainneachtain orduithe lena mbaineann rátáil tosaíochta a chomhlíonadh |

**Leasú 239**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) i gcás ina soláthraíonn eagraíocht ionadaíoch oibreoirí eacnamaíocha nó oibreora eacnamaíoch, d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí, faisnéis mhíchruinn, neamhiomlán nó mhíthreorach mar fhreagairt ar iarraidh a rinneadh de bhun Airteagal 24, nó mura soláthraíonn gnóthas nó eagraíochtaí ionadaíocha gnóthas an fhaisnéis laistigh den teorainn ama atá forordaithe;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 240**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Fíneálacha a fhorchuirfear sna cásanna dá dtagraítear i mír 1(a) agus (b), ní sháróidh siad EUR 200 000. | 2. Fíneálacha a ghearrfar sna cásanna dá dtagraítear i mír 1(b), ní sháróidh siad EUR 200 000. ***Fíneálacha a ghearrfar ar oibreoirí eacnamaíocha ar FBManna iad, mar a shainmhínítear i Moladh 2003/361/CE, ní sháróidh siad EUR 25 000.*** |

**Leasú 241**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Ní bheidh na fíneálacha a ghearrfar sna cásanna dá dtagraítear i mír 1 (c) níos mó ná 1 % den mheánláimhdeachas laethúil sa bhliain ghnó roimhe sin do gach lá oibre i gcás neamhchomhlíonadh na | 3. Ní bheidh na fíneálacha a ghearrfar sna cásanna dá dtagraítear i mír 1(c) níos mó ná 1 % den mheánláimhdeachas laethúil sa bhliain ghnó roimhe sin do gach lá oibre i gcás neamhchomhlíonadh na |

| | |
|---|---|
| hoibleagáide de bhun Airteagal 27 (orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis) arna ríomh ón dáta a bunaíodh sa chinneadh agus nach mó ná 1 % den láimhdeachas iomlán sa bhliain ghnó roimhe sin iad. | hoibleagáide de bhun Airteagal 27 (orduithe lena mbaineann rátáil tosaíochta) arna ríomh ón dáta a bunaíodh sa chinneadh agus nach mó ná 1 % den láimhdeachas iomlán sa bhliain ghnó roimhe sin iad. Ní bheidh fíneálacha a ghearrfar ar oibreoirí eacnamaíocha ar FBManna iad, mar a shainmhínítear i Moladh 2003/361/CE, níos mó ná 0,25 % den láimhdeachas iomlán sa bhliain ghnó roimhe sin. |

**Leasú 242**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Agus méid na fíneála á shocrú, tabharfar aird ar mhéid agus ar acmhainní eacnamaíocha an oibreora eacnamaíoch lena mbaineann, ar chineál, ar thromchúis agus ar fhad an tsáraithe, agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal na comhréireachta agus chomh hiomchuí agus atá sé. | 4. Agus méid na fíneála á shocrú, cuirfidh an Coimisiún méid agus acmhainní eacnamaíocha an oibreora eacnamaíoch lena mbaineann san áireamh, chomh maith le cineál, tromchúis agus fad an tsáraithe, agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabail na comhréireachta agus na hoiriúnachta. ***Cuirfear san áireamh freisin tionchar na géarchéime ar an oibreoir eacnamaíoch agus ar a ghníomhaíochtaí gnó.*** |

**Leasú 243**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) dhá bhliain i gcás sáruithe forálacha a bhaineann le hiarratais ar fhaisnéis de bhun Airteagal 24;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 244**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) trí bliana i gcás sáruithe forálacha a bhaineann leis an oibleagáid chun tús áite a thabhairt do tháirgeadh na n-earraí atá ábhartha i gcás géarchéime de bhun Airteagal 26(2). | (b) 3 bliana i gcás sáruithe ar fhorálacha a bhaineann leis an oibleagáid tosaíocht a thabhairt do tháirgeadh na n-earraí atá ábhartha i gcás géarchéime de bhun Airteagal 27. |

**Leasú 245**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Sula nglacfaidh sé cinneadh de bhun Airteagal 28, tabharfaidh an Coimisiún an deis d'oibreoir eacnamaíoch nó d'eagraíochtaí ionadaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann éisteacht a fháil maidir leis an méid seo a leanas: | 1. Sula nglacfaidh sé cinneadh de bhun Airteagal 28, tabharfaidh an Coimisiún an deis don oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann éisteacht a fháil maidir leis an méid seo a leanas: |

**Leasú 246**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh gnóthais agus eagraíochtaí ionadaíocha oibreoirí eacnamaíochta lena mbaineann a gcuid tuairimí maidir le réamhthorthaí an Choimisiúin a chur isteach laistigh de theorainn ama a shocróidh an Coimisiún sna réamhthorthaí uaidh agus nach bhféadfaidh a bheith níos lú ná 21 lá. | 2. Féadfaidh na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann a gcuid tuairimí maidir le réamhthorthaí an Choimisiúin a chur isteach laistigh de theorainn ama a shocróidh an Coimisiún sna réamhthorthaí uaidh agus nach bhféadfaidh a bheith níos lú ná 21 lá. |

**Leasú 247**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Bunóidh an Coimisiún a chuid cinntí ar agóidí a raibh oibreoirí eacnamaíocha agus eagraíochtaí ionadaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann ábalta tuairimí a thabhairt ina leith. | 3. Bunóidh an Coimisiún a chuid cinntí ar agóidí a raibh oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann ábalta tuairimí a thabhairt ina leith, agus orthu sin amháin. |

**Leasú 248**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfar cearta cosanta an oibreora eacnamaíoch nó eagraíochtaí ionadaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann a urramú go hiomlán in aon imeacht. Beidh oibreoir eacnamaíoch nó eagraíochtaí ionadaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann i dteideal rochtain a fháil ar chomhad an Choimisiúin faoi théarmaí nochta idirbheartaithe, faoi réir leas dlisteanach na n-oibreoirí eacnamaíocha a rúin ghnó a chosaint. Ní áireofar leis an gceart rochtana ar an gcomhad faisnéis rúnda agus doiciméid inmheánacha de chuid an Choimisiúin nó de chuid údaráis na mBallstát. Ní áireofar leis an gceart rochtana comhfhreagras idir an Coimisiún agus údaráis na mBallstát go háirithe. Ní chuirfidh aon rud sa mhír seo cosc ar an gCoimisiún faisnéis a nochtadh agus a úsáid, ar faisnéis í atá riachtanach chun sárú a chruthú. | 4. Déanfar cearta cosanta an oibreora eacnamaíoch lena mbaineann a urramú go hiomlán in aon imeacht. Beidh an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann i dteideal rochtain a fháil ar chomhad an Choimisiúin faoi théarmaí nochta idirbheartaithe, faoi réir leas dlisteanach na n-oibreoirí eacnamaíocha a rúin ghnó a chosaint. Ní áireofar leis an gceart rochtana ar an gcomhad faisnéis rúnda agus doiciméid inmheánacha de chuid an Choimisiúin nó de chuid údaráis na mBallstát. Ní áireofar leis an gceart rochtana comhfhreagras idir an Coimisiún agus údaráis na mBallstát go háirithe. Ní chuirfidh aon rud sa mhír seo cosc ar an gCoimisiún faisnéis a nochtadh agus a úsáid, ar faisnéis í atá riachtanach chun sárú a chruthú. |

**Leasú 249**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leithdháileadh spriocdhírithe agus comhordaithe cúltacaí straitéiseacha | Dlúthpháirtíocht agus dáileadh comhordaithe cúltacaí straitéiseacha |

**Leasú 250**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír -1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***-1. I gcás ganntanas earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a dhéanann difear do Bhallstát amháin nó níos mó, féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann fógra a thabhairt don Choimisiún ina leith agus na cainníochtaí is gá agus aon fhaisnéis ábhartha eile a chur in iúl. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis chuig na húdaráis inniúla uile agus déanfaidh sé comhordú fhreagairtí na mBallstát a chuíchóiriú.*** |

**Leasú 251**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás nach leor na cúltacaí straitéiseacha a chomhdhéanann na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 12 chun freastal ar na riachtanais a bhaineann le héigeandáil sa Mhargaidh Aonair, féadfaidh an Coimisiún, agus aird á tabhairt aige ar an tuairim a thug an grúpa comhairleach, a mholadh do na Ballstáit na cúltacaí straitéiseacha a dháileadh ar bhealach spriocdhírithe, i gcás inar féidir, ag féachaint don ghá nach gcuirfear isteach tuilleadh ar an Margadh Aonair, lena n-áirítear i limistéir gheografacha a dtéann an cur isteach sin i gcion go mór orthu agus i | I gcás nach leor na cúltacaí straitéiseacha a chomhdhéanann na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 8a chun freastal ar na riachtanais a bhaineann le héigeandáil sa mhargadh inmheánach, féadfaidh an Coimisiún, agus aird chuí á tabhairt aige ar an tuairim a thug an Bord, a mholadh do na Ballstáit na cúltacaí straitéiseacha a dháileadh ar bhealach spriocdhírithe, i gcás inar féidir, ag féachaint don ghá nach gcuirfear isteach tuilleadh ar an margadh inmheánach, lena n-áirítear i limistéir gheografacha a dtéann an cur isteach sin i gcion go mór orthu agus i gcomhréir le |

| | |
|---|---|
| gcomhréir le prionsabail an riachtanais, na comhréireachta agus na dlúthpháirtíochta agus úsáid is éifeachtúla as cúltacaí a bhunú d'fhonn deireadh a chur le héigeandáil sa Mhargadh Aonair. | prionsabail an riachtanais, na comhréireachta agus na dlúthpháirtíochta agus an úsáid is éifeachtúla as cúltacaí a bhunú d'fhonn deireadh a chur le héigeandáil sa mhargadh inmheánach. |

**Leasú 252**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Bearta chun infhaighteacht agus soláthar earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a áirithiú | Bearta chun infhaighteacht agus soláthar earraí nó seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a áirithiú |

**Leasú 253**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh an Coimisiún, nuair a mheasann sé go bhfuil baol ann go mbeidh ganntanas earraí atá ábhartha i gcás géarchéime ann, a mholadh do na Ballstáit bearta sonracha a chur chun feidhme chun atheagrú éifeachtúil na slabhraí soláthair agus na línte táirgeachta a áirithiú agus chun stoic atá ann cheana a úsáid chun infhaighteacht agus soláthar earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a mhéadú a luaithe is féidir. | 1. Féadfaidh an Coimisiún, nuair a mheasann sé go bhfuil baol ann go mbeidh ganntanas earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime ann, agus tuairim an Bhoird á cur san áireamh, a mholadh do na Ballstáit bearta sonracha a dhéanamh, lena n-áirítear chun slabhraí soláthair agus línte táirgthe éifeachtúla a áirithiú. |

**Leasú 254**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) éascaíocht a dhéanamh ar mhéadú nó athrú cuspóra na n-acmhainní | (a) méadú nó athrú cuspóra na n-acmhainneachtaí táirgeachta atá ann |

| | |
|---|---|
| táirgeachta atá ann cheana, nó ar bhunú acmhainní nua táirgeachta le haghaidh earraí atá ábhartha i gcás géarchéime; | cheana, nó bunú acmhainneachtaí nua táirgeachta le haghaidh earraí nó seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a éascú; |

**Leasú 255**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) saorghluaiseacht seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a éascú.*** |

**Leasú 256**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Cuid V – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Soláthar | Soláthar poiblí |

**Leasú 257**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Cuid V – Caibidil I – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Soláthar earraí agus seirbhísí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo agus earraí atá ábhartha i gcás géarchéime ag an gCoimisiún thar ceann na mBallstát le linn modhanna faireachais agus éigeandála | Soláthar poiblí earraí agus seirbhísí ríthábhachtacha agus earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime ag an gCoimisiún thar ceann na mBallstát le linn modhanna faireachais agus éigeandála |

**Leasú 258**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh dhá Bhallstát nó níos mó | 1. Féadfaidh dhá Bhallstát nó níos mó |

| | |
|---|---|
| a iarraidh ar an gCoimisiún soláthar a sheoladh thar ceann na mBallstát ar mian leo go ndéanfadh an Coimisiún ("na Ballstáit rannpháirteacha") ionadaíocht ar a son, chun earraí agus seirbhísí lena mbaineann tábhacht straitéiseach agus a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 9 (1) nó earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime agus a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 14 (5) a cheannach. | a iarraidh ar an gCoimisiún soláthar a sheoladh thar ceann na mBallstát ar mian leo go ndéanfadh an Coimisiún (‘na Ballstáit rannpháirteacha’) ionadaíocht ar a son, chun earraí agus seirbhísí ríthábhachtacha agus a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 9(1) nó earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime agus a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 14(5) a cheannach. |

**Leasú 259**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar fhóntas, ar riachtanas agus ar chomhréireacht an iarratais. I gcás nach bhfuil rún ag an gCoimisiún an t-iarratas a chomhlíonadh, cuirfidh sé na Ballstáit lena mbaineann agus an grúpa comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 4 ar an eolas faoin méid sin, agus luafaidh sé na cúiseanna ar dhiúltaigh sé an t-iarratas. | 2. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis an mBord, measúnú ar riachtanas agus ar chomhréireacht an iarratais dá dtagraítear i mír 1 gan mhoill. I gcás nach bhfuil rún ag an gCoimisiún an t-iarratas sin a chomhlíonadh, cuirfidh sé na Ballstáit lena mbaineann agus an Bord ar an eolas faoin méid sin, agus luafaidh sé na cúiseanna ar dhiúltaigh sé an t-iarratas. |

**Leasú 260**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina n-aontódh an Coimisiún comhaontú a thabhairt i gcrích thar ceann na mBallstát, dréachtóidh sé togra le haghaidh creat-chomhaontú a bheidh le tabhairt i gcrích leis na Ballstáit rannpháirteacha lena gceadófar don Choimisiún comhaontú a thabhairt i gcrích ar a son. Leagfar síos leis an gcomhaontú sin na coinníollacha mionsonraithe maidir | 3. I gcás ina n-aontóidh an Coimisiún soláthar a dhéanamh thar ceann na mBallstát, déanfaidh sé an méid seo a leanas: |

leis an soláthar thar ceann na mBallstát rannpháirteach dá dtagraítear i mír 1.

***(a) na Ballstáit uile agus an Bord a chur ar an eolas faoin rún atá aige an nós imeachta soláthair a chur i gcrích agus iarraidh ar na Ballstáit leasmhara a bheith rannpháirteach ann;***

***(b)*** togra a dhréachtú le haghaidh creat-chomhaontú a bheidh le tabhairt i gcrích leis na Ballstáit rannpháirteacha lena gceadófar don Choimisiún soláthar a dhéanamh thar a gceann. Leagfar síos leis an gcomhaontú sin na coinníollacha mionsonraithe maidir leis an soláthar, lena n-áirítear socruithe praiticiúla, rialacha cinnteoireachta agus na cainníochtaí atá beartaithe, thar ceann na mBallstát rannpháirteach dá dtagraítear i mír 1.

**Leasú 261**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. I gcás nach bhfuil an Coimisiún in ann an conradh a dhámhachtain ar oibreoir eacnamaíoch oiriúnach, cuirfidh sé na Ballstáit ar an eolas láithreach ina leith ionas gur féidir leo a bpróisis soláthair féin a thionscnamh gan mhoill.*** |

**Leasú 262**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Bunófar leis an gcomhaontú [dá dtagraítear in Airteagal 34(3) sainordú caibidlíochta don Choimisiún chun gníomhú mar chomhlacht lárnach ceannaigh le haghaidh earraí agus seirbhísí | 1. Bunófar leis an gcomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 34(3), pointe (b), sainordú caibidlíochta, lena n-áireofar gnéithe amhail critéir dhámhachtana agus conas a dhéanfar tairiscintí a mheasúnú, |

| | |
|---|---|
| ábhartha lena mbaineann tábhacht straitéiseach nó le haghaidh earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime thar ceann na mBallstát rannpháirteach trí chonarthaí nua a thabhairt i gcrích. | ionas go ngníomhóidh an Coimisiún mar chomhlacht lárnach ceannaigh le haghaidh earraí agus seirbhísí ábhartha ríthábhachtacha nó le haghaidh earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime thar ceann na mBallstát rannpháirteach trí chonarthaí nua a thabhairt i gcrích. |

**Leasú 263**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcomhréir leis an gcomhaontú, féadfaidh an Coimisiún a bheith i dteideal, thar ceann na mBallstát rannpháirteach, conarthaí a dhéanamh le hoibreoirí eacnamaíocha, lena n-áirítear táirgeoirí aonair earraí agus seirbhísí lena mbaineann tábhacht straitéiseach nó earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime, maidir le hearraí agus seirbhísí den sórt sin a cheannach. | 2. I gcomhréir leis an gcomhaontú sin, féadfaidh an Coimisiún a bheith i dteideal, thar ceann na mBallstát rannpháirteach, conarthaí a dhéanamh le hoibreoirí eacnamaíocha, lena n-áirítear táirgeoirí aonair earraí agus seirbhísí ríthábhachtacha nó earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime, maidir le hearraí agus seirbhísí den sórt sin a cheannach. |

**Leasú 264**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Féadfaidh ionadaithe an Choimisiúin nó saineolaithe arna n-ainmniú ag an gCoimisiún cuairteanna a thabhairt ar an láthair ag láithreacha saoráidí táirgthe earraí ábhartha lena mbaineann tábhacht straitéiseach nó earraí atá ábhartha i gcás géarchéime.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 265**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Iarrfaidh an Coimisiún ar na Ballstáit rannpháirteacha ionadaithe a cheapadh chun páirt a ghlacadh in ullmhú na nósanna imeachta soláthair.*** |

**Leasú 266**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 36 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfar clásal a chuimsiú sna conarthaí ina sonrófar go bhféadfaidh Ballstát nach raibh rannpháirteach sa nós imeachta soláthair bheith ina pháirtí sa chonradh nuair a shíneofar é, agus leagfar amach go mionchruinn an nós imeachta chun é sin a dhéanamh agus na héifeachtaí a bheidh i gceist leis. | 2. ***Déanfar*** clásal a chuimsiú sna conarthaí ina sonrófar go bhféadfaidh Ballstát nach raibh rannpháirteach sa nós imeachta soláthair, ***faoi réir chomhaontú thromlach na mBallstát rannpháirteach,*** a bheith ina pháirtí sa chonradh nuair a shíneofar é, agus leagfar amach go mionchruinn an nós imeachta chun é sin a dhéanamh agus na héifeachtaí a bheidh i gceist leis. |

**Leasú 267**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás inar gá soláthar comhpháirteach a dhéanamh idir an Coimisiún agus údarás conarthach amháin nó níos mó ó na Ballstáit i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in Airteagal 165(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, féadfaidh na Ballstáit na hacmhainní arna soláthar go comhpháirteach a fháil, a fháil ar cíos nó a léasú ina n-iomláine. | ***1.*** Féadfaidh an Coimisiún agus údarás conarthach amháin nó níos mó ó na Ballstáit páirt a ghlacadh, mar pháirtithe conarthacha, i nós imeachta soláthair chomhpháirtigh arna dhéanamh de bhun Airteagal 165(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 d'fhonn earraí atá ábhartha i gcás géarchéime nó earraí agus seirbhísí ríthábhachtacha a cheannach laistigh de thréimhse ama réasúnta. |

**Leasú 268**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Maidir le páirt a ghlacadh sa nós imeachta soláthair chomhpháirtigh, beidh cead ag na Ballstáit uile agus, de mhaolú ar Airteagal 165(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, ag Stáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa agus ag tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas chomh maith le Prionsacht Andóra, Prionsacht Mhonacó, Poblacht San Mairíne agus Stát Chathair na Vatacáine, go háirithe i gcás ina bhforáiltear don mhéid sin go sonrach i gconradh déthaobhach nó iltaobhach.*** |

**Leasú 269**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Roimh an nós imeachta soláthair chomhpháirtigh, beidh comhaontú maidir le soláthar comhpháirteach idir na páirtithe chun na socruithe praiticiúla lena rialaítear an nós imeachta sin agus an próiseas cinnteoireachta a chinneadh a mhéid a bhaineann le roghnú an nós imeachta, conas a dhéanfar na tairiscintí a mheasúnú agus na critéir chun an conradh a dhámhachtain, i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais.*** |

**Leasú 270**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1c. Beidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas maidir leis an nós imeachta soláthair chomhpháirtigh:*** |
| | ***(a) ní bheidh tionchar diúltach aige ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh, ní idirdhealú ná srian ar an trádáil é ná ní bheidh sé ina chúis le saobhadh iomaíochta;*** |
| | ***(b) ní bheidh aon tionchar díreach airgeadais aige ar bhuiséad na dtíortha dá dtagraítear i mír 1a nach bhfuil rannpháirteach sa nós imeachta soláthair chomhpháirtigh.*** |

**Leasú 271**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 1 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1d. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi na nósanna imeachta soláthair chomhpháirtigh arna ndéanamh i gcomhréir leis an Airteagal seo agus, arna iarraidh sin, tabharfaidh sé rochtain ar na conarthaí a thabharfar i gcrích mar thoradh ar na nósanna imeachta sin, faoi réir cosaint leordhóthanach faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de, lena n-áirítear rúin ghnó, caidreamh tráchtála agus leasanna an Aontais. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis in iúl do Pharlaimint na hEorpa maidir le doiciméid íogaire i gcomhréir le hAirteagal 9(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001.*** |

**Leasú 272**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Nuair a ghníomhachtófar modh éigeandála an Mhargaidh Aonair de bhun Airteagal 14, rachaidh na Ballstáit i gcomhairle lena chéile agus leis an gCoimisiún agus déanfaidh siad comhordú ar a ngníomhaíochtaí leis an gCoimisiún agus le hionadaithe na mBallstát eile sa ghrúpa comhairleach sula seolfar soláthar earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime, ar earraí agus seirbhísí iad a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 14 (5), i gcomhréir le Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55]. | Nuair a ghníomhachtófar modh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh de bhun Airteagal 14, rachaidh na Ballstáit i gcomhairle le chéile agus leis an gCoimisiún agus déanfaidh siad comhordú ar a ngníomhaíochtaí leis an gCoimisiún agus le hionadaithe na mBallstát eile sa Bhord sula seolfar soláthar earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime, ar earraí agus seirbhísí iad a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 14(5), i gcomhréir le Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55]. ***Féadfaidh an Bord moltaí a eisiúint maidir le comhordú na ngníomhaíochtaí sin*** |
| [55] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65). | [55] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65). |

**Leasú 273**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás gur gníomhachtaíodh modh éigeandála an Mhargaidh Aonair de bhun Airteagal 16 agus inar seoladh soláthar ag an gCoimisiún thar ceann na mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 34 go hAirteagal 36, ní bhfaighidh údaráis chonarthacha na mBallstát rannpháirteach earraí ná seirbhísí a chumhdaítear leis an soláthar sin ar mhodh eile. | I gcás inar gníomhachtaíodh modh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh de bhun Airteagal 14 agus inar seoladh soláthar ag an gCoimisiún thar ceann na mBallstát i gcomhréir le hAirteagail 34 go 36, ní bhfaighidh údaráis chonarthacha na mBallstát rannpháirteach earraí ná seirbhísí a chumhdaítear leis an soláthar sin ar mhodh eile, seachas sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 34(3a). ***Measfar aon chonradh soláthair a thabharfar i gcrích de shárú ar an Airteagal seo a bheith ar neamhní.*** |

**Leasú 274**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 40*** | ***scriosta*** |
| ***Cosaint sonraí pearsanta*** | |
| ***1. Beidh an Rialachán seo gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát maidir lena bpróiseáil sonraí pearsanta faoi Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 agus faoi Threoir 2002/58/CE maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach, nó oibleagáidí an Choimisiúin agus, i gcás inarb iomchuí, institiúidí agus comhlachtaí eile an Aontais, maidir lena bpróiseáil sonraí pearsanta faoi Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725, agus a bhfreagrachtaí á gcomhlíonadh acu.*** | |
| ***2. Ní dhéanfar sonraí pearsanta a phróiseáil ná a chur in iúl ach amháin i gcásanna ina bhfuil géarghá leis sin chun críocha an Rialacháin seo. I gcásanna den sórt sin, beidh feidhm ag coinníollacha Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 agus Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 de réir mar is iomchuí.*** | |
| ***3. I gcás nach bhfuil géarghá le sonraí pearsanta a phróiseáil chun na sásraí a bhunaítear leis an Rialachán seo a chomhlíonadh, déanfar sonraí pearsanta anaithnid sa dóigh nach mbeidh an t-ábhar sonraí inaitheanta.*** | |

**Leasú 275**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Cuid V a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***Cuid Va*** |
| | ***Uirlisí digiteacha*** |

**Leasú 276**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – teideal**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| Uirlisí digiteacha | Forálacha ginearálta maidir le huirlisí digiteacha |

**Leasú 277**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 1**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| Féadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit uirlisí digiteacha idir-inoibritheacha nó bonneagair TF a bhunú a thacóidh le cuspóirí an Rialacháin seo. Féadfar uirlisí nó bonneagair den sórt sin a fhorbairt lasmuigh den thréimhse Éigeandála sa Mhargadh Aonair. | *1.* Faoin ... [6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit uirlisí digiteacha idir-inoibritheacha nó bonneagair TF, ar uirlisí nó bonneagair iad lena dtacaítear le cuspóirí an Rialacháin seo, a chur ar bun, a chothabháil agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta. Forbrófar na huirlisí nó na bonneagair sin lasmuigh d'fhad na héigeandála sa mhargadh inmheánach chun freagairt ar bhealach tráthúil éifeachtúil d'éigeandálaí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. ***Áireofar orthu sin, inter alia, uirlisí digiteacha caighdeánaithe, slána agus éifeachtacha chun faisnéis a bhailiú agus a mhalartú ar bhealach slán chun críocha Airteagal 7a, faisnéis fíor-ama faoi shrianta náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 41a, lánaí tapa dá dtagraítear in Airteagal 41b agus ardán na ngeallsealbhóirí dá dtagraítear in Airteagal 41c.*** |

**Leasú 278**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leagfaidh an Coimisiún amach, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, gnéithe teicniúla na n-uirlisí nó na mbonneagar sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(2). | ***2.*** Leagfaidh an Coimisiún amach, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, gnéithe teicniúla na n-uirlisí nó na mbonneagar sin agus úsáid á baint, i gcás inar féidir, as uirlisí nó tairseacha TF atá ann cheana, amhail An Eoraip Agatsa. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(2). |

**Leasú 279**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Déanfaidh na Ballstáit faisnéis a mhalartú go rialta leis an gCoimisiún agus eatarthu féin maidir le gach ábhar a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo trí bhealach slán cumarsáide.*** |

**Leasú 280**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 41a*** |
| | ***Faisnéis fíor-ama faoi shrianta náisiúnta*** |
| | ***Cuirfidh an Coimisiún suíomh gréasáin poiblí tiomnaithe ar bun ina mbeidh faisnéis ó na Ballstáit faoi na srianta náisiúnta dá bhforáiltear i ndlíthe,*** |

***rialacháin nó forálacha riaracháin na mBallstát, ar tugadh fógra don Choimisiún ina leith de bhun Airteagal 19, lena n-áirítear faisnéis faoina raon feidhme agus faoina bhfad. Áireofar ar an suíomh gréasáin poiblí tiomnaithe léarscáil idirghníomhach ina mbeidh faisnéis fíor-ama ábhartha faoi na srianta náisiúnta sin.***

**Leasú 281**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 41b*** |
| | ***Lánaí tapa*** |
| | ***1. Bunóidh an Coimisiún lánaí tapa arb é is aidhm dóibh saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus oibrithe a éascú, go háirithe earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime. Go háirithe, soláthróidh an Coimisiún teimpléid ábhartha nó foirmeacha aonair digiteacha dearbhaithe, clárúcháin nó údaraithe le haghaidh gníomhaíochtaí trasteorann, go háirithe le haghaidh seirbhísí gairmiúla i réimse an chúraim sláinte, na suiteála, na cothabhála agus an deisiúcháin, na tógála, an bhia agus na talmhaíochta chun dlús a chur le nósanna imeachta dearbhaithe, clárúcháin nó údaraithe, lena n-áirítear cáilíochtaí gairmiúla a aithint nó oibrithe a phostú. Beidh na teimpléid nó na foirmeacha digiteacha sin ar fáil saor in aisce i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, agus beidh siad bailí i ngach Ballstát.*** |
| | ***2. Más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais, go bhfuil srianta teorann tugtha isteach ag na Ballstáit, cuirfidh an Coimisiún na lánaí tapa a*** |

***bunaíodh ag trasnuithe teorann in iúl, lena n-áirítear, i gcás inar féidir, faisnéis fíor-ama, chun saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine a éascú.***

**Leasú 282**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 41c*** |
| | ***Ardán na ngeallsealbhóirí maidir le cásanna éigeandála agus athléimneacht*** |
| | ***1. Bunóidh an Coimisiún ardán na ngeallsealbhóirí chun idirphlé agus comhpháirtíochtaí earnáilsonracha a éascú trí phríomh-gheallsealbhóirí a thabhairt le chéile, eadhon ionadaithe oibreoirí eacnamaíocha, comhpháirtithe sóisialta, taighdeoirí agus an tsochaí shibhialta. Beidh sé d'aidhm ag an ardán sin oibreoirí eacnamaíocha a spreagadh chun treochláir dheonacha a dhréachtú mar fhreagairt ar éigeandáil sa mhargadh inmheánach. Go háirithe, cuirfidh an t-ardán sin feidhmiúlacht ar fáil a chuirfidh ar chumas geallsealbhóirí leasmhara an méid seo a leanas a dhéanamh:*** |
| | ***(a) gníomhaíochtaí deonacha a léiriú a bhfuil gá leo chun freagairt go rathúil d'éigeandáil sa mhargadh inmheánach;*** |
| | ***(b) comhairle eolaíoch, tuairimí nó tuarascálacha a chur ar fáil ar cheisteanna a bhaineann le géarchéim;*** |
| | ***(c) rannchuidiú le malartú faisnéise agus dea-chleachtas.*** |
| | ***2. Cuirfidh an Coimisiún agus an Bord torthaí an idirphlé agus na gcomhpháirtíochtaí earnáilsonracha san áireamh, chomh maith le haon ionchur ábhartha a sholáthróidh geallsealbhóirí i gcomhréir le mír 1, i gcur chun feidhme*** |

***an Rialacháin seo.***

**Leasú 283**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 42 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuideoidh an Coiste um an Ionstraim Éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair leis an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. | 1. Tabharfaidh an Coiste um Chásanna Éigeandála agus Athléimneacht an Mhargaidh Inmheánaigh cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. |

**Leasú 284**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 42 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Sula nglacfar aon ghníomh cur chun feidhme de bhun an Rialacháin seo, agus a phráinn á cur san áireamh, foilseoidh an Coimisiún dréacht de agus iarrfaidh sé ar na páirtithe leasmhara uile a mbarúlacha a thíolacadh laistigh de thréimhse ama réasúnta.*** |

**Leasú 285**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo nó aon dáta eile arna leagan síos ag na comhreachtóirí. | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na |

| | |
|---|---|
| | tréimhse 5 bliana, tuarascáil a dhréachtú maidir le tarmligean na cumhachta. ***Déanfar síneadh a chur go hintuigthe le tarmligean na cumhachta go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.*** |

**Leasú 286**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 6 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar síneadh 3 mhí a chur leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.*** |

**Leasú 287**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tuairisciú agus athbhreithniú | Tuarascáil, athbhreithniú agus meastóireacht |

**Leasú 288**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. De réir [OP: cuir isteach an dáta = cúig bliana i ndiaidh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le feidhmiú na pleanála teagmhasaí, faireachais, agus an chórais um fhreagairt éigeandála don Mhargadh Aonair ag moladh aon fheabhsúchán, más gá, agus, i gcás inarb iomchuí, beidh tograí reachtacha ábhartha ag gabháil léi. | 1. Faoin ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar éifeachtacht an Rialacháin seo agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Áireofar sa tuarascáil sin, go háirithe, meastóireacht ar an méid seo a leanas: |
| | ***(a) obair an Bhoird, chomh maith lena chuid oibre i ndáil le hobair comhlachtaí bainistithe géarchéime ábhartha eile ar leibhéal an Aontais;*** |
| | ***(b) na tástálacha struis, an oiliúint agus na prótacail ghéarchéime, dá dtagraítear sa Rialachán seo;*** |
| | ***(c)*** na critéir chun an modh éigeandála, dá dtagraítear in Airteagal 13, a ghníomhachtú; |
| | ***(d) na huirlisí digiteacha arna gcur i bhfeidhm i gcomhréir le Cuid Va;*** |
| | Beidh tograí reachtacha ábhartha ag gabháil leis an tuarascáil sin, i gcás inarb iomchuí. |

**Leasú 289**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, tar éis gach uaire a dhéanfar an modh éigeandála a*** |

| | |
|---|---|
| | ***dhíghníomhachtú, maidir le feidhmiú an chórais práinnfhreagartha maille le moltaí i dtaobh feabhais, más gá. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil sin, go háirithe, ar thionchar na mbeart éigeandála ar na cearta bunúsacha a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, eadhon ar an tsaoirse fiontraíochta, ar an tsaoirse chun fostaíocht a lorg agus chun obair a dhéanamh, agus ar an gceart chun cómhargála agus chun caingne, lena n-áirítear an ceart dul ar stailc.*** |

**Leasú 290**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Chun críoch mhír 1, soláthróidh an Bord agus údaráis inniúla na mBallstát an fhaisnéis uile a bheidh ar fáil don Choimisiún arna iarraidh sin dó.*** |

**Leasú 291**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Aisghairm*** | ***Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 2679/98*** |

**Leasú 292**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déantar Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle a aisghairm le héifeacht ón | Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle mar a leanas: |

[dáta].

***(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:***

***'Leis an Rialachán seo, ní dhéanfar aon difear d'fheidhmiú na gceart bunúsach mar a aithnítear iad sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear an ceart nó an tsaoirse dul ar stailc nó chun caingean a ghlacadh a chumhdaítear leis na córais shonracha caidrimh thionsclaíoch atá sna Ballstáit, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus/nó leis an gcleachtas náisiúnta. Ná ní dhéanfar difear leis don cheart chun comhaontuithe comhchoiteanna a chaibidil, a thabhairt i gcrích agus a fhorfheidhmiú nó chun gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus/nó leis an gcleachtas náisiúnta.';***

***(2) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:***

***'Airteagal 5a***

***1. I gcás ina ndéanfar modh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh dá dtagraítear in Airteagal 14 de Rialachán .../2023 [IMERA] a ghníomhachtú, scoirfidh Airteagail 3, 4 agus 5 den Rialachán seo d'fheidhm a bheith acu ar feadh fhad an mhodha sin.***

***2.*** Tá mír 1 gan dochar d'aon oibleagáid a eascraíonn as an Rialachán seo roimh ghníomhachtú an mhodha éigeandála i gcomhréir le [Rialachán IMERA].'.

**Leasú 293**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Teacht i bhfeidhm | Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm |

**Leasú 294**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón ... [6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** |

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

### 1. Réamhrá

An 19 Meán Fómhair 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach an togra le haghaidh 'Ionstraim Éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair' (SMEI) agus dhá thogra reachtacha ina raibh leasuithe spriocdhírithe ar reachtaíocht earnálach. Le SMEI, soláthraítear creat ginearálta le haghaidh fhreagairt AE ar ghéarchéimeanna sa mhargadh inmheánach agus comhlánaítear sásraí earnáilsonracha freagartha eile ar ghéarchéimeanna amhail Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus creataí géarchéime earnáilsonracha i réimse na sláinte, na leathsheoltóirí nó na slándála bia.

Dréachtaíodh SMEI mar fhreagairt ar ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh le linn phaindéim COVID-19, nuair a chuir dúnadh *ad hoc* aontaobhach teorainneacha isteach ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus oibrithe, agus ina ndearnadh an cur isteach ar an slabhra soláthair níos measa. Mar thoradh ar an ngéarchéim nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, bhí freagairt tosaigh na mBallstát anordúil, rud a léirigh easpa comhordaithe agus dlúthpháirtíochta, agus tugadh isteach srianta gan údar, gan a n-éifeacht uafásach ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh á chur san áireamh go hiomlán. Foráiltear leis an ionstraim nua do chreat rialachais géarchéime cothrománach chun a áirithiú go bhfanfaidh an margadh inmheánach oscailte agus go mbeidh slabhraí soláthair níos athléimní.

### 2. An Dréacht-Tuarascáil

Tacaíonn an Rapóirtéir go hiomlán le cuspóir an Rialacháin maidir le saorghluaiseacht earraí, oibrithe agus seirbhísí a choimirciú. Ag an am céanna, creideann an Rapóirtéir go bhfuil athléimneacht ríthábhachtach chun a áirithiú go mbainfidh an margadh inmheánach a sprioc dheiridh amach, is é sin tacú le geilleagar AE. Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir **an teideal a athrú go 'An Gníomh um Chásanna Éigeandála agus Athléimneacht an Mhargaidh Inmheánaigh' (IMERA) agus athruithe breise a thabhairt isteach chun athléimneacht an Aontais a neartú**. Is díol sásaimh don Rapóirtéir cur chuige IMERA maidir le saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus oibrithe a chaomhnú. Le linn phaindéim COVID-19, bhí na cearta atá ag oibrithe agus ag cuideachtaí, mar a chumhdaítear sna Conarthaí iad, teoranta go díréireach. Ba mhaith leis an Rapóirtéir a thabhairt chun suntais nach gcuirtear saoirsí na gConarthaí ar fionraí le linn géarchéimeanna: ba mhinic a chuir srianta aontaobhacha ar shaorghluaiseacht bac ar an bhfreagairt ar ghéarchéimeanna, amhail soghluaisteacht oibrithe sláinte, soghluaisteacht soláthraithe seirbhíse cothabhála innealra ospidéil nó infhaighteacht soláthairtí bia a theorannú. Dá bhrí sin, leagann an Rapóirtéir béim ar an ról tábhachtach a bhí ag 'lánaí tapa' le linn na paindéime agus cuireann sé i bhfios go láidir gur cheart don ionstraim nua na bearta sin a fhorbairt tuilleadh.

Le linn phaindéim COVID-19 agus fhreagairt AE ar chogadh neamhdhleathach na Rúise san Úcráin, comhlánaíodh na freagairtí ar ghéarchéimeanna faoi stiúir an rialtais leis na coigeartuithe tapa a rinne cuideachtaí ar a slabhraí soláthair agus a línte táirgthe. Creideann an Rapóirtéir nach mór d'idirghabhálacha sa mhargadh a bheith ina rogha dheiridh i gcónaí, agus go bhfuil sásraí margadhbhunaithe amhail soláthar agus comhar idir an rialtas agus an tionscal níos fearr, níos tapúla agus níos éifeachtúla mar fhreagairtí ar ghéarchéimeanna.

I bhfianaise na mbreithnithe sin, neartaíonn an Rapóirtéir roinnt gnéithe, go háirithe maidir le

hathléimneacht agus saorghluaiseacht oibrithe, earraí agus seirbhísí. Ag an am céanna, tá sé ag iarraidh a áirithiú, le linn géarchéime, go rialaíonn spiorad an chomhair agus na dlúthpháirtíochta an caidreamh idir rialtais agus cuideachtaí atá sásta cuidiú.

**2.2 Athléimneacht le linn an mhodha teagmhais**

**Creideann an Rapóirtéir nach mór go méadófar athléimneacht na slabhraí soláthair le IMERA trí chomhar idir gnólachtaí, an Coimisiún agus na Ballstáit a chothú ar bhonn deonach.** Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna na ngníomhaithe uile a áirithiú trí thástálacha struis débhliantúla, oiliúint agus prótacail ghéarchéime lena mbaineann ní hamháin na húdaráis náisiúnta ábhartha uile, ach geallsealbhóirí amhail gnólachtaí, comhpháirtithe sóisialta agus saineolaithe freisin.

Tá eolas agus acmhainní ríthábhachtacha ag cuideachtaí le haghaidh freagairtí ar ghéarchéimeanna, mar a léiríodh le paindéim COVID-19. Tá an Rapóirtéir den tuairim nach mór cuimsiú cuideachtaí a bheith ina dhlúthchuid d'aon sásra freagartha ar ghéarchéimeanna. Is mian leis an Rapóirtéir rannpháirtíocht níos mó cuideachtaí a chothú trí chead a thabhairt dóibh comhairle a chur ar fáil maidir le bearta géarchéime trí ardán ar líne. Ina theannta sin, chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí coiteanna earnáilsonracha ar an leibhéal Eorpach, ba cheart don Choimisiún tástálacha struis a dhéanamh ar bhonn deonach sa slabhra soláthair, agus ar an gcaoi sin deis a thabhairt don Choimisiún agus do ghnólachtaí araon dea-chleachtais a fhorbairt maidir le hathléimneacht an tslabhra soláthair.

Creideann an Rapóirtéir nach mór aird níos buaine a thabhairt ar chúltacaí straitéiseacha maidir le hathléimneacht an Aontais a mhéadú, agus go bhfuil gá le comhar méadaithe agus malartú dea-chleachtas idir an Coimisiún agus na Ballstáit. Ag an am céanna, tugann an Rapóirtéir dá aire go bhfuil baol ann go dtiocfadh méadú ar an nganntanas, go n-ardófaí praghsanna, a dhéanfadh difear don iomaíocht agus do chothrom iomaíochta, agus go n-éireodh an staid níos measa mar gheall ar chruthú comhthimthriallach cúltacaí le linn an 'Mhodha Faireachais' nó an 'Mhodha Éigeandála'. Ina theannta sin, éilíonn cúltacaí straitéiseacha caidrimh sheanbhunaithe idir oibreoirí eacnamaíocha agus socruithe riaracháin a bhaineann go sonrach le gach earnáil. Is fearr is féidir leis na Ballstáit é sin a bhaint amach toisc go bhfuil sásraí seanbhunaithe acu cheana féin chun cúltacaí straitéiseacha a riar. Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir ról buan a thabhairt don Choimisiún maidir le comhordú, malartú faisnéise agus cur chun cinn na dlúthpháirtíochta a áirithiú idir na Ballstáit i dtaca le cúltacaí straitéiseacha a riar, agus, ag an am céanna, deireadh a chur leis an gcumhachtú chun stoc-chairn éigeantacha a fhorordú le linn an 'Mhodha Faireachais'.

**2.3 Modh Éigeandála**

Creideann an Rapóirtéir, le linn géarchéime, nach mór go leagfar béim le IMERA ar **shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus oibrithe a choimirciú mar a chumhdaítear sna conarthaí, go háirithe i gcás éigeandálaí**. Molann an Rapóirtéir gur cheart na gnéithe den chéad chaibidil den mhodh éigeandála a neartú agus a ailíniú leis na conarthaí agus leis an gcásdlí. Ina theannta sin, is mian leis an Rapóirtéir níos mó aird a tharraingt ar staid na réigiún teorann toisc gurb iad na réigiúin sin is mó atá thíos le srianta ar an tsaorghluaiseacht. Dá bhrí sin, ba mhaith leis díriú ar shainmhíniú uilíoch ar 'obair ón mbaile'.

Dar leis an Rapóirtéir, tá ról lárnach ag cuideachtaí agus fórsaí an mhargaidh in aon fhreagairt ar ghéarchéimeanna sa Mhargadh Inmheánach. Cé go bhfeiceann sé go bhfuil gá le horduithe

lena mbaineann rátáil tosaíochta, molann sé feabhsuithe chun saoirse bhreise a thabhairt do chuideachtaí agus chun níos mó deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú. Ós rud é go ndearna cuideachtaí beart de réir a mbriathair in ainneoin gníomhaíochtaí neamhchomhordaithe ag údaráis phoiblí le linn na paindéime, molann an Rapóirtéir iarratais níos teoranta agus níos deonaí ar fhaisnéis. Ina theannta sin, chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar, cuireann an Rapóirtéir feabhas ar na rialacha lena rialaítear úsáid sonraí agus cosaint rún trádála agus gnó, agus úsáid maoine intleachtúla. Thairis sin, molann an Rapóirtéir gnéithe nós imeachta chun a áirithiú go mbeidh orduithe lena mbaineann rátáil tosaíochta ina rogha dheiridh i gcónaí agus nach gcuirfidh siad inmharthanacht eacnamaíoch cuideachtaí i mbaol. Agus ag meabhrú dó go raibh ualach trom ar chuideachtaí le linn phaindéim COVID-19, molann an Rapóirtéir coigeartuithe a dhéanamh ar na córais smachtbhannaí chun an t-ioncam níos ísle is dócha a ghinfear le linn géarchéime a léiriú.

Measann an Rapóirtéir gur gá dlúthpháirtíocht a bheith ann ionas go n-áiritheofar iontaoibh fhrithpháirteach agus, i ndeireadh na dála, saorghluaiseacht réidh earraí, seirbhísí agus oibrithe. Dá bhrí sin, molann sé sásra trína bhféadfaidh na Ballstáit glao ar dhlúthpháirtíocht a sheoladh i gcás ganntanas earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime. Le linn phaindéim COVID-19 agus mar thoradh ar shrianta ar onnmhairiú agus soláthar comhpháirteach, cuireadh Ballstáit an Aontais i gcoimhlint le comharsana atá ar aon intinn leo agus a raibh earraí atá ábhartha i gcás géarchéime de dhíth orthu freisin. Chun na cásanna sin a sheachaint amach anseo agus chun dlúthpháirtíocht na hEorpa a neartú, molann an Rapóirtéir, maidir le páirt a ghlacadh sa nós imeachta soláthair chomhpháirtigh, go mbeidh cead ag Andóra, Monacó agus San Mairíne, ag tíortha is iarrthóirí ar aontachas agus ag tíortha de chuid Limistéar Saorthrádála na hEorpa.

### 2.3 Uirlisí digiteacha agus nósanna imeachta riaracháin a chomhchuibhiú

Le linn phaindéim COVID-19 agus mar thoradh ar cheanglais agus nósanna imeachta riaracháin a bhí éagsúil ó thír go tír maidir le dul isteach i mBallstát eile, cuireadh mearbhall mór agus frustrachas ar shaoránaigh, go háirithe oibrithe agus soláthraithe seirbhíse, go háirithe i réigiúin teorann. **Dá bhrí sin, feictear don Rapóirtéir nach mór don Choimisiún uirlisí digiteacha a fhorbairt láithreach, ar uirlisí iad a bheidh cosúil leis an deimhniú rathúil idir-inoibritheach COVID-19 chun feidhmiú 'lánaí tapa' le haghaidh earraí agus seirbhísí ríthábhachtacha a ráthú.** Ní mór don Choimisiún tairseach dhigiteach a chur ar fáil, lena gcumhdófar gach foirm chlárúcháin nó údaraithe le haghaidh gníomhaíochtaí trasteorann, go háirithe i gcás dearbhuithe atá ábhartha i gcás géarchéime a bheidh cosúil le Deimhnithe COVID-19, agus le haghaidh seirbhísí gairmiúla atá ábhartha i gcás géarchéime chun dlús a chur le nósanna imeachta údaraithe, clárúcháin nó dearbhaithe.

### 2.4 Rialachas

Le COVID-19, léiríodh an tábhacht a bhaineann le dea-chomhar idir na rialtais uile i margadh inmheánach an Aontais, ach a thábhachtaí atá grinnscrúdú parlaiminteach freisin. Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir **go mbunófar an grúpa comhairleach ar ghrúpa saineolaithe faoi chuimsiú na rialacha seanbhunaithe do na grúpaí sin, rud a thabharfaidh ról rannpháirtíochta níos buaine do Pharlaimint na hEorpa agus do thíortha LEE/CSTE mar bhreathnóirí**. I bhfianaise chineál ginearálta IMERA, molann an Rapóirtéir freisin feabhas a chur ar na príomhshainmhínithe, rud a mhéadóidh deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht.

**3. Tograí a ghabhann leis**

Molann an Rapóirtéir athruithe spriocdhírithe ar an dá thogra a ghabhann leis chun a áirithiú go n-éascófar saorghluaiseacht earraí comhchuibhithe agus neamh-chomhchuibhithe ar fud AE. Maidir leis na hionstraimí géarchéime atá ar fáil don Choimisiún, molann an Rapóirtéir sásra a chur ar fáil freisin chun táirgí neamh-chomhchuibhithe a chur ar an margadh go tapa, rud a chuirfeadh le hinfhaighteacht trealaimh cosanta pearsanta sábháilte le linn phaindéim COVID-19. Thairis sin, chun cuideachtaí a dhreasú chun dlús a chur leis an táirgeadh le linn géarchéime, molann an Rapóirtéir díol leanúnach earraí arna gcur ar an margadh faoi nósanna imeachta éigeandála a cheadú ar feadh tréimhse theoranta ama tar éis dheireadh na héigeandála sa mhargadh aonair, gan cur isteach ar shábháilteacht na dtáirgí.

Creideann an Rapóirtéir gur cheart go bhfeabhsófaí go príomha le IMERA athléimneacht an mhargaidh inmheánaigh, lena n-áiritheofaí comhordú leanúnach idir na Ballstáit agus lena n-áiritheofaí ullmhacht le haghaidh géarchéimeanna gan choinne i gcónaí. Dá bhrí sin, le linn géarchéime, ní mór go bhfanfaidh an Margadh Inmheánach ar oscailt agus feidhmiúil agus go ndéanfaidh sé tomhaltóirí, oibrithe agus gnólachtaí araon a chosaint ar éigeandálaí.

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Déantar an liosta seo a leanas a tharraingt suas ar bhonn deonach amháin faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara. Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú [na dréacht-tuarascála / na tuarascála, go dtí go nglacfar sa choiste í]:

| **Eintiteas agus/nó** |
|---|
| Affordable Medicines Europe |
| APPLiA - Home Appliance Europe |
| BDA - Bundesvereinigung der Deutschen Arbeitgeberverbände e.V. |
| BDI - Bundesverband der Deutschen Industry e.V. |
| Business Europe |
| BWL - Bundesamt für wirtschaftliche Landesversorgung der Schweiz |
| Dutch Ministry of Economic Affairs |
| Eurochambres |
| Eurocommerce |
| France Industrie |
| Germany Ministry of Climate and Economics |
| Independent Retail Europe |
| Mission of the United Kingdom to the European Union |
| NESA - National Emergency Supply Agency of Finland |
| Orgalim |
| Prof. Dr. iur. Jan Bergmann |
| SME United |

15.6.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THIONSCLAÍOCHT, UM THAIGHDE AGUS UM FHUINNEAMH

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim éigeandála don Mhargadh Aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle
(COM(2022)0459 – C9-0315/2022 – 2022/0278(COD))

Rapóirtéir don tuairim (*): Eva Maydell

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

## RÉASÚNÚ GEARR

**1. Réamhrá**

Chruthaigh géarchéim COVID-19 agus cogadh neamhdhleathach na Rúise san Úcráin dúshláin uathúla don Aontas. Agus an Eoraip ag teacht amach as an ngéarchéim, féachann sí le ceachtanna a fhoghlaim agus sásraí a chur i bhfeidhm chun déileáil le géarchéim, agus chun géarchéim a chosc agus chun ullmhúchán a dhéanamh di.

D’fhéadfadh géarchéimeanna iolracha a theacht as ngéarchéimeanna: bagairt don bheatha, dochar eacnamaíoch, srianta ar shaoirse gluaiseachta, damáiste don iomaíochas, agus leochaileachtaí don ord poiblí. Dá bhrí sin, is é is aidhm don ‘Ionstraim Éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair’ bearta agus fóraim a sholáthar le haghaidh comhar agus malartú faisnéise níos fearr idir na Ballstáit agus oibreoirí eacnamaíocha.

**2. An Dréacht-Tuairim**

Tá an Margadh Aonair ar cheann de na príomhéachtaí agus de na príomh-shócmhainní a baineadh amach i stair an Aontais Eorpaigh, agus cruthaíodh leis conair go dtí rathúnas agus fás do go leor Ballstát. Tacaíonn an Rapóirtéir go hiomlán leis an gcuspóir uirlisí a sholáthar don Mhargadh Aonair chun athléimneacht agus cosaint níos fearr a áirithiú – ‘is teip ar ullmhú ullmhú le teip’.

Ó thaobh na géarchéime de, is fearr cosc na leigheas i gcónaí. Dá bhrí sin, cuireann sé seo béim ar leith ar ról an Ghrúpa Chomhairligh maidir le forbhreathnú a sholáthar agus comhairliúchán leathan éifeachtach a dhéanamh le hionadaithe oibreoirí eacnamaíocha, eagraíochtaí geallsealbhóirí agus saineolaithe. Cabhróidh cur chuige den sórt sin leis an Margadh Aonair a chumasú chun a thráchtearra is luachmhaire a chosaint agus a áirithiú – na ceithre shaoirse.

Tá sé ríthábhachtach go soláthrófar leis an Rialachán creat soiléir agus beacht beart a dhíreoidh ar chomhar, cumarsáid agus ullmhacht a mhéadú i measc na mBallstát agus oibreoirí eacnamaíocha. Caithfidh sé a chabhrú le leanúnachas gnó a áirithiú, cur isteach tionsclaíoch a theorannú, agus a áirithiú gur rogha dheiridh é lámh láidir na hidirghabhála margaidh.

Le haon bhearta a ghlacfar, caithfear a áirithiú go gcuideoidh siad le feidhmiú an Mhargaidh Aonair a chosaint, agus an tAontas a chumasú le bheith iomaíoch, nuálaíoch, solúbtha agus ina áit tharraingteach le hinfheistíocht a dhéanamh. I gcomhréir le hinniúlachtaí an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamhigh (ITRE), dhírigh an Rapóirtéir ar na hAirteagail seo a leanas:

**A: Gníomhachtú**

Tá soiléireacht, beachtas agus comhréireacht fíor-riachtanach do na Ballstáit, d'oibreoirí eacnamaíocha, agus d'oibrithe maidir leis na bearta faireachais agus éigeandála.

Ba cheart an modh faireachais a chur i ngníomh a luaithe a bhíonn fianaise shoiléir agus bonn cirt leis. I bhfianaise na mbeart tromchúiseach atá le déanamh le linn na céime seo, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go bhfuil srianta agus ceartúcháin i bhfeidhm agus an modh á ghníomhachtú – lena n-áirítear rannpháirtíocht an Ghrúpa Chomhairligh, dréachtú Tuarascáil um Chosaint ón nGéarchéim don Mhargadh Aonair agus, más gá, vóta.

Ba cheart go ndéanfadh deireadh an mhodha faireachais foráil freisin le haghaidh machnaimh, chun feabhas a chur ar a úsáid sa todhchaí. Dá bhrí sin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh. Teastaíonn breis soiléireachta agus coimircí maidir leis an bpróiseas cinnteoireachta chun an Modh Faireachais a shíneadh nó a dhíghníomhachtú. Tá sé seo ríthábhachtach go háirithe nuair a úsáidtear an síneadh mar bheart coisctheach i ndáil le spreagadh an Chreata Éigeandála, nó má tá gá le deireadh a chur leis an Modh Faireachais go luath. Chun comhleanúnachas a áirithiú, tá an Rapóirtéir tar éis Airteagail 9 agus 10 a chumasc.

**B: Cúltacaí straitéiseacha**

I bhfianaise an tionchair a d'fhéadfadh a bheith tromchúiseach agus suntasach ar an Margadh Aonair, ar shaorthrádáil, agus ar leanúnachas gnó ó thaobh cúltacaí straitéiseacha a fhorbairt, tá iarracht déanta ag an Rapóirtéir srianta agus ceartúcháin thábhachtacha a chur san áireamh.

Ba cheart go mbeadh ról níos mó ag an nGrúpa Comhairleach chun cur chuige sruthlínithe, cumarsáideach agus comhoibríoch a áirithiú maidir le forbairt cúltaca straitéiseacha. Is fearr is féidir dlúthpháirtíocht agus gníomhaíocht éifeachtach a áirithiú trí oiread trédhearcachta agus comhréireachta agus is féidir a áirithiú sna gníomhaíochtaí a dhéantar.

Tugann an Rapóirtéir isteach airteagal nua maidir le 'Pleanáil Fhadtéarmach um Chúltacaí Straitéiseacha'. Baineann an fhoráil seo úsáid as nós imeachta athbhreithnithe chun moltaí a sholáthar maidir lena riachtanaí agus a úsáidí a bheadh sé dá mbunódh na Ballstáit agus an Coimisiún plean fadtéarmach chun cúltaca buan nó céimnithe earraí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo a chothabháil. Cabhróidh sé seo le ganntanais sa todhchaí a chosc agus le gníomhachtú an mhodha faireachais nó géarchéime.

**C: Orduithe a bhfuil Rátáil Tosaíochta ag baint leo agus Soláthar**

D’fhéadfadh go mbeadh ócáidí ann ina mbeidh gá le horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo. Tá sé bunriachtanach, áfach, go mbeadh próiseas soiléir ann lena gcosnaítear sláine an Mhargaidh Aonair, sláinte eacnamaíoch na n-oibreoirí eacnamaíocha, agus iomaíochas an Aontais amach anseo.

Nuair a iarrtar orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo, tá sé ríthábhachtach gur rogha dheiridh iad. Ní mór aird iomlán agus chuí a thabhairt ar chumas na n-oibreoirí eacnamaíocha an t-ordú a chur i gcrích agus ar an tionchar a bheidh aige orthu.

I bhfianaise na hidirghabhála suntasacha margaidh a léirítear le horduithe tosaíochta, tá sé ríthábhachtach go mbeadh an ceart ag oibreoirí eacnamaíocha éisteacht a fháil, agus go mbeadh ról níos mó maidir le grinnscrúdú, formheas agus réiteach easaontais, don Ghrúpa Comhairleach agus d’oibreoirí eacnamaíocha.

**D: Uirlis Dhigiteach**

Is é an cuspóir go dtacóidh uirlisí digiteacha le cuspóirí an Rialacháin seo. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go n-áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear acmhainní agus buiséad leordhóthanacha ar fáil do na cúraimí sin, agus go gcuirfear leibhéil arda cosanta sonraí agus cibearshlándála i bhfeidhm.

Ba cheart díriú a bheith ann freisin ar idir-inoibritheacht agus inúsáidteacht, go háirithe do FBManna agus do shaoránaigh.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Ba cheart creat na mbeart a leagtar amach faoin Rialachán seo a dháileadh ar bhealach comhleanúnach, trédhearcach, éifeachtúil, comhréireach agus tráthúil, agus aird chuí á tabhairt ar an ngá atá le feidhmeanna ríthábhachtacha na sochaí a choimeád, lena n-áirítear an tslándáil phoiblí, an tsábháilteacht, an t-ord poiblí nó an tsláinte phoiblí a urramú, ar an bhfreagracht ar na Ballstáit an tslándáil náisiúnta a chosaint agus ar an gcumhacht | (8) Ba cheart creat na mbeart a leagtar amach faoin Rialachán seo a dháileadh ar bhealach comhleanúnach, trédhearcach, éifeachtúil, comhréireach agus tráthúil, agus aird chuí á tabhairt ar an ngá atá le feidhmeanna ríthábhachtacha na sochaí a choimeád, lena n-áirítear an tslándáil phoiblí, an tsábháilteacht, an t-ord poiblí nó an tsláinte phoiblí a urramú, ar an bhfreagracht ar na Ballstáit an tslándáil náisiúnta a chosaint agus ar an gcumhacht |

| | |
|---|---|
| atá acu feidhmeanna riachtanacha stáit eile a chosaint, lena n-áirítear iomláine chríochach an Stáit a áirithiú agus an dlí agus an t-ord a chaomhnú. | atá acu feidhmeanna riachtanacha stáit eile a chosaint, lena n-áirítear iomláine chríochach an Stáit a áirithiú agus an dlí agus an t-ord a chaomhnú. ***Níor cheart go gcuirfeadh an Rialachán srian ar bhearta náisiúnta maidir leis an mbeartas slándála agus cosanta. Ní mór cumais chosanta náisiúnta a chur san áireamh agus bearta comhréireacha á gcur i bhfeidhm i gcás géarchéime.*** |

**Leasú 2**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 – fleasc 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – na modhanna maidir le hinrochtaineacht thráthúil agus infhaighteacht na faisnéise atá riachtanach le haghaidh freagairt spriocdhírithe agus iompar leordhóthanach margaidh ag gnólachtaí agus saoránaigh le linn géarchéime. | – na modhanna maidir le hinrochtaineacht thráthúil agus infhaighteacht na faisnéise atá riachtanach le haghaidh freagairt spriocdhírithe agus iompar leordhóthanach margaidh ag gnólachtaí***, oibrithe*** agus saoránaigh le linn géarchéime. |

**Leasú 3**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(24a) ag cur béim ar a thábhachtaí atá an Grúpa Comhairleach maidir le fadbhreathnaitheacht straitéiseach a sholáthar agus comhairliúchán leathan cuimsitheach a dhéanamh le hoibreoirí eacnamaíocha, le comhpháirtithe sóisialta, le heagraíochtaí geallsealbhóirí agus le saineolaithe, chun críche géarchéim a chosc agus chun dul i ngleic léi.*** |

**Leasú 4**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Ina theannta sin, lena áirithiú go mbeidh earraí atá ábhartha i gcás géarchéime ar fáil le linn ***éigeandála*** sa Mhargaidh Aonair, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar na hoibreoirí eacnamaíocha a oibríonn i slabhraí soláthair i gcás géarchéime tús áite a thabhairt d'orduithe na n-ionchur is gá chun earraí deiridh i gcás géarchéime a tháirgeadh, nó d'orduithe na n-earraí deiridh sin féin. ***I gcás go ndiúltódh*** oibreoir eacnamaíoch ***glacadh le horduithe den sórt sin agus tús áite a thabhairt dóibh, i ndiaidh fianaise oibiachtúil a bheith ann go bhfuil infhaighteacht earraí atá ábhartha i gcás géarchéime fíor-riachtanach, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh a iarraidh ar na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann glacadh le horduithe áirithe agus tús áite a thabhairt dóibh, agus beidh tosaíocht ag a gcomhlíonadh leo sin ar aon oibleagáid eile faoin dlí príobháideach nó poiblí. I gcás nach nglacfar*** leis an ***iarratas, ba cheart don oibreoir lena mbaineann na*** cúiseanna dlisteanacha ***leis an iarratas a dhiúltú a mhíniú. Féadfaidh an Coimisiún an míniú réasúnaithe sin, nó codanna de, a phoibliú, agus aird chuí á tabhairt ar rúndacht ghnó.*** | (32) Ina theannta sin, lena áirithiú go mbeidh earraí atá ábhartha i gcás géarchéime ar fáil le linn ***na héigeandála*** sa Mhargaidh Aonair, féadfaidh an Coimisiún***, tar éis dó dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach,*** a iarraidh ar na hoibreoirí eacnamaíocha a oibríonn i slabhraí soláthair i gcás géarchéime tús áite a thabhairt d'orduithe na n-ionchur is gá chun earraí deiridh i gcás géarchéime a tháirgeadh, nó d'orduithe na n-earraí deiridh sin féin. ***Mura nglacfaidh*** oibreoir eacnamaíoch leis an ***ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, tabharfaidh siad*** cúiseanna dlisteanacha ***i dtaobh cén fáth nach féidir an iarraidh a dhéanamh.*** |

**Leasú 5**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a mhéid a bhaineann leis an bhféidearthacht bearta tacaíochta a ghlacadh chun saorghluaiseacht daoine a éascú, chun | (35) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a mhéid a bhaineann leis an bhféidearthacht bearta tacaíochta a ghlacadh chun saorghluaiseacht daoine a éascú, chun |

| | |
|---|---|
| liosta a bhunú ***de spriocanna aonair (cainníochtaí agus spriocdhátaí) le haghaidh na gcúltacaí straitéiseacha sin*** ar cheart do na Ballstáit iad a choinneáil, ionas go mbainfear na cuspóirí leis an tionscnamh amach. Thairis sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a mhéid a bhaineann leis an modh faireachais agus bearta faireachais a ghníomhachtú chun faireachán cúramach a dhéanamh ar na slabhraí soláthair straitéiseacha agus chun forbairt cúltacaí straitéiseacha d'earraí agus do sheirbhísí lena mbaineann tábhacht straitéiseach a chomhordú. Thairis sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a mhéid a bhaineann le bearta sonracha práinnfhreagartha a ghníomhachtú tráth a bheadh éigeandáil sa Mhargadh Aonair, chun freagairt thapa chomhordaithe a éascú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. | liosta ***de chúltacaí straitéiseacha*** a bhunú ar cheart do na Ballstáit iad a choinneáil, ionas go mbainfear na cuspóirí leis an tionscnamh amach. Thairis sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a mhéid a bhaineann leis an modh faireachais agus bearta faireachais a ghníomhachtú chun faireachán cúramach a dhéanamh ar na slabhraí soláthair straitéiseacha agus chun forbairt cúltacaí straitéiseacha d'earraí agus do sheirbhísí lena mbaineann tábhacht straitéiseach a chomhordú. Thairis sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a mhéid a bhaineann le bearta sonracha práinnfhreagartha a ghníomhachtú tráth a bheadh éigeandáil sa Mhargadh Aonair, chun freagairt thapa chomhordaithe a éascú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. |

**Leasú 6**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(39a) Éireoidh leis na huirlisí digiteacha, agus lena bhforbairt, má bheidh dlúthchomhar ann idir an Coimisiún agus na Ballstáit, chun a áirithiú go mbeidh ann d'idir-inoibritheacht na n-uirlisí sin ar fud an Aontais agus, i gcás inar féidir agus inar gá, do chomhéadan coiteann úsáideora a chomhtháthófar leis na seirbhísí atá ann cheana, amhail tairseach An Eoraip Agatsa.*** |

**Leasú 7**
**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ciallaíonn 'géarchéim' teagmhas eisceachtúil gan choinne, tobann, nádúrtha nó de dhéantús an duine de chineál agus de scála neamhghnách a tharlaíonn laistigh nó lasmuigh den Aontas***;*** | (1) ciallaíonn 'géarchéim' teagmhas eisceachtúil gan choinne, tobann, nádúrtha nó de dhéantús an duine de chineál agus de scála neamhghnách a tharlaíonn laistigh nó lasmuigh den Aontas ***a d'fhéadfadh éifeacht dhíobhálach a bheith aige sin ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair, lena n-áirítear cur isteach suntasach ar shlabhraí soláthair agus saorghluaiseacht earraí, caipitil, daoine agus seirbhísí.*** |

**Leasú 8**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) ciallaíonn 'oibreoir eacnamaíoch' an monaróir, an t-ionadaí údaraithe, an t-allmhaireoir, an dáileoir, an soláthraí seirbhíse nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile atá faoi réir oibleagáidí i ndáil le seirbhís a sholáthar nó táirgí a mhonarú, agus iad a chur ar fáil ar an margadh nó a chur i seirbhís;*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Article3a*** |
| | ***Idirphlé maidir le hÉigeandáil agus Athléimneacht*** |
| | ***Chun an t-idirphlé idir institiúidí an Aontais a fheabhsú, go háirithe idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, i ndáil le hathléimneacht agus freagairt éifeachtach ar ghéarchéimeanna agus*** |

***chun tuilleadh trédhearcachta agus cuntasachta a áirithiú, féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa a iarraidh ar Uachtarán na Comhairle agus ar an gCoimisiún teacht os comhair an choiste chun plé a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:***

***(a) malartuithe faisnéise faoi gach ábhar a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo;***

***(b) tuairimí, moltaí agus tuarascálacha arna nglacadh ag an nGrúpa Comhairleach;***

***(c) prótacail ghéarchéime agus a gcur chun feidhme agus an tionchar a bhíonn acu ar thionscal agus fógraí faoi theagmhais shuntasacha;***

***(d) gníomhachtú an mhodha faireachais, a shíneadh agus a dhíghníomhachtú, agus na bearta faireachais de bhun Chuid III den Rialachán seo, agus fógraí arna dtíolacadh ag na Ballstáit le linn an mhodha faireachais;***

***(e) toradh na tuarascála ar chosaint an mhargaidh inmheánaigh agus ar mheasúnuithe athléimneachta faoi Airteagal 9 den Rialachán seo.***

***(f) gníomhachtú an mhodha éigeandála, a shíneadh agus a dhíghníomhachtú, agus na bearta chun saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine a chaomhnú, a athbhunú agus a éascú;***

***(g) orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo de bhun Airteagal 27 den Rialachán seo;***

***(h) soláthar earraí agus seirbhísí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo agus earraí atá ábhartha i gcás géarchéime;***

***(i) aon tionscnaimh, cinntí nó bearta breise a dhéanfar faoin rialachán seo. 2.***

***Féadfaidh an coiste inniúil de Pharlaimint na hEorpa deis a thairiscint do Bhallstát lena mbaineann a bheith rannpháirteach i malartú tuairimí. 3.***

***Cuirfidh an Chomhairle agus an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas go tráthrialta maidir le chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.***

**Leasú 10**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh an grúpa comhairleach comhdhéanta d'ionadaí amháin ó gach Ballstát. Ainmneoidh gach Ballstát ionadaí agus ionadaí malartach. | 2. Beidh an grúpa comhairleach comhdhéanta d'ionadaí amháin ó gach Ballstát ***agus ionadaí de chuid Pharlaimint na hEorpa***. Ainmneoidh gach Ballstát ionadaí ***ardleibhéil*** agus ionadaí malartach. |

**Leasú 11**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh an Coimisiún cathaoirleacht ar an ngrúpa comhairleach agus áiritheoidh sé a rúnaíocht. Féadfaidh an Coimisiún ***a*** iarraidh ar ***ionadaí ar Pharlaimint na hEorpa, ar*** ionadaithe ar Stáit CSTE ***ar*** páirtithe conarthacha sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach ***Eacnamaíoch iad***, ar ionadaithe ***ar*** oibreoirí eacnamaíocha ***iad***, ar eagraíochtaí páirtithe leasmhara ***iad***, ar pháirtithe sóisialta agus ar shaineolaithe ***iad***, freastal ar chruinnithe an ghrúpa chomhairligh mar bhreathnóirí. Tabharfaidh sé cuireadh d'ionadaithe comhlachtaí eile atá ábhartha i gcás géarchéime ar leibhéal an Aontais mar bhreathnóirí chuig cruinnithe ábhartha an ghrúpa chomhairligh.<br><br>[49] IO L 1, 3.1.1994, lch. 3. | 3. Déanfaidh an Coimisiún cathaoirleacht ar an ngrúpa comhairleach agus áiritheoidh sé a rúnaíocht. Féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar ionadaithe ar Stáit CSTE ***is*** páirtithe conarthacha sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach ***Eacnamaíoch***[49] , ar ionadaithe ***is*** oibreoirí eacnamaíocha, ar eagraíochtaí ***is*** páirtithe leasmhara, ar pháirtithe sóisialta agus ar shaineolaithe, freastal ar chruinnithe an ghrúpa chomhairligh mar bhreathnóirí. Tabharfaidh sé cuireadh d'ionadaithe comhlachtaí eile atá ábhartha i gcás géarchéime ar leibhéal an Aontais mar bhreathnóirí chuig cruinnithe ábhartha an ghrúpa chomhairligh.<br><br>49 IO L 1, 3.1.1994, lch. 3. |

**Leasú 12**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) dul i gcomhairle le hionadaithe na n-oibreoirí eacnamaíocha, lena n-áirítear FBManna, agus ***le*** lucht tionscail chun faisnéis faoin margadh a bhailiú; | (c) dul i gcomhairle le hionadaithe na n-oibreoirí eacnamaíocha, lena n-áirítear FBManna, ***comhpháirtithe sóisialta*** agus lucht tionscail chun faisnéis faoin margadh a bhailiú; |

**Leasú 13**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(f) stór a choinneáil de bhearta géarchéime náisiúnta agus de bhearta an Aontais a úsáideadh i ngéarchéimeanna roimhe seo a raibh tionchar acu ar an Margadh Aonair agus ar a shlabhraí soláthair*** | ***scriosta*** |

**Leasú 14**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) Slabhraí soláthair, agus earraí agus seirbhísí géarchéime laistigh den Mhargadh Aonair a shainaithint a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo agus atá riachtanach chun gníomhaíochtaí ríthábhachtacha sochaíocha nó eacnamaíocha a choinneáil ar bun. Déanfar an cúram sin mar chuid den tuarascáil maidir le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus cosaint an mhargaidh aonair arna tarraingt suas in Airteagal 9.*** |

**Leasú 15**
**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Féadfaidh an grúpa comhairleach tuairimí, moltaí nó tuarascálacha a ghlacadh i gcomhthéacs a chúraimí a leagtar amach i mír 4 go mír 6. | 9. Féadfaidh an grúpa comhairleach tuairimí, moltaí nó tuarascálacha a ghlacadh i gcomhthéacs a chúraimí a leagtar amach i mír 4 go mír 6. ***Cuirfear miontuairiscí chruinnithe an Ghrúpa Chomhairligh ar fáil don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa a luaithe a bheidh siad formheasta.*** |

**Leasú 16**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***9a. Áiritheoidh an Grúpa Comhairleach rúndacht na faisnéise agus na sonraí a fhaightear agus a gcúraimí agus a ngníomhaíochtaí á ndéanamh acu ar bhealach a chosnóidh cearta maoine intleachtúla, sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, agus rúin trádála mar a shainmhínítear i ndlí an Aontais.*** |

**Leasú 17**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 9 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***9b. Chun an t-idirphlé idir institiúidí an Aontais a fheabhsú i gcomhthéacs Ionstraim Éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair, agus chun tuilleadh trédhearcachta, cuntasachta agus comhordaithe a áirithiú, féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa a iarraidh ar an gCoimisiún ina cháil mar Chathaoirleach ar an nGrúpa Comhairleach láithriú os comhair an choiste chun faisnéis a sholáthar maidir leis na hábhair uile a thagann faoi raon*** |

| | |
|---|---|
| | ***feidhme an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 18**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 9 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***9c. Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas go rialta maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 19**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) comhairliúchán le hionadaithe na n-oibreoirí eacnamaíocha agus na gcomhpháirtithe sóisialta, lena n-áirítear FBManna, maidir lena dtionscnaimh agus lena ngníomhaíochtaí chun suaití féideartha sa slabhra soláthair a mhaolú agus freagairt dó agus chun ganntanais ***fhéideartha*** earraí agus seirbhísí sa Mhargadh Aonair a shárú; | (b) comhairliúchán le hionadaithe na n-oibreoirí eacnamaíocha agus na gcomhpháirtithe sóisialta, lena n-áirítear FBManna, maidir lena dtionscnaimh agus lena ngníomhaíochtaí chun suaití féideartha sa slabhra soláthair a mhaolú agus freagairt dó agus chun ganntanais ***agus cur isteach féideartha*** earraí agus seirbhísí sa Mhargadh Aonair a shárú; |

**Leasú 20**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) líon na n-oibreoirí eacnamaíocha a mbaineann an cur isteach nó an cur isteach féideartha leo; | (a) líon na n-oibreoirí eacnamaíocha ***agus na n-oibrithe*** a mbaineann an cur isteach nó an cur isteach féideartha leo; |

**Leasú 21**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| 1. I gcás ina ***measann*** an Coimisiún***, agus an tuairim a thug an grúpa comhairleach á cur san áireamh aige,*** go bhfuil an bhagairt dá dtagraítear in Airteagal 3(2) ann, ***déanfaidh*** sé an modh faireachais a ghníomhachtú ***ar feadh uastréimhse*** sé mhí ***trí ghníomh cur chun feidhme. Beidh an méid seo a leanas san áireamh i ngníomh cur chun feidhme den sórt sin:*** | 1. I gcás ina ***bhfaighidh*** an Coimisiún ***amach*** go bhfuil an bhagairt dá dtagraítear in Airteagal 3***, pointe*** (2) ann, ***rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach agus cuirfidh*** sé ***fianaise nithiúil iontaofa ar fáil maidir leis*** an ***ngá atá leis an*** Modh Faireachais a ghníomhachtú***. Molfaidh an Coimisiún don Chomhairle an Modh Faireachais a ghníomhachtú go ceann*** sé mhí ***ar a mhéad.***<br><br>***Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an modh faireachais a ghníomhachtú trí bhíthin gníomh cur chun feidhme ón gComhairle.*** |

**Leasú 22**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an ngéarchéim;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 23**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) liosta de na hearraí agus na seirbhísí lena mbaineann tábhacht straitéiseach, agus*** | ***scriosta*** |

**Leasú 24**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(c) na bearta faireachais atá le déanamh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 25**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Glacfar an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 41(2).*** | ***scriosta*** |

**Leasú 26**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Ar ghníomhachtú an mhodha faireachais, beidh Tuarascáil ar Ullmhú Géarchéime agus ar Chosaint an Mhargaidh Aonair, arna tarraingt suas ag an gCoimisiún agus ag an nGrúpa Comhairleach, ag gabháil leis an ngníomh cur chun feidhme ón gComhairle.*** <br> ***Leagfar amach sa tuarascáil:*** <br> ***(a) an fáth a bhfuil an ghéarchéim ríthábhachtach don Aontas agus dá Bhallstáit;*** <br> ***(b) riachtanas agus comhréireacht an mhodha faireachais;*** <br> ***(c) an tionchar a bhfuiltear ag dréim leis ar an Margadh Aonair agus an tréimhse ama sula n-iompóidh an bhagairt ina hÉigeandáil sa Mhargadh Aonair;*** <br> ***(d) an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an ngéarchéim ar chearta bunúsacha, ar an tsláinte phoiblí agus ar an tslándáil phoiblí;*** <br> ***(e) an costas agus na hacmhainní a mheastar a bheidh ag teastáil le linn an mhodha faireachais;*** <br> ***(f) liosta de na hearraí agus seirbhísí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo agus a bhfuil baol ann go gcuirfear*** |

| | |
|---|---|
| | ***isteach go mór ar a bhfeidhmiú agus/nó a soláthar;*** |
| | ***(g) na moltaí sonracha maidir le bearta coisctheacha agus bearta feabhais;*** |
| | ***(h) na Ballstáit is dóchúla a ndéanfaidh an ghéarchéim difear dóibh;*** |
| | ***(i) tionchar na mbeart a glacadh ar oibrithe agus ar shaoránaigh;*** |
| | ***(j) tríú tíortha a bhfuil baint acu leis an slabhra soláthair reatha atá faoi bhagairt.*** |
| | ***Cuirfear an tuarascáil ar fáil do Pharlaimint na hEorpa gan moill mhíchuí.*** |

**Leasú 27**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Más gá agus más comhréireach, agus má tá na cúiseanna leis an modh faireachais a ghníomhachtú de bhun Airteagal 9(1) fós bailí, molfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach, don Chomhairle go gcuirfear síneadh sé mhí leis an modh faireachais ar feadh uastréimhse sé mhí. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an modh faireachais a leathnú trí bhíthin gníomh cur chun feidhme ón gComhairle.*** |

**Leasú 28**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2c. Déanfar Tuarascáil bhreise ar Ullmhú Géarchéime agus Cosaint an Mhargaidh Aonair a ullmhú gach uair a chuirfear síneadh leis an modh faireachais. Ní chuirfear síneadh níos mó*** |

| | |
|---|---|
| | ***ná dhá uair leis an modh faireachais. Ní fhormheasfar síneadh an mhodha faireachais ach amháin ar bhonn fianaise shoiléir maidir le riachtanas agus comhréireacht an tsínidh.*** |

**Leasú 29**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2d. Agus an modh faireachais á leathnú, tabharfar aird ar leith ar cibé an gá cúlchistí straitéiseacha a fhorbairt a thuilleadh, agus an bhféadfadh síneadh an mhodha faireachais cuidiú le gníomhachtú an mhodha éigeandála a sheachaint. Tá gníomhachtú an mhodha éigeandála le húsáid mar rogha dheiridh.*** |

**Leasú 30**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2e. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an ngrúpa comhairleach, nach ann don bhagairt dá dtagraítear in Airteagal 3(2) a thuilleadh, maidir le roinnt beart faireachais nó maidir le gach ceann de na bearta faireachais nó maidir le roinnt de na hearraí agus na seirbhísí nó maidir leo ar fad, molfaidh an Coimisiún don Chomhairle modh faireachais an Mhargaidh Aonair a dhíghníomhachtú. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an modh faireachais a dhíghníomhachtú trí bhíthin gníomh cur chun feidhme ón gComhairle.*** |

**Leasú 31**
**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 2 f (nua))**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2f. Tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis dheireadh an mhodha faireachais, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid an Ghrúpa Chomhairligh ina sonrófar na ceachtanna a foghlaimíodh ó na bearta a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar an Éigeandáil sa Mhargadh Aonair. Úsáidfear an tuarascáil chun críche an athbhreithnithe dá bhforáiltear in Airteagal 44. Déanfaidh an Coimisiún na critéir maidir leis an bhfaireachán dá dtagraítear in Airteagal 11 a thabhairt cothrom le dáta freisin, chun torthaí na tuarascála sin a léiriú.*** <br> ***Déanfar measúnú sa tuarascáil freisin ar an ngá atá le pleanáil fhadtéarmach um chúltacaí straitéiseacha. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil seo ar fáil don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa.*** |

**Leasú 32**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 g (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2g. Chun an méid trédhearcachta agus cuntasachta is mó is féidir a áirithiú, féadfaidh na coistí ábhartha de chuid Pharlaimint na hEorpa a iarraidh ar na 'Coimisinéirí freagracha' faisnéis a chur i láthair faoin dul chun cinn atá déanta maidir leis an modh faireachais agus faoina bhfuil sa 'tuarascáil ar ullmhú géarchéime agus Cosaint an Mhargaidh Aonair'.*** |

**Leasú 33**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 h (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2h. Sula nglacfar aon ghníomh cur chun feidhme de bhun an Rialacháin seo, agus ag cur a phráinne san áireamh, iarrfaidh an Chomhairle ar Pharlaimint na hEorpa a mbarúlacha a thíolacadh laistigh de thréimhse ama réasúnach.*** |

**Leasú 34**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 10*** | ***scriosta*** |
| ***Síneadh agus díghníomhachtú*** | |
| ***1. Féadfaidh an Coimisiún, má mheasann sé go bhfuil na cúiseanna leis an modh faireachais a ghníomhachtú de bhun Airteagal 9(1) fós bailí, agus an tuairim a thug an grúpa comhairleach á cur san áireamh aige, an modh faireachais a shíneadh ar feadh uastréimhse sé mhí trí ghníomh cur chun feidhme.*** | |
| ***2. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, agus an tuairim a thug an grúpa comhairleach á cur san áireamh aige, nach bhfuil an bhagairt dá dtagraítear in Airteagal 3(2) ann a thuilleadh, i ndáil le cuid de na bearta faireachais nó leis na bearta faireachais go léir nó i ndáil le cuid de na hearraí agus na seirbhísí, nó i ndáil leis na hearraí agus na seirbhísí go léir, déanfaidh sé an modh faireachais a dhíghníomhachtú go hiomlán nó go páirteach trí ghníomh cur chun feidhme.*** | |
| ***3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(2).*** | |

**Leasú 35**
**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh an Coimisiún, ***as*** measc na n-earraí ***lena mbaineann*** tábhacht straitéiseach a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 9(1), na hearraí sin a ***bhféadfadh sé go gcaithfí cúltacaí a fhorbairt*** ina leith a ***shainaithint*** chun ullmhú ***d'***éigeandáil sa Mhargadh Aonair a ***bhaint amach***, agus dóchúlacht agus tionchar na nganntanas á gcur san áireamh. Cuirfidh an Coimisiún na ***Ballstáit ar an eolas faoi sin***. | Féadfaidh an Coimisiún, ***tar éis dó dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach, leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha, agus i gcás inarb iomchuí agus inar gá, le tríú tíortha, i*** measc na n-earraí ***a bhfuil*** tábhacht straitéiseach ***leo*** a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 9(1), na hearraí sin a ***shainaithint a bhfuil ganntanas indéanta*** ina leith ***agus*** a ***d'fhéadfadh a bheith riachtanach do na Ballstáit cúlchiste a thógáil*** chun ullmhú ***le haghaidh*** éigeandáil sa Mhargadh Aonair***, nó í*** a ***chosc***, agus dóchúlacht agus tionchar na nganntanas á gcur san áireamh. Cuirfidh an Coimisiún ***an fhaisnéis sin ar fáil do Bhallstáit, don Chomhairle agus do Pharlaimint*** na ***hEorpa***. |

**Leasú 36**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfaidh an Coimisiún a cheangal, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ar*** na Ballstáit faisnéis ***a sholáthar faoi*** na hearraí a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 9(1), ***a mhéid a bhaineann le gach ceann díobh*** seo a leanas: | ***Cuirfidh*** na Ballstáit faisnéis ***ar fáil don Choimisiún agus don Ghrúpa Comhairleach maidir leis*** na hearraí a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 9(1), ***maidir leis na nithe uile*** seo a leanas: |

**Leasú 37**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***an stoc*** reatha ina gcríoch; | (a) ***cúltacaí*** reatha ina gcríoch; |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) ganntanais atá ann cheana agus ganntanais a bhfuiltear ag dréim leo;*** |

**Leasú 39**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ab) pleananna atá ann cheana nó pleananna atá ar feitheamh chun cúltacaí a mhéadú;*** |

**Leasú 40**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ac) gníomhaíochtaí atá ann cheana chun cúltacaí a mhéadú;*** |

**Leasú 41**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***aon cheannachán*** breise a ***d'fhéadfaí a*** dhéanamh; | (b) ***an fhéidearthacht atá ann ceannachán*** breise a dhéanamh; |

**Leasú 42**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ***aon rogha maidir le soláthar malartach***; | (c) ***roghanna le haghaidh earraí malartacha soláthair nó ionadacha***; |

**Leasú 43**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(d) faisnéis bhreise a d'fhéadfadh infhaighteacht earraí den sórt sin a áirithiú.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 44**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana le Ballstát eile maidir le soláthar;*** |

**Leasú 45**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 1 – pointe d b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(db) comhaontuithe nó oibleagáidí atá ann cheana le tríú tíortha maidir le soláthar na n-earraí atá liostaithe;*** |

**Leasú 46**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 1 – pointe d c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(dc) an t-éileamh reatha ar sholáthar;*** |

**Leasú 47**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 1 – pointe d d (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(dd) an t-éileamh ionchasach ar sholáthar sa ghearrthéarma agus sa mhéantéarma;*** |

**Leasú 48**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 1 – pointe d e (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(de) Ganntanais reatha nó féideartha lucht saothair a bhaineann le táirgeadh na n-earraí a liostaítear;*** |

**Leasú 49**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 1 – pointe d f (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(df) Na costais agus an tionchar airgeadais agus sochaíoch a mheastar a bhaineann le cúlchiste de na hearraí a liostaítear a thógáil do na Ballstáit agus d'oibreoirí eacnamaíocha araon, agus go háirithe do FBManna;*** |

**Leasú 50**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 1 – pointe d g (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(dg) an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine.*** |

**Leasú 51**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú*

***Sonrófar sa ghníomh cur chun feidhme na hearraí a bhfuil faisnéis le tabhairt ina leith.***

***scriosta***

**Leasú 52**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú*

***Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún leibhéal na gcúltacaí straitéiseacha d'earraí lena mbaineann tábhacht straitéiseach atá ina seilbh acu, agus leibhéil na stoc eile de na hearraí sin atá ina seilbh ina gcríoch.***

***scriosta***

**Leasú 53**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú*

***Déileálfar le faisnéis rúnda i gcomhréir le treoirlínte agus dlíthe AE atá ann cheana.***

**Leasú 54**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú*

3. Agus aird chuí á tabhairt ar stoic atá i seilbh oibreoirí eacnamaíocha nó á gcarnach acu ar a gcríoch, déanfaidh na Ballstáit a ndícheall cúltacaí straitéiseacha a fhorbairt de na hearraí lena mbaineann tábhacht straitéiseach a shainaithnítear i gcomhréir le mír 1. Tabharfaidh an Coimisiún tacaíocht do na Ballstáit lena n-iarrachtaí a chomhordú agus a chuíchóiriú.

3. Agus aird chuí á tabhairt ar stoic atá i seilbh oibreoirí eacnamaíocha nó á gcarnach acu ar a gcríoch, déanfaidh na Ballstáit a ndícheall***, nuair is gá agus is féidir ó thaobh na teicneolaíochta agus na heacnamaíochta de,*** cúltacaí straitéiseacha a fhorbairt de na hearraí lena mbaineann tábhacht straitéiseach a shainaithnítear i gcomhréir le mír 1. ***I gcás ina n-iarrfaidh na Ballstáit é,*** tabharfaidh an Coimisiún tacaíocht do na Ballstáit lena n-iarrachtaí a

| | |
|---|---|
| | chomhordú agus a chuíchóiriú. |

**Leasú 55**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I gcás inar ***féidir forbairt cúltacaí straitéiseacha earraí lena mbaineann tábhacht straitéiseach a shainaithnítear de bhun mhír 1 a dhéanamh níos éifeachtaí trí chuíchóiriú a dhéanamh i measc na mBallstát***, féadfaidh an Coimisiún, ***trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme***, liosta ***a dhréachtú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta*** de spriocanna aonair ***maidir leis na cainníochtaí agus na spriocdhátaí*** do na ***cúltacaí straitéiseacha sin ar cheart do na*** Ballstáit ***iad a choimeád***. Agus na spriocanna aonair á leagan amach do gach Ballstát, cuirfidh an Coimisiún an méid seo a leanas san áireamh: | 4. I gcás ***inarb iomchuí agus*** inar ***gá***, féadfaidh an Coimisiún, ***tar éis dó dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach***, liosta de spriocanna aonair ***molta a bhunú*** do na Ballstáit. Agus na spriocanna aonair á leagan amach do gach Ballstát, cuirfidh an Coimisiún ***agus*** an ***Grúpa Comhairleach an*** méid seo a leanas san áireamh: |

**Leasú 56**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) leibhéal stoic reatha na ***n-oibreoirí*** eacnamaíocha agus na gcúltacaí straitéiseacha ar fud an Aontais***, agus aon fhaisnéis maidir le gníomhaíochtaí leanúnacha na n-oibreoirí eacnamaíocha chun a gcuid stoc a mhéadú***; | (b) leibhéal stoic reatha na ***n-oibreoirí*** eacnamaíocha agus na gcúltacaí straitéiseacha ar fud an Aontais; |

**Leasú 57**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 4 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag na Ballstáit agus ar fud an Aontais*** |

***chun stoic a mhéadú;***

**Leasú 58**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 4 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) na costais ***a bhaineann le*** cúltacaí straitéiseacha ***dá leithéid*** a fhorbairt agus a choimeád**.** | (c) Na costais ***airgeadais ar na Ballstáit maidir leis na*** cúltacaí straitéiseacha ***sin*** a fhorbairt agus a choimeád***;*** |

**Leasú 59**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 4 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) Na costais airgeadais agus an tionchar diúltach ar oibreoirí eacnamaíocha;*** |

**Leasú 60**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 4 – pointe c b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cb) an tionchar ar iomaíochas an Aontais, ar infheistíocht isteach sa Mhargadh Aonair, agus ar oibreoirí eacnamaíocha sa Bhallstát sin.*** |

**Leasú 61**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas go tráthrialta faoi staid reatha a gcúltacaí straitéiseacha. I gcás ina mbeidh na spriocanna aonair dá dtagraítear i mír 4 bainte amach ag Ballstát, cuirfidh sé an | 5. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ***agus an Grúpa Comhairleach*** ar an eolas go tráthrialta ***agus, i gcás inar gá sin ag eatramh comhaontaithe,*** faoi staid reatha a gcúltacaí straitéiseacha. I gcás ina mbeidh |

Coimisiún ar an eolas má ***bhíonn aon stoc*** de na hearraí ***lena mbaineann*** ar fáil dó de bhreis ar a sprioc***. Míneoidh na Ballstáit nach*** bhfuil na spriocanna ***aonair*** bainte amach ***ag a gcúltacaí na cúiseanna leis sin don Choimisiún. Éascóidh*** an Coimisiún an ***comhar idir na Ballstáit a bhfuil a spriocanna bainte amach acu cheana féin agus na Ballstáit eile***.

na spriocanna aonair dá dtagraítear i mír 4 bainte amach ag Ballstát, cuirfidh sé an Coimisiún ***agus an Grúpa Comhairleach*** ar an eolas má ***tá aon stoic*** de na hearraí ***atá i gceist*** ar fáil dó de bhreis ar a sprioc ***nó mura*** bhfuil na spriocanna ***atá beartaithe acu*** bainte amach***.I gcás inar gá agus inar comhréireach, cuirfidh*** an Coimisiún ***agus*** an ***Grúpa Comhairleach moltaí ar fáil maidir le conas aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh atá fágtha***.

**Leasú 62**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***I gcás go dteipfidh go mór ar bhonn leanúnach ar chúltacaí straitéiseacha Ballstáit na spriocanna aonair dá dtagraítear i mír 4 a bhaint amach agus nach mbeidh oibreoirí eacnamaíocha ar a chríoch ábalta an t-easnamh sin a chúiteamh, féadfaidh an Coimisiún, as a stuaim féin nó arna iarraidh sin do 14 Bhallstát, measúnú a dhéanamh ar an ngá le bearta breise a ghlacadh chun cúltacaí straitéiseacha earraí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo arna sainaithint de bhun mhír 1 a fhorbairt.*** | ***scriosta*** |
| ***I ndiaidh measúnú den sórt sin, i gcás go ndeimhneoidh an Coimisiún, le tacaíocht ó shonraí oibiachtúla, an méid seo a leanas*** | |
| ***(a) nach bhfuil aon athrú ar na riachtanais don earra lena mbaineann nó gur tháinig méadú air i gcomparáid leis an staid ag an am a socraíodh an sprioc dá dtagraítear i mír 4 den chéad uair nó nuair a leasaíodh go deireanach é de bhun mhír 4,*** | |
| ***(b) go bhfuil rochtain ar an earra lena mbaineann fíor-riachtanach chun ullmhacht i gcomhair éigeandáil sa Mhargadh Aonair a áirithiú*** | |

***(c) nár chuir an Ballstát lena mbaineann dóthain fianaise ar fáil chun an mhainneachtain an sprioc aonair a chomhlíonadh a mhíniú, agus***

***(d) go bhfuil imthosca eisceachtúla ann, sa mhéid go gcuireann mainneachtain an Bhallstáit sin, ag cur san áireamh a thábhachtaí atá sé don slabhra soláthair lena mbaineann cúltacaí straitéiseacha den sórt sin a fhorbairt, ullmhacht an Aontais i mbaol go mór i bhfianaise na bagartha atá ann go dtarlódh éigeandáil sa Mhargadh Aonair,***

***féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh, lena gceanglófar ar an mBallstát lena mbaineann a chúltacaí straitéiseacha de na hearraí lena mbaineann a fhorbairt faoi spriocdháta socraithe.***

**Leasú 63**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 7 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Agus ***é*** ag gníomhú faoin Airteagal seo, féachfaidh an Coimisiún lena áirithiú nach ***gcruthófar le cúltacaí*** straitéiseacha brú díréireach ar shlabhraí soláthair na n-earraí a shainaithnítear i gcomhréir le mír 1, ***ná ar acmhainn*** fhioscach an Bhallstáit lena mbaineann. | Agus ***iad*** ag gníomhú faoin Airteagal seo, féachfaidh an Coimisiún ***agus an Grúpa Comhairleach*** lena áirithiú nach ***gcruthóidh moltaí maidir le cúlchistí*** straitéiseacha ***a fhorbairt*** brú díréireach ***nach bhfuil údar leis*** ar shlabhraí soláthair na n-earraí a shainaithnítear***,*** i gcomhréir le mír 1***; agus iomaíochas agus acmhainneacht an Mhargaidh Aonair***, ***earnálacha tionsclaíocha an Aontais, margadh an tsaothair, agus acmhainneacht*** fhioscach an Bhallstáit lena mbaineann. |

**Leasú 64**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 7 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| ***Tabharfaidh*** an Coimisiún ***aird iomlán ar aon ábhar*** imní ***slándála*** náisiúnta a ***ardóidh*** na Ballstáit. | ***Cuirfidh*** an Coimisiún ***san áireamh go hiomlán aon ábhair*** imní ***a bhaineann leis an tsláinte phoiblí, leis an tsábháilteacht agus leis an tslándáil*** náisiúnta***, agus aon tosca ábhartha eile*** a ***tharraingeoidh*** na Ballstáit ***anuas***. |

**Leasú 65**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***8. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear san Airteagal seo i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 42(2).*** | ***scriosta*** |

**Leasú 66**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 12a***<br>***Cúlchistí Straitéiseacha Fadtéarmacha a bhfuil Ríthábhacht leo***<br>***1. Chun an cur isteach ar an Margadh Aonair agus ar chumais táirgthe thionsclaíoch agus ar iomaíochas an Aontais a íoslaghdú, áireofar i dtorthaí an athbhreithnithe dá bhforáiltear in Airteagal 9(2c) moltaí maidir le riachtanas, comhréireacht agus úsáideacht na mBallstát agus an Choimisiúin plean fadtéarmach chun cúlchistí straitéiseacha buana, céimnithe agus deonacha earraí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo a chothabháil, chun cabhrú le ganntanais sa todhchaí a chosc agus le gníomhachtú an mhodha faireachais nó éigeandála a chosc.***<br>***2. Tabharfar aird chuí ar na costais agus na praiticiúlachtaí a bhaineann le forbairt*** |

| | |
|---|---|
| | ***agus cothabháil na gcúlchistí straitéiseacha fadtéarmacha nó céimnithe sin. Tabharfar aird freisin ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann le comhar, comhordú agus malartú faisnéise níos fearr idir na Ballstáit, oibreoirí eacnamaíocha, agus i gcás inarb ábhartha, tríú tíortha, chun athléimneacht an Mhargaidh Aonair a mhéadú, iontaofacht, soláthair slabhraí in aimsir ghéarchéime nó roimh ghéarchéim a fheabhsú, agus chun a áirithiú gur rogha dheiridh an idirghabháil mhargaidh. Féadfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin do na Ballstáit, an próiseas sin a chomhordú.*** |
| | ***3. Féachfaidh na Ballstáit le hathléimneacht an Aontais sa slabhra soláthair a neartú agus le spleáchais tríú tír a laghdú le haghaidh earraí agus seirbhísí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo, lena n-áirítear trí acmhainneachtaí monaraíochta a fhorbairt san Aontas i gcás inarb iomchuí.*** |
| | ***4. Déanfar acmhainneachtaí atá mar chuid de chúltaca rescEU i gcomhréir le hAirteagal 12 de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE a eisiamh ó chur i bhfeidhm an Airteagail seo.*** |

**Leasú 67**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina measfaidh an Coimisiún, agus an tuairim a thug an grúpa comhairleach á cur san áireamh aige, go bhfuil éigeandáil sa Mhargadh Aonair, molfaidh sé don Chomhairle modh éigeandála an Mhargaidh Aonair a ghníomhachtú. | 2. I gcás ina measfaidh an Coimisiún, agus an tuairim a thug an grúpa comhairleach á cur san áireamh aige, go bhfuil éigeandáil sa Mhargadh Aonair, molfaidh sé don Chomhairle modh éigeandála an Mhargaidh Aonair a ghníomhachtú. ***Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi thogra den sórt sin.*** |

**Leasú 68**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar oibreoir eacnamaíoch amháin nó níos mó i slabhraí soláthair atá ábhartha i gcás géarchéime agus atá bunaithe san Aontas glacadh le horduithe áirithe a ***bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo*** i ndáil le táirgeadh nó soláthar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime (' ***ord*** a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis'). | 1. ***I gcás inar gá agus inar comhréireach agus mar bheart a dhéanfaí mura mbeadh an dara rogha ann,*** féadfaidh an Coimisiún***, tar éis dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach,*** a iarraidh ar oibreoir eacnamaíoch amháin nó níos mó i slabhraí soláthair atá ábhartha i gcás géarchéime agus atá bunaithe san Aontas glacadh le horduithe áirithe ***agus tosaíocht*** a ***thabhairt dóibh*** i ndáil le táirgeadh nó soláthar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime ('***ordú*** a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis'). ***Beidh an iarraidh chun ordú tosaíochta a chomhlíonadh bunaithe ar shonraí agus ar fhaisnéis atá oibiachtúil agus cothrom le dáta, agus beidh réasúnú mionsonraithe ag gabháil léi.*** |

**Leasú 69**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Mura nglacfaidh oibreoir eacnamaíoch le horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo agus mura dtabharfaidh sé tús áite dóibh, ***féadfaidh*** an Coimisiún, ***as a stuaim féin, nó arna iarraidh sin do ag 14 Bhallstát, measúnú a dhéanamh ar an ngá agus ar an gcomhréireacht a bhaineann le dul i muinín orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo i gcásanna den sórt sin, tabharfaidh an Coimisiún an deis*** don oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann agus d'aon pháirtí ar féidir a léiriú go ndeachaigh an t-ordú féideartha a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis i gcion orthu, | 2. Mura nglacfaidh oibreoir eacnamaíoch le horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo agus mura dtabharfaidh sé tús áite dóibh, ***tabharfaidh*** an Coimisiún, ***i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach,*** don oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann agus d'aon pháirtí ar féidir a léiriú go ndeachaigh an t-ordú féideartha a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis i gcion orthu, ***an ceart chun éisteacht*** a fháil agus ***míniú*** a thabhairt ***ar*** cén fáth nach ***ndéanfar an iarraidh.*** |

a ***seasamh a shonrú laistigh de theorainn réasúnta ama arna leagan síos ag an gCoimisiún i bhfianaise imthosca an cháis. In imthosca eisceachtúla, tar éis measúnú den sórt sin a dhéanamh, féadfaidh an Coimisiún, tar éis tuairim dhearfach a*** fháil ***ón ngrúpa comhairleach, gníomh cur chun feidhme a dhíriú ar an oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann, lena gceanglófar air glacadh leis na horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a shonraítear sa ghníomh cur chun feidhme*** agus ***tosaíocht*** a thabhairt ***dóibh nó a mhíniú*** cén fáth nach ***féidir nó nach iomchuí don oibreoir sin déanamh amhlaidh. Beidh cinneadh an Choimisiúin bunaithe ar shonraí oibiachtúla lena léirítear go bhfuil tosaíocht den sórt sin fíor-riachtanach chun a áirithiú go gcoimeádfar gníomhaíochtaí eacnamaíocha sochaíocha ríthábhachtacha ar bun sa mhargadh inmheánach.***

**Leasú 70**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Déanfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch dá dtagraítear i mír 2 míniú réasúnaithe a sholáthar don Choimisiún laistigh de 10 lá ón dáta a dtabharfar fógra faoin iarraidh, ina leagfar amach na cúiseanna nach bhfuil sé indéanta nó iomchuí, i bhfianaise chuspóirí na forála seo, an ceanglas a chomhlíonadh.*** |
| | ***Áireofar ar chúiseanna den sórt sin neamhábaltacht an oibreora an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a dhéanamh mar gheall ar acmhainneacht táirgeachta neamhleor, ar fhorais theicniúla, nó mar gheall ar riosca tromchúiseach go mbeadh cruatan nó ualach eacnamaíoch ar leith ar an oibreoir dá nglacfaí leis an ordú, lena n-*** |

***áirítear riosca i leanúnachas gnó, nó toisc breithnithe eile den tromchúis chéanna.***

**Leasú 71**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Má chreideann an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach agus tar éis scrúdú a dhéanamh ar mhíniú réasúnaithe an oibreora eacnamaíoch, nach leor na forais chun an t-ordú tosaíochta a dhiúltú, ansin i gcásanna tromchúiseacha cuí-réasúnaithe nach féidir teacht ar réiteach malartach, féadfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch a bheith faoi réir na bhfíneálacha dá dtagraítear in Airteagal 28. Cinnfear leis an dlí náisiúnta aon ghníomhaíocht bhreise.*** |

**Leasú 72**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. I gcás go ndiúltóidh an t-oibreoir eacnamaíoch ar chuige nó chuici a ndírítear an cinneadh dá dtagraítear i mír 2 glacadh leis an gceanglas glacadh leis na horduithe a shonraítear sa chinneadh agus iad a chur in ord tosaíochta, soláthróidh sé nó sí don Choimisiún, laistigh de 10 lá ón bhfógra faoin gcinneadh sin, míniú réasúnaithe ina leagfar amach na cúiseanna nach bhfuil sé indéanta nó iomchuí, i bhfianaise chuspóirí na forála seo, an ceanglas a chomhlíonadh. Áirítear ar chúiseanna den sórt sin neamhábaltacht an oibreora an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a dhéanamh mar gheall ar acmhainneacht táirgeachta neamhleor nó mar gheall ar riosca tromchúiseach go*** | ***scriosta*** |

***mbeadh cruatan nó ualach eacnamaíoch ar leith ar an oibreoir dá nglacfaí leis an ordú, nó toisc breithnithe eile den tromchúis cheanna.***

***Féadfaidh an Coimisiún an míniú réasúnaithe sin, nó codanna de, a phoibliú, agus aird chuí á tabhairt ar rúndacht ghnó.***

**Leasú 73**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Nuair a bheidh oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe san Aontas faoi réir birt ó thríú tír a bhfuil ordú tosaíochta rátaithe ag gabháil leis, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin. | 5. Nuair a bheidh oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe san Aontas faoi réir birt ó thríú tír a bhfuil ordú tosaíochta rátaithe ag gabháil leis, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin. ***Rachaidh an Ballstát lena mbaineann agus an Coimisiún i mbun idirphlé leis an tríú tír chun toradh cairdiúil agus bainistithe a lorg chun damáiste fadtéarmach don oibreoir eacnamaíoch a theorannú nó a chosc.*** |

**Leasú 74**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Féadfaidh an Coimisiún oibriú leis an nGrúpa Comhairleach agus i gcás inarb ábhartha le tríú tíortha, chun dea-chleachtais a mhalartú maidir le cur i bhfeidhm amach anseo d'orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo.*** |

**Leasú 75**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 6 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6b. Féadfaidh an Coimisiún oibriú i gcomhar leis na Ballstáit chun cabhrú leo dreasachtaí eile a chuirfear i bhfeidhm ar na hoibreoirí eacnamaíocha a chuireann ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis i gcrích, a thabhairt isteach nó a fheabhsú, go háirithe FBManna.*** |

**Leasú 76**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. Eintitis agus daoine a ndéanann an sárú riachtanach ar na hoibleagáidí conarthacha difear dóibh chun an tosaíocht is gá a chomhlíonadh, ní bheidh siad faoi dhliteanas i leith aon sárú ar oibleagáidí conarthacha a eascraíonn as an sárú bunaidh.*** |

**Leasú 77**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***8. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2 a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(2). Ar mhórchúiseanna práinne cuí-réasúnaithe le tionchair na géarchéime ar an Mhargadh aonair, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach bonn a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 42(3).*** | ***scriosta*** |

**Leasú 78**
**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8a. Áiritheoidh an Coimisiún go bhfuil comhleanúnachas iomlán agus leanúnachas oibríochtúil ann le dlí eile de chuid an Aontais atá ann cheana agus lena n-éilítear orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo agus orduithe soláthair le linn géarchéimeanna. I gcás inarb iomchuí, rachaidh an Grúpa Comhairleach i gcomhairle leis na Boird Bainistíochta agus Comhairleacha agus leis na Grúpaí arna mbunú faoi dhlí eile de chuid an Aontais atá ann cheana.*** |

**Leasú 79**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 8 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8b. Ní dochar Orduithe a bhfuil Rátáil Tosaíochta ag baint leo arna n-iarraidh faoin Rialachán seo d'Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus do Phrótacal (Uimh. 2) maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm.*** |

**Leasú 80**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) i gcás ina ***soláthraíonn eagraíocht ionadaíoch oibreoirí eacnamaíocha nó oibreora*** eacnamaíoch, d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí, faisnéis ***mhíchruinn***, neamhiomlán nó mhíthreorach mar fhreagairt ar iarraidh ***a rinneadh*** de bhun Airteagal 24, nó ***mura*** soláthraíonn ***gnóthas nó eagraíochtaí ionadaíocha gnóthas*** an fhaisnéis laistigh den teorainn | (a) i gcás ina ***ndéanann oibreoir*** eacnamaíoch, d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí, faisnéis ***mhícheart***, neamhiomlán nó mhíthreorach ***a sholáthar, nó i gcás ina mainníonn sé aon fhaisnéis a sholáthar*** mar fhreagairt ar iarraidh ***arna déanamh*** de bhun Airteagal 24, nó ***nach*** soláthraíonn ***sé*** an fhaisnéis laistigh den teorainn ama ***a fhorordaítear***; |

ama *atá forordaithe*;

**Leasú 81**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás nach gcomhlíonann oibreoir eacnamaíoch, d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí, an oibleagáid an Coimisiún a chur ar an eolas faoi oibleagáid tríú tír de bhun Airteagal 27 ***nó nach míníonn sé an fáth nár ghlac sé le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis***; | (b) i gcás nach gcomhlíonann oibreoir eacnamaíoch, d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí, an oibleagáid an Coimisiún a chur ar an eolas faoi oibleagáid tríú tír de bhun Airteagal 27; |

**Leasú 82**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Fíneálacha a fhorchuirfear sna cásanna dá dtagraítear i mír 1(a) agus (b), ní sháróidh siad EUR 200 000. | 2. Fíneálacha a fhorchuirfear sna cásanna dá dtagraítear i mír 1(a) agus (b), ní sháróidh siad ***uasmhéid*** EUR 200 000. ***Más FBM an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann, ní shároidh na híocaíochtaí pionóis a fhorchuirfear uasmhéid EUR 50 000.*** |

**Leasú 83**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Más FBM an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann, ní sháróidh na híocaíochtaí pionóis a fhorchuirfear 0,5 % den láimhdeachas iomlán sa bhliain ghnó roimhe sin.*** |

**Leasú 84**
**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 28 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Agus méid na fíneála á shocrú, tabharfar aird ar ***mhéid agus ar acmhainní eacnamaíocha an oibreora eacnamaíoch lena mbaineann, ar chineál, ar thromchúis agus ar fhad an tsáraithe, agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal na comhréireachta agus chomh hiomchuí agus atá sé.*** | 4. Agus méid na fíneála á shocrú, tabharfar aird ar***:*** |
| | ***(a) méid agus acmhainní eacnamaíocha an oibreora eacnamaíoch lena mbaineann;*** |
| | ***(b) cineál, tromchúis agus fad an tsáraithe;*** |
| | ***(c) aon chinntí diúltacha a rinneadh roimhe seo i gcomhthéacs an Rialacháin seo nó beart géarchéime eile de chuid an Aontais;*** |
| | ***(d) aon gníomhaíochtaí dearfacha a rinneadh roimhe seo i gcomhthéacs an Rialacháin seo nó beart géarchéime eile de chuid an Aontais;*** |
| | ***(e) an raibh sé ar intinn ag an oibreoir eacnamaíoch gan ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh;*** |
| | ***(f) an tionchar a bheadh ag an bhfíneáil sin ar shláinte eacnamaíoch an oibreora eacnamaíoch agus ar a leanúnachas gnó.*** |
| | ***Agus méid na fíneála dá dtagraítear sa chéad fhómhír á shocrú, tabharfar aird chuí ar phrionsabail na comhréireachta agus chomh hiomchuí agus atá leibhéal na fineála in gceist.*** |

**Leasú 85**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Tosóidh an*** tréimhse ama ar ***dhul in éag ar*** an lá a ***thiocfaidh an Coimisiún*** | 2. ***Tosófar ar áireamh na*** tréimhse ama ar an lá a ***rinneadh an*** sárú. I gcás |

| | |
|---|---|
| ***ar an eolas faoin*** sárú. I gcás sáruithe leanúnacha agus sáruithe a dhéantar arís agus arís eile, áfach, tosófar ar áireamh na tréimhse ama ar an lá a thiocfaidh deireadh leis an sárú | sáruithe leanúnacha agus sáruithe a dhéantar arís agus arís eile, áfach, tosófar ar áireamh na tréimhse ama ar an lá a thiocfaidh deireadh leis an sárú**.** |

**Leasú 86**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. An chumhacht atá ag an gCoimisiún chun cinntí a ghlacfar de bhun Airteagal 28 a fhorfheidhmiú, beidh sí faoi réir thréimhse theorann ***cúig bliana***. | 1. An chumhacht atá ag an gCoimisiún chun cinntí a ghlacfar de bhun Airteagal 28 a fhorfheidhmiú, beidh sí faoi réir thréimhse theorann ***trí bliana***. |

**Leasú 87**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Sula nglacfaidh sé cinneadh de bhun Airteagal 28, tabharfaidh an Coimisiún an deis d'oibreoir eacnamaíoch nó d'eagraíochtaí ionadaíocha ***na n-oibreoirí eacnamaíocha*** lena mbaineann éisteacht a fháil maidir leis an méid seo a leanas: | 1. Sula nglacfaidh sé cinneadh de bhun Airteagal 28, tabharfaidh an Coimisiún an deis d'oibreoir eacnamaíoch nó d'eagraíochtaí ionadaíocha lena mbaineann éisteacht a fháil maidir leis an méid seo a leanas: |

**Leasú 88**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfar cearta cosanta an oibreora eacnamaíoch nó eagraíochtaí ionadaíocha ***na n-oibreoirí eacnamaíocha*** lena mbaineann a urramú go hiomlán in aon imeacht. Beidh ***oibreoir*** eacnamaíoch nó ***eagraíochtaí*** ionadaíocha ***na n-oibreoirí eacnamaíocha*** lena mbaineann i dteideal rochtain a ***fháil*** ar chomhad an Choimisiúin faoi théarmaí nochta | 4. Déanfar cearta cosanta an oibreora eacnamaíoch nó eagraíochtaí ionadaíocha lena mbaineann a urramú go hiomlán in aon imeacht. Beidh ***an t-oibreoir*** eacnamaíoch nó ***na heagraíochtaí*** ionadaíocha lena mbaineann i dteideal rochtain a ***bheith aige*** ar chomhad an Choimisiúin faoi théarmaí nochta idirbheartaithe, faoi réir leas dlisteanach |

idirbheartaithe, faoi réir leas dlisteanach ***na n-oibreoirí*** eacnamaíocha a rúin ghnó a chosaint. Ní áireofar leis an gceart rochtana ar an gcomhad faisnéis rúnda agus doiciméid inmheánacha de chuid an Choimisiúin nó de chuid údaráis na mBallstát. Ní ***áireofar leis an gceart rochtana comhfhreagras idir an Coimisiún agus údaráis na mBallstát go háirithe. Ní*** chuirfidh aon rud sa mhír seo cosc ar an gCoimisiún faisnéis a nochtadh agus a úsáid, ar faisnéis í atá riachtanach chun sárú a chruthú.

***oibreoirí*** eacnamaíocha a rúin ghnó a chosaint. Ní áireofar leis an gceart rochtana ar an gcomhad faisnéis rúnda agus doiciméid inmheánacha de chuid an Choimisiúin nó de chuid údaráis na mBallstát. Ní chuirfidh aon rud sa mhír seo cosc ar an gCoimisiún faisnéis a nochtadh agus a úsáid, ar faisnéis í atá riachtanach chun sárú a chruthú.

**Leasú 89**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh dhá Bhallstát nó níos mó ***a iarraidh ar an gCoimisiún soláthar a sheoladh*** thar ceann na mBallstát ***ar mian leo go ndéanfadh an Coimisiún ("na*** Ballstáit rannpháirteacha***") ionadaíocht ar a son, chun*** earraí agus seirbhísí ***lena mbaineann*** tábhacht straitéiseach ***agus*** a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 9 (1) nó earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime agus a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme ***arna ghlacadh de bhun Airteagal 14 (5) a cheannach***. | 1. Féadfaidh ***an Coimisiún, arna iarraidh sin do*** dhá Bhallstát nó níos mó***, gníomhú mar chomhlacht lárnach ceannaigh*** thar ceann na mBallstát ***uile atá toilteanach a bheith rannpháirteach (‘***Ballstáit rannpháirteacha***’) i ndáil le soláthar poiblí*** earraí agus seirbhísí ***a bhfuil*** tábhacht straitéiseach ***ag baint leo*** a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 9(1) nó earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime agus a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme. |

**Leasú 90**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. San iarraidh ar an gCoimisiún earraí agus seirbhísí a sholáthar thar ceann na mBallstát, leagfar amach na cúiseanna atá leis an iarraidh, agus léireofar inti go n-úsáidtear an iarraidh go heisiach chun aghaidh a thabhairt ar shuaitheadh sa slabhra soláthair agus ar*** |

***ghanntanais earraí agus seirbhísí a bhaineann leis an staid éigeandála shonrach laistigh den Mhargadh Aonair, agus go ndearnadh na roghanna eile go léir a mheas.***

**Leasú 91**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar fhóntas, ar riachtanas agus ar chomhréireacht an iarratais. ***I gcás nach bhfuil rún ag an gCoimisiún an t-iarratas a chomhlíonadh, cuirfidh sé na Ballstáit lena mbaineann agus an grúpa comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 4 ar an eolas faoin méid sin, agus luafaidh sé na cúiseanna ar dhiúltaigh sé an t-iarratas.*** | 2. Déanfaidh an Coimisiún***, i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach,*** measúnú ar fhóntas, ar riachtanas agus ar chomhréireacht an iarratais. |

**Leasú 92**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach, nár cheart don Choimisiún cloí leis an iarraidh, cuirfidh sé na Ballstáit lena mbaineann ar an eolas agus tabharfaidh sé cúiseanna lena dhiúltú i bhfoirm míniú i scríbhinn ina leagfar amach a chinneadh.*** |

**Leasú 93**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***I gcás ina n-aontódh*** an Coimisiún ***comhaontú a thabhairt i gcrích thar*** | 3. ***Agus cinneadh deimhneach déanta, dréachtóidh*** an Coimisiún togra le |

| | |
|---|---|
| ***ceann na mBallstát, dréachtóidh sé*** togra le haghaidh creat-chomhaontú a bheidh le tabhairt i gcrích leis na Ballstáit rannpháirteacha lena gceadófar don Choimisiún comhaontú a thabhairt i gcrích ar a son. Leagfar síos leis an gcomhaontú sin na coinníollacha mionsonraithe maidir leis an soláthar thar ceann na mBallstát rannpháirteach dá dtagraítear i mír 1. | haghaidh creat-chomhaontú a bheidh le tabhairt i gcrích leis na Ballstáit rannpháirteacha lena gceadófar don Choimisiún comhaontú a thabhairt i gcrích ar a son. Leagfar síos leis an gcomhaontú sin na coinníollacha mionsonraithe***, na socruithe praiticiúla, agus na rialacha cinnteoireachta*** maidir leis an soláthar thar ceann na mBallstát rannpháirteach dá dtagraítear i mír 1***, lena n-áirítear bonn cirt maidir le húsáid soláthar earraí agus seirbhísí ag an gCoimisiún thar ceann na mBallstát lena mbaineann, lena n-áirítear sásraí agus dliteanais a bheidh le glacadh***. ***Ar chomhaontú maidir leis an soláthar a chur i gcrích, seolfaidh an Coimisiún glao ar Bhallstáit eile ar mian leo páirt a ghlacadh sa nós imeachta soláthair.*** |

**Leasú 94**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh soláthar faoin Rialachán seo i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle1 (an Rialachán Airgeadais) maidir lena chuid soláthair féin. Féadfaidh sé a bheith de chumas agus de fhreagracht ag an gCoimisiún, thar ceann na mBallstát rannpháirteach uile, conarthaí a dhéanamh le hoibreoirí eacnamaíocha, lena n-áirítear táirgeoirí aonair táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime, maidir le ceannach táirgí den chineál sin nó maidir le maoiniú táirgthe nó forbartha táirgí den chineál sin mar chúiteamh ar cheart tosaíochta chun an toraidh.*** |

**Leasú 95**
**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 34 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh na nósanna imeachta soláthair agus na comhaontuithe le hoibreoirí eacnamaíocha a thabhairt i gcrích thar ceann na mBallstát rannpháirteach. Iarrfaidh an Coimisiún ar na Ballstáit rannpháirteacha ionadaithe a cheapadh chun páirt a ghlacadh in ullmhú na nósanna imeachta soláthair.*** |
| | ***Ní dochar imscaradh an tsoláthair de bhun an Airteagail seo d'ionstraimí eile dá bhforáiltear sa Rialachán Airgeadais.*** |

**Leasú 96**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 3 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3c. Mura féidir leis an gCoimisiún an conradh a dhámhachtain ar oibreoir eacnamaíoch oiriúnach, cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas láithreach agus, dá bhrí sin, beidh sé de cheart ag na Ballstáit a bpróisis soláthair féin a thionscnamh gan mhoill.*** |

**Leasú 97**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 3 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3d. Nuair a bheidh na Ballstáit ar an eolas faoi athrú imthoisc tar éis an creat-chomhaontú a thabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus na Ballstáit, tabharfar fógra cuí don Choimisiún go tráthúil. Má bhíonn tionchar suntasach ag athruithe den sórt sin ar an gcomhaontú bunaidh, déanfaidh an Coimisiún Eorpach athbhreithniú ar an gcinneadh, agus más*** |

| | |
|---|---|
| | ***gá déanfaidh sé an comhaontú a leasú nó a fhoirceannadh.*** |

**Leasú 98**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 3 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3e. I gcás ina ndéanfaidh an Coimisiún earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a sholáthar thar ceann na mBallstát rannpháirteach, beidh sé sin gan dochar do sholáthar na mBallstát neamh-rannpháirteach.*** |

**Leasú 99**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Cuirfidh an Coimisiún Eorpach míniú i scríbhinn ar fáil don Ghrúpa Comhairleach, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, ina sonrófar na cúiseanna atá leis an oibreoir eacnamaíoch a roghnaíodh chun an conradh soláthair a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 100**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 36 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Féadfar*** clásal a chuimsiú sna conarthaí ina sonrófar go bhféadfaidh Ballstát nach raibh rannpháirteach sa nós imeachta soláthair bheith ina pháirtí sa chonradh nuair a shíneofar é, agus leagfar amach go mionchruinn an nós imeachta chun é sin a dhéanamh agus na héifeachtaí a bheidh i gceist leis. | 2. ***Déanfar*** clásal a chuimsiú sna conarthaí ina sonrófar go bhféadfaidh Ballstát nach raibh rannpháirteach sa nós imeachta soláthair bheith ina pháirtí sa chonradh nuair a shíneofar é, agus leagfar amach go mionchruinn an nós imeachta chun é sin a dhéanamh agus na héifeachtaí a bheidh i gceist leis. |

**Leasú 101**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Nuair a ghníomhachtófar modh éigeandála an Mhargaidh Aonair de bhun Airteagal 14, ***rachaidh*** na Ballstáit i gcomhairle ***lena chéile agus leis an gCoimisiún agus déanfaidh siad comhordú ar a ngníomhaíochtaí leis an gCoimisiún agus le hionadaithe na mBallstát eile sa ghrúpa comhairleach*** sula seolfar soláthar earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime***, ar earraí*** agus ***seirbhísí iad*** a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 14 (5)***,*** i gcomhréir le Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. | Nuair a ghníomhachtófar modh éigeandála an Mhargaidh Aonair de bhun Airteagal 14, ***déanfaidh*** na Ballstáit***, an Coimisiún, agus an grúpa comhairleach comhordú agus rachaidh siad*** i gcomhairle sula seolfar soláthar earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime agus a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 14(5) i gcomhréir le Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ***[55]*** . |
| [55] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65). | [55] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65). |

**Leasú 102**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Cosc ar ghníomhaíochtaí*** aonair soláthair ag na Ballstáit rannpháirteacha | ***Gníomhaíochtaí*** aonair soláthair ag na Ballstáit rannpháirteacha |

**Leasú 103**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás gur gníomhachtaíodh modh éigeandála an Mhargaidh Aonair de bhun Airteagal 16 agus inar seoladh soláthar ag | I gcás gur gníomhachtaíodh modh éigeandála an Mhargaidh Aonair de bhun Airteagal 16 agus inar seoladh soláthar ag |

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| an gCoimisiún thar ceann na mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 34 go hAirteagal 36, ní bhfaighidh údaráis chonarthacha na mBallstát rannpháirteach earraí ná seirbhísí a chumhdaítear leis an soláthar sin ar mhodh eile. | an gCoimisiún thar ceann na mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 34 go hAirteagal 36, ní bhfaighidh údaráis chonarthacha na mBallstát rannpháirteach earraí ná seirbhísí a chumhdaítear leis an soláthar sin ar mhodh eile ***gan an Coimisiún agus an Grúpa Comhairleach a chur ar an eolas faoi sin***. |

**Leasú 104**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit uirlisí digiteacha idir-inoibritheacha nó bonneagair TF a bhunú a thacóidh le cuspóirí an Rialacháin seo. ***Féadfar uirlisí*** nó bonneagair ***den sórt sin a fhorbairt*** lasmuigh ***den*** thréimhse ***Éigeandála*** sa Mhargadh Aonair. | Féadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit uirlisí digiteacha idir-inoibritheacha nó bonneagair TF a bhunú a thacóidh le cuspóirí an Rialacháin seo. ***Forbrófar na huirlisí*** nó ***na*** bonneagair ***sin*** lasmuigh ***de*** thréimhse ***na hÉigeandála*** sa Mhargadh Aonair***, chun go mbeidh siad ullamh chun freagairt ar bhealach tráthúil éifeachtúil d'éigeandálaí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo***. |

**Leasú 105**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Féachfaidh an Coimisiún le haon uirlisí digiteacha a chur i gcomhréir leis na struchtúir atá bunaithe cheana féin ag na Ballstáit, lena n-áiritheofar na leibhéil is airde idir-inoibritheachta in uirlisí digiteacha an Aontais chun dúbláil ar cheanglais an chórais agus aon ualach riaracháin breise a sheachaint, ionas gur féidir leis na saoránaigh, na gnólachtaí agus na húdaráis riaracháin uile, sna Ballstáit uile, tairbhe a bhaint as na huirlisí digiteacha sin.*** |

**Leasú 106**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh na huirlisí digiteacha sin soláimhsithe, beidh rochtain orthu trí ghléasanna leictreonacha éagsúla, agus déanfar iad a fhorbairt agus a bharrfheabhsú do bhrabhsálaithe gréasáin éagsúla.*** |

**Leasú 107**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Áiritheoidh an Coimisiún go n-úsáidfear na leibhéil is airde de chibearshlándáil agus de chosaint sonraí i bhforbairt agus i bhfeidhmiú aon uirlisí digiteacha.*** |

**Leasú 108**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 1 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Tabharfar aird ar leith ar FBManna agus ar shaoránaigh chun tosaíocht a thabhairt d'inrochtaineacht agus d'inúsáidteacht aon uirlisí digiteacha agus córais dhigiteacha a fhorbrófar.*** |

**Leasú 109**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 1 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Áiritheoidh an Coimisiún trí acmhainní buiséadacha go ndéanfar uirlisí digiteacha a mhaoiniú go leordhóthanach agus go gcuirtear acmhainní*** |

***leordhóthanacha ar fáil dóibh.***

**Leasú 110**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leagfaidh an Coimisiún amach, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, gnéithe teicniúla na n-uirlisí nó na mbonneagar sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(2). | Leagfaidh an Coimisiún amach, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ***na*** gnéithe teicniúla ***is infheidhme maidir le caighdeáin agus ceanglais idir-inoibritheachta*** na n-uirlisí nó na mbonneagar sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(2). |

**Leasú 111**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Tuairisciú*** agus ***athbhreithniú*** | ***Tuarascáil, athbhreithniú*** agus ***trédhearcacht*** |

**Leasú 112**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, gníomhóidh na gníomhaithe uile leis an méid trédhearcachta is mó is féidir, agus cosaint rún trádála, rúndacht ghnó agus ábhair a bhaineann le slándáil á gcur san áireamh.*** |

**Leasú 113**
**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 44 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***2b. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas go tráthúil ceart, go háirithe nuair a chuireann Feisirí de Pharlaimint na hEorpa ceisteanna i scríbhinn.*** |

**Leasú 114**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 2 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***2c. Tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar thuairimí an Ombudsman Eorpaigh, go háirithe i gcás ina mbaineann siad le trédhearcacht na cinnteoireachta. I gcás nach leanfaidh an Coimisiún na tuairimí sin, tabharfaidh sé údar cuí leis sin i dtuarascáil agus cuirfidh sé faoi bhráid na Comhairle agus na Parlaiminte í.*** |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| *Teideal* | ***Bunú ionstraime éigeandála don Mhargadh Aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle*** |
| *Tagairtí* | ***COM(2022)0459 – C9-0315/2022 – 2022/0278(COD)*** |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO<br>9.11.2022 |
| ***Tuairim ó***<br>***Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach*** | ***ITRE***<br>***15.12.2022*** |
| ***Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach*** | ***20.4.2023*** |
| ***Rapóirtéir don tuairim***<br>***Dáta an cheapacháin*** | ***Eva Maydell***<br>***15.12.2022*** |
| **Pléite sa choiste** | 25.4.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 12.6.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 37<br>–: 6<br>0: 19 |
| ***Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach*** | ***François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Marc Botenga, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Ignazio Corrao, Beatrice Covassi, Ciarán Cuffe, Nicola Danti, Marie Dauchy, Christian Ehler, Valter Flego, Claudia Gamon, Jens Geier, Bart Groothuis, Christophe Grudler, Henrike Hahn, Ivo Hristov, Ivars Ijabs, Seán Kelly, Izabela-Helena Kloc, Zdzisław Krasnodębski, Miapetra Kumpula-Natri, Eva Maydell, Georg Mayer, Marina Mesure, Dan Nica, Angelika Niebler, Johan Nissinen, Mauri Pekkarinen, Mikuláš Peksa, Tsvetelina Penkova, Morten Petersen, Clara Ponsatí Obiols, Manuela Ripa, Sara Skyttedal, Maria Spyraki, Beata Szydło, Grzegorz Tobiszowski, Evžen Tošenovský, Henna Virkkunen, Pernille Weiss*** |
| ***Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach*** | ***Alex Agius Saliba, Andrus Ansip, Marek Paweł Balt, Damien Carême, Matthias Ecke, Martin Hojsík, Andrius Kubilius, Elena Lizzi, Dace Melbārde, Marcos Ros Sempere, Jordi Solé, Marion Walsmann*** |
| ***Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach*** | ***Asim Ademov, Rosanna Conte, Estrella Durá Ferrandis, Andrey Kovatchev, Andrey Novakov, Jan-Christoph Oetjen, Tom Vandenkendelaere*** |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 37 | + |
|---|---|
| ECR | Izabela-Helena Kloc, Zdzisław Krasnodębski, Johan Nissinen, Beata Szydło, Grzegorz Tobiszowski, Evžen Tošenovský |
| PPE | Asim Ademov, François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Christian Ehler, Seán Kelly, Andrey Kovatchev, Andrius Kubilius, Eva Maydell, Dace Melbārde, Angelika Niebler, Andrey Novakov, Sara Skyttedal, Maria Spyraki, Tom Vandenkendelaere, Henna Virkkunen, Marion Walsmann, Pernille Weiss |
| Renew | Andrus Ansip, Nicola Danti, Valter Flego, Claudia Gamon, Bart Groothuis, Christophe Grudler, Martin Hojsík, Ivars Ijabs, Jan-Christoph Oetjen, Mauri Pekkarinen, Morten Petersen |

| 6 | - |
|---|---|
| ID | Rosanna Conte, Marie Dauchy, Elena Lizzi, Georg Mayer |
| The Left | Marc Botenga, Marina Mesure |

| 19 | 0 |
|---|---|
| NI | Clara Ponsatí Obiols |
| S&D | Alex Agius Saliba, Marek Paweł Balt, Beatrice Covassi, Estrella Durá Ferrandis, Matthias Ecke, Jens Geier, Ivo Hristov, Miapetra Kumpula-Natri, Dan Nica, Tsvetelina Penkova, Marcos Ros Sempere |
| Verts/ALE | Damien Carême, Ignazio Corrao, Ciarán Cuffe, Henrike Hahn, Mikuláš Peksa, Manuela Ripa, Jordi Solé |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

4.7.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHOSTAÍOCHT AGUS UM GHNÓTHAÍ SÓISIALTA

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle
(COM(2022)0459 – C9-0315/2022 – 2022/0278(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Marc Angel

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Teideal 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Togra le haghaidh | Togra le haghaidh |
| RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE |
| lena mbunaítear ionstraim éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair agus lena ***n-aisghairtear*** Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle | lena mbunaítear ionstraim éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair agus lena ***leasaítear*** Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle |
| (Téacs atá ábhartha maidir ***leis an*** LEE) | (Téacs atá ábhartha maidir ***le*** LEE) |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris -1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-1) I gcomhréir leis na Conarthaí, tá oibleagáid ar na Ballstáit feidhmiú cuí an Mhargaidh Aonair a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart dóibh staonadh ó bhearta a ghlacadh atá contrártha le saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine, agus ba cheart dóibh gach beart is gá a dhéanamh chun saorghluaiseacht earraí, seirbhísí nó daoine a éascú.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Léiríodh le géarchéimeanna roimhe seo, go háirithe laethanta tosaigh phaindéim COVID-19, go bhféadfaí cur isteach go mór ar an margadh inmheánach (dá ngairtear an Margadh Aonair ***agus*** a shlabhraí soláthair ***freisin)*** mar gheall ar ghéarchéimeanna den sórt sin, agus go bhfuil uirlisí cuí ***bainistithe*** géarchéime agus sásraí comhordaithe in easnamh, nach gclúdaítear iontu gach gné den Mhargadh Aonair nó nach n-éascaítear leo freagairt thráthúil ar thionchair den sórt sin. | (1) Léiríodh le géarchéimeanna roimhe seo, go háirithe laethanta tosaigh phaindéim COVID-19, go bhféadfaí cur isteach go mór ar an margadh inmheánach (dá ngairtear an Margadh Aonair ***freisin), ar*** a shlabhraí soláthair***, ar ghnólachtaí, ar oibrithe agus ar thomhaltóirí*** mar gheall ar ghéarchéimeanna den sórt sin, ***nach ndéantar saorghluaiseacht earraí, seirbhísí*** agus ***daoine a choimirciú*** go ***leordhóthanach in ainneoin iad a bheith leagtha síos sna Conarthaí agus go*** bhfuil uirlisí cuí ***comhchuibhithe le haghaidh bainistiú*** géarchéime agus sásraí comhordaithe in easnamh, nach gclúdaítear iontu gach gné den Mhargadh Aonair nó nach n-éascaítear leo freagairt thráthúil ***éifeachtach*** ar thionchair den sórt sin. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) Le linn phaindéim COVID-19, bhí*** |

***na hearnálacha is mó atá i gceist ag brath go mór ar oibrithe taistil, lena n-áirítear oibrithe teorann agus trasteorann. Bhí tionchar ar leith ag bearta neamh-chomhordaithe a chuir srian le saorghluaiseacht daoine ar na hoibrithe sin a raibh ról ríthábhachtach acu chun geilleagar na hEorpa a choinneáil ag dul ar aghaidh. Is minic nach raibh tacaíocht leormhaith acu agus a saoirse gluaiseachta á feidhmiú acu, bhí ualach trom riaracháin orthu agus rinne dochar dóibh mar gheall ar easpa faisnéise faoi na bearta a glacadh agus faoina bhfad. Chuir na srianta ar an tsaorghluaiseacht leis na bacainní a bhíonn ar oibrithe taistil, lena n-áirítear oibrithe teorann agus trasteorann. Cé nach féidir le cuid acu teorainneacha a thrasnú chun fáil isteach chuig a n-ionad oibre, cuireadh iallach ar chuid eile acu míonna a chaitheamh i mBallstát a bhfostóra gan an deis a bheith acu filleadh ar a mBallstát cónaithe nó ar Bhallstát a dteaghlaigh mar gheall ar shrianta taistil agus bacainní dlíthiúla a chuir cosc orthu a bheith ag obair go cianda.***

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Ní raibh an tAontas ullmhaithe go leor chun monarú, soláthar agus dáileadh éifeachtúil earraí neamhliachta atá ábhartha i gcás géarchéime a áirithiú, amhail trealamh cosanta pearsanta, go háirithe i dtús phaindéim COVID-19 agus maidir leis na bearta ad hoc arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun feidhmiú an Mhargaidh Aonair a athbhunú agus chun a áirithiú go mbeadh fáil ar earraí neamhliachta atá ábhartha i gcás géarchéime le linn phaindéim COVID-19, ba bhearta frithghníomhacha iad a bhí dosheachanta ag an am. Léiríodh leis an bpaindéim | (2) Ní raibh an tAontas ullmhaithe go leor chun monarú, soláthar agus dáileadh éifeachtúil earraí neamhliachta atá ábhartha i gcás géarchéime a áirithiú, amhail trealamh cosanta pearsanta, go háirithe i dtús phaindéim COVID-19 agus maidir leis na bearta *ad hoc* arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun feidhmiú an Mhargaidh Aonair a athbhunú agus chun a áirithiú go mbeadh fáil ar earraí neamhliachta atá ábhartha i gcás géarchéime le linn phaindéim COVID-19, ba bhearta frithghníomhacha iad a bhí dosheachanta ag an am. Léiríodh leis an bpaindéim |

| | |
|---|---|
| freisin nach raibh forléargas leordhóthanach ar acmhainní monaraíochta ar fud an Aontais chomh maith le leochaileachtaí a bhaineann leis na slabhraí soláthair domhanda. | freisin nach raibh forléargas leordhóthanach ar acmhainní monaraíochta ar fud an Aontais chomh maith le leochaileachtaí a bhaineann leis na slabhraí soláthair domhanda ***lena n-áirítear easpa athléimneachta agus spleáchas ar réimis fhorlámhacha***. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Cuireadh moill roinnt seachtainí ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin mar gheall ar easpa bearta pleanála teagmhais ar fud an Aontais agus mar gheall ar a shoiléire faoin cén pháirt den riarachán náisiúnta lena ndéanfaí teagmháil chun réitigh thapa a fháil ar ***an tionchar*** ar an Margadh Aonair ***de bharr na géarchéime***. Ina theannta sin, bhí sé soiléir go ***ndéanfaí*** tionchair na géarchéime ar an margadh aonair níos measa fós leis na gníomhaíochtaí sriantacha neamh-chomhordaithe arna ndéanamh ag na Ballstáit. Tháinig sé chun solais go bhfuil gá le socruithe idir na Ballstáit agus údaráis an Aontais a mhéid a bhaineann le pleanáil ***theagmhasach***, comhordú ar an leibhéal teicniúil agus comhar agus malartú faisnéise. | (3) Cuireadh moill roinnt seachtainí ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin mar gheall ar easpa bearta pleanála teagmhais ar fud an Aontais agus mar gheall ar a shoiléire faoin cén pháirt den riarachán náisiúnta lena ndéanfaí teagmháil chun réitigh thapa a fháil ar ***thionchair a bhaineann le géarchéim*** ar an Margadh Aonair. Ina theannta sin, bhí sé soiléir go ***ndearnadh*** tionchair na géarchéime ar an margadh aonair níos measa fós leis na gníomhaíochtaí sriantacha neamh-chomhordaithe arna ndéanamh ag na Ballstáit. Tháinig sé chun solais***, chun intuarthacht a áirithiú,*** go bhfuil gá le ***rialacha agus*** socruithe ***soiléire agus trédhearcacha*** idir na Ballstáit agus údaráis an Aontais ***chomh maith le comhpháirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara eile*** a mhéid a bhaineann le pleanáil ***teagmhais***, comhordú ar an leibhéal teicniúil agus comhar agus malartú faisnéise. ***Tá ról lárnach ag comhpháirtithe sóisialta maidir le tacú le hiarrachtaí comhordúcháin agus le bearta éigeandála a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le faisnéis ábhartha a scaipeadh ar oibrithe, ar ghnólachtaí agus ar oibreoirí eacnamaíocha.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Thug eagraíochtaí ionadaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha le fios nach raibh go leor faisnéise ag oibreoirí eacnamaíocha faoi bhearta freagartha ar ghéarchéimeanna na mBallstát le linn na paindéime, mar gheall go páirteach nach raibh a fhios acu cá bhfaighidís an fhaisnéis sin, mar gheall go páirteach ar shrianta teanga agus ar an ualach riaracháin a bhain le fiosruithe a bheith á ndéanamh arís agus arís eile sna Ballstáit go léir, go háirithe i dtimpeallacht rialála a bhí ag síorathrú. Chuir sé sin bac orthu cinntí ***gnó*** eolacha a dhéanamh maidir lena mhéid a fhéadfadh siad brath ar a gcearta saorghluaiseachta ***nó*** leanúint le hoibríochtaí gnó trasteorann le linn na géarchéime. Is gá feabhas a chur ar infhaighteacht faisnéise maidir le bearta freagartha ar ghéarchéimeanna ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais | (4) Thug eagraíochtaí ionadaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha***, na gceardchumann agus na bhfostóirí*** le fios nach raibh go leor faisnéise ag oibreoirí eacnamaíocha***, ag oibrithe ná ag gnólachtaí*** faoi bhearta freagartha ar ghéarchéimeanna na mBallstát le linn na paindéime, mar gheall go páirteach nach raibh a fhios acu cá bhfaighidís an fhaisnéis sin, mar gheall go páirteach ar shrianta teanga agus ar an ualach riaracháin a bhain le fiosruithe a bheith á ndéanamh arís agus arís eile sna Ballstáit go léir, go háirithe i dtimpeallacht rialála a bhí ag síorathrú. Chuir sé sin bac orthu cinntí eolacha a dhéanamh maidir lena mhéid a fhéadfadh siad brath ar a gcearta saorghluaiseachta ***agus/nó*** leanúint le hoibríochtaí gnó trasteorann le linn na géarchéime. Is gá feabhas a chur ar infhaighteacht faisnéise maidir le bearta freagartha ar ghéarchéimeanna ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais**.** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Leis na teagmhais sin a tharla le déanaí, leagadh béim freisin ar an ngá go mbeadh an tAontas ullmhaithe ar bhealach níos fearr do ghéarchéimeanna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo , go háirithe agus iarmhairtí leanúnacha an athraithe aeráide agus tubaistí nádúrtha a eascraíonn as sin á meas againn, mar aon leis an gcóras domhanda eacnamaíoch agus geopholaitiúil. Ós rud é nach fios cén cineál géarchéimeanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn san am atá romhainn agus | (5) Leis na teagmhais sin a tharla le déanaí, leagadh béim freisin ar an ngá go mbeadh an tAontas ullmhaithe ar bhealach níos fearr do ghéarchéimeanna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo , go háirithe agus iarmhairtí leanúnacha an athraithe aeráide ***atá ag dul in olcas*** agus tubaistí nádúrtha a eascraíonn as sin á meas againn, mar aon leis an gcóras domhanda eacnamaíoch agus geopholaitiúil. Ós rud é nach fios cén cineál géarchéimeanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn san am atá |

| | |
|---|---|
| go bhféadfadh tionchair thromchúiseacha a bheith acu ar an Margadh Aonair agus ar a shlabhraí soláthair amach anseo, is gá foráil a dhéanamh maidir le hionstraim a mbeadh feidhm aici maidir le ***tionchair réimse leathan géarchéimeanna ar an Margadh*** Aonair. | romhainn agus go bhféadfadh tionchair thromchúiseacha a bheith acu ar an Margadh Aonair agus ar a shlabhraí soláthair amach anseo, is gá foráil a dhéanamh maidir le hionstraim ***ghéarchéime lena neartófaí athléimneacht, lena bhfeabhsófaí trédhearcacht, agus lena soláthrófaí rialacha soiléire le haghaidh rialachas géarchéime*** a mbeadh feidhm aici ***i leith saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine*** maidir le ***míshocrachtaí sa Mhargadh*** Aonair. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Ós rud é gur deacair aon ghné shonrach de ghéarchéimeanna amach anseo a thuar a mbeadh tionchar acu ar an Margadh Aonair agus ar a shlabhraí soláthair, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo i leith creat ginearálta chun na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag aon ghéarchéim ar an Margadh Aonair agus ar a shlabhraí soláthair a réamh-mheas, ullmhú dóibh, ***iad a mhaolú*** agus ***iad a íoslaghdú. .*** | (7) Ós rud é gur deacair aon ghné shonrach de ghéarchéimeanna amach anseo a thuar a mbeadh tionchar acu ar an Margadh Aonair agus ar a shlabhraí soláthair, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo i leith creat ginearálta chun na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag aon ghéarchéim ar an Margadh Aonair agus ar a shlabhraí soláthair a réamh-mheas, ***a chosc, a mhaolú agus a íoslaghdú agus*** ullmhú dóibh, agus ***a áirithiú ag an am céanna go n-urramófar go hiomlán le haon fhreagairt éigeandála a bhaineann le géarchéimeanna cearta bunúsacha an duine agus cearta oibrithe agus go ndéanfar saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine a choimirciú agus a éascú i gcomhréir leis na Conarthaí.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Ba cheart creat na mbeart a leagtar amach faoin Rialachán seo a dháileadh ar bhealach comhleanúnach, trédhearcach, éifeachtúil, comhréireach agus tráthúil, agus aird chuí á tabhairt ar an ngá atá le feidhmeanna ríthábhachtacha na sochaí a choimeád, lena n-áirítear an tslándáil phoiblí, an tsábháilteacht, an t-ord poiblí nó an tsláinte phoiblí ***a urramú,*** ar ***an bhfreagracht ar*** na Ballstáit an tslándáil náisiúnta a chosaint agus ar an gcumhacht atá acu feidhmeanna riachtanacha stáit eile a chosaint, lena n-áirítear iomláine chríochach an Stáit a áirithiú agus an dlí agus an t-ord a chaomhnú. | (8) Ba cheart creat na mbeart a leagtar amach faoin Rialachán seo a dháileadh ar bhealach comhleanúnach, trédhearcach, éifeachtúil, comhréireach agus tráthúil, agus aird chuí á tabhairt ar an ngá atá le feidhmeanna ríthábhachtacha na sochaí a choimeád, lena n-áirítear an tslándáil phoiblí, an tsábháilteacht ***phoiblí***, an t-ord poiblí nó an tsláinte phoiblí ***agus urraim á tabhairt don fhreagracht*** ar na Ballstáit an tslándáil náisiúnta a chosaint agus ar an gcumhacht atá acu feidhmeanna riachtanacha stáit eile a chosaint, lena n-áirítear iomláine chríochach an Stáit a áirithiú agus an dlí agus an t-ord a chaomhnú. ***Ba cheart go n-aithneofaí sa chreat freisin an ról tábhachtach atá ag na comhpháirtithe sóisialta maidir le bearta teagmhasacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus urraim iomlán do chearta cómhargála agus do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta a áirithiú.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 – fleasc 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — na modhanna is gá chun feidhmiú leanúnach an Mhargaidh Aonair, ***na ngnólachtaí*** a fheidhmíonn ar an Margadh Aonair agus a slabhraí soláthair straitéiseacha ***a áirithiú***, lena n-áirítear ***saorchúrsaíocht*** earraí, seirbhísí agus daoine le linn géarchéime agus infhaighteacht earraí agus seirbhísí i gcás géarchéime do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus d'údaráis phoiblí ***le linn géarchéime***; | — na modhanna is gá chun feidhmiú leanúnach an Mhargaidh Aonair ***a áirithiú le linn géarchéime freisin***, ***i gcás gnólachtaí*** a fheidhmíonn ar an Margadh Aonair agus a slabhraí soláthair straitéiseacha ***araon***, lena n-áirítear ***saorghluaiseacht*** earraí, seirbhísí agus daoine ***faoi dhálaí sábháilte*** le linn géarchéime agus infhaighteacht earraí agus seirbhísí ***atá ábhartha*** i gcás géarchéime do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus d'údaráis phoiblí***, agus cearta oibrithe agus sláinte agus sábháilteacht cheirde á n-áirithiú ag an am céanna***; |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 – fleasc 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — fóram le haghaidh comhordú**,** comhar leordhóthanach agus malartú faisnéise; agus | — fóram le haghaidh comhordú ***agus*** comhar leordhóthanach agus malartú faisnéise ***freisin d'fhonn dlús a chur le nósanna imeachta riaracháin, amhail dearbhuithe, clárúcháin agus údaruithe, agus leas á bhaint as acmhainneacht iomlán na n-uirlisí digiteacha ag an am céanna***; agus |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 – fleasc 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — na modhanna maidir le hinrochtaineacht thráthúil agus infhaighteacht na faisnéise atá riachtanach le haghaidh freagairt spriocdhírithe agus iompar leordhóthanach margaidh ag gnólachtaí agus saoránaigh le linn géarchéime. | — na modhanna maidir le hinrochtaineacht thráthúil agus infhaighteacht na faisnéise atá riachtanach le haghaidh freagairt spriocdhírithe agus iompar leordhóthanach margaidh ag gnólachtaí***, oibrithe*** agus saoránaigh le linn géarchéime. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Nuair is féidir, ba cheart go n-éascófar leis an Rialachán seo ***réamh-mheastachán teagmhas*** agus géarchéimeanna, ag forbairt ar anailís leanúnach a bhaineann le réimsí tábhachtacha straitéiseacha gheilleagar an Mhargaidh Aonair agus le hobair fhadbhreathnaitheach leanúnach an Aontais. | (10) Nuair is féidir, ba cheart go n-éascófar leis an Rialachán seo ***teagmhais*** agus géarchéimeanna ***a réamh-mheas agus a chosc***, ag forbairt ar anailís leanúnach a bhaineann le réimsí tábhachtacha straitéiseacha gheilleagar an Mhargaidh Aonair agus le hobair fhadbhreathnaitheach leanúnach an Aontais. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Le hAirteagal 21 CFAE leagtar síos an ceart atá ag saoránaigh den Aontas gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí agus sna bearta a glacadh chun éifeacht a thabhairt dóibh. Tá na coinníollacha agus na teorainneacha mionsonraithe leagtha síos i dTreoir 2004/38/CE. Leagtar amach sa Treoir sin na prionsabail ghinearálta is infheidhme maidir leis na teorainneacha sin agus na forais a fhéadfar a úsáid chun údar a thabhairt do bhearta den sórt sin. ***Is iad na forais sin beartas poiblí***, slándáil phoiblí ***nó*** sláinte phoiblí. ***Sa chomhthéacs sin, is féidir údar a thabhairt le srianta ar shaoirse gluaiseachta má bhíonn siad comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach.*** Níl sé beartaithe leis an Rialachán seo foráil a dhéanamh i leith forais bhreise chun an ceart chun saorghluaiseachta daoine a theorannú thar na forais dá bhforáiltear i gCaibidil VI de Threoir 2004/38/CE. | (17) Le hAirteagal 21 CFAE leagtar síos an ceart atá ag saoránaigh den Aontas gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí agus sna bearta a glacadh chun éifeacht a thabhairt dóibh. Tá na coinníollacha agus na teorainneacha mionsonraithe leagtha síos i dTreoir 2004/38/CE. Leagtar amach sa Treoir sin na prionsabail ghinearálta is infheidhme maidir leis na teorainneacha sin agus na forais a fhéadfar a úsáid chun údar a thabhairt do bhearta den sórt sin. ***Staonfaidh na Ballstáit ó shrianta atá idirdhealaitheach go díreach a thabhairt isteach ar shaorghluaiseacht shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh agus ar shaorghluaiseacht náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ar chríocha na mBallstát chomh maith le srianta ar shaorghluaiseacht dídeanaithe agus tairbhithe cosanta idirnáisiúnta ar bhonn an bheartais phoiblí***, slándáil phoiblí ***agus*** sláinte phoiblí. Níl sé beartaithe leis an Rialachán seo foráil a dhéanamh i leith forais bhreise chun an ceart chun saorghluaiseachta daoine a theorannú thar na forais dá bhforáiltear i gCaibidil VI de Threoir 2004/38/CE. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) A mhéid a bhaineann leis na bearta chun saorghluaiseacht daoine a ***athbhunú*** agus a éascú agus maidir le haon bheart | (18) A mhéid a bhaineann leis na bearta chun saorghluaiseacht daoine a ***áirithiú*** agus a éascú agus maidir le haon bheart |

| | |
|---|---|
| eile a bhaineann le saorghluaiseacht daoine dá bhforáiltear faoin Rialachán seo, tá siad bunaithe ar Airteagal 21 CFAE agus comhlánaítear leo siad Treoir 2004/38/CE gan dul i gcion ar chur i bhfeidhm na Treorach sin tráth a mbeadh éigeandálaí sa Mhargadh Aonair. Níor cheart go mbeadh sé de thoradh ar bhearta sin go dtabharfaí údarú nó údar le srianta ar shaorghluaiseacht a thagann salach ar na Conarthaí nó forálacha eile de dhlí an Aontais. | eile a bhaineann le saorghluaiseacht daoine dá bhforáiltear faoin Rialachán seo, tá siad bunaithe ar Airteagal 21 CFAE agus comhlánaítear leo siad Treoir 2004/38/CE gan dul i gcion ar chur i bhfeidhm na Treorach sin tráth a mbeadh éigeandálaí sa Mhargadh Aonair. Níor cheart go mbeadh sé de thoradh ar bhearta sin go dtabharfaí údarú nó údar le srianta ar shaorghluaiseacht a thagann salach ar na Conarthaí nó forálacha eile de dhlí an Aontais. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Le hAirteagal 45 CFAE leagtar síos an ceart chun saorghluaiseachta oibrithe, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí agus sna bearta arna nglacadh chun éifeacht a thabhairt dóibh. Tá forálacha sa Rialachán seo lena gcomhlánaítear na bearta atá ann cheana chun saorghluaiseacht daoine a ***threisiú***, chun trédhearcacht a mhéadú agus chun cúnamh riaracháin a sholáthar le linn éigeandálaí sa Mhargadh Aonair. ***Áirítear ar bhearta den sórt*** sin na pointí teagmhála aonair a chur ar bun agus a chur ar fáil d'oibrithe agus dá n-ionadaithe sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais le linn mhodhanna faireachais agus éigeandála an Mhargaidh Aonair faoin rialachán seo. | (19) Le hAirteagal 45 CFAE leagtar síos an ceart chun saorghluaiseachta oibrithe, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí agus sna bearta arna nglacadh chun éifeacht a thabhairt dóibh. Tá forálacha sa Rialachán seo***, ar forálacha iad*** lena gcomhlánaítear na bearta atá ann cheana chun saorghluaiseacht daoine a ***choimirciú agus a éascú***, ***lena n-áirítear oibrithe, faoi dhálaí sábháilte,*** chun trédhearcacht a mhéadú agus chun ***faisnéis leormhaith thráthúil chomh maith le*** cúnamh riaracháin a sholáthar le linn éigeandálaí sa Mhargadh Aonair. ***Ba cheart go bhforálfaí leis na bearta*** sin ***go ráthófar, maidir le hoibrithe bunriachtanacha agus oibrithe atá ábhartha i gcás géarchéime a fheidhmíonn a saoirse gluaiseachta le linn éigeandáil sa Mhargadh Aonair, an leibhéal céanna cosanta ó thaobh sláinte agus sábháilteachta de agus a ráthaítear d'oibrithe áitiúla atá gníomhach san earnáil ábhartha sa Bhallstát óstach. Ba cheart go n-áireofaí orthu freisin*** na pointí teagmhála aonair a chur ar bun agus a chur ar fáil d'oibrithe agus dá n-ionadaithe sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais le linn |

mhodhanna faireachais agus éigeandála an Mhargaidh Aonair faoin rialachán seo. ***Moltar don Choimisiún agus do na Ballstáit na struchtúir atá ann cheana a úsáid chun na pointí teagmhála sin a oibriú. Ba cheart go mbeadh na pointí teagmhála sin gníomhach fiú lasmuigh den mhodh éigeandála agus go n-éascófaí leo cumarsáid idir na Ballstáit agus leis an mbord comhairleach. Ba cheart go mbeadh an fhaisnéis a chuireann an pointe teagmhála ar fáil soiléir, intuigthe agus inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas.***

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19a) Chun bearta trasteorann a éascú chun saorghluaiseacht oibrithe a chothabháil nó a threisiú, ba cheart don Choimisiún lánúsáid a bhaint as uirlisí digiteacha chun bainistiú trasteorann agus comhordú ceart agus oibleagáidí slándála sóisialta a éascú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na hoibrithe is mó a ndéantar difear dóibh, go háirithe oibrithe taistil, lena n-áirítear oibrithe teorann agus trasteorann mar aon le hoibrithe atá in ann oibriú go cianda ach a bhfuil orthu déanamh amhlaidh ó Bhallstát ar leith.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) ***Má ghlacann*** na Ballstáit ***bearta*** a bhaineann le saorghluaiseacht earraí nó daoine***, earraí*** nó saoirse chun seirbhísí a sholáthar ***mar ullmhúchán d'éigeandálaí an Mhargaidh Aonair*** agus ***lena linn***, ba | (20) ***Bíonn saoránaigh, oibrithe, tomhaltóirí agus gnólachtaí ag brath ar Mhargadh Aonair dea-fheidhmiúil agus ar shaoirse gluaiseachta faoi dhálaí sábháilte freisin le linn géarchéime. Ba*** |

| | |
|---|---|
| cheart ***dóibh*** na bearta sin a theorannú don mhéid is gá agus iad a bhaint a luaithe is féidir de réir an cháis. ***Le bearta den sórt sin*** ba cheart ***prionsabail na comhréireachta*** agus an ***neamh-idirdhealaithe a urramú*** agus staid ar leith na réigiún teorann a ***chur san áireamh***. | ***cheart do*** na Ballstáit ***staonadh ó bhearta*** a ***ghlacadh a*** bhaineann le saorghluaiseacht earraí nó daoine nó saoirse chun seirbhísí a sholáthar ***ach amháin má tá údar leis ar bhonn an bheartais phoiblí dhlisteanaigh, slándáil phoiblí nó sláinte phoiblí*** agus ***má tá siad comhréireach leis an gcuspóir a bhfuiltear ag díriú uirthi. Dá bhrí sin***, ba cheart ***go mbeadh aon bheart den sórt sin comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach. Ba cheart do*** na ***Ballstáit na*** bearta sin a theorannú don mhéid is gá agus iad a bhaint a luaithe is féidir de réir an cháis. Ba cheart ***go n-urramófaí leis na bearta sin na Conarthaí, dlí an Aontais*** agus ***oibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cearta bunúsacha*** an ***duine*** agus ***ba cheart go gcuirfí san áireamh leo*** staid ar leith na réigiún teorann ***agus na n-earnálacha atá ag brath go háirithe ar oibrithe taistil, lena n-áirítear oibrithe teorann agus trasteorann. Aon bheart lena gcuirtear srian ar an tsaorghluaiseacht, níor cheart éifeacht dhlíthiúil*** a ***bheith aige a thuilleadh nuair a dhíghníomhachtaítear an modh éigeandála***. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(20a) I bhfianaise an digitithe agus na dtionchar trasteorann a bhíonn aige ar an Margadh Aonair agus ar mhargadh saothair an Aontais, ní mór aird ar leith a thabhairt ar shocruithe teilea-oibre. Go háirithe i gcás srianta ar shaorghluaiseacht oibrithe, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an gceist cé acu atá oibrithe taistil, lena n-áirítear oibrithe trasteorann agus oibrithe teorann, in ann a gcuid cúraimí a dhéanamh go cianda nó nach bhfuil. Chun idirdhealú a sheachaint, níor cheart go mbeadh*** |

***oibrithe nach bhfuil teilea-obair trasteorann indéanta ina leith, mar shampla, mar gheall ar chineál a gcúraimí agus a bhfreagrachtaí, faoi réir srianta míchuí ar a saoirse gluaiseachta fad is gur féidir a sláinte agus a sábháilteacht a áirithiú. Chun cóir chomhionann d'oibrithe a áirithiú agus a saoirse gluaiseachta á feidhmiú acu, ba cheart do na Ballstáit cead a thabhairt d'oibrithe taistil agus d'oibrithe trasteorann leanúint dá dteorainneacha a thrasnú chun a n-ionad oibre a bhaint amach má cheadaítear obair san earnáil lena mbaineann fós sa Bhallstát is faighteoir.***

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Ba cheart go spreagfadh gníomhachtú mhodh éigeandála an Mhargaidh Aonair oibleagáid ar na Ballstáit fógra a thabhairt maidir le ***srianta*** saorghluaiseachta atá ábhartha i gcás géarchéime. | (21) Ba cheart go spreagfadh gníomhachtú mhodh éigeandála an Mhargaidh Aonair oibleagáid ar na Ballstáit fógra a thabhairt maidir le ***haon srian*** saorghluaiseachta atá ábhartha i gcás géarchéime ***gan moill mhíchuí, lena n-áirítear réasúnú leis an ngá atá leis agus lena chomhréireacht***. ***Ba cheart dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta maidir le haon bheart éigeandála a mbeadh tionchar aige ar mhargadh an tsaothair. Le dlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, is féidir cur chun feidhme na mbeart agus an tsoláthair faisnéise sin d'oibrithe, do ghnólachtaí agus d'oibreoirí eacnamaíocha a éascú freisin.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Agus scrúdú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar ***chomhoiriúnacht aon*** dréachtbheart ar tugadh fógra ina leith nó aon bheart a glacadh le prionsabal na comhréireachta, ba cheart ***dó aird chuí a thabhairt*** ar ***an ngéarchéim atá ag teacht chun cinn agus ar an bhfaisnéis atá ar fáil do na Ballstáit a bhíonn teoranta go minic agus iad ag iarraidh na rioscaí atá ag teacht chun cinn i gcomhthéacs na géarchéime a laghdú. I gcás ina mbeidh údar leis agus inar gá é sna himthosca, féadfaidh an Coimisiún breathnú, bunaithe ar aon fhaisnéis atá ar fáil, lena n-áirítear faisnéis speisialaithe nó eolaíoch, ar*** fhiúntas argóintí na mBallstát, ***ar argóintí*** iad a bhraitheann ar phrionsabal an réamhchúraim, mar chúis le srianta ar shaorghluaiseacht daoine a ghlacadh. Tá sé de chúram ar an gCoimisiún a áirithiú go gcomhlíonfar leis na bearta sin dlí an Aontais agus nach gcruthaítear leo bacainní gan údar ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair. Ba cheart don Choimisiún freagairt d’fhógraí na mBallstát chomh tapa agus is féidir, ag cur san áireamh imthosca na géarchéime ar leith, agus ar a dhéanaí laistigh de na teorainneacha ama a leagtar amach leis an Rialachán seo. | (22) Agus scrúdú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar ***an ngá atá le haon*** dréachtbheart ar tugadh fógra ina leith nó aon bheart a glacadh ***agus ar chomhoiriúnacht na mbeart sin*** le prionsabal na comhréireachta ***agus an neamh-idirdhealaithe***, ba cheart ***don Choimisiún dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara, amhail comhpháirtithe sóisialta, maidir leis an tionchar*** ar ***mhargadh an tsaothair. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar*** fhiúntas argóintí na mBallstát, ***lena n-áirítear*** iad ***siúd*** a bhraitheann ar phrionsabal an réamhchúraim ***a chumhdaítear in Airteagal 191 CFAE***, mar chúis le srianta ar shaorghluaiseacht daoine a ghlacadh. Tá sé de chúram ar an gCoimisiún a áirithiú go gcomhlíonfar ***go hiomlán*** leis na bearta sin ***na Conarthaí agus*** dlí an Aontais agus nach gcruthaítear leo bacainní gan údar ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair ***agus ar an gceart chun saorghluaiseachta***. Ba cheart don Choimisiún freagairt d’fhógraí na mBallstát chomh tapa agus is féidir, ag cur san áireamh imthosca na géarchéime ar leith, agus ar a dhéanaí laistigh de na teorainneacha ama a leagtar amach leis an Rialachán seo. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Lena áirithiú nach n-úsáidfear na bearta sonracha éigeandála de chuid an Mhargaidh Aonair dá bhforáiltear sa Rialachán seo ach amháin i gcás ina bhfuil sé sin fíor-riachtanach chun freagairt d’éigeandáil áirithe sa Mhargadh Aonair, ba cheart go gceanglófaí gníomhachtú | (23) Lena áirithiú nach n-úsáidfear na bearta sonracha éigeandála de chuid an Mhargaidh Aonair dá bhforáiltear sa Rialachán seo ach amháin i gcás ina bhfuil sé sin fíor-riachtanach chun freagairt d’éigeandáil áirithe sa Mhargadh Aonair, ba cheart go gceanglófaí gníomhachtú |

| | |
|---|---|
| aonair le bearta den sórt sin trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme ón gCoimisiún, ina léireofar na cúiseanna leis an ngníomhachtú sin agus na hearraí nó na seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime. | aonair le bearta den sórt sin trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme ón gCoimisiún, ina léireofar na cúiseanna leis an ngníomhachtú sin agus ***conas a chomhlíonann*** na ***bearta na Conarthaí, chomh maith leis na*** hearraí nó na seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime ***agus a bhfuil feidhm ag na bearta sin ina leith***. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Ina theannta sin, d'fhonn comhréireacht na ngníomhartha cur chun feidhme agus urraim chuí do ról na n-oibreoirí eacnamaíocha i mbainistiú géarchéime a áirithiú, níor cheart don Choimisiún dul i muinín mhodh éigeandála an Mhargaidh Aonair a ghníomhachtú ach amháin i gcás nach ***bhfuil*** oibreoirí eacnamaíocha ábalta réiteach a sholáthar ar bhonn deonach laistigh de thréimhse réasúnta. Ba cheart an fáth leis sin a chur in iúl i ngach gníomh den sórt sin, agus maidir le gach gné ar leith géarchéime. | (24) Ina theannta sin, d'fhonn comhréireacht na ngníomhartha cur chun feidhme agus urraim chuí do ***neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta agus do*** ról na n-oibreoirí eacnamaíocha i mbainistiú géarchéime a áirithiú, níor cheart don Choimisiún dul i muinín mhodh éigeandála an Mhargaidh Aonair a ghníomhachtú ach amháin i gcás nach ***mbeidh*** oibreoirí eacnamaíocha ***ná comhpháirtithe sóisialta*** ábalta réiteach a sholáthar ar bhonn deonach laistigh de thréimhse réasúnta. Ba cheart an fáth leis sin a chur in iúl i ngach gníomh den sórt sin, agus maidir le gach gné ar leith géarchéime. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Níor cheart don Choimisiún iarratais ar fhaisnéis chuig oibreoirí eacnamaíocha a úsáid ach amháin i gcás nach féidir an fhaisnéis is gá chun freagairt go leordhóthanach d'éigeandáil sa Mhargadh Aonair a fháil, amhail an fhaisnéis is gá le haghaidh soláthair ag an | (25) Níor cheart don Choimisiún iarratais ar fhaisnéis chuig oibreoirí eacnamaíocha a úsáid ach amháin***, agus aird chuí á tabhairt ar rúin trádála*** i ***gcomhréir le Treoir 2016/943, i*** gcás nach féidir an fhaisnéis is gá chun freagairt go leordhóthanach d'éigeandáil sa Mhargadh |

| | |
|---|---|
| gCoimisiún thar ceann na mBallstát nó chun acmhainneacht táirgeacht monaróirí earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a mheas, ar earraí iad ar cuireadh isteach ar a slabhraí soláthair, a fháil ó fhoinsí atá ar fáil go poiblí nó de bharr faisnéise a cuireadh ar fáil go deonach. | Aonair a fháil, amhail an fhaisnéis is gá le haghaidh soláthair ag an gCoimisiún thar ceann na mBallstát nó chun acmhainneacht táirgeacht monaróirí earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a mheas, ar earraí iad ar cuireadh isteach ar a slabhraí soláthair, a fháil ó fhoinsí atá ar fáil go poiblí nó de bharr faisnéise a cuireadh ar fáil go deonach. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) I gcásanna ina bhfuil rioscaí substaintiúla ann d'fheidhmiú an Mhargaidh Aonair nó i gcásanna ina bhfuil ganntanas mór earraí nó ina bhfuil éileamh thar a bheith ard ar earraí a bhfuil ***tábhacht straitéiseach*** ag baint leo, d'fhéadfadh sé go mbeadh bearta ar leibhéal an Aontais a bhfuil sé mar aidhm leo a áirithiú go mbeadh fáil ar tháirgí atá ábhartha i gcás géarchéime, amhail orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo, fíor-riachtanach chun go bhfeidhmeoidh an Margadh Aonair ar an ngnáthbhealach arís. | (28) I gcásanna ina bhfuil rioscaí substaintiúla ann d'fheidhmiú an Mhargaidh Aonair nó i gcásanna ina bhfuil ganntanas mór earraí nó ina bhfuil éileamh thar a bheith ard ar earraí a bhfuil ***ríthábhacht*** ag baint leo, d'fhéadfadh sé go mbeadh bearta ar leibhéal an Aontais a bhfuil sé mar aidhm leo a áirithiú go mbeadh fáil ar tháirgí atá ábhartha i gcás géarchéime, amhail orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo, fíor-riachtanach chun go bhfeidhmeoidh an Margadh Aonair ar an ngnáthbhealach arís. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) I gcás ina bhfuil ganntanas mór táirgí nó seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime ar an margadh aonair le linn éigeandála sa Mhargadh Aonair, agus gur léir nach dtáirgeann na hoibreoirí eacnamaíocha a oibríonn ar an margadh aonair aon earra den sórt sin, ach go mbeadh siad, i bprionsabal, ábalta athearraíocht a bhaint as a línte táirgeachta nó nach mbeadh sé d'acmhainn | (30) I gcás ina bhfuil ganntanas mór táirgí nó seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime ar an margadh aonair le linn éigeandála sa Mhargadh Aonair, agus gur léir nach dtáirgeann na hoibreoirí eacnamaíocha a oibríonn ar an margadh aonair aon earra den sórt sin, ach go mbeadh siad, i bprionsabal, ábalta athearraíocht a bhaint as a línte táirgeachta nó nach mbeadh sé d'acmhainn |

| | |
|---|---|
| leordhóthanach acu na hearraí nó na seirbhísí is gá a sholáthar, ba cheart go mbeadh an Coimisiún ábalta a mholadh do na Ballstáit mar rogha dheiridh bearta a dhéanamh chun cur le hacmhainneacht táirgeachta nó athrú cuspóra acmhainneacht táirgeachta na monaróirí nó cur le hacmhainneacht táirgeachta nó athrú cuspóra acmhainneacht na soláthraithe seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a sholáthar a éascú nó a iarraidh. Agus é sin á dhéanamh aige, chuirfeadh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas maidir le déine an ghanntanais agus an cineál earraí nó seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a theastaíonn agus chuirfeadh sé tacaíocht agus comhairle ar fáil maidir leis an tsolúbthacht in acquis an Aontais chun na gcríoch sin. | leordhóthanach acu na hearraí nó na seirbhísí is gá a sholáthar, ba cheart go mbeadh an Coimisiún ábalta a mholadh do na Ballstáit mar rogha dheiridh bearta a dhéanamh***, agus iad teoranta go docht don mhéid is gá agus ar feadh tréimhse teoranta ama amháin,*** chun cur le hacmhainneacht táirgeachta nó athrú cuspóra acmhainneacht táirgeachta na monaróirí nó cur le hacmhainneacht táirgeachta nó athrú cuspóra acmhainneacht na soláthraithe seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a sholáthar a éascú nó a iarraidh. Agus é sin á dhéanamh aige, chuirfeadh an Coimisiún na Ballstáit***, an grúpa comhairleach agus Parlaimint na hEorpa*** ar an eolas maidir le déine an ghanntanais agus an cineál earraí nó seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a theastaíonn agus chuirfeadh sé tacaíocht agus comhairle ar fáil maidir leis an tsolúbthacht in acquis an Aontais chun na gcríoch sin. ***Maidir le haon mhéadú ar acmhainneacht táirgeachta na monaróirí nó le haon athrú cuspóra acmhainneacht táirgeachta na monaróirí, má bhíonn tionchar ag an méid sin ar oibrithe i gcuideachta nó in earnáil, ba cheart ionadaithe na n-oibrithe agus na gceardchumann a chur ar an eolas agus ba cheart dul i gcomhairle leo roimh an gcéim cur chun feidhme agus lena linn.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a mhéid a bhaineann leis an bhféidearthacht bearta tacaíochta a ghlacadh chun saorghluaiseacht daoine a éascú, chun liosta a bhunú de spriocanna aonair | (35) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a mhéid a bhaineann leis an bhféidearthacht bearta tacaíochta a ghlacadh chun saorghluaiseacht daoine a éascú, ***lena n-áirítear cosaint oibrithe a fheidhmíonn an*** |

| | |
|---|---|
| (cainníochtaí agus spriocdhátaí) le haghaidh na gcúltacaí straitéiseacha sin ar cheart do na Ballstáit iad a choinneáil, ionas go mbainfear na cuspóirí leis an tionscnamh amach. Thairis sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a mhéid a bhaineann leis an modh faireachais agus bearta faireachais a ghníomhachtú chun faireachán cúramach a dhéanamh ar na slabhraí soláthair straitéiseacha agus chun forbairt cúltacaí straitéiseacha d'earraí agus do sheirbhísí lena mbaineann tábhacht straitéiseach a chomhordú. Thairis sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a mhéid a bhaineann le bearta sonracha práinnfhreagartha a ghníomhachtú tráth a bheadh éigeandáil sa Mhargadh Aonair, chun freagairt thapa chomhordaithe a éascú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. | ***ceart sin, agus*** chun liosta a bhunú de spriocanna aonair (cainníochtaí agus spriocdhátaí) le haghaidh na gcúltacaí straitéiseacha sin ar cheart do na Ballstáit iad a choinneáil, ionas go mbainfear na cuspóirí leis an tionscnamh amach. Thairis sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a mhéid a bhaineann leis an modh faireachais agus bearta faireachais a ghníomhachtú chun faireachán cúramach a dhéanamh ar na slabhraí soláthair straitéiseacha agus chun forbairt cúltacaí straitéiseacha d'earraí agus do sheirbhísí lena mbaineann tábhacht straitéiseach a chomhordú. Thairis sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a mhéid a bhaineann le bearta sonracha práinnfhreagartha a ghníomhachtú tráth a bheadh éigeandáil sa Mhargadh Aonair, chun freagairt thapa chomhordaithe a éascú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Leis an Rialachán seo ***urramaítear*** cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear go háirithe le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'). Go sonrach, urramaítear leis ceart chun príobháideachta ***na n-oibreoirí eacnamaíocha*** a chumhdaítear in Airteagal 7 den Chairt, an ceart chun cosaint sonraí a leagtar amach in Airteagal 8 den Chairt, an tsaoirse chun gnó a dhéanamh agus an tsaoirse ***conartha***, a chosnaítear le hAirteagal 16 den Chairt, an ceart chun maoine, a chosnaítear le hAirteagal 17 den Chairt, an ceart chun cómhargála agus caingne a chosnaítear le | (36) Leis an Rialachán seo***, cosnaítear na*** cearta bunúsacha ***mar a leagtar síos sna Conarthaí iad*** agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear go háirithe le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') ***agus an ceart chun saoirse agus slándála pearsan (Airteagal 6)***. Go sonrach, urramaítear leis ceart ***gach duine*** chun príobháideachta a chumhdaítear in Airteagal 7 den Chairt, an ceart chun cosaint sonraí a leagtar amach in Airteagal 8 den Chairt, an tsaoirse chun ***slí bheatha a roghnú agus an ceart chun obair a dhéanamh mar a chosnaítear le hAirteagal 15 den Chairt, an tsaoirse*** |

hAirteagal ***26*** den Chairt agus an ceart chun leighis bhreithiúnaigh éifeachtaigh agus trialach ***cora*** dá bhforáiltear in Airteagal 47 den Chairt. Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach go leormhaith agus, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach. Níor cheart go rachfaí i gcion leis an Rialachán ar neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta mar a aithnítear in CFAE.

***chun*** gnó a dhéanamh agus an tsaoirse ***chonarthach***, a chosnaítear le hAirteagal 16 den Chairt, an ceart chun maoine, a chosnaítear le hAirteagal 17 den Chairt, an ceart chun ***neamh-idirdhealú mar a chosnaítear le hAirteagal 21 den Chairt, an ceart chun*** cómhargála agus ***chun*** caingne a chosnaítear le hAirteagal ***28*** den Chairt***, an ceart chun dálaí oibre cothroma*** agus ***córa mar a chosnaítear le hAirteagal 31 den Chairt, agus*** an ceart chun leighis bhreithiúnaigh éifeachtaigh agus trialach ***córa*** dá bhforáiltear in Airteagal 47 den Chairt. ***Níor cheart aon bheart éigeandála a spreagtar faoin Rialachán seo mar fhreagairt ar ghéarchéim sa Mhargadh Aonair a úsáid chun an bonn a bhaint ó chearta bunúsacha an duine ná chun dul timpeall orthu mar a ráthaítear faoin gCairt nó faoi ionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine.*** Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach go leormhaith agus, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach. Níor cheart go rachfaí i gcion leis an Rialachán ar neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta mar a aithnítear in CFAE.

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) Cuimseofar i gcreat an Aontais gnéithe idir-réigiúnacha chun bearta comhtháite ilearnála trasteorann um fhaireachas agus freagairt éigeandála an | (38) Cuimseofar i gcreat an Aontais gnéithe idir-réigiúnacha chun bearta comhtháite ilearnála trasteorann um fhaireachas agus freagairt éigeandála an |

| | |
|---|---|
| Mhargaidh Aonair a bhunú, go háirithe agus na hacmhainní, an acmhainneacht agus na leochaileachtaí ar fud na réigiún comharsanachta, go háirithe na réigiúin teorann á gcur san áireamh. | Mhargaidh Aonair a bhunú, go háirithe agus na hacmhainní, an acmhainneacht agus na leochaileachtaí ar fud na réigiún comharsanachta, go háirithe na réigiúin teorann***,*** á gcur san áireamh***, chomh maith le staid na n-oibrithe taistil, lena n-áirítear oibrithe teorann agus oibrithe trasteorann, agus béim ar leith á leagan ar chearta oibrithe agus ar dhálaí oibre***. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1– mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Bunaítear leis an Rialachán seo creat beart chun tionchair géarchéimeanna ar an Margadh Aonair a réamh-mheas, ullmhú ***dóibh*** agus freagairt dóibh, chun saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine a chosaint agus chun infhaighteacht earraí agus seirbhísí lena mbaineann ***tábhacht straitéiseach*** agus earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime sa Mhargadh Aonair a áirithiú. | 1. Bunaítear leis an Rialachán seo creat beart chun tionchair géarchéimeanna ar an Margadh Aonair a réamh-mheas, ***a chosc, agus*** ullmhú agus freagairt dóibh, chun saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine a chosaint agus ***a éascú i gcomhréir leis na Conarthaí, lena n-áirítear saorghluaiseacht oibrithe,*** chun ***athléimneacht agus feidhmiú an Mhargaidh Aonair a neartú, chun tomhaltóirí, an comhshaol agus cearta bunúsacha oibrithe a chosaint i gcás géarchéime, agus chun*** infhaighteacht earraí agus seirbhísí lena mbaineann ***ríthábhacht*** agus earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime sa Mhargadh Aonair a áirithiú. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) bearta teagmhasacha atá dírithe ar réamh-mheas agus ar phleanáil; | (c) bearta teagmhasacha atá dírithe ar réamh-mheas***, ar chosc*** agus ar phleanáil; |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh na Ballstáit faisnéis ar gach ábhar a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a mhalartú go rialta eatarthu féin agus leis an gCoimisiún. | 3. Déanfaidh na Ballstáit faisnéis ar gach ábhar a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a mhalartú go rialta eatarthu féin***, leis an ngrúpa comhairleach*** agus leis an gCoimisiún. ***Beidh rochtain thráthúil ag Parlaimint na hEorpa ar an bhfaisnéis sin*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Leis an Rialachán seo, ní dhéanfar aon difear d'fheidhmiú na gceart bunúsach mar a aithnítear iad sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear an ceart nó an tsaoirse chun dul ar stailc nó gníomh eile a dhéanamh a chumhdaítear leis na córais shonracha caidrimh thionsclaíoch atá sna Ballstáit, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus/nó leis an gcleachtas náisiúnta. Ná ní dhéanfar difear leis don cheart chun comhaontuithe comhchoiteanna a chaibidil, a thabhairt i gcrích agus a fhorfheidhmiú nó chun gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus/nó leis an gcleachtas náisiúnta.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Beidh aon ghníomhaíocht faoin | 7. Beidh aon ghníomhaíocht faoin |

| | |
|---|---|
| Rialachán seo comhsheasmhach le hoibleagáidí an Aontais faoin dlí idirnáisiúnta | Rialachán seo comhsheasmhach le hoibleagáidí an Aontais faoin dlí idirnáisiúnta***, lena n-áirítear oibleagáidí maidir le cearta an duine.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ciallaíonn 'géarchéim' teagmhas eisceachtúil gan choinne, tobann, nádúrtha nó de dhéantús an duine de chineál agus de scála neamhghnách a tharlaíonn laistigh nó lasmuigh den Aontas; | (1) ciallaíonn 'géarchéim' teagmhas eisceachtúil gan choinne, tobann, nádúrtha nó de dhéantús an duine de chineál agus de scála neamhghnách a tharlaíonn laistigh nó lasmuigh den Aontas***, cé is moite de ghníomhaíochta comhchoiteanna, agus a bhfuil nó a bhfuil baol ann go mbeidh cur isteach suntasach ar fheidhmiú cuí an Mhargaidh Aonair mar thoradh air, lena n-áirítear ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine***; |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) ciallaíonn 'modh faireachais an Mhargaidh Aonair' creat chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol go gcuirfí isteach go mór ar sholáthar earraí agus seirbhísí lena mbaineann ***tábhacht straitéiseach*** agus a bhféadfadh éigeandáil sa Mhargadh Aonair laistigh den chéad 6 mhí eile a bheith mar thoradh air; | (2) ciallaíonn 'modh faireachais an Mhargaidh Aonair' creat chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol go gcuirfí isteach go mór ar sholáthar earraí agus seirbhísí lena mbaineann ***ríthábhacht agus/nó ar shaorghluaiseacht daoine,*** agus a bhféadfadh éigeandáil sa Mhargadh Aonair laistigh den chéad 6 mhí eile a bheith mar thoradh air; |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) ciallaíonn 'éigeandáil sa Mhargadh Aonair' tionchar forleathan géarchéime ar an Margadh Aonair a chuireann isteach go mór ar shaorghluaiseacht ***an Mhargaidh*** Aonair nó ar fheidhmiú na slabhraí soláthair atá fíor-riachtanach chun gníomhaíochtaí ríthábhachtacha sochaíocha nó eacnamaíocha sa Mhargadh Aonair a choinneáil ar bun; | (3) ciallaíonn 'éigeandáil sa Mhargadh Aonair' tionchar forleathan géarchéime ar an Margadh Aonair a chuireann isteach go mór ar shaorghluaiseacht ***earraí, seirbhísí agus daoine sa Mhargadh*** Aonair nó ar fheidhmiú na slabhraí soláthair atá fíor-riachtanach chun gníomhaíochtaí ríthábhachtacha sochaíocha nó eacnamaíocha sa Mhargadh Aonair a choinneáil ar bun; |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) ciallaíonn '***limistéir*** a bhfuil ***tábhacht straitéiseach*** leo' na ***limistéir*** sin a bhfuil tábhacht chriticiúil ag baint leo don Aontas agus dá Bhallstáit, is é sin le rá go bhfuil siad ríthábhachtach ó thaobh na slándála poiblí, na sábháilteachta poiblí, an oird phoiblí nó na sláinte poiblí de, agus a mbeadh tionchar suntasach ag a gcur isteach, a gcliseadh, a gcaillteanas nó a scriosadh ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair; | (4) ciallaíonn '***réimsí*** a bhfuil ***ríthábhacht*** leo' na ***réimsí*** sin a bhfuil tábhacht chriticiúil ag baint leo don Aontas agus dá Bhallstáit, is é sin le rá go bhfuil siad ríthábhachtach ó thaobh na slándála poiblí, na sábháilteachta poiblí, an oird phoiblí nó na sláinte poiblí de, agus a mbeadh tionchar suntasach ag a gcur isteach, a gcliseadh, a gcaillteanas nó a scriosadh ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair; |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) ciallaíonn 'earraí agus seirbhísí lena mbaineann ***tábhacht straitéiseach***' earraí agus seirbhísí atá fíor-riachtanach chun feidhmiú an Mhargaidh Aonair a áirithiú i réimsí a bhfuil ***tábhacht straitéiseach*** leo agus nach féidir iad a ionadú ná a éagsúlú; | (5) ciallaíonn 'earraí agus seirbhísí lena mbaineann ***ríthábhacht***' earraí agus seirbhísí atá fíor-riachtanach chun feidhmiú an Mhargaidh Aonair a áirithiú i réimsí a bhfuil ***ríthábhacht*** leo agus nach féidir iad a ionadú ná a éagsúlú ***ar*** |

***bhealach tráthúil***;

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (7) ciallaíonn 'cúltacaí straitéiseacha' stoc earraí a bhfuil ***tábhacht straitéiseach*** ag baint leis agus a bhféadfadh sé go mbeadh gá le cúltaca a fhorbairt ina leith chun ullmhú d'éigeandáil sa Mhargadh Aonair, faoi rialú Ballstáit. | (7) ciallaíonn 'cúltacaí straitéiseacha' stoc earraí a bhfuil ***ríthábhacht*** ag baint leis agus a bhféadfadh sé go mbeadh gá le cúltaca a fhorbairt ina leith chun ullmhú d'éigeandáil sa Mhargadh Aonair, faoi rialú Ballstáit. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(7a) ciallaíonn 'oibreoir eacnamaíoch' an monaróir, an t-ionadaí údaraithe, an t-allmhaireoir agus an dáileoir mar a shainmhínítear i Rialachán 765/2008/CE nó soláthraí seirbhíse mar a shainmhínítear i dTreoir 2006/123/CE.*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 2. Beidh an grúpa comhairleach comhdhéanta d'ionadaí amháin ó gach Ballstát. Ainmneoidh gach Ballstát ionadaí agus ionadaí malartach. | 2. Beidh an grúpa comhairleach comhdhéanta d'ionadaí amháin ó gach Ballstát ***agus de cheathrar ionadaithe ó chomhpháirtithe sóisialta Eorpacha***. Ainmneoidh gach Ballstát ionadaí agus ionadaí malartach. ***Féadfaidh eagraíochtaí comhpháirtithe sóisialta trastionscail ar leibhéal an Aontais ceathrar ionadaithe a ainmniú don ghrúpa comhairleach a mbeidh ionadaíocht chomhionann acu ar*** |

| | |
|---|---|
| | ***eagraíochtaí ceardchumann agus ar eagraíochtaí fostóirí.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh an Coimisiún cathaoirleacht ar an ngrúpa comhairleach agus áiritheoidh sé a rúnaíocht. ***Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar ionadaí ar Pharlaimint*** na hEorpa***, ar*** ionadaithe ar Stáit CSTE ar páirtithe conarthacha sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach ***Eacnamaíoch***[49] iad, ar ionadaithe ***ar oibreoirí*** eacnamaíocha ***iad, ar eagraíochtaí*** páirtithe leasmhara ***iad, ar pháirtithe sóisialta*** agus ***ar shaineolaithe iad***, freastal ar chruinnithe an ghrúpa chomhairligh ***mar bhreathnóirí. Tabharfaidh sé cuireadh d'ionadaithe comhlachtaí eile atá ábhartha i gcás géarchéime ar leibhéal an Aontais mar bhreathnóirí chuig cruinnithe ábhartha an ghrúpa chomhairligh.*** | 3. Déanfaidh an Coimisiún cathaoirleacht ar an ngrúpa comhairleach agus áiritheoidh sé a rúnaíocht. ***Tabharfaidh an grúpa comhairleach cuireadh do hionadaithe*** na ***gcomhlachtaí eile atá ábhartha i gcás géarchéime ar leibhéal an Aontais, do shaineolaí neamhspleách amháin arna cheapadh ag Parlaimint na*** hEorpa ***agus d'***ionadaithe ar Stáit CSTE ar páirtithe conarthacha sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach ***Eacnamaíoch*** iad, ***mar bhreathnóirí*** ar ***na cruinnithe ábhartha. Féadfaidh sé cuireadh a thabhairt d'***ionadaithe ***na n-oibreoirí*** eacnamaíocha***, na gceardchumann, na bhfostóirí, na n-eagraíochtaí*** páirtithe leasmhara agus ***na gcomhpháirtithe sóisialta***, ***chomh maith le hionadaithe na n-oibrithe agus saineolaithe ábhartha eile,*** freastal ar chruinnithe an ghrúpa chomhairligh ***chun ionchur a chur ar fáil.*** |
| [49] IO L 1, 3.1.1994, lch. 3. | [49] IO L 1, 3.1.1994, lch. 3. |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Chun ***críche pleanála*** teagmhais faoi ***Airteagal*** 6 go ***hAirteagal*** 8, tabharfaidh an grúpa comhairleach cúnamh | 4. Chun ***athléimneacht agus feidhmiú cuí an Mhargaidh Aonair agus pleanáil*** teagmhais ***a neartú*** faoi ***Airteagail*** 6 go 8, |

| | |
|---|---|
| agus comhairle don Choimisiún a mhéid a bhaineann leis na cúraimí seo a leanas: | tabharfaidh an grúpa comhairleach cúnamh agus comhairle don Choimisiún a mhéid a bhaineann leis na cúraimí seo a leanas: |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) measúnú a dhéanamh ar theagmhais shuntasacha ar chuir na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas ina leith. | (b) measúnú a dhéanamh ar theagmhais shuntasacha ar chuir na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas ina leith. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) dul i gcomhairle le hionadaithe na n-oibreoirí eacnamaíocha, lena n-áirítear FBManna, agus le ***lucht tionscail*** chun faisnéis faoin margadh a bhailiú; | (c) dul i gcomhairle le hionadaithe na n-oibreoirí eacnamaíocha, lena n-áirítear FBManna ***agus lucht tionscail***, agus***, i gcás inarb ábhartha,*** le ***hionadaithe na gceardchumann agus na n-eagraíochtaí fostóirí,*** chun faisnéis faoin margadh a bhailiú; |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) dul i gcomhairle le hionadaithe na gceardchumann agus na bhfostóirí chun tuiscint níos fearr a fháil ar na tionchair shóisialta agus na tionchair ar mhargadh an tsaothair a bhíonn ag géarchéimeanna féideartha agus ag bearta gaolmhara, go háirithe ar chearta oibrithe agus ar shaoirse gluaiseachta oibrithe agus béim ar leith á leagan ar oibrithe taistil, lena n-*** |

| | |
|---|---|
| | ***áirítear oibrithe teorann agus trasteorann;*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) stór a choinneáil de bhearta géarchéime náisiúnta agus de bhearta an Aontais a úsáideadh i ngéarchéimeanna roimhe seo a raibh tionchar acu ar an Margadh Aonair agus ar a shlabhraí soláthair | (f) stór a choinneáil de bhearta géarchéime náisiúnta agus de bhearta an Aontais a úsáideadh i ngéarchéimeanna roimhe seo a raibh tionchar acu ar an Margadh Aonair agus ar a shlabhraí soláthair ***ach ar mhargadh an tsaothair, ar chearta oibrithe, ar dhálaí oibre agus ar shaoirse gluaiseachta oibrithe freisin.*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 6 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) dul i gcomhairle le hionadaithe na gceardchumann agus na bhfostóirí maidir le tionchar na héigeandála ar mhargadh an tsaothair agus ar shaoirse gluaiseachta oibrithe go háirithe oibrithe taistil, lena n-áirítear oibrithe teorann agus trasteorann;*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 6 – pointe a b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ab) dul i gcomhairle le hionadaithe na n-oibreoirí eacnamaíocha, lena n-áirítear FBManna agus lucht tionscail, agus i gcás inarb ábhartha, le hionadaithe na*** |

| | |
|---|---|
| | ***gceardchumann agus na n-eagraíochtaí fostóirí, chun faisnéis faoin margadh a bhailiú agus measúnú a dhéanamh ar thionchar na héigeandála dá dtagraítear in Airteagal 3(3);*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 6 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) bearta a mholadh agus measúnú a dhéanamh orthu chun athléimneacht an Mhargaidh Aonair a neartú, amhail slabhraí soláthair ábhartha agus tástálacha struis a leagan amach;*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Áiritheoidh an Coimisiún rannpháirtíocht gach comhlachta ar leibhéal an Aontais i gcás a ngéarchéime faoi seach. Comhoibreoidh agus comhordóidh an grúpa comhairleach go dlúth, i gcás inarb iomchuí, le comhlachtaí ábhartha eile i gcás géarchéime ar leibhéal an Aontais. Áiritheoidh an Coimisiún comhordú leis na bearta a chuirfear chun feidhme trí shásraí eile de chuid an Aontais, amhail an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (UCPM) nó Creat Slándála Sláinte an Aontais Eorpaigh. Áiritheoidh an grúpa comhairleach go ndéanfar faisnéis a mhalartú leis an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha faoi UCPM. | 7. Áiritheoidh an Coimisiún rannpháirtíocht gach comhlachta ar leibhéal an Aontais i gcás a ngéarchéime faoi seach. Comhoibreoidh agus comhordóidh an grúpa comhairleach go dlúth, i gcás inarb iomchuí, le comhlachtaí ábhartha eile i gcás géarchéime ar leibhéal an Aontais. Áiritheoidh an Coimisiún comhordú leis na bearta a chuirfear chun feidhme trí shásraí eile de chuid an Aontais, amhail an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (UCPM) nó Creat Slándála Sláinte an Aontais Eorpaigh. Áiritheoidh an grúpa comhairleach go ndéanfar faisnéis a mhalartú leis an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha faoi UCPM. ***Tuairisceoidh an Coimisiún ar obair an ghrúpa chomhairligh do Pharlaimint na hEorpa uair sa bhliain ar a laghad agus*** |

***níos minice i gcás géarchéime.***

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Féadfaidh an grúpa comhairleach tuairimí, moltaí nó tuarascálacha a ghlacadh i gcomhthéacs a chúraimí a leagtar amach i mír 4 go mír 6. | 9. Féadfaidh an grúpa comhairleach tuairimí, moltaí nó tuarascálacha a ghlacadh i gcomhthéacs a chúraimí a leagtar amach i mír 4 go mír 6. ***Déanfar tuairimí, moltaí agus tuarascálacha an ghrúpa chomhairligh a chur ar fáil go poiblí a mhéid atá siad i gcomhréir le Treoir 2016/943 agus nach bhfuil nochtadh na dtuairimí, na moltaí ná na dtuarascálacha sin ag teacht salach ar leasanna beartais phoiblí ná leasanna slándála poiblí.*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Agus tuairim an ghrúpa chomhairligh agus ionchur comhlachtaí ábhartha ar leibhéal an Aontais á ***cur*** san áireamh ag an gCoimisiún***, tugtar de chumhacht*** dó***, i ndiaidh dó*** dul i gcomhairle leis na Ballstáit, gníomh tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le creat lena leagtar amach prótacail ghéarchéime maidir le comhar i gcás géarchéime, le malartú faisnéise agus le cumarsáid i gcás ***géarchéimeanna*** i dtaca le modhanna faireachais agus éigeandála an Mhargaidh Aonair, go háirithe an méid seo a leanas: | 1. Agus tuairim an ghrúpa chomhairligh agus ionchur comhlachtaí ábhartha ar leibhéal an Aontais á ***gcur*** san áireamh ag an gCoimisiún ***agus tar éis*** dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit, ***tugtar de chumhacht dó*** gníomh tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le creat lena leagtar amach prótacail ghéarchéime maidir le comhar i gcás géarchéime, le malartú faisnéise agus le cumarsáid i gcás ***géarchéime*** i dtaca le modhanna faireachais agus éigeandála an Mhargaidh Aonair, go háirithe an méid seo a leanas: |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) cur chuige comhordaithe maidir le cumarsáid riosca agus géarchéime freisin i leith phobail agus ról comhordaithe don Choimisiún; | (c) cur chuige comhordaithe maidir le cumarsáid riosca agus géarchéime freisin i leith ***an*** phobail***, oibreoirí eacnamaíocha, oibrithe, fostóirí, ceardchumann*** agus ***páirtithe leasmhara ábhartha eile agus*** ról comhordaithe don Choimisiún; |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. I gcás nach aontaíonn an Coimisiún, agus gníomh tarmligthe á ghlacadh aige, le tuairim an ghrúpa chomhairligh, tabharfaidh sé míniú i scríbhinn ar na cúiseanna atá aige.*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) comhairliúchán le hionadaithe na n-oibreoirí eacnamaíocha ***agus na gcomhpháirtithe sóisialta***, lena n-áirítear FBManna, maidir ***lena dtionscnaimh*** agus ***lena ngníomhaíochtaí*** chun ***suaití*** féideartha ***sa*** slabhra soláthair a mhaolú agus freagairt ***dó*** agus chun ganntanais fhéideartha earraí agus seirbhísí sa Mhargadh Aonair a shárú; | (b) comhairliúchán le hionadaithe na n-oibreoirí eacnamaíocha, lena n-áirítear FBManna ***agus lucht tionscail***, ***chomh maith le ceardchumainn agus fostóirí*** maidir ***le tionscnaimh*** agus ***gníomhaíochtaí*** chun ***cur isteach*** féideartha ***ar an*** slabhra soláthair ***agus cur isteach ar shaorghluaiseacht oibrithe*** a mhaolú agus freagairt ***dóibh*** agus chun ganntanais fhéideartha earraí agus seirbhísí sa Mhargadh Aonair a shárú; |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) comhairliúchán le hoibreoirí eacnamaíocha, lena n-áirítear FBManna agus lucht tionscail, chomh maith le ceardchumainn agus fostóirí, maidir le tionchar tionscnamh agus gníomhaíochtaí ar mhargadh an tsaothair, ar shláinte agus sábháilteacht cheirde, ar dhálaí oibre agus ar chearta bunúsacha oibrithe, lena n-áirítear i réimsí lena mbaineann ríthábhacht;*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) líon ***na n-oibreoirí*** eacnamaíocha a mbaineann an cur isteach nó an cur isteach féideartha leo; | (a) líon ***measta oibreoirí*** eacnamaíocha ***agus oibrithe*** a mbaineann an cur isteach nó an cur isteach féideartha leo***, lena n-áirítear aon chur isteach féideartha ar mhargadh an tsaothair agus ar shaorghluaiseacht oibrithe, agus béim ar leith á leagan ar oibrithe taistil, lena n-áirítear oibrithe teorann agus trasteorann***; |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) liosta de na hearraí agus na seirbhísí lena mbaineann ***tábhacht straitéiseach***, agus | (b) liosta de na hearraí agus na seirbhísí lena mbaineann ***ríthábhacht***, agus |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Glacfar an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal ***41***(2). | 2. Glacfar an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal ***42***(2). ***Déanfaidh an Coimisiún aon ghníomhachtú ar an modh faireachais a thuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle gan moill mhíchuí.*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh an Coimisiún, má mheasann sé go bhfuil na cúiseanna leis an modh faireachais a ghníomhachtú de bhun Airteagal 9(1) fós bailí, agus an tuairim a thug an grúpa comhairleach á cur san áireamh aige, an modh faireachais a shíneadh ar feadh uastréimhse sé mhí trí ghníomh cur chun feidhme. | 1. Féadfaidh an Coimisiún, má mheasann sé go bhfuil na cúiseanna leis an modh faireachais a ghníomhachtú de bhun Airteagal 9(1) fós bailí, agus an tuairim a thug an grúpa comhairleach á cur san áireamh aige, an modh faireachais a shíneadh ar feadh uastréimhse sé mhí trí ghníomh cur chun feidhme. ***Déanfar aon síneadh ama a thuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle gan moill mhíchuí.*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, agus an tuairim a thug an grúpa comhairleach á cur san áireamh aige, nach bhfuil an bhagairt dá dtagraítear in Airteagal 3(2) ann a thuilleadh, i ndáil le cuid de na bearta faireachais nó leis na | 2. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, agus an tuairim a thug an grúpa comhairleach á cur san áireamh aige, nach bhfuil an bhagairt dá dtagraítear in Airteagal 3(2) ann a thuilleadh, i ndáil le cuid de na bearta faireachais nó leis na |

bearta faireachais go léir nó i ndáil le cuid de na hearraí agus na seirbhísí, nó i ndáil leis na hearraí agus na seirbhísí go léir, déanfaidh sé an modh faireachais a dhíghníomhachtú go hiomlán nó go páirteach trí ghníomh cur chun feidhme.

bearta faireachais go léir nó i ndáil le cuid de na hearraí agus na seirbhísí, nó i ndáil leis na hearraí agus na seirbhísí go léir, déanfaidh sé an modh faireachais a dhíghníomhachtú go hiomlán nó go páirteach trí ghníomh cur chun feidhme. ***Déanfar aon díghníomhachtú a thuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle gan moill mhíchuí.***

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Nuair a bheidh an modh faireachais gníomhachtaithe i gcomhréir le hAirteagal 9, déanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta faireachán ar shlabhraí soláthair earraí agus seirbhísí lena mbaineann ***tábhacht straitéiseach*** agus a sainaithníodh sa ghníomh cur chun feidhme lena ngníomhaítear an modh faireachais. | 1. Nuair a bheidh an modh faireachais gníomhachtaithe i gcomhréir le hAirteagal 9, déanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta faireachán ar shlabhraí soláthair earraí agus seirbhísí lena mbaineann ***ríthábhacht*** agus a sainaithníodh sa ghníomh cur chun feidhme lena ngníomhaítear an modh faireachais. ***Déanfaidh na Ballstáit, i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, measúnú ar an gcaoi a bhféadfadh an ghéarchéim fhéideartha difear a dhéanamh d'oibrithe agus d'oibreoirí eacnamaíocha sna réimsí criticiúla a sainaithníodh.*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh an Coimisiún, as measc na n-earraí lena mbaineann ***tábhacht straitéiseach*** a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 9(1), na hearraí sin a bhféadfadh sé go gcaithfí cúltacaí a fhorbairt ina leith a shainaithint chun ullmhú d'éigeandáil sa | Féadfaidh an Coimisiún, as measc na n-earraí lena mbaineann ***ríthábhacht*** a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 9(1), na hearraí sin a bhféadfadh sé go gcaithfí cúltacaí a fhorbairt ina leith a shainaithint chun ullmhú d'éigeandáil sa Mhargadh |

| | |
|---|---|
| Mhargadh Aonair ***a bhaint amach***, agus dóchúlacht agus tionchar na nganntanas á gcur san áireamh. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas ***faoi*** sin. | Aonair, agus dóchúlacht agus tionchar na nganntanas á gcur san áireamh. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit***, Parlaimint na hEorpa agus an bord comhairleach*** ar an eolas ***faoin mhéid*** sin. |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún leibhéal na gcúltacaí straitéiseacha d'earraí lena mbaineann ***tábhacht straitéiseach*** atá ina seilbh acu, agus leibhéil na stoc eile de na hearraí sin atá ina seilbh ina gcríoch. | Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún leibhéal na gcúltacaí straitéiseacha d'earraí lena mbaineann ***ríthábhacht*** atá ina seilbh acu, agus leibhéil na stoc eile de na hearraí sin atá ina seilbh ina gcríoch. |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Agus aird chuí á tabhairt ar stoic atá i seilbh oibreoirí eacnamaíocha nó á gcarnach acu ar a gcríoch, déanfaidh na Ballstáit a ndícheall cúltacaí straitéiseacha a fhorbairt de na hearraí lena mbaineann ***tábhacht straitéiseach*** a shainaithnítear i gcomhréir le mír 1. Tabharfaidh an Coimisiún tacaíocht do na Ballstáit lena n-iarrachtaí a chomhordú agus a chuíchóiriú. | 3. Agus aird chuí á tabhairt ar stoic atá i seilbh oibreoirí eacnamaíocha nó á gcarnach acu ar a gcríoch, déanfaidh na Ballstáit a ndícheall cúltacaí straitéiseacha a fhorbairt de na hearraí lena mbaineann ***ríthábhacht*** a shainaithnítear i gcomhréir le mír 1. Tabharfaidh an Coimisiún tacaíocht do na Ballstáit lena n-iarrachtaí a chomhordú agus a chuíchóiriú. |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I gcás inar féidir forbairt cúltacaí straitéiseacha earraí lena mbaineann | 4. I gcás inar féidir forbairt cúltacaí straitéiseacha earraí lena mbaineann |

| | |
|---|---|
| ***tábhacht straitéiseach*** a shainaithnítear de bhun mhír 1 a dhéanamh níos éifeachtaí trí chuíchóiriú a dhéanamh i measc na mBallstát, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, liosta a dhréachtú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta de spriocanna aonair maidir leis na cainníochtaí agus na spriocdhátaí do na cúltacaí straitéiseacha sin ar cheart do na Ballstáit iad a choimeád. Agus na spriocanna aonair á leagan amach do gach Ballstát, cuirfidh an Coimisiún an méid seo a leanas san áireamh: | ***ríthábhacht*** a shainaithnítear de bhun mhír 1 a dhéanamh níos éifeachtaí trí chuíchóiriú a dhéanamh i measc na mBallstát, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, liosta a dhréachtú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta de spriocanna aonair maidir leis na cainníochtaí agus na spriocdhátaí do na cúltacaí straitéiseacha sin ar cheart do na Ballstáit iad a choimeád. Agus na spriocanna aonair á leagan amach do gach Ballstát, cuirfidh an Coimisiún an méid seo a leanas san áireamh: |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 6 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás go dteipfidh go mór ar bhonn leanúnach ar chúltacaí straitéiseacha Ballstáit na spriocanna aonair dá dtagraítear i mír 4 a bhaint amach agus nach mbeidh oibreoirí eacnamaíocha ar a chríoch ábalta an t-easnamh sin a chúiteamh, féadfaidh an Coimisiún, as a stuaim féin nó arna iarraidh sin do 14 Bhallstát, measúnú a dhéanamh ar an ngá le bearta breise a ghlacadh chun cúltacaí straitéiseacha earraí a bhfuil ***tábhacht straitéiseach*** leo arna sainaithint de bhun mhír 1 a fhorbairt. | I gcás go dteipfidh go mór ar bhonn leanúnach ar chúltacaí straitéiseacha Ballstáit na spriocanna aonair dá dtagraítear i mír 4 a bhaint amach agus nach mbeidh oibreoirí eacnamaíocha ar a chríoch ábalta an t-easnamh sin a chúiteamh, féadfaidh an Coimisiún, as a stuaim féin nó arna iarraidh sin do 14 Bhallstát, measúnú a dhéanamh ar an ngá le bearta breise a ghlacadh chun cúltacaí straitéiseacha earraí a bhfuil ***ríthábhacht*** leo arna sainaithint de bhun mhír 1 a fhorbairt. |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) tá an ghéarchéim tar éis cur isteach go mór cheana féin ar shaoirse gluaiseachta daoine, earraí agus seirbhísí nó is dócha go ndéanfaidh sí amhlaidh,*** |

***agus béim ar leith á leagan ar oibrithe taistil, lena n-áirítear oibrithe teorann agus trasteorann;***

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe a b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(ab) tabhairt isteach srianta taistil nó rialuithe teorann;*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (d) na tionchair i gcomhthéacs méide agus faid ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus sochaíocha, ar an gcomhshaol agus ar ***an tsábháilteacht*** phoiblí; | (d) na tionchair i gcomhthéacs méide agus faid ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus sochaíocha, ***lena n-áirítear margadh an tsaothair, agus*** ar an ***aeráid, ar an*** gcomhshaol agus ar ***shábháilteacht*** phoiblí; |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (f) ***staid margaidh na n-oibreoirí*** eacnamaíocha lena mbaineann san earnáil nó sna hearnálacha lena mbaineann; | (f) ***an sciar den mhargadh atá ag oibreoirí*** eacnamaíocha lena mbaineann san earnáil nó sna hearnálacha lena mbaineann***, i gcás ina bhfuil an sciar sin ríthábhachtach chun earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a sholáthar***; |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) ***an limistéar geografach*** atá buailte agus a d'fhéadfaí a bheith buailte, lena n-áirítear aon tionchar trasteorann ar fheidhmiú slabhraí soláthair atá fíor-riachtanach chun gníomhaíochtaí sochaíocha nó eacnamaíocha ríthábhachtacha sa Mhargadh Aonair a choimeád; | (g) ***na limistéir gheografacha, go háirithe réigiúin teorann,*** atá buailte agus a d'fhéadfaí a bheith buailte, lena n-áirítear aon tionchar trasteorann ar ***shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine agus ar*** fheidhmiú slabhraí soláthair atá fíor-riachtanach chun gníomhaíochtaí sochaíocha nó eacnamaíocha ríthábhachtacha sa Mhargadh Aonair a choimeád; |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) tábhacht ***an oibreora eacnamaíoch*** lena mbaineann maidir le leibhéal leordhóthanach soláthair na n-earraí nó na seirbhísí a choimeád, agus infhaighteacht modhanna malartacha chun na hearraí nó na seirbhísí sin a sholáthar á cur san áireamh; agus | (h) tábhacht ***na n-oibreoirí eacnamaíocha*** lena mbaineann maidir le leibhéal leordhóthanach soláthair na n-earraí nó na seirbhísí a choimeád, agus infhaighteacht modhanna malartacha chun na hearraí nó na seirbhísí sin a sholáthar á cur san áireamh; agus |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) easpa earraí, ionchuir nó seirbhísí ionaid. | (i) easpa ***nó ganntanas*** earraí, ionchuir nó seirbhísí ionaid. |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina measfaidh an Coimisiún, agus an tuairim a thug an grúpa comhairleach á cur san áireamh aige, go bhfuil éigeandáil sa Mhargadh Aonair, molfaidh sé don Chomhairle modh éigeandála an Mhargaidh Aonair a ghníomhachtú. | 2. I gcás ina measfaidh an Coimisiún, agus an tuairim a thug an grúpa comhairleach á cur san áireamh aige, go bhfuil éigeandáil sa Mhargadh Aonair, molfaidh sé don Chomhairle modh éigeandála an Mhargaidh Aonair a ghníomhachtú ***agus cuirfidh sé an Pharlaimint ar an eolas gan moill mhíchuí***. |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh an Chomhairle modh éigeandála an Mhargaidh Aonair a ghníomhachtú trí bhíthin gníomh cur chun feidhme ón gComhairle. Sonrófar fad tréimhse an ghníomhachtaithe sa ghníomh cur chun feidhme agus sé mhí ar a mhéad a bheidh i gceist leis. | 3. Féadfaidh an Chomhairle modh éigeandála an Mhargaidh Aonair a ghníomhachtú trí bhíthin gníomh cur chun feidhme ón gComhairle. ***Áireofar sa ghníomh cur chun feidhme sin, i gcás inarb ábhartha, forléargas ar earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime mar aon le hearnálacha atá ag brath go háirithe ar oibrithe taistil, lena n-áirítear oibrithe teorann agus trasteorann.*** Sonrófar fad tréimhse an ghníomhachtaithe sa ghníomh cur chun feidhme agus sé mhí ar a mhéad a bheidh i gceist leis. |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. A luaithe a ghníomhachtófar modh éigeandála an Mhargaidh Aonair, ***glacfaidh*** an Coimisiún, gan mhoill, liosta earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás | 5. A luaithe a ghníomhachtófar modh éigeandála an Mhargaidh Aonair, ***rachaidh*** an Coimisiún ***i gcomhairle***, gan mhoill, ***leis an ngrúpa comhairleach agus*** |

| | |
|---|---|
| géarchéime trí ghníomh cur chun feidhme. Féadfar an liosta a leasú trí ghníomhartha cur chun feidhme. | ***glacfaidh sé*** liosta earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime ***chomh maith le hearnálacha atá ag brath go háirithe ar oibrithe taistil, lena n-áirítear oibrithe teorann agus trasteorann,*** trí ghníomh cur chun feidhme. Féadfar an liosta a leasú trí ghníomhartha cur chun feidhme. |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Cuid IV – teideal II – Caibidil I – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Bearta chun saorghluaiseacht a ***athbhunú*** agus a éascú | Bearta chun saorghluaiseacht a ***áirithiú*** agus a éascú |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Agus*** bearta náisiúnta ***á nglacadh*** agus ***á gcur*** i bhfeidhm ***ag na Ballstáit*** mar fhreagairt ar éigeandáil sa mhargadh aonair agus ar an ngéarchéim is bun ***leo***, áiritheoidh siad go gcomhlíonfaidh ***a ngníomhaíochtaí na Conarthaí*** agus dlí an Aontais ***ina n-iomláine*** agus***, go háirithe,*** na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo. | 1. ***I gcás ina ndéanfaidh na Ballstáit*** bearta náisiúnta ***a ghlacadh*** agus ***a chur*** i bhfeidhm mar fhreagairt ar éigeandáil sa Mhargadh Aonair agus ar an ngéarchéim is bun ***léi***, áiritheoidh siad go ***mbeidh údar cuí leis na bearta sin, go mbeidh siad comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach agus go*** gcomhlíonfaidh ***siad go hiomlán an Conradh*** agus dlí an Aontais***, oibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cearta bunúsacha an duine*** agus ***cearta oibrithe chomh maith leis*** na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo. |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh ***teorainn ama le haon*** srian agus cuirfear deireadh leis a luaithe de réir an cháis. Ina theannta sin, ba cheart staid na réigiún teorann a chur san áireamh le haon srian. | 2. Beidh ***aon*** srian ***teoranta ó thaobh ama de*** agus ***don mhéid a bhfuil fíorghá leis. Déanfar athbhreithniú ar aon srian go rialta agus*** cuirfear deireadh leis a luaithe de réir an cháis. ***Ní bheidh éifeacht dhlíthiúil ag aon srian a thuilleadh nuair a dhíghníomhachtófar an modh éigeandála.*** Ina theannta sin, ba cheart staid na réigiún teorann ***agus staid na n-oibrithe taistil, go háirithe oibrithe trasteorann agus teorann,*** a chur san áireamh le haon srian. |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Aon srian ar shaorghluaiseacht shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh agus ar shaorghluaiseacht náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ar chríocha na mBallstát, chomh maith le srianta ar shaorghluaiseacht dídeanaithe agus tairbhithe cosanta idirnáisiúnta ar chúiseanna a bhaineann leis an mbeartas poiblí, slándáil phoiblí agus sláinte phoiblí nó aon bheart comhéifeachta eile, ní chuirfear chun feidhme é gan measúnú riosca a dhéanamh roimh ré;*** |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Ní chruthófar le haon cheanglas | 3. Ní chruthófar le haon cheanglas |

| | |
|---|---|
| arna fhorchur ar shaoránaigh ***agus ar ghnólachtaí*** ualach riaracháin míchuí ***ná*** neamhriachtanach. | arna fhorchur ar shaoránaigh***, ar oibrithe, ar fhostóirí ná ar oibreoirí eacnamaíocha*** ualach riaracháin míchuí ***nó*** neamhriachtanach. |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Cuirfidh na Ballstáit saoránaigh, tomhaltóirí, ***gnólachtaí***, oibrithe agus a n-ionadaithe ar an eolas faoi bhearta a bhaineann lena gcearta saorghluaiseachta ar bhealach soiléir gan athbhrí. | 4. Cuirfidh na Ballstáit saoránaigh, tomhaltóirí, ***oibreoirí eacnamaíocha***, oibrithe***, fostóirí*** agus a n-ionadaithe ar an eolas faoi bhearta a bhaineann lena gcearta saorghluaiseachta ar bhealach soiléir***, tráthúil agus*** gan athbhrí ***chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus comhordú trasteorann a éascú***. ***Comhoibreoidh na Ballstáit leis na comhpháirtithe sóisialta ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil chun a áirithiú go ndéanfar faisnéis ábhartha a scaipeadh go héifeachtach ar oibrithe agus ar oibreoirí eacnamaíocha. Cuirfear an fhaisnéis uile ar fáil go leictreonach agus i dteangacha ábhartha, go háirithe i gcásanna trasteorann, agus beidh rochtain éasca uirthi ag daoine faoi mhíchumas.*** |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na páirtithe uile lena mbaineann ar an eolas faoi bhearta lena gcuirtear srian ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine, lena n-áirítear oibrithe agus soláthraithe seirbhísí, sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm. ***Áiritheoidh*** na Ballstáit idirphlé leanúnach ***leis na*** páirtithe leasmhara***, lena*** | 5. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na páirtithe ***leasmhara*** uile lena mbaineann ar an eolas faoi bhearta lena gcuirtear srian ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine, lena n-áirítear oibrithe agus soláthraithe seirbhísí, ***chomh maith le dul in éag réamh-mheasta na mbeart sin,*** sula dtiocfaidh siad i |

| | |
|---|---|
| ***n-áirítear cumarsáid le comhpháirtithe sóisialta*** agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta. | bhfeidhm. ***Tabharfaidh*** na Ballstáit ***ról cuí do na comhpháirtithe sóisialta i bhforbairt agus, i gcás inarb infheidhme, i gcur chun feidhme aon bhirt a mbeidh tionchar aige ar shaorghluaiseacht daoine agus áiritheoidh siad go mbeidh*** idirphlé leanúnach ***ann le*** páirtithe leasmhara ***eile*** agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta. |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) idirdhealú idir Ballstáit nó idir saoránaigh, lena n-áirítear ina ról mar sholáthraithe seirbhíse nó oibrithe, bunaithe go díreach ar náisiúntacht nó, i gcás cuideachtaí, suíomh na hoifige cláraithe, an riaracháin lárnaigh nó na príomháite gnó; | (c) idirdhealú idir Ballstáit nó idir saoránaigh, lena n-áirítear ina ról mar sholáthraithe seirbhíse nó oibrithe, bunaithe go díreach ***nó go hindíreach*** ar náisiúntacht nó, i gcás cuideachtaí, suíomh na hoifige cláraithe, an riaracháin lárnaigh nó na príomháite gnó; |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe d – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) srianta ar shaorghluaiseacht daoine a bhfuil baint acu le táirgeadh earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 14, mír 5 agus a gcodanna nó le soláthar seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 14, mír 5, nó bearta eile a bhfuil ***an*** éifeacht chéanna leo, ar earraí iad: | (d) srianta ar shaorghluaiseacht daoine a bhfuil baint acu le táirgeadh earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 14, mír 5 agus a gcodanna nó le soláthar seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 14, mír 5 ***nó atá fíor-riachtanach d'fheidhmiú na hearnála saofa***, nó bearta eile a bhfuil éifeacht chéanna leo, ar earraí iad: |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe d – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) ***bheith*** idirdhealaitheach go díreach bunaithe ar náisiúntacht an duine. | (ii) ***atá*** idirdhealaitheach go díreach ***nó go hindíreach*** bunaithe ar náisiúntacht an duine. |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh Aonair agus le linn dóibh freagairt d’éigeandáil sa Mhargadh Aonair, staonfaidh na Ballstáit ó aon cheann ***díobh*** seo a leanas, mura rud é gur gné dhílis de chineál na géarchéime é déanamh amhlaidh: | 2. Le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh Aonair agus le linn dóibh freagairt d’éigeandáil sa Mhargadh Aonair, staonfaidh na Ballstáit ó aon cheann ***de na bearta*** seo a leanas ***a dhéanamh***, mura rud é gur gné dhílis de chineál na géarchéime é déanamh amhlaidh ***ar bhonn an bheartais phoiblí, slándáil phoiblí agus sláinte phoiblí agus má tá siad comhréireach chun an cuspóir a bhfuiltear ag díriú uirthi, más fíor, a bhaint amach***: |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh Aonair agus le linn dóibh freagairt d’éigeandáil sa Mhargadh Aonair, staonfaidh na Ballstáit ó aon cheann ***díobh*** seo a leanas, mura rud é gur gné dhílis de chineál na géarchéime/na héigeandála sa Mhargadh Aonair é déanamh amhlaidh: | 3. Le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh Aonair agus le linn dóibh freagairt d’éigeandáil sa Mhargadh Aonair, staonfaidh na Ballstáit ó aon cheann ***de na bearta*** seo a leanas ***a dhéanamh***, mura rud é gur gné dhílis de chineál na géarchéime/na héigeandála sa Mhargadh Aonair é déanamh amhlaidh ***ar bhonn an bheartais phoiblí, slándáil phoiblí agus sláinte phoiblí agus má tá siad comhréireach chun an cuspóir a*** |

| | |
|---|---|
| | ***bhfuiltear ag díriú uirthi, más fíor, a bhaint amach***: |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 4 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) rialacha níos flaithiúla a chur i bhfeidhm maidir le taisteal go dtí Ballstát amháin nó uaidh ***nó*** go dtí Ballstát eile nó uaidh go dtí grúpa Ballstát eile nó uaidh, i gcomparáid le taisteal ***agus*** go dtí Ballstáit eile agus uathu mura rud é gur gné dhílis de chineál na géarchéime/na héigeandála sa Mhargadh Aonair é déanamh amhlaidh; | (a) rialacha níos flaithiúla a chur i bhfeidhm maidir le taisteal go dtí Ballstát amháin nó uaidh go dtí Ballstát eile nó uaidh ***nó*** go dtí grúpa Ballstát eile nó uaidh, i gcomparáid le taisteal go dtí Ballstáit eile agus uathu mura rud é gur gné dhílis de chineál na géarchéime/na héigeandála sa Mhargadh Aonair é déanamh amhlaidh ***ar bhonn an bheartais phoiblí, slándáil phoiblí agus sláinte phoiblí agus má tá siad comhréireach chun an cuspóir a bhfuiltear ag díriú uirthi, más fíor, a bhaint amach***; |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 4 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) toirmisc a fhorchur ar thaisteal, lena n-áirítear taisteal ar chúiseanna fíor-riachtanacha teaghlaigh, nach bhfuil ***iomchuí*** chun aon leas dlisteanach poiblí a bhaint amach a bhfuil sé in ainm iad a bhaint amach le bearta den sórt sin nó a théann i bhfad thar a bhfuil riachtanach chun an aidhm sin a bhaint amach; | (d) toirmisc a fhorchur ar thaisteal, lena n-áirítear taisteal ar chúiseanna fíor-riachtanacha teaghlaigh, nach bhfuil ***comhréireach*** chun aon leas dlisteanach poiblí a bhaint amach a bhfuil sé in ainm iad a bhaint amach le bearta den sórt sin nó a théann i bhfad thar a bhfuil riachtanach chun an aidhm sin a bhaint amach; |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 4 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) srianta a fhorchur ar oibrithe agus ar sholáthraithe seirbhíse agus ar a n-ionadaithe, ***ach amháin más gné dhílis de chineál na géarchéime/na éigeandála sa Mhargadh Aonair é agus nach dtéann sé i bhfad thar a bhfuil riachtanach chun na críche*** sin. | (e) srianta a fhorchur ar oibrithe agus ar sholáthraithe seirbhíse agus ar a n-ionadaithe, ***ar srianta iad nach bhfuil comhréireach chun an cuspóir a bhfuiltear ag díriú uirthi, más fíor, a bhaint amach leis na bearta*** sin. ***Chuige sin, ba cheart aird chuí a thabhairt ar riachtanais oibrithe taistil, go háirithe oibrithe teorann agus trasteorann, atá ag brath ar an tsaoirse gluaiseachta chun fáil isteach chuig a n-ionad oibre, go háirithe iad siúd i ngairmeacha a éilíonn obair ar an láthair, chomh maith le hoibrithe atá in ann oibriú go cianda ach nach mór dóibh déanamh amhlaidh ó Bhallstát ar leith.*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. I gcás gur gníomhachtaíodh éigeandáil sa Mhargadh Aonair i gcomhréir le hAirteagal 14 agus nuair nach dtéann an ghéarchéim ***sa Bhallstát*** i bhfeidhm ar na gníomhaíochtaí a dhéanann na soláthraithe seirbhíse, na hionadaithe gnó ***agus*** na hoibrithe, agus nuair is féidir taisteal ***sábháilte*** go sábháilte in ainneoin na géarchéime, ní chuirfidh ***an Ballstát*** sin srianta taistil ar na catagóirí sin daoine ó Bhallstáit eile lena gcuirfí cosc orthu ***rochtain*** a ***bheith acu ar a*** n-ionad oibre ***nó*** ar a ***n-ionad oibre***. | 5. I gcás gur gníomhachtaíodh éigeandáil sa Mhargadh Aonair i gcomhréir le hAirteagal 14 agus nuair nach dtéann an ghéarchéim i ***mBallstát i*** bhfeidhm ar na gníomhaíochtaí a dhéanann na soláthraithe seirbhíse, na hionadaithe gnó ***ná*** na hoibrithe, agus nuair is féidir taisteal go sábháilte in ainneoin na géarchéime, ní chuirfidh ***na Ballstáit*** sin srianta taistil ar na catagóirí sin daoine ó Bhallstáit eile lena gcuirfí cosc orthu ***fáil isteach chuig*** a n-ionad ***gníomhaíochta nó a n-ionad*** oibre***,*** ar ***choinníoll gur féidir*** a ***sláinte agus a sábháilteacht a áirithiú ar bhonn na córa comhionainne le daoine i gcás inchomparáide in earnáil ábhartha an Bhallstáit is faighteoir***. |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 6 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. I gcás gur gníomhachtaíodh éigeandáil sa Mhargadh Aonair i gcomhréir le hAirteagal 14 agus mar gheall ar imthosca eisceachtúla de dheasca na géarchéime nach féidir le gach soláthraí seirbhíse, ionadaí gnó ***agus*** oibrí ó Bhallstáit eile taisteal agus rochtain gan bhac a bheith acu ar a n-ionad gníomhaíochta nó ar a n-ionad oibre, ach gur féidir taisteal fós, ní fhorchuirfidh na Ballstáit srianta taistil: | 6. I gcás gur gníomhachtaíodh éigeandáil sa Mhargadh Aonair i gcomhréir le hAirteagal 14 agus mar gheall ar imthosca eisceachtúla de dheasca na géarchéime nach féidir le gach soláthraí seirbhíse, ionadaí gnó ***ná*** oibrí ó Bhallstáit eile taisteal agus rochtain gan bhac a bheith acu ar a n-ionad gníomhaíochta nó ar a n-ionad oibre, ach gur féidir taisteal fós, ní fhorchuirfidh na Ballstáit srianta taistil ***ar na catagóirí daoine seo a leanas, ar choinníoll gur féidir a sláinte agus a sábháilteacht a áirithiú ar bhonn na córa comhionainne le daoine i gcás inchomparáide in earnáil ábhartha an Bhallstáit is faighteoir***: |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 6 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) Na soláthraithe seirbhísí sin a sholáthraíonn seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 14(5), nó ionadaithe gnó nó oibrithe a bhfuil baint acu le táirgeadh earraí atá ábhartha i gcás géarchéime nó le soláthar seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 14 (5) chun go mbeidh rochtain acu ar ionad a ngníomhaíochtaí, má cheadaítear gníomhaíochtaí san earnáil lena mbaineann fós sa Bhallstát; | (a) Na soláthraithe seirbhísí sin a sholáthraíonn seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 14(5), nó ionadaithe gnó nó oibrithe a bhfuil baint acu le táirgeadh earraí atá ábhartha i gcás géarchéime nó le soláthar seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a liostaítear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 14 (5)***, lena n-áirítear iad siúd atá fíor-riachtanach d’fheidhmiú na hearnála saofa,*** chun go mbeidh rochtain acu ar ionad a ngníomhaíochtaí, má cheadaítear gníomhaíochtaí san earnáil lena mbaineann fós sa Bhallstát ***is faighteoir***; |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Agus na bearta dá dtagraítear san fhoráil seo á nglacadh ag na Ballstáit, áiritheoidh siad go gcomhlíonfar go hiomlán na Conarthaí agus dlí an Aontais. Ní fhorléireofar aon ní san fhoráil seo mar ní lena n-údaraítear nó lena dtugtar údar le srianta ar shaorghluaiseacht a thagann salach ar na Conarthaí nó ar fhorálacha eile dhlí an Aontais. | 7. Agus na bearta dá dtagraítear san fhoráil seo á nglacadh ag na Ballstáit, áiritheoidh siad go gcomhlíonfar go hiomlán na Conarthaí agus dlí an Aontais***, lena n-áirítear oibrithe, soláthraithe seirbhíse agus ionadaithe gnó a chosaint, agus á áirithiú gur féidir leo a saoirse gluaiseachta a fheidhmiú faoi dhálaí sábháilte***. Ní fhorléireofar aon ní san fhoráil seo mar ní lena n-údaraítear nó lena dtugtar údar le srianta ar shaorghluaiseacht a thagann salach ar na Conarthaí nó ar fhorálacha eile dhlí an Aontais. |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh Aonair, féadfaidh an Coimisiún foráil a dhéanamh i leith bearta tacaíochta chun saorghluaiseacht daoine dá dtagraítear in ***Airteagal*** 17(6) agus ***in Airteagal*** 17 (7) a ***threisiú*** trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 422(2). Ar mhórchúiseanna práinne cuí-réasúnaithe le tionchair na géarchéime ar an Mhargadh aonair, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach bonn a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 42(3). | 1. Le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh Aonair, féadfaidh an Coimisiún foráil a dhéanamh i leith bearta tacaíochta chun saorghluaiseacht daoine dá dtagraítear in ***Airteagail*** 17(6) agus 17(7) a ***éascú agus chun a áirithiú gur féidir leo a saoirse gluaiseachta a fheidhmiú faoi dhálaí sábháilte*** trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 422(2). Ar mhórchúiseanna práinne cuí-réasúnaithe le tionchair na géarchéime ar an Mhargadh Aonair, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach bonn a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 42(3). |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh Aonair, i gcás go ndeimhníonn an Coimisiún go bhfuil teimpléid curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit chun a fhianú gur soláthraí seirbhíse é an t-oibreoir aonair nó an t-oibreoir eacnamaíoch a sholáthraíonn seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime, ionadaí nó oibrí gnó a bhfuil baint aige nó aici le hearraí atá ábhartha i gcás géarchéime a tháirgeadh nó le seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a sholáthar nó gur oibrí cosanta sibhialta é nó í agus go measann sé go bhfuil úsáid teimpléid éagsúla ina bac ar shaorghluaiseacht tráth na héigeandála sa Mhargadh Aonair, féadfaidh an Coimisiún teimpléid a eisiúint, má mheasann sé gur gá sin chun tacú le saorghluaiseacht na gcatagóirí sin daoine agus a dtrealaimh le linn na héigeandála reatha sa Mhargadh Aonair, chun a fhianú go gcomhlíonann siad na critéir ábhartha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 17(6) i ngach Ballstát trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. | 2. Le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh Aonair, i gcás go ndeimhníonn an Coimisiún go bhfuil teimpléid curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit chun a fhianú gur soláthraí seirbhíse é an t-oibreoir aonair nó an t-oibreoir eacnamaíoch a sholáthraíonn seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime, ionadaí nó oibrí gnó a bhfuil baint aige nó aici le hearraí atá ábhartha i gcás géarchéime a tháirgeadh nó le seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a sholáthar nó gur oibrí cosanta sibhialta é nó í agus go measann sé go bhfuil úsáid teimpléid éagsúla ina bac ar shaorghluaiseacht tráth na héigeandála sa Mhargadh Aonair, féadfaidh an Coimisiún teimpléid a eisiúint, má mheasann sé gur gá sin chun tacú le saorghluaiseacht na gcatagóirí sin daoine agus a dtrealaimh le linn na héigeandála reatha sa Mhargadh Aonair, chun a fhianú go gcomhlíonann siad na critéir ábhartha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 17(6) i ngach Ballstát trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. ***Chun úsáid na dteimpléad sin a éascú, féadfaidh an Coimisiún réitigh dhigiteacha a chur i bhfeidhm.*** |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Le linn éigeandáil sa Mhargadh Aonair, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon dréachtbheart ***atá ábhartha i gcás géarchéime***, lena gcuirtear srian le saorghluaiseacht earraí ***agus*** leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar mar aon | Le linn éigeandáil sa Mhargadh Aonair, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon dréachtbheart ***agus aon dréacht-srian a bhaineann leis an ngéarchéim agus***, ***go háirithe, na cinn sin*** lena gcuirtear srian le saorghluaiseacht |

le ***srianta ar shaorghluaiseacht daoine*** atá ábhartha i gcás géarchéime, lena n-áirítear oibrithe ***mar aon leis na cúiseanna leis na bearta sin***.

earraí***,*** leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar ***agus le saorghluaiseacht daoine, lena n-áirítear oibrithe,*** mar aon ***leis na cúiseanna leis na bearta agus na srianta sin chomh maith*** le ***socruithe speisialta lena n-éascaítear saorghluaiseacht oibrithe taistil in earnálacha*** atá ábhartha i gcás géarchéime, lena n-áirítear oibrithe ***teorann agus oibrithe trasteorann***.

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Soláthróidh na Ballstáit ráiteas don Choimisiún ***maidir leis na cúiseanna a fhágann*** go bhfuil údar le hachtú ***birt*** dá leithéid agus go bhfuil sé agus ***comhréireach, i gcás nár soiléiríodh na cúiseanna sin sa bheart dá dtugtar fógra cheana féin***. Cuirfidh na Ballstáit téacs iomlán na bhforálacha reachtacha nó rialála náisiúnta in iúl don Choimisiún, ar forálacha iad ina bhfuil an beart nó a mionathraíodh leis an mbeart. | 2. Soláthróidh na Ballstáit ráiteas don Choimisiún ***ina léireofar*** go bhfuil údar le hachtú ***beart agus srianta*** dá leithéid agus go bhfuil sé ***comhréireach*** agus ***neamh-idirdhealaitheach***. Cuirfidh na Ballstáit téacs iomlán na bhforálacha reachtacha nó rialála náisiúnta in iúl don Choimisiún, ar forálacha iad ina bhfuil an beart nó a mionathraíodh leis an mbeart. |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear saoránaigh agus ***gnólachtaí*** ar an eolas faoi na bearta ar tugadh fógra ina leith, mura ***n-iarrfaidh na Ballstáit go na bearta a choinneáil faoi rún, nó mura*** measfaidh an Coimisiún go rachadh nochtadh na mbeart i bhfeidhm ar ***shlándáil*** agus ar ***ord poiblí*** an Aontais Eorpaigh nó a Bhallstát, agus ***ar*** na cinntí agus na barúlacha ó na Ballstáit arna | 6. Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear saoránaigh***, oibrithe, oibreoirí eacnamaíocha, comhpháirtithe sóisialta*** agus ***páirtithe leasmhara eile lena mbaineann*** ar an eolas faoi na bearta ar tugadh fógra ina leith ***ar bhealach atá soiléir agus gan athbhrí***, mura measfaidh an Coimisiún ***nó na Ballstáit*** go rachadh nochtadh na mbeart i bhfeidhm ar ***an mbeartas poiblí*** agus ar ***shlándáil*** an |

nglacadh i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Aontais Eorpaigh nó a Bhallstát, agus ***faoi*** na cinntí agus na barúlacha ó na Ballstáit arna nglacadh i gcomhréir leis an Airteagal seo.

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Oibreoidh na Ballstáit pointí teagmhála aonair náisiúnta lena dtabharfar an cúnamh seo a leanas do shaoránaigh, do thomhaltóirí, d'oibreoirí eacnamaíocha agus d'oibrithe agus dá n-ionadaithe: | 1. Oibreoidh na Ballstáit pointí teagmhála aonair náisiúnta ***agus comhoibreoidh siad leis na comhpháirtithe sóisialta ina leith sin,*** lena dtabharfar an cúnamh seo a leanas do shaoránaigh, ***d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta,*** do thomhaltóirí, d'oibreoirí eacnamaíocha agus d'oibrithe agus dá n-ionadaithe: |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le saoránaigh, tomhaltóirí, oibreoirí eacnamaíocha agus oibrithe agus a n-ionadaithe, arna iarraidh sin dóibh agus trí na pointí teagmhála aonair faoi seach, faisnéis a fháil ó na húdaráis inniúla maidir leis an dóigh a ndéantar na bearta náisiúnta um fhreagairt ar ghéarchéimeanna faoi seach a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcoitinne. I gcás inarb iomchuí, beidh treoir céim ar chéim san fhaisnéis sin. Soláthrófar an fhaisnéis i dteanga shoiléir, ***shotuigthe*** agus intuigthe. Beidh ***sé*** inrochtana go héasca ó chian agus trí mheán leictreonach agus coimeádfar cothrom le dáta ***é***. | 2. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le saoránaigh, tomhaltóirí, ***eagraíochtaí na sochaí sibhialta,*** oibreoirí eacnamaíocha agus oibrithe agus a n-ionadaithe, arna iarraidh sin dóibh agus trí na pointí teagmhála aonair faoi seach, faisnéis a fháil ó na húdaráis inniúla maidir leis an dóigh a ndéantar na bearta náisiúnta um fhreagairt ar ghéarchéimeanna faoi seach a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcoitinne. I gcás inarb iomchuí, beidh treoir céim ar chéim san fhaisnéis sin. Soláthrófar an fhaisnéis i dteanga shoiléir, ***shothuigthe*** agus intuigthe ***agus beidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas uirthi***. Beidh ***sí*** inrochtana go héasca ó chian agus trí mheán leictreonach ***freisin*** agus coimeádfar cothrom le dáta ***í***. |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 2. Cuirfidh an pointe teagmhála aonair ar leibhéal an Aontais an cúnamh seo a leanas ar fáil do shaoránaigh, do thomhaltóirí, d'oibreoirí eacnamaíocha***,*** d'oibrithe agus dá n-ionadaithe: | 2. Cuirfidh an pointe teagmhála aonair ar leibhéal an Aontais an cúnamh seo a leanas ar fáil do shaoránaigh, ***d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta,*** do thomhaltóirí, d'oibreoirí eacnamaíocha ***agus*** d'oibrithe agus dá n-ionadaithe: |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (a) cúnamh maidir le faisnéis a iarraidh agus a fháil a mhéid a bhaineann le bearta freagartha géarchéime ar leibhéal an Aontais atá ábhartha d'éigeandáil ghníomhachtaithe sa Mhargadh Aonair nó a théann i gcion ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí, daoine agus oibrithe; | (a) cúnamh maidir le faisnéis a iarraidh agus a fháil a mhéid a bhaineann le bearta freagartha géarchéime ar leibhéal an Aontais ***agus ar an leibhéal náisiúnta*** atá ábhartha d'éigeandáil ghníomhachtaithe sa Mhargadh Aonair nó a théann i gcion ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí, daoine agus oibrithe; |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 2. Mura nglacfaidh oibreoir eacnamaíoch le horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo agus mura dtabharfaidh sé tús áite dóibh, féadfaidh an Coimisiún, as a stuaim féin, nó arna iarraidh sin do ***ag*** 14 Bhallstát, measúnú a dhéanamh ar an ngá agus ar an gcomhréireacht a bhaineann le dul i muinín | 2. Mura nglacfaidh oibreoir eacnamaíoch le horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo agus mura dtabharfaidh sé tús áite dóibh, féadfaidh an Coimisiún, as a stuaim féin, nó arna iarraidh sin do 14 Bhallstát, measúnú a dhéanamh ar an ngá agus ar an gcomhréireacht a bhaineann le dul i muinín |

| | |
|---|---|
| orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo i gcásanna den sórt sin, tabharfaidh an Coimisiún an deis don oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann agus d'aon pháirtí ar féidir a léiriú go ndeachaigh an t-ordú féideartha a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis i gcion orthu, a seasamh a shonrú laistigh de theorainn réasúnta ama arna leagan síos ag an gCoimisiún i bhfianaise imthosca an cháis. In imthosca eisceachtúla, i ndiaidh measúnú den sórt sin a dhéanamh, féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a dhíriú ar an oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann, á cheangal air nó uirthi glacadh leis na horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a shonraítear sa ghníomh cur chun feidhme agus tús áite a thabhairt dóibh nó míniú a thabhairt ar an bhfáth nach féidir nó nach iomchuí don oibreoir sin déanamh amhlaidh. Beidh an cinneadh ón gCoimisiún bunaithe ar shonraí oibiachtúla lena léirítear go bhfuil sé fíor-riachtanach tosaíocht den sórt sin a thabhairt chun a áirithiú go gcoimeádfar gníomhaíochtaí eacnamaíocha ríthábhachtacha sa tsochaí sa Mhargadh Aonair | orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo i gcásanna den sórt sin, tabharfaidh an Coimisiún an deis don oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann agus d'aon pháirtí ar féidir a léiriú go ndeachaigh an t-ordú féideartha a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis i gcion orthu, ***lena n-áirítear ionadaithe na n-oibrithe agus ceardchumainn,*** a seasamh a shonrú***, tar éis do na páirtithe faisnéis chuimsitheach a fháil,*** laistigh de theorainn réasúnta ama arna leagan síos ag an gCoimisiún i bhfianaise imthosca an cháis. In imthosca eisceachtúla, i ndiaidh measúnú den sórt sin a dhéanamh, féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a dhíriú ar an oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann, á cheangal air nó uirthi glacadh leis na horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a shonraítear sa ghníomh cur chun feidhme agus tús áite a thabhairt dóibh nó míniú a thabhairt ar an bhfáth nach féidir nó nach iomchuí don oibreoir sin déanamh amhlaidh. Beidh an cinneadh ón gCoimisiún bunaithe ar shonraí oibiachtúla lena léirítear go bhfuil sé fíor-riachtanach tosaíocht den sórt sin a thabhairt chun a áirithiú go gcoimeádfar gníomhaíochtaí eacnamaíocha ríthábhachtacha sa tsochaí sa Mhargadh Aonair***. Rachfar i gcomhairle le hoibrithe a ndéanann an cinneadh sin difear dóibh agus, i gcás inarb infheidhme, cuirfear oiliúint orthu agus cúiteofar iad i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais. Ní mór forálacha maidir le sláinte agus sábháilteachta ceirde a urramú i gcónaí.*** |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina nglacfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch ar chuige nó chuici a ndírítear an cinneadh dá dtagraítear i mír 2 leis an | 3. I gcás ina nglacfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch ar chuige nó chuici a ndírítear an cinneadh dá dtagraítear i mír 2 leis an |

| | |
|---|---|
| gceanglas glacadh leis na horduithe a shonraítear sa chinneadh agus tús áite a thabhairt dóibh, tabharfar tús áite don oibleagáid sin ar aon oibleagáid feidhmíochta faoin dlí príobháideach nó faoin dlí poiblí. | gceanglas glacadh leis na horduithe a shonraítear sa chinneadh agus tús áite a thabhairt dóibh, tabharfar tús áite don oibleagáid sin ar aon oibleagáid feidhmíochta faoin dlí príobháideach nó faoin dlí poiblí. ***Agus tosaíocht á tabhairt acu do na horduithe a shonraítear sa chinneadh, áiritheoidh na hoibreoirí eacnamaíocha go gcomhlíonfar a n-oibleagáidí ina n-iomláine faoi dhlí saothair an Aontais agus faoin dlí saothair náisiúnta, go háirithe maidir le cearta oibrithe agus dálaí oibre.*** |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) díriú ar dlús a chur le ceadú earraí atá ábhartha i gcás géarchéime. | (c) díriú ar dlús a chur le ceadú earraí atá ábhartha i gcás géarchéime***, agus an reachtaíocht is infheidhme á hurramú ina hiomláine, lena n-áirítear forálacha sláinte agus sábháilteachta chomh maith le cosaint an chomhshaoil agus an tomhaltóra***. |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 39 a*** |
| | ***Clásal neamh-chúlchéimnithe*** |
| | ***1. Ní dhéanfaidh an Treoir seo difear do shaincheart na mBallstát dlíthe, rialacháin nó forálacha riaracháin atá níos fabhraí d'oibrithe a chur i bhfeidhm nó a thabhairt isteach, nó spreagadh nó cead a thabhairt i leith comhaontuithe comhchoiteanna atá níos fabhraí*** |

| | |
|---|---|
| | ***d'oibrithe a chur i bhfeidhm.*** |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Aisghairm*** | ***Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 2679/98*** |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Déantar*** Rialachán (CE) ***Uimh. 2679/98 ón gComhairle a aisghairm le héifeacht ón [dáta].*** | ***Scoirfidh Airteagail 3, 4 agus 5 de*** Rialachán (CE) ***2679/98 d'fheidhm a bheith acu ar feadh thréimhse mhodh éigeandála an Mhargaidh Aonair.*** |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2. Leasaítear Airteagal 2 de Rialachán (CE) 2679/98 mar a leanas: 'Leis an Rialachán seo, ní dhéanfar aon difear d'fheidhmiú na gceart bunúsach mar a aithnítear iad sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear an ceart nó an tsaoirse chun dul ar stailc nó gníomh eile a dhéanamh a chumhdaítear leis na córais shonracha caidrimh thionsclaíoch atá sna Ballstáit, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus/nó leis an gcleachtas náisiúnta. Ná ní dhéanfar difear leis don cheart chun comhaontuithe comhchoiteanna a*** |

***chaibidil, a thabhairt i gcrích agus a fhorfheidhmiú nó chun gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus/nó leis an gcleachtas náisiúnta.'***

## AN NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle |
| **Tagairtí** | COM(2022)0459 – C9-0315/2022 – 2022/0278(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO<br>9.11.2022 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | EMPL<br>9.11.2022 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Marc Angel<br>17.11.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 22.3.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 28.6.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 38<br>–: 0<br>0: 8 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | João Albuquerque, Atidzhe Alieva-Veli, Marc Angel, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, David Casa, Leila Chaibi, Ilan De Basso, Margarita de la Pisa Carrión, Özlem Demirel, Jarosław Duda, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Loucas Fourlas, Cindy Franssen, Chiara Gemma, Helmut Geuking, Elisabetta Gualmini, Agnes Jongerius, Irena Joveva, Radan Kanev, Katrin Langensiepen, Miriam Lexmann, Elena Lizzi, Sara Matthieu, Jörg Meuthen, Max Orville, Kira Marie Peter-Hansen, Dragoş Pîslaru, Dennis Radtke, Elżbieta Rafalska, Daniela Rondinelli, Mounir Satouri, Romana Tomc, Marianne Vind, Maria Walsh, Tomáš Zdechovský |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Konstantinos Arvanitis, Marc Botenga, Antonio Maria Rinaldi, Anna Zalewska |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clara Aguilera, Attila Ara-Kovács, Marie Dauchy, Marian-Jean Marinescu, Karen Melchior, Maite Pagazaurtundúa |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 38 | + |
|---|---|
| PPE | David Casa, Jarosław Duda, Loucas Fourlas, Cindy Franssen, Helmut Geuking, Radan Kanev, Miriam Lexmann, Marian-Jean Marinescu, Dennis Radtke, Romana Tomc, Maria Walsh, Tomáš Zdechovský |
| Renew | Atidzhe Alieva-Veli, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Irena Joveva, Karen Melchior, Max Orville, Maite Pagazaurtundúa, Dragoş Pîslaru |
| S&D | Clara Aguilera, João Albuquerque, Marc Angel, Attila Ara-Kovács, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Ilan De Basso, Elisabetta Gualmini, Agnes Jongerius, Daniela Rondinelli, Marianne Vind |
| The Left | Konstantinos Arvanitis, Marc Botenga, Leila Chaibi, Özlem Demirel |
| Verts/ALE | Katrin Langensiepen, Sara Matthieu, Kira Marie Peter-Hansen, Mounir Satouri |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 8 | 0 |
|---|---|
| ECR | Chiara Gemma, Margarita de la Pisa Carrión, Elżbieta Rafalska, Anna Zalewska |
| ID | Marie Dauchy, Elena Lizzi, Antonio Maria Rinaldi |
| NI | Jörg Meuthen |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

12.01.2023

## LITIR ÓN gCOISTE UM BUISÉID

Anna Cavazzini
Cathaoirleach
An Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle (2022/0278 (COD))

A Chathaoirligh, a chara,

Ag a chruinniú an 26 Deireadh Fómhair 2022, chinn Comhordaitheoirí an Choiste um Buiséid tuairim a ghlacadh i bhfoirm litreach maidir leis an togra thuasluaite agus thug siad sainordú dom an seasamh a leagtar amach thíos a chur in iúl.

**Cúlra an togra agus na himpleachtaí buiséadacha foriomlána**

Tá sé mar chuspóir leis an togra ón gCoimisiún cur chuige comhordaithe a áirithiú chun géarchéimeanna a bhfuil éifeachtaí móra acu a chuireann feidhmiú an Mhargaidh Aonair i mbaol a réamh-mheas agus ullmhú agus freagairt dóibh, agus i gcás nach bhfuil aon ionstraim de chuid an Aontais ann cheana nó i gcás nach leagtar síos forálacha atá ábhartha i gcás géarchéime leis na hionstraimí atá ann cheana.

Go sonrach, tá sé beartaithe leis an togra bosca uirlisí géarchéime a thabhairt don Aontas chun bacainní ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine a íoslaghdú agus réitigh thapa agus phraiticiúla ar shaincheisteanna a bhaineann leis an slabhra soláthair a éascú tráth géarchéime. Áirítear leis an mbosca uirlisí:

- grúpa chun comhairle a thabhairt don Choimisiún maidir leis na bearta iomchuí chun tionchar géarchéime ar an Margadh Aonair a réamh-mheas, a chosc nó freagairt dó;

- bearta chun faisnéis ábhartha a fháil, a roinnt agus a mhalartú;

- bearta teagmhasacha atá dírithe ar réamh-mheas agus ar phleanáil e.g. oiliúint maidir le comhordú géarchéime, comhar agus malartú faisnéise d’oifigigh idirchaidrimh sna Ballstáit;

- bearta faireachais chun aghaidh a thabhairt ar thionchair teagmhas suntasach ar an

margadh aonair (nach éigeandálaí go fóill iad) e.g. faireachán ar shlabhraí soláthair earraí agus seirbhísí lena mbaineann tábhacht straitéiseach nó sainaithint earraí lena mbaineann tábhacht straitéiseach agus a bhféadfadh sé a bheith riachtanach cúlchiste a thógáil ina leith;

- bearta práinnfhreagartha, e.g. faisnéis a iarraidh ó oibreoirí eacnamaíocha maidir lena n-acmhainneacht táirgeachta agus maidir le stoic earraí atá ábhartha i gcás géarchéime atá ann cheana nó tosaíocht a thabhairt d'orduithe áirithe chun earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a tháirgeadh nó a sholáthar.

Is féidir roinnt beart, e.g. soláthar arna dhéanamh ag an gCoimisiún thar ceann na mBallstát, a ghníomhachtú faoi na modhanna faireachais agus éigeandála araon.

Déanfar an dá mhodh sin a ghníomhachtú ar feadh uastréimhse sé mhí trí ghníomhartha cur chun feidhme. Tá roinnt beart faoi gach modh le cur i ngníomh freisin trí bhíthin gníomhartha tarmligthe nó trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme.

De réir an ráitis airgeadais reachtaigh a ghabhann leis an togra, bheadh na costais cothrom le EUR 3.08 milliún le haghaidh na tréimhse 2024-2027:

- EUR 2.63 milliún do na costais athfhillteacha 5 FTE laistigh den Choimisiún. Beidh sé cumhdaithe i bprionsabal faoi cheannteideal 7 'caiteachas riaracháin';

- EUR 0.45 milliún le haghaidh na gcostas a bhaineann leis na gníomhaíochtaí oiliúna atá beartaithe agus an síneadh is gá a chur leis an uirlis TF a úsáidtear chun fógra a thabhairt. Chumhdófaí é trí ath-imlonnú faoi chlár an mhargaidh aonair.

Meastar nach féidir na costais bhreise bainistithe géarchéime sa Choimisiún a thuar agus, dá bhrí sin, níl siad san áireamh sa ráiteas airgeadais reachtach. Chumhdófaí iad i bprionsabal trí acmhainní an Aontais a ath-imlonnú go hinmheánach faoi cheannteideal 1 'an margadh aonair, nuálaíocht agus cúrsaí digiteacha' agus/nó faoi cheannteideal 7 'caiteachas riaracháin'.

**Seasamh ón gCoiste um Buiséid**

Tugann an Coiste um Buiséid na barúlacha seo a leanas maidir le himpleachtaí buiséadacha an togra, agus iarraim ort iad a chur san áireamh agus seasamh Pharlaimint na hEorpa á ullmhú chomh maith le linn na gcruinnithe tríthaobhacha:

1. Is é seasamh seanbhunaithe Pharlaimint na hEorpa gur cheart cúraimí agus freagrachtaí nua a mheaitseáil le hacmhainní úra agus nár cheart iad a mhaoiniú trí ath-imlonnú. Cé gur méideanna beaga iad na méideanna atá i gceist, ar a laghad ag an gcéim seo, dealraíonn sé, dá bhrí sin, gurb iomchuí don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra ceist a ardú faoin gcur chuige maidir le hacmhainní a ath-imlonnú laistigh de chlár an Mhargaidh Aonair chun ionstraim éigeandála an Mhargaidh Aonair a mhaoiniú.

2. Tá an ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an togra páirteach agus ní chuimsítear ann ach costais an tionscnaimh in éagmais géarchéime. Tá an corrlach buiséadach faoi cheannteideal 1 an-daingean agus níos déine fiú faoi cheannteideal 7. Cuirfidh an Coimisiún réamhaisnéis ar fáil maidir leis na costais a d'fhéadfadh a bheith tabhaithe le gníomhachtú na modhanna faireachais agus éigeandála thar bhliain amháin. Beidh sé

riachtanach a mheas an mbeadh an Coimisiún in ann na bearta atá beartaithe a chur i gcrích i gcás géarchéime laistigh de na corrlaigh bhuiséadacha atá ann cheana agus gan tionchar a bheith aige ar chláir chomhaontaithe eile. I gcás ina léirítear sa mheastóireacht nach bhfuil go leor corrlach ar fáil chun freagairt do ghéarchéim a d'fhéadfadh a bheith ann, ba cheart é sin a chur san áireamh san athbhreithniú ar fheidhmiú an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil.

3. I gcás athruithe a mbeadh iarmhairtí buiséadacha suntasacha acu a thug na comhreachtóirí isteach le linn na caibidlíochta, d'fhéadfadh an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra iarraidh ar an gCoimisiún an ráiteas airgeadais reachtach a thabhairt cothrom le dáta dá réir. D'fhéadfaí a áireamh ar na hathruithe sin, *inter alia*, deighilt dhifriúil sna cúraimí a chuirtear ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit nó athrú ar dháileadh na mbeart ar fud na modhanna éagsúla. Mura dtabharfaí aghaidh air faoi chuimsiú na caibidlíochta, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh as sin staid nárbh fhéidir na hacmhainní riachtanacha a chur ar fáil sa nós imeachta buiséadach bliantúil mar a tharla i gcás roinnt tionscnamh a bhí ann roimhe seo.

6. Tá an Coiste um Buiséid fós ar fáil chun tacú leis an bpróiseas.

Is mise, le meas,

Johan Van Overtveldt

## AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle |
| **Tagairtí** | COM(2022)0459 – C9-0315/2022 – 2022/0278(COD) |
| **Dáta tíolactha chun na Parlaiminte** | 19.9.2022 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO<br>9.11.2022 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG 9.11.2022<br>ECON 9.11.2022<br>EMPL 9.11.2022<br>ITRE 15.12.2022 |
| | TRAN 19.1.2023<br>LIBE 9.11.2022 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | ECON 25.1.2023<br>TRAN 31.1.2023<br>LIBE 29.11.2022 |
| **Coistí comhlachaithe**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>20.4.2023 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Andreas Schwab<br>16.12.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 24.1.2023<br>28.3.2023<br>25.4.2023<br>28.6.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 18.7.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 31<br>–: 8<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andrus Ansip, Pablo Arias Echeverría, Alessandra Basso, Brando Benifei, Adam Bielan, Biljana Borzan, Vlad-Marius Botoş, Markus Buchheit, Anna Cavazzini, Deirdre Clune, David Cormand, Alexandra Geese, Sandro Gozi, Maria Grapini, Svenja Hahn, Krzysztof Hetman, Virginie Joron, Eugen Jurzyca, Kateřina Konečná, Maria-Manuel Leitão-Marques, Antonius Manders, Leszek Miller, Anne-Sophie Pelletier, René Repasi, Christel Schaldemose, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Róża Thun und Hohenstein, Tom Vandenkendelaere, Kim Van Sparrentak, Marion Walsmann |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marco Campomenosi, Claude Gruffat, Ivars Ijabs, Karen Melchior, Tsvetelina Penkova, Kosma Złotowski |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Eric Minardi, Paulo Rangel, Grzegorz Tobiszowski |
| **Dáta don chur síos** | 25.7.2023 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 31 | + |
|---|---|
| PPE | Pablo Arias Echeverría, Deirdre Clune, Krzysztof Hetman, Antonius Manders, Paulo Rangel, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Tom Vandenkendelaere, Marion Walsmann |
| Renew | Andrus Ansip, Vlad-Marius Botoş, Sandro Gozi, Ivars Ijabs, Karen Melchior, Róża Thun und Hohenstein |
| S&D | Brando Benifei, Biljana Borzan, Maria Grapini, Maria-Manuel Leitão-Marques, Leszek Miller, Tsvetelina Penkova, René Repasi, Christel Schaldemose |
| The Left | Kateřina Konečná, Anne-Sophie Pelletier |
| Verts/ALE | Anna Cavazzini, David Cormand, Alexandra Geese, Claude Gruffat, Kim Van Sparrentak |

| 8 | - |
|---|---|
| ECR | Adam Bielan, Eugen Jurzyca, Grzegorz Tobiszowski, Kosma Złotowski |
| ID | Markus Buchheit, Virginie Joron, Eric Minardi |
| Renew | Svenja Hahn |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ID | Alessandra Basso, Marco Campomenosi |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh